IONSTRAIMÍ REACHTÚLA.

I.R. Uimh. 510 de 2001.

NA RIALACHA CÚIRTE CUARDA, 2001.

[*An tiontú oifigiúil.*]

(Is í an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí a d'ullmhaigh an leagan Gaeilge de na Rialacha seo. Cuireadh dréacht de na Foirmeacha atá i Sceideal B faoi bhráid an Choiste Chomhairlithigh um Théarmaí Dlíthiúla Gaeilge faoi alt 4 *den Acht Téarmaí Dlíthiúla Gaeilge,* 1945. *Cuireadh san áireamh sa téacs seo na téarmaí dlíthiúla ar dearbhaíodh le hOrduithe ón Aire Dlí agus Cirt, faoi alt* 3 *den Acht Téarmaí Dlíthiúla Gaeilge,* 1945*, gurb iad is iontamhla dá gcomhthéarmaí sa Bhéarla. Is é an Dr Micheál Ó Cearúil a bhí i mbun an aistriúcháin agus a réitigh an téacs seo don chló thar ceann na Roinne.)*

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS,
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁCHTA,
AONAD 20, PÁIRC MIONDÍOLA COIS LOCHA, CLÁR CHLAINNE MHUIRIS, CONTAE MHAIGH EO
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Faics: 094 - 9378964 nó 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

Luach: €33.00

(Pn. A9/1889)

NÓTA MÍNIÚCHÁIN

(Ní cuid den Ionstraim an nóta seo ná ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil uirthi é.)

I bhfoirm athbhreithnithe chomhdhlúite, tá na Rialacha seo, a thiocfaidh i ngníomh an 3ú lá de Nollaig, 2001, á gcur in ionad na Rialacha atá liostaithe i Sceideal A a ghabhann leis seo. Forordaítear leo an cleachtas agus na nósanna imeachta a leanfar agus na foirmeacha a úsáidfear sna himeachtaí Cúirte Cuarda lena mbaineann siad ar an dáta feidhme agus ón dáta sin amach, ach amháin i gcás imeachtaí ar feitheamh sa Chúirt ar an dáta sin, agus leanfar leis na himeachtaí sin agus tabharfar chun críche iad amhail is nach ndearnadh na Rialacha seo.

CLÁR

		Lch
	LÉIRIÚ TÉARMAÍ … … … … …	1
	RIALACHA A RINNEADH ROIMHE SEO A NEAMHNIÚ … … … … … …	2
Ordú		
1	SUÍONNA, TEANGA AGUS UAIREANTA OIFIGE … … … … … … …	3
2	IONAD … … … … … … …	5
3	RÓBAÍ NA mBREITHIÚNA AGUS AN MODH CHUN NA BREITHIÚNA A AITHEASC … …	7
4	SÉALA NA CÚIRTE … … … … …	9
5	IMEACHTAÍ A THIONSCNAMH … … …	11
6	PÁIRTITHE … … … … … … …	15
7	NÓS IMEACHTA TRÍÚ PÁIRTÍ … … …	19
8	CAINGNE AG GNÓLACHTAÍ AGUS AG DAOINE A bhFUIL GNÓ Á SHEOLADH ACU FAOI AINMNEACHA SEACHAS A nAINMNEACHA FÉIN, AGUS CAINGNE INA gCOINNE SIN …	21
9	ÉILIMH A UAMADH … … … … …	23
10	FORMHUINIÚ AN ÉILIMH … … … …	25
11	BILLE SIBHIALTA A EISIÚINT, SEIRBHEÁIL AGUS TAIFEADADH … … … … …	27
12	BILLE SIBHIALTA A ATHNUACHAN … …	31
13	SEIRBHEÁIL LASMUIGH DEN DLÍNSE … …	33
14	SEIRBHEÁIL LASMUIGH DEN DLÍNSE FAOIN ACHT UM DHLÍNSE CÚIRTEANNA AGUS FORGHNÍOMHÚ BREITHIÚNAS (NA COMH-PHOBAIL EORPACHA), 1998 … … … …	37
15	LÁITHRIÚ, COSAINT, TAISCEADH, TAIRISC-INT ÍOCAÍOCHTA IN IONAD TAISCEADH AGUS FRITHÉILEAMH … … … …	41
16	URRÚS I LEITH COSTAS … … … …	47
17	SONRAÍ AGUS SONRAÍ BREISE IN ÉILEAMH NÓ I gCOSAINT … … … … … …	49

Ordú		Lch
18	AN CLÁRAITHEOIR CONTAE … … …	51
19	IARRATAIS TAOIBHE … … … … …	55
20	SUÍONNA I nDLÍSHEOMRAÍ AGUS IARRATAIS IDIRBHREITHEACHA … … … … …	57
21	SCOR DE CHAINGEAN … … … …	59
22	ATHRÚ PÁIRTITHE … … … … …	61
23	FIANAISE … … … … … … …	63
24	FREASTAL FINNÉITHE … … … …	65
25	MIONNSCRÍBHINNÍ … … … … …	67
26	BREITHIÚNAS MAINNEACHTANA I gCÁSANNA ÉILEAMH LEACHTAITHE AGUS ÉILEAMH CHUN EARRAÍ AGUS AIRNÉISÍ A SHEACHADADH … … … … … …	71
27	BREITHIÚNAS MAINNEACHTANA I gCÁSANNA NACH dTAGANN FAOI RÉIM AN ORDAITHE ROIMHE SEO … … … …	73
28	BREITHIÚNAS ACHOMAIR … … … …	75
29	BREITHIÚNAS LE TOILIÚ SAN OIFIG … …	77
30	BREITHIÚNAIS A ATHBHREITHNIÚ … …	79
31	ADMHÁLACHA … … … … … …	81
32	DOICIMÉID A FHOLLASÚ AGUS A INIÚCHADH AGUS AGARCHEISTEANNA… … … …	83
33	TRIAIL … … … … … … …	85
34	ORDÚ I dTAOBH SAINCHEISTEANNA AR LEITHLIGH A THRIAIL … … … …	87
35	AISTRIÚ CAINGNE … … … … …	89
36	FORGHNÍOMHÚ … … … … … …	91
37	ASTÚ AGUS CIMIÚ … … … … …	95
38	FIACHA A ASTÚ TRÍ GHAIRNISÍ … … …	97
39	GLACADÓIR LE hAGHAIDH FORGHNÍOMHÚ I gCOTHROMAS … … … … … …	99

Ordú		Lch
40	IDIRPHLÉADÁIL… … … … … …	101
41	ACHOMHAIRC ÓN gCÚIRT DÚICHE … …	105
42	ACHOMHAIRC CHUN NA CÚIRTE ACHOMHAIRC CHOIRIÚIL… … … … … …	107
43	DÍOLACHÁIN … … … … … …	109
44	URRÚS … … … … … … …	111
45	RIARTHÓIRÍ *PENDENTE LITE* AGUS GLACADÓIRÍ … … … … … … …	113
46	AN *COUNTY OFFICERS AND COURTS (IRELAND) ACT*, 1877; NA hACHTANNA UM THALAMH SOCRAITHE; NA hACHTANNA UM FHAOISEAMH d'IONTAOBHAITHE; AGUS ACHTANNA NA nIONTAOBHAITHE … …	115
47	DAOINE MÍMHEABHRACHA … … …	119
48	CUNTAIS … … … … … … …	123
49	CEADÚNAIS DEOCHANNA MEISCIÚLA …	127
50	CAINGNE PROBHÁIDE … … … …	129
51	TIARNAÍ TALÚN AGUS TIONÓNTAÍ … …	131
52	DÍOBHÁLACHA MAILÍSEACHA … … …	135
53	CUIDEACHTAÍ A CHUR AR AIS AR AN gCLÁR DE BHUN ALT 46 d'ACHT NA gCUIDEACHTAÍ (LEASÚ) (UIMH. 2), 1999 … … … …	139
54	ACHT NA dTITHE, 1966… … … … …	141
55	ACHT NA dTITHE (FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA), 1979 (UIMH. 27 DE 1979) … … …	143
56	PLEANÁIL … … … … … … …	145
57	FOSTAÍOCHT … … … … … …	151
58	AN tACHT UM THOGHCHÁIN ÁITIÚLA (ACHAINÍOCHA AGUS DÍCHÁILÍOCHTAÍ), 1974 (UIMH. 8 DE 1974) … … … … …	157
59	AN DLÍ TEAGHLAIGH… … … … …	161

Ordú		Lch
60	COSAINT SONRAÍ … … … … …	191
61	DOICIMÉID A CHUR AR FÁIL DE BHUN ALT 14 DEN ACHT UM DHLÍNSE CÚIRTEANNA AGUS FORGHNÍOMHÚ BREITHIÚNAS (NA COMH-PHOBAIL EORPACHA), 1998 … … … …	193
62	CÁSANNA SONRAITHE … … … …	195
63	TRIAIL A AISTRIÚ GO DTÍ CÚIRT CHUARDA BHAILE ÁTHA CLIATH … … … …	197
64	FORIARRATAIS … … … … … …	199
65	LEASUITHE … … … … … …	201
66	COSTAIS … … … … … … …	203
67	GINEARÁLTA … … … … … …	209
68	AN tACHT UM CHIONTÓIRÍ GNÉIS, 2001 …	211

SCEIDEAL A

RIALACHA A NEAMHNÍTEAR LEIS NA RIALACHA SEO 213

SCEIDEAL B

FOIRMEACHA 215

I.R. Uimh. 510 de 2001

NA RIALACHA CÚIRTE CUARDA, 2001

De bhua na gcumhachtaí a thugtar dúinn le halt 66 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1924, agus le halt 70 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1936 (arna gcur chun feidhme le halt 48 d'Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961), agus le halt 27 d'Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961, agus de bhua gach cumhachta eile lena gcuirtear seo ar ár gcumas, déanaimidne, Coiste Rialacha na Cúirte Cuarda, a bunaíodh de bhun fhorálacha alt 69 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1936, agus alt 12 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1947, leis seo, le comhthoiliú an Aire Dlí agus Cirt, na Rialacha Cúirte atá i gceangal leis seo.

Arna dhátú an 26ú lá seo de Dheireadh Fómhair, 2001.

(Arna shíniú): Esmond Smyth
(Cathaoirleach Choiste Rialacha na Cúirte Cuarda)

Kieran O'Connor

Carroll Moran

Anne Dunne

Fergal Foley

Joe Deane

Gerard Doherty

Susan Ryan (Rúnaí)

Comhthoilím leis na Rialacha Cúirte thuas a dhéanamh.

Arna dhátú an 15ú lá seo de Shamhain, 2001.

(Arna shíniú): SEÁN Ó DONNCHÚ,
Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus
Athchóirithe Dlí.

NA RIALACHA CÚIRTE CUARDA, 2001

LÉIRIÚ TÉARMAÍ

1. Ciallaíonn ''Acht 1998'' an tAcht um Dhlínse Cúirteanna agus Forghníomhú Breithiúnas, 1998.

2. Folóidh ''Agra Cothromais'' agus ''Imeacht Cothromais'' aon imeachtaí den chineál atá leagtha amach in Alt 33 den *County Officers and Courts (Ireland) Act,* 1877, nó in aon Acht á leathnú nó á leasú sin.

3. Ciallaíonn ''an tAire'' an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

4. Folaíonn ''Aturnae'' gnólacht Aturnaetha nó aon chomhpháirtí ann.

5. Ciallaíonn ''an Breitheamh'' Breitheamh den Chúirt Chuarda.

6. Ciallaíonn ''breithiúnas'', de réir mar a cheadaíonn nó a éilíonn an comhthéacs, an bhreith nó an t-ordú ón gCúirt nó ó Bhreitheamh in aon imeacht.

7. Ciallaíonn ''caingean'' imeacht sibhialta a thionscnaítear le Bille Sibhialta nó cibé nós imeachta eile a fhoráiltear leis na Rialacha seo agus folaíonn sí cúis nó ábhar. Má éilíonn an comhthéacs é, folaíonn an téarma ''Bille Sibhialta'' gach foirm eile doiciméid tionscnaimh. I ngach cás ina dtionscnaítear imeachtaí ar shlí seachas le Bille Sibhialta, beidh feidhm ag na Rialacha seo maidir leis an doiciméad lenar tionscnaíodh na himeachtaí sin amhail is dá mba Bhille Sibhialta é.

8. Ciallaíonn ''Cláraitheoir Contae'' an Cláraitheoir in aon Chontae atá ag gabháil leis an gCúirt faoin Acht Oifigigh Cúirte, 1926, agus faoi aon Acht á leasú nó á leathnú sin, agus folaíonn sé aon leas-Chláraitheoir Contae agus aon duine a cheaptar chun gníomhú mar Chláraitheoir Contae.

9. Ciallaíonn ''Coinbhinsiún 1968'' an Coinbhinsiún ar dhlínse agus ar fhorghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála (lena n-áirítear an Prótacal atá i gceangal leis an gCoinbhinsiún) a síníodh sa Bhruiséil an 27ú Meán Fómhair, 1968, agus forléireofar é de réir Alt 2 d'Acht 1998.

10. Tá le ''corparáid'' agus ''comhlachas'' na bríonna dá bhforáiltear in Alt 15(4) d'Acht 1998.

11. Ciallaíonn ''an Chúirt'' an Chúirt Chuarda arna bunú leis an bPríomh-Acht agus le haon leasuithe iardain air sin.

12. Folaíonn ''cúis'' aon agra nó imeacht bunaidh eile.

13. Folaíonn ''doiciméad tionscnaimh'' gach doiciméad lena ndéantar imeachtaí sa Chúirt a thionscnamh.

14. Folaíonn ‘‘duine’’ gnólacht agus comhlacht corpraithe nó comhlacht polaiteach.

15. Ciallaíonn ‘‘foraithne’’ an tOrdú ón gCúirt a dtugtar Breithiúnas na Cúirte ann.

16. Nuair a luaitear ‘‘laethanta’’ gan é a bheith sainráite gur ‘‘laethanta glan’’ iad ní áireofar an chéad lá díobh ach áireofar an lá deiridh. I gcás ina gceaptar nó ina lamháiltear tréimhse theoranta ama is lú ná sé lá ó aon dáta nó tar éis aon teagmhais chun aon ghníomh a dhéanamh nó aon imeachtaí a thionscnamh ní áireofar an Satharn ná an Domhnach le linn an tréimhse theoranta ama sin á ríomh. I gcás an tréimhse ama chun aon ghníomh a dhéanamh nó aon imeachtaí a thionscnamh do dul in éag ar an Satharn nó ar an Domhnach nó ar lá eile a mbeidh an oifig dúnta, agus nach féidir an gníomh sin a dhéanamh nó an t-imeacht sin a thionscnamh an lá sin dá bhíthin sin, measfar an gníomh sin a bheith déanta go cuí nó an t-imeacht sin a bheith tionscanta go cuí, chomh fada is a bhaineann leis an tréimhse ama chun an céanna a dhéanamh nó a thionscnamh, má dhéantar nó má thionscnaítear é an chéad lá eile a mbeidh an oifig ar oscailt.

17. Folaíonn ‘‘mionn’’ dearbhasc sollúnta agus dearbhú reachtúil.

18. Ciallaíonn ‘‘Oifig’’ nó ‘‘an Oifig’’ Oifig na Cúirte i gContae ar bith.

19. Folaíonn ‘‘páirtí’’ aon duine atá i dteideal láithriú agus éisteacht a fháil i ndáil le haon chaingean, iarratas, agra nó imeacht eile.

20. Ciallaíonn ‘‘an Príomh-Acht’’ an tAcht Cúirteanna Breithiúnais, 1924 (Uimh. 10 de 1924), agus, ach amháin i gcás ina n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, forléireofar é mar thagairt don Acht sin arna leasú nó arna leathnú le hAchtanna iardain.

21. Déanfar ‘‘sainchónaí’’ a chinneadh de réir fhorálacha Alt 15 d’Acht 1998 agus Airteagail 52 agus 53 de Choinbhinsiún 1968.

22. Tá le ‘‘seoladh oifigiúil’’ an bhrí dá bhforáiltear i gCuid III, mír 5, den Naoú Sceideal a ghabhann le hAcht 1998.

23. Ciallaíonn ‘‘stát conarthach’’ stát conarthach mar a mhínítear sin le hAlt 4 d’Acht 1998.

RIALACHA A RINNEADH ROIMHE SEO A NEAMHNIÚ

Tiocfaidh na Rialacha seo i ngníomh an 3ú lá de Nollaig, 2001.

Ar an dáta sin agus ón dáta sin, beidh na Rialacha a liostaítear i Sceideal A a ghabhann leis seo ar neamhní, ach amháin i gcás aon imeachtaí ar feitheamh sa Chúirt, agus leanfar leis na himeachtaí sin agus tabharfar chun críche iad amhail is nach ndearnadh na Rialacha seo.

Beidh feidhm ag an Acht Léiriúcháin, 1937, maidir leis na Rialacha seo.

ORDÚ 1

SUÍONNA, TEANGA AGUS UAIREANTA OIFIGE

1. Cuirfear suíonna den Chúirt ar bun sna háiteanna laistigh de gach Cuaird a fhorordófar ó am go ham, cibé tráthanna a ordóidh agus a cheapfaidh Breitheamh na Cuarda sin ó am go ham. Déanfar fógra i dtaobh na suíonna sin i ngach Contae, ach amháin Contae Bhaile Átha Cliath, a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil* agus i nuachtán a léitear sa Chontae tráth nach déanaí ná dhá mhí roimh dháta na suíonna; ar choinníoll go bhféadfaidh an Breitheamh nó, má tá sé as láthair, go bhféadfaidh an Cláraitheoir Contae ar ordú uaidh, aon uair nach mbeidh sé indéanta suí den Chúirt a chur ar bun mar a foilsíodh, an suí sin a chur ar atráth, d'ainneoin aon ní in aon fhógra poiblí a tugadh roimhe sin, go dtí cibé dáta eile (san áit chéanna) is cuí leis, ar cibé fógra a thabhairt is indéanta sna himthosca; ar choinníoll, más rud é gur dóigh leis an mBreitheamh in aon áit sceidealta nach féidir go caoithiúil, mar gheall ar an tréimhse ama a leithroinneadh do na suíonna nó ar aon leorchúis eile, aon chúis, caingean nó ábhar a éisteacht nó a chur de láimh ag na suíonna sin, gur dleathach don Bhreitheamh sin, ar aon iarratas chun na críche sin nó gan iarratas ar bith, éisteacht na caingne, na cúise nó an ábhair sin a chur ar atráth go dtí dáta éigin a shocróidh sé. Beidh an Riail seo faoi réir fheidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó le Cuid III den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1947, ag Uachtarán na Cúirte Cuarda.

2. Ní bhaineann an Riail seo ach le Cuaird Bhaile Átha Cliath amháin, faoi réir fhorálacha Riail 1 den Ordú seo. Is é Uachtarán na Cúirte Cuarda má shanntar do Chuaird Bhaile Átha Cliath é, nó Breitheamh Sinsearach Chuaird Bhaile Átha Cliath mura sanntar an tUachtarán don Chuaird sin, a ordóidh agus a cheapfaidh na tráthanna agus na háiteanna le haghaidh Shuíonna na Cúirte Cuarda i gCuaird Bhaile Átha Cliath. Déanfar fógra i dtaobh na Suíonna sin a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil* tráth nach déanaí ná dhá mhí roimh dháta na Suíonna sin. Leagfar amach lá tosaithe agus lá críochnaithe gach Suí san fhógra sin. Ar choinníoll go bhféadfaidh Uachtarán na Cúirte Cuarda, má shanntar do Chuaird Bhaile Átha Cliath é, nó Breitheamh Sinsearach Chuaird Bhaile Átha Cliath, mura sanntar Uachtarán na Cúirte Cuarda do Chuaird Bhaile Átha Cliath, le toiliú na mBreithiúna uile a bheidh buansannta do Chuaird Bhaile Átha Cliath, aon Suíonna den Chúirt Chuarda i gCuaird Bhaile Átha Cliath a fhadú thar an dáta ar a raibh na Suíonna sin le críochnú. Ní bheidh sé riachtanach aon fhógra faoi fhadú den sórt sin a fhoilsiú.

3. Ach amháin mar a fhoráiltear san Ordú seo, ní chuirfear aon suíonna den Chúirt ar bun i rith mhí Lúnasa ná mhí Mheán Fómhair, ar Tréimhse Shaoire a bheidh sa tréimhse sin, seachas leanúint ar aghaidh le héisteacht a bheidh tionscanta roimh an gcéad lá de Lúnasa.

4. I rith mhí Lúnasa agus mhí Mheán Fómhair, suífidh Breitheamh nó Breithiúna den Chúirt Chuarda i mBaile Átha Cliath, ar cibé dátaí a fhógrófar, chun gach iarratas agus cás do Chuaird Bhaile Átha Cliath a éisteacht is gá a éisteacht go pras. Ina theannta sin, féadfaidh Uachtarán

na Cúirte Cuarda, de réir na gcumhachtaí a thugtar dó le hAlt 10 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1947, suíonna a shocrú lena gcur ar bun in aon Chuaird i rith mhí Lúnasa nó mhí Mheán Fómhair má tá na suíonna breise sin riachtanach nó inmhianaithe, dar le hUachtarán na Cúirte Cuarda.

5. Féadfar iarratais phráinneacha, cibé acu le linn saoire nó eile, a dhéanamh chun Uachtarán na Cúirte Cuarda nó chun Breithimh arna ainmniú aige. Má táthar ar intinn aon iarratas den sórt sin a dhéanamh, tabharfar fógra don Chláraitheoir Contae agus cuirfidh seisean an t-ábhar faoi bhráid an Uachtaráin, nó Breithimh arna ainmniú aige, agus déanfar an t-iarratas sin ag am nó áit ar bith a fhormheasfaidh Uachtarán na Cúirte Cuarda nó Breitheamh arna ainmniú aige.

6. Féadfar an teanga Náisiúnta nó an Béarla a úsáid in aon doiciméad Cúirte, nó le linn éisteacht aon chúise nó ábhair.

7. Beidh Oifigí na Cúirte ar oscailt don phobal chun gnó a dhéanamh gach dálach idir 10 a chlog a.m. agus 4.30 a chlog p.m., ach amháin an Satharn agus cibé laethanta a fhógrófar le húdarás dleathach a bheith ina laethanta saoire poiblí.

ORDÚ 2

IONAD

Ach amháin nuair a ordóidh an Ard-Chúirt, nó an Chúirt, a mhalairt, déanfar gach caingean, cúis nó ábhar, cibé acu a aistríodh ón Ard-Chúirt é nó a tionscnaíodh sa Chúirt é, a thriail agus a éisteacht:—

(*a*) na cinn a bhaineann le teideal chun talún agus ceartú an Chláir, sa Chontae ina bhfuil na tailte, nó ina bhfuil na tailte arb astu, nó ina leith, a eisíonn nó a éiríonn aon oidhreachtáin neamhchorpracha atá faoi dhíospóid, nó ina bhfuil an chuid is mó d'aon tailte den sórt sin;

(*b*) na cinn de chineál a shanntaí go dtí seo chun taobh an chothromais den Chúirt Chontae, sa Chontae ina n-éisteadh an Chúirt sin go dtí seo agraí agus ábhair den sórt sin;

(*c*) faoin dlínse maidir le probháid agus chun eastáit daoine éagtha a riaradh, sa Chontae ina raibh gnáthchónaí ar an tiomnóir nó ar an díthiomnóir tráth a bháis;

(*d*) faoin dlínse maidir le gealtacht, sa Chontae ina bhfuil gnáthchónaí ar an duine atá, nó a líomhnaítear a bheith, ina dhuine mímheabhrach;

(*e*) de rogha an ghearánaí, in aon chaingean a bheidh bunaithe ar chonradh (cibé acu is éileamh chun an conradh a chur i bhfeidhm, a chealú, a dhíscaoileadh nó a neamhniú é, nó éileamh ar dhamáistí nó faoiseamh eile i leith a sháraithe), sa Chontae ina bhfuil gnáthchónaí ar an gcosantóir, nó ar aon duine de na cosantóirí, nó ina seolann sé aon ghairm, gnó nó slí bheatha, nó sa Chontae ina ndearnadh an conradh;

(*f*) de rogha an ghearánaí, in aon chaingean a bheidh bunaithe ar thort, sa Chontae ina bhfuil gnáthchónaí ar an gcosantóir, nó ar aon duine de na cosantóirí, nó ina seolann sé aon ghairm, gnó nó slí bheatha, nó sa Chontae a líomhnaítear gurb ann a rinneadh an tort;

(*g*) i ngach cás eile (faoi réir fhorálacha na Rialacha seo a bhaineann le cásanna maidir le pósadh agus cásanna i dtaobh leanaí agus cásanna i dtaobh foréigin baile), sa Chontae ina bhfuil gnáthchónaí ar an gcosantóir, nó ar aon duine de na cosantóirí, nó ina seolann sé aon ghairm, gnó nó slí bheatha.

(*h*) Faoi réir Theideal II de Choinbhinsiún 1968, is é an breitheamh den Chúirt a bheidh sannta de thuras na huaire don chuaird ina bhfuil gnáthchónaí ar an gcosantóir, nó ar dhuine de na cosantóirí, nó ina seolann sé aon ghairm, gnó nó slí bheatha,

a fheidhmeoidh dlínse na Cúirte i dtaca le himeachtaí a fhéadfar a thionscnamh sa Stát de bhua Airteagal 2, 8.1, 11, 14 nó 16(1)(*b*) den Choinbhinsiún sin;

(*i*) Maidir le dlínse na Cúirte Cuarda a bhaineann le himeachtaí a fhéadfaidh gearánaí a bhfuil sainchónaí air sa Stát a thionscnamh sa Stát de bhua Airteagal 8.2 nó Airteagal 14 de Choinbhinsiún 1968, féadfaidh an Breitheamh den Chúirt Chuarda a bheidh sannta de thuras na huaire don Chuaird ina bhfuil gnáthchónaí ar an ngearánaí, nó ar dhuine de na gearánaithe, nó ina seolann sé aon ghairm, gnó nó slí bheatha, í a fheidhmiú;

(*j*) Más rud é go mbraitheann dlínse ar shainchónaí corparáide nó comhlachais, is é an Breitheamh den Chúirt Chuarda a bheidh sannta de thuras na huaire don Chuaird ina bhfuil a hoifig chláraithe nó a oifig chláraithe, nó seoladh oifigiúil eile, ag an gcorparáid nó ag an gcomhlachas, nó ina bhfeidhmítear bainistíocht lárnach agus rialú na corparáide, nó ina seolann an chorparáid nó an comhlachas gnó, a fheidhmeoidh an dlínse sin.

ORDÚ 3

RÓBAÍ NA mBREITHIÚNA AGUS AN MODH CHUN NA BREITHIÚNA A AITHEASC

1. Le linn shuíonna na Cúirte caithfidh na Breithiúna: cóta dubh agus veist de chineál agus d'ábhar comhionann, mar a bhíodh á gcaitheamh go nuige seo ag Abhcóide Sinsir; fallaing dhubh de dhéanamh comhionann; bandaí bána mar a bhíodh á gcaitheamh go nuige seo; agus peiriúic den chineál ar a dtugtar an pheiriúic bheag nó an pheiriúic bhobáilte, ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt.

2. Déanfar Breitheamh a aitheasc sa Chúirt faoina theideal, agus féadfar ''An Chúirt'' a ghairm de i nGaeilge nó ''*The Court*'' i mBéarla.

ORDÚ 4

SÉALA NA CÚIRTE

1. Beidh ag an gCúirt, lena úsáid i ngach Contae, Séala cabhraíochta nó, in imthosca ina mbeidh ilsuímh ag an Oifig, Séalaí cabhraíochta, le hinscríbhinn chuí, mar a ordóidh an tAire, a shonróidh ainm na Cuarda a mbeidh sé le húsáid ina leith. Cuirfear an Séala sin faoi choimeád an Chláraitheora Contae agus coinneoidh seisean ina choimeád é. Ní gá go síneodh an Breitheamh aon Fhoraithne, Ordú, Barántas nó doiciméad eile, ach fíordheimhneofar gach doiciméad den sórt sin le Séala na Cúirte arna mhúnlú air agus le síniú an Chláraitheora Contae.

2. Más rud é, de bharr athshocrú na gCuarda, nach mbeidh Séala cabhraíochta ar fáil le haghaidh limistéir áirithe Cúirte Cuarda, ansin, go dtí go mbeidh Séala cabhraíochta ar fáil, déanfar gach doiciméad a gceanglaítear le Riail 1 den Ordú seo é a fhíordheimhniú le Séala na Cúirte a fhíordheimhniú le sínithe Bhreitheamh na Cúirte Cuarda agus an Chláraitheora Contae don limistéar sin araon.

ORDÚ 5

IMEACHTAÍ A THIONSCNAMH

1. Mura bhforáiltear a mhalairt le Reacht nó leis na Rialacha seo, is trí Bhille Sibhialta a eisiúint, a bheidh san fhoirm chuí de réir Sceideal na bhFoirmeacha a ghabhann leis na Rialacha seo (agus ar Foirmeacha 2A go 20 iad), nó de réir cibé modhnaithe ar an bhfoirm sin is oiriúnach, a thionscnófar imeachtaí sibhialta sa Chúirt, agus luafar ann cibé fíorais is gá chun dlínse na Cúirte a thaispeáint.

2. Beidh ''Dlínse Theidil'' mar cheannteideal ar Bhillí Sibhialta Eisiachtana ar an teideal agus ar Bhillí Sibhialta a eiseofar chun go suífear ceisteanna faoi theideal chun talún, seachas eisiachtainí i leith rósheilbhe nó i leith neamhíoc cíosa, agus beidh iontu ráiteas i dtaobh Luacháil Dhlí na mBocht nó an chíosa (de réir mar a bheidh) chun dlínse a thaispeáint. Le linn aon chás den sórt sin á éisteacht féadfaidh sé go gceanglófar ar an ngearánaí léarscáil de na tailte a thabhairt ar aird.

3. Faoi réir Ordú 8, luafar sa Bhille Sibhialta:—

(*a*) ainm baiste nó céad-ainm, sloinne, slí bheatha agus áit chónaithe nó áit ghnó an ghearánaí,

(*b*) sloinne an chosantóra, a áit chónaithe nó a áit ghnó agus, más eol sin, a ainm baiste nó a chéad-ainm agus a shlí bheatha agus, más i gcáil ionadaí a bheidh an cosantóir á agairt, an cháil ina mbeidh sé á agairt.

4. Gairfidh an Bille Sibhialta ar chosantóir láithreas a thaifeadadh laistigh de thréimhse ama shonraithe tar éis na seirbheála (nach lú ná deich lá nó cibé tréimhse ama eile a bheidh ceaptha don láithriú le comhaontú na bpáirtithe nó le haon ordú ón gCúirt) chun éileamh an ghearánaí a fhreagairt, agus tabharfaidh sé rabhadh dó i dtaobh na n-iarmhairtí mura ndéanfaidh sé amhlaidh, ar choinníoll nach dtabharfaidh an tréimhse ama sin a bheith dulta in éag teideal don Oifig diúltú cead a thabhairt láithreas a thaifeadadh.

5. Síneoidh an gearánaí, nó a Aturnae, gach Bille Sibhialta, agus formhuineofar air sonraí faoi éileamh an ghearánaí:—

(*a*) a luafaidh an cineál éilimh atá ann, agus méid agus forais an éilimh, sonraí iomlána faoi gach ítim de dhamáiste speisialta a bheidh á éileamh agus an faoiseamh a bheidh á lorg agus, más éileamh ar airgead é, an tsuim agus ráta agus méid an úis (más ann) a bheidh á éileamh. Más rud é, ar an gcéad ásc, gur mian leis an ngearánaí go dtógfar cuntas, luafar sin, mar aon leis an méid sonrach (más ann) a mbeidh an gearánaí ag éileamh é a bheith faoi réir an chuntais sin;

(*b*) i gcás níos mó ná aon éileamh amháin a bheith ann, a thabharfaidh sonraí, mar atá i mír (*a*), faoi gach éileamh, agus a

luafaidh an faoiseamh a bheidh á éileamh i leith gach éilimh acu;

(*c*) a luafaidh go bhfuil aon chuid d'éileamh á tréigean, más mian leis an ngearánaí í a thréigean d'fhonn an t-éileamh a thabhairt laistigh den dlínse;

(*d*) más i gcáil ionadaí a bheidh an gearánaí ag agairt, a luafaidh an cháil ina mbeidh sé ag agairt; agus

(*e*) más mar shannaí a bheidh an gearánaí ag agairt, a luafaidh ainm, seoladh agus tuairisc an tsannóra ar dháta an tsannta, mar aon le dáta an tsannta sin.

6. Aon uair nach mbeidh in éileamh an ghearánaí ach éileamh i leith féich nó éileamh leachtaithe, luafar san fhormhuiniú, i dteannta an cineál éilimh a lua, an tsuim a bheidh á héileamh i leith féich nó i leith an éilimh sin, agus i leith costas, faoi seach, agus luafar ann thairis sin go gcuirfear bac ar a thuilleadh imeachtaí, ar an tsuim sin, mar aon le costais, a íoc laistigh de shé lá tar éis na seirbheála. Is de réir Sceidil táillí ar a gcinnfidh an Cláraitheoir Contae do Chontae Chathair Bhaile Átha Cliath ó am go ham a bheidh an tsuim a bheidh á héileamh amhlaidh i leith costas i ngach cás den sórt sin nach mbeidh aon ordú déanta chun an Bille Sibhialta, nó fógra ina thaobh, a sheirbheáil lasmuigh den dlínse, nó chun seirbheáil ionaid nó seirbheáil eile a dhéanamh, nó chun a dhearbhú gur leor an tseirbheáil a bheidh déanta, nó aon fhógra trí fhógrán gur eisíodh an Bille Sibhialta.

Má tá níos mó ná cosantóir amháin ann, féadfar na suimeanna thuas a mhéadú de shuim réasúnach in aghaidh gach cosantóra sa bhreis a sheirbheálfar.

7. Má údaraítear nó má ordaítear, le haon Reacht nach luaitear sna Rialacha seo, imeachtaí a thionscnamh sa Chúirt, tionscnófar na himeachtaí sin le Bille Sibhialta.

8. Is san fhoirm a leagtar amach i bhFoirm 1 de Sceideal na bhFoirmeacha a ghabhann leis na hOrduithe seo a bheidh an Toiliú a fhorordaítear le hAlt 48(1) den Phríomh-Acht, arna leasú, lena ndéantar socrú maidir le dlínse na Cúirte a leathnú le toiliú na bpáirtithe, agus déanfar é a thaisceadh leis an gCláraitheoir Contae roimh an éisteacht nó tráth ar bith lena linn.

9. Aon uair a thionscnófar caingean, cúis nó ábhar nach mbeidh dlínse ag an gcúirt í nó é a thriail agus a chinneadh, más léir ar éadan an doiciméid tionscnaimh nach bhfuil dlínse inti nó ann, déanfaidh an Chúirt an chaingean, an chúis nó an t-ábhar a scriosadh amach, maille le costais, mura mbeidh an Toiliú a fhorordaítear le hAlt 48 den Phríomh-Acht sínithe. Aon uair a thionscnófar caingean, cúis nó ábhar nach bhfuil dlínse ag an gcúirt í nó é a thriail agus a chinneadh, má bhaineann an uireasa dlínse leis an ionad agus más léir ar éadan an doiciméid tionscnaimh nach bhfuil dlínse inti nó ann, féadfaidh an Chúirt

an chaingean, an chúis nó an t-ábhar a aistriú chuig an gcuaird chuí nó féadfaidh sí an chaingean, an chúis nó an t-ábhar a scriosadh amach, maille le costais, de réir mar is cuí léi.

10. Más rud é go dtionscnófar imeachtaí sa Chúirt Chuarda ar bhonn dlínse a bheidh bunaithe ar Choinbhinsiún 1968, formhuineofar na nithe seo a leanas ar an mBille Sibhialta sula n-eiseofar é:

(*a*) ráiteas go mbeidh de chumhacht ag an gCúirt faoi Acht 1998 an chaingean, an chúis nó an t-ábhar a éisteacht agus a chinneadh, agus ina sonrófar an fhoráil áirithe nó na forálacha áirithe de Choinbhinsiún 1968 faoinar cheart don Chúirt dlínse a ghabháil uirthi féin; agus

(*b*) ráiteas nach bhfuil aon imeachtaí idir na páirtithe i dtaobh na cúise céanna caingne ar feitheamh idir na páirtithe i stát conarthach eile; agus

(*c*) na fíorais ar a mbeifear ag seasamh chun dlínse agus ionad a thaispeáint.

ORDÚ 6

PÁIRTITHE

1. Féadfar na daoine go léir a uamadh i gcaingean amháin mar ghearánaithe a líomhnaítear go bhfuil aon cheart chun faoisimh ar marthain iontu i leith nó de dhroim na n-idirbheart céanna, cibé acu i gcomhpháirt nó go leithleach nó mar mhalairt ar a chéile é, más rud é, dá dtionscnódh na daoine sin caingne ar leithligh, go n-éireodh aon chomhcheist dlí nó fíorais; ar choinníoll, má dhealraíonn sé, ar fhoriarratas iar bhfógra ó aon chosantóir, go bhféadfadh an t-uamadh sin treampán nó moill a chur ar an triail, go bhféadfaidh an Breitheamh trialacha ar leithligh a ordú, nó cibé ordú eile a dhéanamh is ceart, agus ar choinníoll freisin nach ndéanfar gearánaí de dhuine ar bith mura dtoileoidh sé leis sin.

2. Féadfar na daoine go léir a uamadh mar chosantóirí a líomhnaítear go bhfuil an ceart chun aon fhaoisimh ar marthain ina gcoinne, cibé acu i gcomhpháirt nó go leithleach nó mar mhalairt ar a chéile é. Má tá an gearánaí in amhras cén duine a bhfuil sé i dteideal sásamh a fháil uaidh, féadfaidh sé dhá chosantóir nó níos mó a uamadh, ionas go bhféadfar an cheist i dtaobh cén duine de na cosantóirí, más aon duine acu é, atá faoi dhliteanas, agus i dtaobh mhéid an dliteanais sin, a chinneadh amhail idir na páirtithe go léir. Ní gá go mbeidh leas ag gach cosantóir i leith an fhaoisimh uile a lorgaítear, ná i leith gach cúise caingne a áirítear in aon imeachtaí ina choinne; ach féadfaidh an Breitheamh cibé ordú is cóir leis a dhéanamh, chun nach gcuirfear treampán nó costas ar aon chosantóir as bheith faoi cheangal freastal ar aon imeachtaí nach bhfuil leas ar bith aige iontu.

3. Féadfaidh an gearánaí, dá rogha féin, na daoine go léir nó aon duine de na daoine atá go leithleach, nó i gcomhpháirt agus go leithleach, faoi dhliteanas maidir le haon chonradh áirithe, lena n-áirítear páirtithe i mbillí malairte agus i nótaí gealltanais, a uamadh mar chosantóirí sa chaingean chéanna.

4. Ní dhéanfar aon chaingean, cúis nó ábhar a threascairt de bhíthin mí-uamadh nó neamhuamadh páirtithe, agus féadfaidh an Breitheamh i ngach caingean, cúis nó ábhar déileáil leis an ábhar faoi chonspóid a mhéid a bhaineann sé le cearta agus leasanna na bpáirtithe os a chomhair iarbhír. Féadfaidh an Breitheamh, ag aon chéim de na himeachtaí, a ordú, ar iarratas ó pháirtí ar bith nó gan aon iarratas, agus ar cibé téarmaí is cóir leis, go scriosfar amach ainm aon pháirtí, cibé acu is gearánaí nó cosantóir é, a uamadh go mícheart, agus go gcuirfear isteach sa chúis, mar ghearánaí nó mar chosantóir, ainm aon duine ba chóir a uamadh mar pháirtí, nó a bhféadfaidh sé gur gá é a bheith os comhair na Cúirte ionas go bhféadfaidh an Breitheamh na ceisteanna uile a bhaineann leis an gcúis nó leis an ábhar a bhreithniú agus a shocrú. Ní chuirfear duine ar bith isteach sa chúis mar ghearánaí ag agairt gan neaschara, nó mar neaschara gearánaí faoi aon mhíchumas, mura dtoileoidh sé leis sin i scríbhinn. Gach duine a gcuirfear a ainm isteach i gcúis amhlaidh mar chosantóir seirbheálfar Bille Sibhialta air i cibé slí a fhorordófar le haon Ordú ón gCúirt, agus ní mheasfar tús a bheith curtha leis an gcaingean,

leis an gcúis nó leis an ábhar, amhail i gcoinne an pháirtí sin, go dtí go mbeidh an Bille Sibhialta sin seirbheáilte.

5. Féadfaidh naíon agra a dhéanamh trína neaschara, agus sa chás sin taiscfear leis an mBille Sibhialta údarás i scríbhinn, á údarú an t-agra a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh thar ceann an naín agus ainm an duine sin a úsáid mar neaschara, arna shíniú ag an duine sin.

6. Féadfaidh naíon cosaint a dhéanamh trína chaomhnóir *ad litem* arna cheapadh chuige sin de réir Ordú 19 de na Rialacha seo.

7. Má tionscnaíodh imeachtaí thar ceann nó i gcoinne naín, féadfaidh an Chúirt neaschara nó caomhnóir *ad litem* a cheapadh chun gníomhú don naíon sin nó thar ceann an naín sin, agus féadfaidh sí aon neaschara nó caomhnóir *ad litem* a athrú, agus duine eile a cheapadh ina ionad, agus féadfaidh sí freisin, má dhearbhaítear sna himeachtaí sin go bhfuil an naíon sin i dteideal aon airgid nó maoine pearsanta eile, a ordú an t-airgead nó an mhaoin sin a urrú nó a infheistiú chun tairbhe don naíon sin i cibé slí a mheasfaidh an Breitheamh is inmholta.

8. Féadfaidh duine mímheabhrach, cibé acu a breithníodh ina dhuine mímheabhrach ag ionchoisne é nó nár breithníodh, agra a dhéanamh trína chúramaí nó trína neaschara, agus féadfaidh sé cosaint a dhéanamh tríd an gcúramaí nó tríd an gcaomhnóir *ad litem* arna cheapadh chuige sin de réir Ordú 19 de na Rialacha seo, nó ag an gCúirt.

9. Féadfaidh iontaobhaithe, seiceadóirí agus riarthóirí agra a dhéanamh, agus féadfar agra a dhéanamh orthu, thar ceann, nó mar ionadaithe, na maoine nó an eastáit arb iontaobhaithe nó ionadaithe ina leith iad, gan aon duine de na daoine a bhfuil leas tairbhiúil acu san iontaobhas nó san eastát a uamadh, agus measfar iad a bheith ina n-ionadaithe do na daoine sin; ach féadfaidh an Breitheamh, ag aon chéim de na himeachtaí, a ordú páirtithe a dhéanamh d'aon daoine de na daoine sin i dteannta nó in ionad na bpáirtithe a bhí ann roimhe sin. Bainfidh an riail seo le hiontaobhaithe, seiceadóirí agus riarthóirí a agrófar in imeachtaí chun urrús a chur i bhfeidhm trí dhíol nó eile.

10. Ach amháin i gcaingne a bheidh bunaithe ar thort, má bhíonn go leor daoine ann a bhfuil an leas céanna acu san aon chaingean amháin nó san aon ábhar amháin, féadfaidh duine amháin nó níos mó de na daoine sin agra a dhéanamh, nó féadfar agra a dhéanamh air nó orthu, nó féadfaidh an Breitheamh a údarú dó nó dóibh cosaint a dhéanamh, sa chaingean nó san ábhar sin, thar ceann nó chun tairbhe na ndaoine go léir a bhfuil leas acu amhlaidh.

11. Má thionscnaítear imeachtaí chun talamh a aisghabháil, féadfar aon tionónta, fothionónta, nó aon duine eile atá iarbhír i seilbh na maoine a bhfuiltear ag iarraidh í a aisghabháil, nó i seilbh aon choda di, a ainmniú mar chosantóir agus díreofar an Bille Sibhialta chun an tionónta, an fhothionónta, nó an duine eile sin, agus na focail ''agus do gach duine lena mbaineann'' curtha leis.

12. Más rud é go dtionscnófar imeachtaí mar a luaitear sa riail deiridh roimhe seo, féadfaidh aon duine nár ainmníodh sa Bhille Sibhialta, nó nár seirbheáladh sin air, láithriú agus cosaint a dhéanamh, le cead ón mBreitheamh, ag an éisteacht, agus féadfaidh an Breitheamh déileáil ina dhiaidh sin leis an duine sin, maidir le costais agus eile, amhail is gur seirbheáladh an Bille Sibhialta air a chéaduair mar chosantóir.

13. I gcás duine ar bith a bhfuil cónaí air lasmuigh den Chuaird, ach laistigh den Stát, a bheith ina pháirtí riachtanach cuí in imeacht a tionscnaíodh go cuí sa Chúirt i gcoinne duine éigin laistigh den Chuaird, féadfar an Bille Sibhialta nó an doiciméad eile a sheirbheáil ar an duine céadluaite sin gan cead speisialta.

14. Faoi réir cheanglais Riail 9 d'Alt 66 den *Chancery (Ireland) Act*, 1867, más rud é, in aon chaingean chun eastát duine éagtha a riaradh, nó chun iontaobhais aon ghníomhais nó ionstraime a fhorghníomhú, nó chun aon oidhreachtáin a idir-roinnt nó a dhíol, gur fógraíodh breithiúnas nó ordú a dhéanann difear do chearta nó leasanna daoine nach páirtithe sa chaingean, féadfaidh an Chúirt a ordú fógra i dtaobh an bhreithiúnais nó an ordaithe a sheirbheáil ar aon daoine a bhfuil leas acu san eastát, nó faoi na hiontaobhais, nó sna hoidhreachtáin; agus tar éis an fhógra sin beidh na himeachtaí ina gceangal ar na daoine sin amhail is dá mba rud é go ndearnadh páirtithe díobh a chéaduair, agus beidh cead acu freastal ar na himeachtaí faoin mbreithiúnas nó faoin ordú. Féadfaidh aon duine a sheirbheálfar amhlaidh a iarraidh ar an gCúirt, laistigh de mhí tar éis na seirbheála sin, an breithiúnas nó an t-ordú sin a urscaoileadh nó a athrú, nó cur leis.

ORDÚ 7

NÓS IMEACHTA TRÍÚ PÁIRTÍ

1. In aon chaingean, más rud é go ndéanfaidh cosantóir éileamh i gcoinne aon duine nach páirtí cheana féin sa chaingean (dá ngairtear ''an tríú páirtí'' san Ordú seo)

(*a*) go bhfuil sé i dteideal ranníoca nó slánaíochta;

(*b*) go bhfuil sé i dteideal aon fhaoisimh nó leighis a bhaineann nó a ghabhann le hábhar bunaidh na caingne agus gurb ionann é go substaintiúil agus faoiseamh nó leigheas éigin a d'éiligh an gearánaí;

(*c*) maidir le haon cheist nó saincheist a bhaineann nó a ghabhann leis an ábhar sin, gurb ionann í go substaintiúil agus ceist nó saincheist éigin a d'éirigh idir an gearánaí agus an cosantóir agus gur chuí í a chinneadh ní amháin amhail idir an gearánaí agus an cosantóir ach amhail idir an gearánaí agus an cosantóir agus an tríú páirtí nó idir aon chinn díobh nó ceachtar acu,

féadfaidh an Chúirt a cheadú don chosantóir fógra tríú páirtí a eisiúint agus a sheirbheáil agus féadfaidh sí, an tráth céanna, más léir é a bheith inmhianaithe sin a dhéanamh, cead a thabhairt don tríú páirtí láithriú ag an triail agus cibé páirt is cóir a ghlacadh sa triail sin, agus go ginearálta féadfaidh an Chúirt cibé treoracha is cuí léi a thabhairt chun a thabhairt go ndéanfaí aon cheist, nó cearta nó dliteanais na bpáirtithe, a chinneadh agus a fhorghníomhú chomh caoithiúil agus is féidir agus maidir leis an modh agus an méid a mbeidh an tríú páirtí faoi cheangal nó faoi dhliteanas ag an gcinneadh nó ag an mbreithiúnas sa chaingean.

2. Is trí fhoriarratas iar bhfógra chun an ghearánaí, de réir Fhoirm 6C arna leagan amach i Sceideal na bhFoirmeacha atá ag gabháil leis seo, a dhéanfar an t-iarratas ar an gcead sin. Mura rud é gur mian leis an ngearánaí an tríú páirtí a chur isteach sa chaingean mar chosantóir, ní gá dó freastal ar éisteacht an fhoriarratais. Má fhreastalaíonn an gearánaí ní bheidh sé i dteideal costais a fháil i leith an fhoriarratais ach amháin le hordú speisialta ón gCúirt.

3. Mura n-ordóidh an Chúirt a mhalairt, is tar éis Láithreas a sheirbheáil agus tráth ar bith roimh thriail na caingne a dhéanfar iarratas ar chead chun an fógra tríú páirtí a eisiúint.

4. Luafar san fhógra tríú páirtí cineál agus forais an éilimh nó cineál na ceiste nó na saincheiste a iarrtar a chinneadh agus gach faisnéis a cheanglaítear a leagan amach i bhformhuiniú Bille Shibhialta dá bhforáiltear sna rialacha seo agus aon treoracha ón gCúirt arna dtabhairt faoi Riail 1 den Ordú seo. Déanfar an fógra tríú páirtí a eisiúint agus a sheirbheáil sa tslí chéanna ina ndéanfaí i gcás Bille Shibhialta agus, mura n-ordóidh an Chúirt a mhalairt, seirbheálfar é laistigh de lá is fiche ó dháta déanta an Ordaithe. Déanfar cóip den Bhille Sibhialta agus den

chosaint, mar aon le cóip den Ordú ag uamadh an tríú páirtí, a sheirbheáil i dteannta an fhógra tríú páirtí agus déanfar an fógra tríú páirtí sin a sheirbheáil ar an nGearánaí/ar na Gearánaithe freisin. I gcás ina ndéanfar an tríú páirtí a uamadh mar chosantóir, déanfaidh an gearánaí Bille Sibhialta leasaithe, mar aon le cóip den Ordú ag uamadh an tríú páirtí mar chosantóir, a sheirbheáil ar gach cosantóir laistigh de lá is fiche ó dháta déanta an Ordaithe, mura n-ordóidh an Chúirt a mhalairt. Déanfar aon chosaint leasaithe ó chosantóir bunaidh sna himeachtaí a sheirbheáil ar an ngearánaí laistigh de dheich lá ó dháta seirbheála an Bhille Shibhialta leasaithe.

5. Amhail ón tráth a sheirbheálfar an fógra tríú páirtí air, beidh an tríú páirtí ina pháirtí sa chaingean agus beidh na cearta céanna aige maidir le cosaint i gcoinne aon éilimh a dhéantar ina choinne agus ar shlí eile amhail is dá ndéanfadh an cosantóir é a agairt go cuí sa ghnáthshlí agus beidh sé i dteideal go ndéanfar gach pléadáil sna himeachtaí a sheirbheáil air agus is é an páirtí a mbeidh an céanna á chomhdú agus/nó á sheachadadh aige a dhéanfaidh an tseirbheáil sin.

6. Gairfidh an fógra tríú páirtí ar thríú páirtí láithreas a thaifeadadh laistigh de thréimhse ama shonraithe tar éis na seirbheála (nach lú ná deich lá nó cibé tréimhse ama eile a bheidh ceaptha don láithriú le comhaontú na bpáirtithe nó le haon ordú ón gCúirt) chun éileamh an chosantóra a fhreagairt, agus tabharfaidh sé rabhadh dó i dtaobh na n-iarmhairtí mura ndéanfaidh sé amhlaidh, ar choinníoll nach dtabharfaidh an tréimhse ama sin a bheith dulta in éag teideal don Oifig diúltú cead a thabhairt láithreas a thaifeadadh.

7. I gcás ina ndéanfaidh tríú páirtí láithreas a thaifeadadh, seachadfaidh sé a chosaint laistigh de dheich lá ó dháta a thaifeadta nó laistigh de cibé tréimhse ama bhreise a cheadóidh an Chúirt nó a dtoileoidh an cosantóir/na cosantóirí sna himeachtaí léi.

8. Tar éis don tríú páirtí láithreas a thaifeadadh, agus sula mbeidh an tréimhse ama a bheidh ceaptha chun cosaint a sheachadadh caite, féadfaidh sé, tar éis fógra i dtaobh an iarratais bheartaithe a sheirbheáil ar an ngearánaí agus ar gach cosantóir, iarratas a dhéanamh chun na Cúirte chun aon treoracha a bheidh tugtha ag an gCúirt faoi Riail 1 den Ordú seo a athrú.

9. Féadfaidh an Chúirt gach ceist a bhaineann le costais amhail idir aon tríú páirtí agus na páirtithe eile sa chaingean a chinneadh, agus féadfaidh sí a ordú go n-íocfaidh páirtí amháin nó níos mó costais aon pháirtí nó páirtithe eile nó féadfaidh sí cibé treoracha a thabhairt, maidir le costais, is gá de réir cheartas an cháis.

ORDÚ 8

CAINGNE AG GNÓLACHTAÍ AGUS AG DAOINE A bhFUIL GNÓ Á SHEOLADH ACU FAOI AINMNEACHA SEACHAS A nAINMNEACHA FÉIN, AGUS CAINGNE INA gCOINNE SIN

1. Aon bheirt nó níos mó a bheidh ag éileamh nó faoi dhliteanas mar chomhpháirtithe agus ag seoladh gnó laistigh den dlínse, féadfaidh siad agra a dhéanamh, nó féadfar iad a agairt, in ainm na ngnólachtaí faoi seach, más ann, a raibh na daoine sin ina gcomhpháirtithe iontu an tráth a d'fhabhraigh an chúis chaingne agus in ainmneacha na ndaoine sin; agus i gcásanna den sórt sin féadfaidh aon pháirtí i gcaingean a iarraidh ar an gCúirt, trí fhógra foriarratais, ráiteas a chur ar fáil, arna fhíorú faoi mhionn nó ar shlí eile, de réir mar a ordóidh an Chúirt, ina mbeidh ainmneacha, tuairiscí agus áiteanna cónaithe na ndaoine a bhí, an tráth a d'fhabhraigh an chúis chaingne, ina gcomhpháirtithe in aon ghnólacht den sórt sin.

2. Nuair a eiseoidh comhpháirtithe Bille Sibhialta in ainm a ngnólachta, dearbhóidh na gearánaithe nó a n-aturnaetha i scríbhinn láithreach, ar éileamh i scríbhinn ó aon chosantóir nó thar a cheann, ainmneacha, tuairiscí agus áiteanna cónaithe na ndaoine go léir a chomhdhéanann an gnólacht ar thar a cheann atá an chaingean á tionscnamh. Mura ndéanfaidh na gearánaithe nó a n-aturnaetha de réir an éilimh sin, féadfar, ar iarratas chuige sin, gach imeacht sa chaingean a bhac ar cibé téarmaí a ordóidh an Breitheamh. Nuair a dhearbhófar amhlaidh ainmneacha na gcomhpháirtithe, rachaidh an chaingean ar aghaidh sa tslí chéanna, agus leanfaidh na hiarmhairtí céanna aisti go huile agus go hiomlán, ionann is dá mbeadh na comhpháirtithe ainmnithe mar ghearánaithe sa Bhille Sibhialta; ach, mar sin féin, is in ainm an ghnólachta a leanfar de na himeachtaí uile.

3. I gcás ina n-agrófar daoine mar chomhpháirtithe in ainm a ngnólachta faoi Riail 1 den Ordú seo, seirbheálfar an Bille Sibhialta ar aon duine nó daoine de na comhpháirtithe go pearsanta, nó seirbheálfar é i bpríomháit ghnó na comhpháirtíochta, laistigh den dlínse, ar aon duine a bheidh, tráth na seirbheála, ag rialú nó ag bainistiú ghnó na comhpháirtíochta ann; agus, faoi réir na rialacha seo, measfar an tseirbheáil sin a bheith ina seirbheáil mhaith ar an ngnólacht a agrófar amhlaidh, cibé acu a bheidh aon duine dá chomhaltaí lasmuigh den dlínse nó nach mbeidh, agus ní bheidh gá le cead chun Bille Sibhialta a eisiúint ina gcoinne; ar choinníoll, i gcás comhpháirtíochta is eol don ghearánaí a bheith díscaoilte sular tionscnaíodh an chaingean, go seirbheálfar an Bille Sibhialta ar gach duine laistigh den dlínse a bhféachtar lena chur faoi dhliteanas.

4. I gcás ina n-agrófar daoine mar chomhpháirtithe in ainm a ngnólachta, láithreoidh siad ina nduine agus ina nduine faoina n-ainmneacha féin; ach, mar sin féin, is in ainm an ghnólachta a leanfar de na himeachtaí uile ina dhiaidh sin.

5. Féadfar fiacha atá dlite de ghnólacht a bhfuil gnó á sheoladh aige laistigh den dlínse a astú faoi Ordú 38, cé go mb'fhéidir go mbeadh cónaí thar lear ar chomhalta amháin nó níos mó den ghnólacht sin, ar choinníoll go seirbheálfar an t-ordú gairnisí ar aon duine atá ag rialú nó ag bainistiú ghnó na comhpháirtíochta, nó ar aon chomhalta den ghnólacht atá laistigh den dlínse. Is láithriú leordhóthanach ag an ngnólacht aon chomhalta do láithriú de bhun ordaithe.

6. Bainfidh na Rialacha sin thuas le caingne idir gnólacht agus comhalta amháin nó níos mó den ghnólacht, agus le caingne idir gnólachtaí a bhfuil comhalta amháin nó níos mó i gcoiteannas acu, ar choinníoll go bhfuil gnó á sheoladh laistigh den dlínse ag an ngnólacht nó ag na gnólachtaí sin, ach ní eiseofar aon fhorghníomhú sna caingne sin gan cead ón mBreitheamh tar éis foriarratais iar bhfógra chun an pháirtí lena mbainfidh agus, ar iarratas a dhéanamh ar chead chun an forghníomhú sin a eisiúint, féadfar a ordú go dtógfar na cuntais sin go léir agus go ndéanfar na fiosrúcháin sin go léir agus go dtabharfar na treoracha sin go léir is cóir.

7. Aon duine a bhfuil gnó á sheoladh aige laistigh den dlínse faoi ainm nó faoi theideal seachas a ainm féin agus arb ainm nó teideal é nach bhfuil cláraithe de bhun an Achta um Chlárú Ainmneacha Gnó, 1963, féadfar é a agairt faoin ainm nó faoin teideal sin; agus féadfaidh an gearánaí sna cásanna sin iarratas a dhéanamh trí Fhógra Foriarratais chun na Cúirte ar Ordú á ordú don duine a ndealraíonn sé go bhfuil an gnó sin á rialú nó á bhainistiú aige ainm, tuairisc agus áit chónaithe an duine a raibh an gnó á sheoladh aige mar atá ráite, an tráth a d'fhabhraigh an chúis chaingne, a thabhairt, arna bhfíorú faoi mhionn nó ar shlí eile, de réir mar a ordóidh an Chúirt.

8. I ngach cás lena mbaineann Riail 7 den Ordú seo féadfar Bille Sibhialta nó aon doiciméad eile a sheirbheáil trína sheirbheáil mar a fhoráiltear leis na Rialacha seo ar an duine a bhfuil an gnó á sheoladh aige, nó ar cibé duine a ndealraíonn sé go bhfuil an gnó sin á rialú nó á bhainistiú aige tráth na seirbheála, san áit a bhfuil an gnó sin á sheoladh. Measfar gur seirbheáil mhaith ar an duine a agraítear an tseirbheáil sin cibé acu atá nó nach bhfuil an duine sin lasmuigh den dlínse agus ní bheidh gá le cead chun an Bille Sibhialta nó an doiciméad eile a eisiúint.

9. A mhéid a cheadóidh cineál an cháis é, beidh feidhm maidir le gach cás lena mbaineann Riail 7 den Ordú seo ag na rialacha go léir a bhaineann leis na himeachtaí i gcoinne gnólachtaí.

ORDÚ 9

ÉILIMH A UAMADH

1. Ach amháin mar a fhoráiltear sa chéad Riail ina dhiaidh seo, féadfar dhá éileamh nó níos mó a dhéanamh i ndoiciméad tionscnaimh amháin, mar mhalairt ar a chéile nó i slí eile, chomh fada is nach bhfuil na héilimh ar neamhréir lena chéile ná bunaithe ar líomhaintí fíorais atá ar neamhréir lena chéile, ach, más léir don Bhreitheamh nach féidir éilimh a uamadh in aon chaingean nó ábhar a thriail le chéile go caoithiúil, féadfaidh sé trialacha ar leithligh a ordú nó féadfaidh sé aon éileamh a eisiamh, agus féadfaidh sé a ordú go leasófar an taifead dá réir sin, agus féadfaidh sé cibé ordú is cóir a dhéanamh maidir le costais.

2. Ní fhéadfar aon éileamh a uamadh le héileamh chun talamh a aisghabháil ach amháin i leith foghailbhrabús nó riaráistí cíosa, nó cíosa dhúbailte, i ndáil leis an talamh, nó le haon chuid de, agus i leith damáistí mar gheall ar shárú a dhéanamh ar aon chonradh faoina bhfuil an talamh, nó aon chuid de, ar teachtadh, nó mar gheall ar aon éagóir nó díobháil don talamh sin nó d'aon chuid de. Ní mheasfar gur éileamh ar aisghabháil talún de réir bhrí na Rialach seo caingean le haghaidh fuascailte, ná foriarratas go dtabharfaidh cosantóir suas seilbh ar mhaoin mhorgáistithe ann.

ORDÚ 10

FORMHUINIÚ AN ÉILIMH

1. In imeachtaí ar bhillí malairte, nótaí gealltanais nó urrúis eile i leith airgid, leagfar amach sa Bhille Sibhialta a ndátaí sin faoi seach, na suimeanna ar ina leith a tugadh iad faoi seach, agus na suimeanna a éilítear a bheith dlite orthu i leith príomhshuime agus úis, agus ráta an úis sin, na páirtithe iontu faoi seach, agus na dátaí ar tháinig siad faoi seach chun bheith dlite agus iníoctha.

2. I ngach imeacht i leith cíosa agus i leith úsáid agus áitíocht talún, luafar sa Bhille Sibhialta an tsuim a éilítear i leith an chíosa nó i leith na húsáide agus na háitíochta agus an tréimhse ar anuas go dtí í a líomhnaítear í a bheith dlite, ainm an bhaile nó an bhaile fearainn, mar aon leis an áit ann, agus ainm an chontae ina bhfuil an talamh nó na tionóntáin nó cuid de nó díobh, agus, más ar fhoras léasa nó ionstraime eile a thionscnaítear an t-imeacht, dáta an léasa nó na hionstraime sin agus na páirtithe ann nó inti.

3. I ngach imeacht a bhunófar ar aon doiciméad scríofa nach n-áirítear sa dá Riail roimhe seo, luafar sa Bhille Sibhialta dáta an doiciméid agus na páirtithe ann agus, más i leith íocaíocht airgid é, an tsuim a éilítear, nó, más i leith shárú aon chonartha é, an sárú nó na sáruithe a líomhnaítear a rinneadh ar an gconradh sin.

4. I gcás ar mó an tsuim a líomhnaítear a bheith dlite do ghearánaí ná dlínse na Cúirte agus go mbeidh an gearánaí sásta an tsuim atá laistigh den dlínse a ghnóthú, luafaidh sé ar éadan an Bhille Shibhialta go bhfuil sé ag tréigean gach éilimh ar aon suim is mó ná sin, agus air sin féadfaidh an Chúirt déileáil leis an éileamh, agus beidh an fhoraithne a dhéanfar (má dhéantar) ina lánsásamh ar iomlán an éilimh bhunaidh.

ORDÚ 11

BILLE SIBHIALTA A EISIÚINT, SEIRBHEÁIL AGUS TAIFEADADH

1. Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt sna Rialacha seo, déanfar gach Bille Sibhialta a shíniú agus a thíolacadh i ndúblach lena eisiúint as Oifig na Cúirte i gContae ag a bhfuil dlínse de bhun na Rialacha seo (dá ngairtear ''an Oifig'' anseo ina dhiaidh seo). Is é an Bille Sibhialta a stampálfar, a shéalófar agus a eiseofar de réir mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo an Bille Sibhialta bunaidh. Déanfar a dhúblach a chomhdú san Oifig.

2. Sula n-eiseofar an Bille Sibhialta lena sheirbheáil, déanfar é a stampáil sa tsuim chuí, más ann, arna forordú le dlí agus, i gcás ina gceanglaítear le dlí stampáil a dhéanamh, mura mbeidh sé stampáilte amhlaidh, ní bheidh éifeacht ná feidhm ag an mBille Sibhialta ná ag an mBille Sibhialta dúblach.

3. Déanfar an Bille Sibhialta a thíolacadh don Oifig agus a shéalú agus déanfaidh an t-oifigeach cuí é a mharcáil leis an uimhir thaifeadta agus air sin measfar é a bheith eisithe, faoi réir fhorálacha alt 7(6)(a)(ii) d'Acht na gCúirteanna, 1964, agus déanfar é a thaifeadadh ina dhiaidh sin i leabhar na gcúiseanna in ord dáta agus uimhreach a eisiúna. Tráth a eisiúna, déanfaidh an t-oifigeach cuí an dáta eisiúna, mionsonraí iomlána i ndáil le stampáil agus an uimhir thaifeadta a bheidh sannta don Bhille Sibhialta a mharcáil ar an mBille Sibhialta dúblach. Ní dhéanfar aon Bhille Sibhialta a sheirbheáil go dtí go mbeidh sé dátaithe, séalaithe, stampáilte agus marcáilte amhlaidh. Agus an Bille Sibhialta sin, mar aon lena dhúblach, á thíolacadh don Oifig lena eisiúint, féadfar an tíolacadh sin a dhéanamh leis an bpost nó go pearsanta. In imthosca ina mbeidh an Bille Sibhialta tíolactha leis an bpost, cuirfidh an t-oifigeach cuí an Bille Sibhialta as ais chuig an nGearánaí nó chuig aturnae an Ghearánaí, de réir mar is cuí, leis an ngnáthphost réamhíoctha.

4. Ní dhéanfar aon Bhille Sibhialta le haghaidh seirbheála lasmuigh den dlínse, nó a mbeidh fógra ina thaobh le tabhairt lasmuigh den dlínse, a eisiúint gan cead ón gCúirt nó ón gCláraitheoir Cúirte, ach amháin de réir fhorálacha Ordú 13 agus Ordú 14 de na Rialacha seo.

5. Ach amháin mar a fhoráiltear le Rialacha 10, 11 agus 19 den Ordú seo, is duine de na hoifigigh a bheidh ceaptha go cuí ina Seirbheálaithe Toghairme ag an gCláraitheoir Contae a sheirbheálfaidh cóip den Bhille Sibhialta. Ní dhéanfaidh Seirbheálaí Toghairme ná duine údaraithe eile aon doiciméad a airbheartóidh a bheith ina chóip den Bhille Sibhialta a ghlacadh lena sheirbheáil mura ndéanfar scríbhinn bhunaidh an Bhille Shibhialta sin, arna dátú, arna séalú, arna stampáil, arna formhuiniú, arna marcáil agus arna heisiúint go cuí mar a fhorordaítear le Rialacha 1, 2 agus 3 den Ordú seo, a thabhairt ina láimh dó san am céanna lena taispeáint, tráth na seirbheála, don chosantóir nó don duine eile a bheidh le seirbheáil. Is í táille is iníoctha leis an Seirbheálaí Toghairme sin, nó leis an duine údaraithe eile sin, cibé suim a chinnfidh an Cláraitheoir

Contae ó am go ham, ach, nuair a sheirbheálfar an Bille Sibhialta ar bheirt chosantóir nó níos mó a chónaíonn sa teaghlach céanna, ní bheidh ach táille sheirbheála amháin iníoctha. Más rud é nach mbeidh, agus fad nach mbeidh, aon Seirbheálaí Toghairme i ngach cás arna shannadh d'aon limistéar ag Cláraitheoir Contae an Chontae ina mbeidh an limistéar sin, ansin féadfar seirbheáil a dhéanamh mar a fhorordaítear le hAlt 7 d'Acht na gCúirteanna, 1964.

6. Ach amháin i gcás ina n-ordófar nó ina gceadófar a mhalairt, déanfar Bille Sibhialta a sheirbheáil ar an gcosantóir go pearsanta cibé áit a mbeidh sé le fáil laistigh den dlínse, nó ag áit chónaithe an chosantóra laistigh den dlínse, go pearsanta, ar fhearchéile nó banchéile an chosantóra, nó ar ghaol éigin don chosantóir nó fostaí éigin de chuid an chosantóra atá os cionn sé bliana déag d'aois agus a dhealraíonn a bheith ina chónaí ansin. Déanfar an Bille Sibhialta bunaidh, arna shéalú agus arna eisiúint go cuí, a thaispeáint tráth na seirbheála don duine a sheirbheálfar.

7. Cuirfidh gach Seirbheálaí Toghairme, nó gach duine eile a bheidh údaraithe go cuí chun seirbheáil a dhéanamh, na cóipeanna de na Billí Sibhialta nó de na doiciméid eile a bheidh seachadta air lena seirbheáil i gcomparáid lena scríbhinní bunaidh faoi seach agus, sula seirbheálfaidh sé na cóipeanna sin, formhuineoidh sé a ainm orthu; agus, tar éis dó an tseirbheáil sin a dhéanamh, déanfaidh an duine sin a mbeidh Bille Sibhialta á sheirbheáil aige, laistigh de thrí lá ar a mhéad tar éis na seirbheála, a ainm a fhormhuiniú ar gach scríbhinn bhunaidh, agus luafaidh sé freisin an lá den tseachtain agus an dáta a ndearnadh an tseirbheáil sin, mar aon leis an tslí agus an áit ina ndearnadh í, agus an duine ar ar seirbheáladh an céanna, cibé acu fearchéile nó banchéile nó gaol nó fostaí é nó í.

8. Fíordheimhneofar seirbheáil de réir na Rialacha seo le mionnscríbhinn nó le dearbhú reachtúil ón duine a mbeidh an tseirbheáil sin déanta aige agus luafar an dáta ar a ndearnadh na formhuinithe dá dtagraítear i Riail 7 den Ordú seo sa mhionnscríbhinn nó sa dearbhú reachtúil sin i dtaobh an bille sibhialta sin a sheirbheáil, agus déanfar an mhionnscríbhinn sin a mhionnú, nó an dearbhú reachtúil sin a dhearbhú, laistigh de thréimhse ama réasúnach tar éis na seirbheála sin. Féadfar an mhionnscríbhinn nó an dearbhú reachtúil sin a fhormhuiniú ar an doiciméad bunaidh.

9. I gcás ina bhforordófar seirbheáil phearsanta agus go líomhnófar go ndearnadh an tseirbheáil sin, ach nach fios as a eolas féin don duine a rinne í gurb é an duine a seirbheáladh an duine a ainmníodh chun seirbheáil phearsanta a dhéanamh air, féadfaidh sé an mhionnscríbhinn nó an dearbhú reachtúil dá dtagraítear sa Riail roimhe seo a dhéanamh, á lua sa mhionnscríbhinn nó sa dearbhú sin gur fíor an céanna de réir mar is fearr is eol dó agus mar a chreideann sé, ach, in aon chás den sórt sin, féadfaidh an Breitheamh, ar a thionscnamh féin nó ar iarratas ó aon duine a líomhnaítear go ndearna an tseirbheáil sin difear dó, cibé fianaise bhreise is ceart leis a éileamh i dtaobh na seirbheála sin.

10. Féadfaidh Aturnae gealltanas a thabhairt i scríbhinn go nglacfaidh sé le seirbheáil Bille Shibhialta agus sa chás sin is seirbheáil leormhaith seirbheáil ar an Aturnae sin, ar choinníoll go bhformhuineoidh sé ar an mBille Sibhialta bunaidh, tráth na seirbheála, go bhfuil sé ag glacadh leis an tseirbheáil sin agus ag gealladh láithreas a thaifeadadh ina leith.

11. Má léirítear don Bhreitheamh nó don Chláraitheoir Contae nach féidir leis an ngearánaí ar chúis ar bith seirbheáil phearsanta a dhéanamh go pras, nó cibé seirbheáil eile a fhorordaítear leis na Rialacha seo, féadfaidh an Breitheamh nó an Cláraitheoir Contae cibé ordú is cóir a dhéanamh le haghaidh seirbheála ionadaí, nó chun fógra a thabhairt trí fhógrán in ionad seirbheáil a dhéanamh, nó eile, agus (ach amháin i gcás ina gceadófar seirbheáil trí fhógrán), aon uair a dhéanfar aon ordú den sórt sin, seirbheálfar cóip den chéanna i dteannta an Bhille Shibhialta nó an doiciméid eile, nó i dteannta an fhógra sin, agus luafar i ngach ordú den sórt sin an tréimhse ama ina bhféadfaidh an cosantóir láithreas a thaifeadadh nó ceanglais an ordaithe sin a chomhlíonadh.

12. Gach iarratas a dhéanfar chun na Cúirte nó chun an Chláraitheora Contae ar ordú chun seirbheáil ionadach nó seirbheáil eile a dhéanamh, nó chun fógra a thabhairt in ionad seirbheáil a dhéanamh, beidh mionnscríbhinn ina leagfar amach na forais ar a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh mar thaca leis.

13. In aon chás, féadfaidh an Breitheamh nó an Cláraitheoir Contae a dhearbhú gur seirbheáil leormhaith an tseirbheáil a bheith déanta iarbhír.

14. Nuair a bheidh naíon ina chosantóir i gcaingean, measfar, mura n-ordóidh an Breitheamh nó an Cláraitheoir Contae a mhalairt, gur seirbheáil mhaith ar an naíon seirbheáil ar a athair nó ar a chaomhnóir nó, mura mbeidh athair ná caomhnóir ann, ansin ar an duine a mbeidh an naíon ina chónaí leis nó faoina chúram; ar choinníoll go bhféadfaidh an Breitheamh a ordú go measfar gur seirbheáil mhaith seirbheáil a bheidh déanta nó le déanamh ar an naíon.

15. Nuair a bheidh duine mímheabhrach, cibé acu a breithníodh ina dhuine mímheabhrach ag ionchoisne é nó nár breithníodh, ina chosantóir i gcaingean, measfar, mura n-ordóidh an Breitheamh nó an Cláraitheoir Contae a mhalairt, gur seirbheáil mhaith ar an gcosantóir seirbheáil ar Chúramaí na Geilte, nó ar an duine a mbeidh an duine mímheabhrach ina chónaí leis nó faoina chúram.

16. Laistigh de cheithre lá tar éis seirbheáil a dhéanamh, déanfaidh Seirbheálaí Toghairme, nó duine eile a bheidh údaraithe go cuí chun seirbheáil a dhéanamh, an doiciméad bunaidh, arna fhormhuiniú go cuí mar a fhorordaítear leis na Rialacha seo, a chur ar ais chuig an Aturnae nó chuig an duine eile óna bhfuarthas é.

17. In imthosca speisialta, agus má shuitear cúis mhaith leis, féadfaidh an Breitheamh nó an Cláraitheoir Contae a cheadú go ndéanfaidh duine seachas Seirbheálaí Toghairme aon Bhille Sibhialta a sheirbheáil.

18. I ngach cás ina dtosófar imeachtaí ar shlí seachas le Bille Sibhialta, beidh feidhm ag na Rialacha roimhe seo den Ordú seo maidir leis an doiciméad lenar tionscnaíodh na himeachtaí sin amhail is dá mba Bhille Sibhialta é.

19. Aon doiciméad nach bhforordaítear aon mhodh seirbheála ina leith leis na Rialacha seo, féadfar é a sheirbheáil trína sheachadadh ar an bpáirtí nó ar an duine a mbeidh sé le seirbheáil go pearsanta air, nó trína sheachadadh ag áit chónaithe nó áit ghnó an duine sin, nó trína chur leis an bpost réamhíoctha, arna dhíriú chun an pháirtí nó an duine sin ag an áit chónaithe nó an áit ghnó is deireanaí is eol a bheith aige.

20. Más rud é go mbeidh páirtí nó duine ag gníomhú trí Aturnae, féadfar aon doiciméad is gá a sheachadadh nó a sheirbheáil ar an bpáirtí sin a sheachadadh nó a sheirbheáil ar an Aturnae sin, ach amháin i gcásanna ina gceanglaítear leis na Rialacha seo seirbheáil phearsanta a dhéanamh ar pháirtí; agus má dhéantar aon doiciméad den sórt sin a sheirbheáil ar an Aturnae sin, nó a sheachadadh ag a oifig, nó a chur chuige leis an bpost réamhíoctha chuig an oifig sin, measfar gur seirbheáil mhaith an tseirbheáil sin ar an bpáirtí nó ar an duine a mbeidh an tAturnae sin ag gníomhú thar a cheann amhail ar an lá a seachadfar nó a seirbheálfar an doiciméad sin, nó a seachadfaí é i ngnáthchúrsa an phoist.

21. Is san fhoirm atá leagtha amach i bhFoirm 1B de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo a bheidh formhuiniú na seirbheála agus an dearbhú reachtúil i dtaobh Billí Sibhialta nó doiciméid tionscnaimh eile a sheirbheáil mar a fhoráiltear le hAlt 7 d'Acht na gCúirteanna, 1964.

ORDÚ 12

BILLE SIBHIALTA A ATHNUACHAN

1. Ní bheidh aon Bhille Sibhialta i bhfeidhm níos faide ná dhá mhí dhéag ón lá is dáta don Bhille Sibhialta sin, agus an lá is dáta dó san áireamh; ach mura mbeidh an Bille Sibhialta sin seirbheáilte ar aon chosantóir a bheidh ainmnithe ann, féadfaidh an gearánaí, sula mbeidh dhá mhí dhéag caite, cead chun an Bille Sibhialta a athnuachan a iarraidh ar an gCláraitheoir Contae don Chontae inar eisíodh an Bille Sibhialta. Tar éis dhá mhí dhéag a bheith caite, is chun na Cúirte a dhéanfar iarratas chun tréimhse ama a fhadú i leith ceada chun an Bille Sibhialta a athnuachan. Más deimhin leis an gCúirt nó leis an gCláraitheoir Contae, de réir mar a bheidh, go ndearnadh iarrachtaí réasúnacha chun an cosantóir a sheirbheáil, nó ar chúis mhaith eile, féadfaidh an Chúirt nó an Cláraitheoir a ordú an Bille Sibhialta a athnuachan go ceann sé mhí ó dháta na hathnuachana sin, go huile, agus dá réir sin ó am go ham le linn ré feidhme an Bhille Shibhialta athnuaite. Sa chás sin déanfar an Bille Sibhialta a athnuachan trína stampáil leis an dáta is lá, mí agus bliain don athnuachan sin; déanfar an stampa sin a sholáthar agus a choinneáil chun na críche sin san Oifig Cúirte Cuarda chuí agus múnlóidh an t-oifigeach cuí é ar an mBille Sibhialta, ar an ngearánaí nó a aturnae do sheachadadh meabhráin air i bhFoirm 25 atá i gceangal leis na hOrduithe seo; agus fanfaidh Bille Sibhialta nó doiciméad tionscnaimh eile a athnuafar amhlaidh i bhfeidhm agus beidh sé ar fáil chun oibriú aon reachta a chosc trína bhféadfar teorainn a chur le tréimhse ama chun an chaingean a thosú agus chun gach críche eile ó dháta eisiúna an Bhille Shibhialta.

2. In aon chás ina mbeidh athnuachan déanta ar Bhille Sibhialta ar iarratas *ex parte,* beidh de chead ag aon chosantóir, sula ndéanfaidh sé láithreas a thaifeadadh, fógra foriarratais, chun ordú den sórt sin a chur ar ceal, a sheirbheáil.

3. Ach Bille Sibhialta a airbheartaíonn a bheith marcáilte le stampa á thaispeáint go ndearnadh é a athnuachan sa tslí réamhráite a thabhairt ar aird, is fianaise é sin go ndearnadh é a athnuachan amhlaidh agus gur tionscnaíodh an chaingean amhail ar chéad-dáta an Bhille Shibhialta sin chun gach críche.

4. I gcás inar díothaíodh nó inar cailleadh Bille Sibhialta is gá a thabhairt ar aird, féadfaidh an Chúirt, ar a bheith deimhin di gur díothaíodh nó gur cailleadh é, agus go bhfuil cóip den Bhille Sibhialta sin ceart, a ordú go ndéanfar an chóip sin a shéalú agus a sheirbheáil in ionad an Bhille Shibhialta bunaidh nó an doiciméid tionscnaimh bhunaidh eile.

ORDÚ 13

SEIRBHEÁIL LASMUIGH DEN DLÍNSE

1. Féadfaidh an Chúirt nó an Cláraitheoir Contae a cheadú Bille Sibhialta, nó fógra ina thaobh, a sheirbheáil lasmuigh den dlínse:—

(*a*) aon uair arb é is ábhar iomlán don chaingean talamh atá laistigh den dlínse (le cíosanna nó brabúis nó gan iad), nó buanú fianaise a bhaineann le talamh laistigh den dlínse; nó

(*b*) aon uair a iarrfar aon ghníomh, gníomhas, uacht, conradh, oibleagáid, nó dliteanas a dhéanann difear do thalamh nó d'oidhreachtáin atá laistigh den dlínse a fhorléiriú, a cheartú, a chur ar ceal, nó a chur i bhfeidhm sa chaingean; nó

(*c*) aon uair a lorgófar aon fhaoiseamh i gcoinne aon duine a bhfuil sainchónaí nó gnáthchónaí air laistigh den dlínse; nó

(*d*) aon uair arb é a bheidh sa chaingean caingean chun eastát aon duine éagtha a raibh sainchónaí air, tráth a bháis, laistigh den dlínse a riaradh, nó chun forghníomhú a dhéanamh (maidir le maoin atá laistigh den dlínse) ar iontaobhais aon ionstraime scríofa, ar iontaobhaí ina leith an duine a bheidh le seirbheáil, agus ar chóir iad a fhorghníomhú de réir dhlí na hÉireann; nó

(*e*) aon uair arb é a bheidh sa chaingean caingean a tionscnaíodh chun conradh a chur i bhfeidhm, a chealú, a dhíscaoileadh nó a neamhniú, nó chun difear a dhéanamh dó ar shlí eile, nó chun damáistí nó faoiseamh eile a ghnóthú i ngeall ar chonradh a shárú nó i leith an tsáraithe sin, ar conradh é—

(i) a rinneadh laistigh den dlínse, nó

(ii) a rinne gníomhaire, nó a rinneadh trí ghníomhaire, a bhíonn ag trádáil nó a bhfuil cónaí air laistigh den dlínse, thar ceann príomhaí a bhíonn ag trádáil nó a bhfuil cónaí air lasmuigh den dlínse, nó

(iii) atá, de réir a théarmaí, nó arb intuigthe go bhfuil sé, le bheith faoi rialú Dhlí na hÉireann; nó

(*f*) aon uair arb é a bheidh sa chaingean caingean a tionscnaíodh i leith sáraithe a rinneadh laistigh den dlínse ar chonradh, cibé áit a ndearnadh an conradh sin, bíodh go ndearnadh, sular sáraíodh an conradh sin nó nuair a bhí sé á shárú, an conradh a shárú lasmuigh den dlínse ionas go raibh sé dodhéanta an chuid den chonradh a chomhlíonadh ba chóir a chomhlíonadh laistigh den dlínse; nó

(*g*) aon uair a bheidh an chaingean bunaithe ar thort a rinneadh laistigh den dlínse; nó

(*h*) aon uair a lorgófar aon urghaire i dtaobh aon ní a bheidh le déanamh laistigh den dlínse, nó a iarrfar aon núis laistigh den dlínse a chosc nó a dhíchur, cibé acu a lorgófar nó nach lorgófar damáistí ina leith freisin; nó

(*i*) aon uair a bheidh aon duine lasmuigh den dlínse ina pháirtí riachtanach nó cuí i gcaingean a tionscnaíodh go cuí i gcoinne duine éigin eile a seirbheáladh go cuí laistigh den dlínse; nó

(*j*) aon uair a bhainfidh an t-imeacht le naíon nó le duine mímheabhrach, cibé acu a breithníodh ina dhuine mímheabhrach é nó nár breithníodh, a bhfuil sainchónaí air in Éirinn nó ar saoránach d'Éirinn é; nó

(*k*) aon uair arb é a bheidh san imeacht imeacht idirphléadála a bhaineann le maoin laistigh den dlínse; nó

(*l*) aon uair arb é a bheidh san imeacht imeacht chun eadránaí nó moltóir a cheapadh, nó chun dámhachtain in eadráin a bhí, nó a bheidh, ar bun laistigh den dlínse a loghadh, a chur ar ceal nó a chur i bhfeidhm; nó

(*m*) aon uair arb é a bheidh san imeacht imeacht ag morgáistí nó ag morgáisteoir i ndáil le morgáiste ar mhaoin phearsanta atá laistigh den dlínse agus go lorgófar ann faoiseamh den chineál nó den sórt seo a leanas, is é sin le rá, díol, seachadadh seilbhe ag an morgáisteoir, fuascailt, atíolacadh, nó seachadadh seilbhe ag an morgáistí, ach nach lorgófar ann (mura gceadaítear é, agus ach amháin sa mhéid go gceadaítear é, faoi fhomhírcheann (*e*) den Riail seo) aon bhreithiúnas pearsanta ná aon ordú chun aon airgead atá dlite faoin morgáiste a íoc; nó

(*n*) aon uair a bhainfidh an t-imeacht le dlí an phósta nó leis an dlí teaghlaigh, go bhfuil sainchónaí nó gnáthchónaí ar an iarratasóir san imeacht laistigh den dlínse agus go gceadaítear dlínse sna himthosca sin nó ar shlí eile le Reacht;

(*o*) aon uair arb iad a bheidh sna himeachtaí imeachtaí de bhun théarmaí an Achta Comharbais, 1965, agus go raibh ag an éagach, tráth a bháis, áit chónaithe sheasta laistigh den dlínse.

In aon cheann de na fomhíreanna thuas ciallaíonn an abairt ''maoin phearsanta atá laistigh den dlínse'' maoin a bheadh, ar úinéir uirthi d'fháil bháis ina dhíthiomnóir, ina hábhar do dheonú Litreacha Riarachán dá eastát ón bPríomh-Chlárlann Phrobháide; ciallaíonn an focal ''morgáiste'' morgáiste, muirear nó lian de thuairisc ar bith; ciallaíonn an focal ''morgáistí'' duine atá i dteideal morgáiste nó a bhfuil leas aige i morgáiste de thuras na huaire; agus ciallaíonn an focal ''morgáisteoir'' duine atá i dteideal maoine faoi réir morgáiste, nó a bhfuil leas aige sa chéanna, de thuras na huaire.

2. Gach iarratas ar chead chun Bille Sibhialta nó fógra ina thaobh a sheirbheáil ar chosantóir lasmuigh d'Éirinn, beidh mionnscríbhinn mar thaca leis ina luafar go gcreideann an teisteoir go bhfuil cúis mhaith chaingne ag an ngearánaí, agus ina léireofar an áit nó an tír ina bhfuil, nó inar dócha do bhfaighfear, an cosantóir sin nó an duine sin a bheidh le seirbheáil, agus cé acu is saoránach d'Éirinn an cosantóir sin nó an duine sin a bhfuiltear ag iarraidh é a sheirbheáil nó nach ea, agus na forais ar a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh; agus ní thabharfar aon chead den sórt sin mura gcuirfear ina luí go leormhaith ar an gCúirt nó ar an gCláraitheoir Contae gur cás cuí é chun seirbheáil a dhéanamh lasmuigh d'Éirinn faoi na Rialacha seo.

3. D'ainneoin aon ní atá san Ordú seo, féadfaidh na páirtithe in aon chonradh a chomhaontú:—

(*a*) go mbeidh dlínse ag an gCúirt chun glacadh le haon imeacht i leith an chonartha sin; agus freisin, nó ar a mhalairt,

(*b*) go bhféadfar aon doiciméad in aon imeacht den sórt sin a sheirbheáil in áit ar bith laistigh nó lasmuigh den dlínse ar aon pháirtí, nó ar aon duine thar ceann aon pháirtí, nó in aon slí a shonraítear nó a chuirtear in iúl sa chonradh sin. Measfar gur seirbheáil leormhaith é aon doiciméad den sórt sin a sheirbheáil san áit (más ann) nó ar an bpáirtí, nó ar an duine (más ann) nó sa tslí (más ann) a shonraítear nó a chuirtear in iúl sa chonradh cibé áit a bhfuil cónaí ar na páirtithe, agus mura bhfuil aon áit nó modh nó duine sonraithe ná curtha in iúl amhlaidh, féadfar a ordú an doiciméad sin a sheirbheáil lasmuigh den dlínse.

4. I gcaingne Probháide féadfaidh sé go gceadófar, le cead na Cúirte nó an Chláraitheora Contae, Bille Sibhialta, nó fógra ina thaobh, a sheirbheáil lasmuigh den dlínse.

5. Déanfar iarratais faoin Ordú seo sula n-eiseofar an doiciméad agus, nuair nach mbeidh aon imeacht ar feitheamh, is é a bheidh mar theideal ar an mionnscríbhinn chun an céanna a fhorasú ná amhail idir na páirtithe san imeacht atá beartaithe agus ''Maidir leis na hAchtanna Cúirteanna Breithiúnais, 1924-1995''.

6. Aon ordú lena dtabharfar cead chun seirbheáil a dhéanamh, nó chun fógra a thabhairt, lasmuigh den dlínse, ceapfaidh sé tréimhse ama, i ndiaidh na seirbheála nó an fhógra sin, ina bhféadfaidh an duine a bheidh le seirbheáil láithreas a thaifeadadh, agus braithfidh an tréimhse ama sin ar an áit nó ar an tír ina mbeidh an doiciméad le seirbheáil, nó an fógra le tabhairt.

7. I gcás nach saoránach d'Éirinn an duine a bheidh le seirbheáil, is fógra i dtaobh an doiciméid, agus ní hé an doiciméad féin, a sheirbheálfar air.

8. Faoi réir fhorálacha an Ordaithe seo, is sa tslí a gceanglaítear leis na Rialacha seo chun doiciméid a sheirbheáil a thabharfar fógra in ionad seirbheála.

9. Aon uair a dhéanfar Ordú lena dtabharfar cead chun doiciméad nó fógra ina thaobh a sheirbheáil ar dhuine lasmuigh den dlínse, seirbheálfar cóip den ordú sin i dteannta an doiciméid nó an fhógra.

10. Beidh feidhm ag an ordú seo maidir le gach imeacht, cibé slí inar tionscnaíodh é, agus maidir le haon ordú nó fógra san imeacht. I gcás nach saoránach d'Éirinn an duine a bheidh le seirbheáil, is cóip den doiciméad tionscnaimh (seachas Bille Sibhialta) nó den ordú nó den fhógra a sheirbheálfar in ionad an doiciméid bhunaidh, agus ina theannta sin cuirfear in iúl i scríbhinn gur tionscnaíodh imeacht i bhfoirm na cóipe, nó go ndearnadh ordú i dtéarmaí na cóipe.

11. Ní dhéanfaidh aon ní atá san Ordú seo dochar ná difear ar dhóigh ar bith d'aon chleachtas nó cumhacht de chuid na Cúirte faoina bhféadfaidh an Chúirt, nuair a iarrtar go ndéileálfaí le tailte, cistí, ábhair i gcaingean, cearta nó maoin laistigh den dlínse, nó go ndéanfaí difear dóibh nó di, a chur faoi deara, gan a airbheartú go bhfuil dlínse á feidhmiú aici ar dhuine ar bith lasmuigh den dlínse, go gcuirfear cineál na n-imeachtaí, mar aon lena mbeith ar bun, in iúl don duine sin, ionas go mbeidh deis ag an duine sin éileamh a dhéanamh, cur i gcoinne na n-imeachtaí nó idiragra a dhéanamh ar shlí eile.

12. Aon duine ar a seirbheálfar Bille Sibhialta, nó fógra ina thaobh, féadfaidh sé iarratas iar bhfógra a dhéanamh chun na Cúirte chun an t-ordú á údarú seirbheáil a dhéanamh a urscaoileadh.

ORDÚ 14

SEIRBHEÁIL LASMUIGH DEN DLÍNSE FAOIN ACHT UM DHLÍNSE CÚIRTEANNA AGUS FORGHNÍOMHÚ BREITHIÚNAS (NA COMHPHOBAIL EORPACHA), 1998

1. D'ainneoin Rialacha Ordú 13, is incheadaithe Bille Sibhialta, nó fógra ina thaobh, a sheirbheáil lasmuigh den dlínse gan cead ón gCúirt má chomhlíonann sé na coinníollacha seo a leanas:

(i) Gur éileamh a bhfuil cumhacht ag an gCúirt, de bhua Acht 1998, é a éisteacht agus a chinneadh é an t-éileamh a dhéantar leis an mBille Sibhialta; agus

(ii) Nach bhfuil aon imeachtaí idir na páirtithe i dtaobh na cúise céanna caingne ar feitheamh idir na páirtithe i stát conarthach eile; agus

(iii) (*a*) go bhfuil sainchónaí ar an gcosantóir nó ar an duine eile atá le seirbheáil in Éirinn nó i stát conarthach eile, nó

(*b*) gur imeachtaí lena mbaineann forálacha Airteagal 16 de Choinbhinsiún 1968 maidir le dlínse eisiach iad na himeachtaí a thosaítear tríd an mBille Sibhialta, nó

(*c*) gur páirtí i gcomhaontú a thugann dlínse, lena mbaineann forálacha Airteagal 17 de Choinbhinsiún 1968 maidir le dlínse a iarchur, é an cosantóir nó an páirtí eile atá le seirbheáil.

2. I gcás nach saoránach d'Éirinn é an duine atá le seirbheáil, is fógra i dtaobh an doiciméid, agus ní hé an doiciméad féin, atá le seirbheáil air.

3. (i) D'ainneoin fhorálacha Rialacha 3, 4 agus 5 d'Ordú 11 agus ach amháin mar a fhoráiltear i Rialacha 8, 9 agus 11 d'Ordú 11, is trí sheirbheáil phearsanta nó leis an bpost cláraithe nó árachaithe a dhéanfar seirbheáil faoin Ordú seo ar dhuine aonair agus is sa tslí a fhoráiltear le fo-riail (v) thíos a dhéanfar seirbheáil ar chorparáid nó ar chomhlachas.

(ii) Is trí chóip den Bhille Sibhialta, nó fógra ina thaobh, a sheachadadh ar an duine atá le seirbheáil a dhéanfar seirbheáil phearsanta.

(iii) Is trí chlúdach, a bheidh dírithe chun an duine atá le seirbheáil, a sheachadadh ar an duine sin a dhéanfar seirbheáil leis an bpost cláraithe nó árachaithe. Tráth na postála, is ceart faisnéis seachadta a iarraidh ar na húdaráis phoist.

(iv) Má dhealraíonn sé go bhfuil an duine atá le seirbheáil laistigh de dhlínse an stáit ina bhfuil seirbheáil le déanamh agus go ndearnadh iarrachtaí réasúnacha chun seirbheáil a dhéanamh

de réir na bhforálacha sin roimhe seo den Riail seo, féadfar seirbheáil a dhéanamh tríd an gcóip sin den fhógra, nó tríd an gclúdach sin, a sheachadadh ag teach nó áit chónaithe an duine atá le seirbheáil, nó ag an áit ina seolann an duine sin aon ghairm, gnó nó slí bheatha, ar bhanchéile, fearchéile, leanbh, athair, máthair, deartháir nó deirfiúr an duine atá le seirbheáil, nó ar aon seirbhíseach nó cléireach don duine atá le seirbheáil (ar bheith sé bliana déag d'aois nó os a chionn don duine ar a seachadfar an chóip sin den fhógra nó an clúdach sin).

(v) Déanfar seirbheáil ar chorparáid nó ar chomhlachas trí chóip den Bhille Sibhialta a fhágáil ag ionad bainistíochta lárnaí nó rialaithe na corparáide nó an chomhlachais, nó ag seoladh cláraithe nó seoladh oifigiúil eile na corparáide nó an chomhlachais, nó trí chlúdach, a bheidh dírithe chun na corparáide nó chun an chomhlachais, a sheachadadh leis an bpost cláraithe nó árachaithe chuig ionad bainistíochta lárnaí nó rialaithe na corparáide nó an chomhlachais, nó chuig oifig chláraithe nó seoladh oifigiúil eile na corparáide nó an chomhlachais.

(vi) I dteannta an mhéid thuasluaite, féadfar seirbheáil a dhéanamh ar aturnae laistigh den dlínse, de réir Ordú 11, Riail 10. De rogha air sin, féadfar seirbheáil a dhéanamh ar chosantóir nó ar a ionadaí dlíthiúil in aon slí ar a mbeidh comhaontaithe, nó lena mbeidh toilithe, i scríbhinn ag an gcosantóir sin nó ag a ionadaí dlíthiúil.

4. I gcás ina mbeidh Bille Sibhialta, nó fógra ina thaobh, le seirbheáil lasmuigh den Stát faoi Riail 1, is é seo a leanas an tréimhse ama a bheidh le cur isteach ar an gcéanna ar laistigh di a dhéanfaidh an duine atá le seirbheáil láithreas a thaifeadadh—

(i) 35 lá i gcás ina mbeidh Bille Sibhialta, nó fógra ina thaobh, le seirbheáil i gcríoch Eorpach stáit chonarthaigh eile, nó

(ii) 42 lá i gcás ina mbeidh Bille Sibhialta, nó fógra ina thaobh, le seirbheáil faoi Riail 1 in aon chríoch neamhEorpach de chuid stáit chonarthaigh.

Déanfar an tréimhse ama chun láithreas a thaifeadadh a fhoráiltear in Ordú 15, Riail 2, a mhodhnú dá réir.

5. (i) I gcás inar mian le duine a seirbheáladh dlínse na Cúirte chun an t-éileamh a éisteacht agus a chinneadh faoi fhorálacha Choinbhinsiún 1968 a chonspóid, féadfaidh sé láithreas a thaifeadadh chun an dlínse a chonspóid agus chuige sin amháin.

(ii) Déanfaidh aon duine ar mian leis dlínse a chonspóid Cosaint a sheachadadh ina luafar go bhfuil dlínse na Cúirte faoi fhorálacha Choinbhinsiún 1968 á conspóid aige, agus leagfaidh sé amach sa Chosaint sin na forais ar a bhfuil dlínse á conspóid. I gcásanna den sórt sin, measfar chun críocha Airteagal 18 den Choinbhinsiún gur chun dlínse a chonspóid, agus chuige sin amháin, a taifeadadh an láithreas a taifeadadh, d'ainneoin aon deimhnisc sa Chosaint a bhainfidh le tuillteanas an éilimh.

(iii) I gcás ina mbeidh Cosaint seachadta ina ndéantar dlínse a chonspóid, féadfaidh aon pháirtí sna himeachtaí iarratas a dhéanamh chun na Cúirte, ar fhoriarratas iar bhfógra a mbeidh mionnscríbhinn mar fhoras leis, chun ceist na dlínse a chinneadh mar réamh-shaincheist, nó féadfar an t-ábhar a chur síos i gcomhair trialach. Féadfaidh an Breitheamh ceist na dlínse a chinneadh de dhroim mionnscríbhinne, nó féadfaidh sé a ordú saincheist a thriail, le pléadálacha nó gan pléadálacha, de réir mar is cuí leis, agus féadfaidh sé cibé ordachán a thabhairt is cuí leis i ndáil leis sin.

(iv) A luaithe a bheidh deis ann, déanfaidh aon duine ar mian leis dlínse a chonspóid in imeachtaí nach bhfuil aon socrú sna Rialacha chun Cosaint a sheachadadh iontu ordú ag diúltú dlínse a iarraidh ar an gCúirt, ar fhógra ceithre lá dhéag don pháirtí eile nó do na páirtithe eile, agus féadfaidh an Breitheamh ceist na dlínse a chinneadh de dhroim mionnscríbhinne, nó féadfaidh sé a ordú réamh-shaincheist a thriail, le pléadálacha nó gan pléadálacha, nó féadfaidh sé a ordú ceist na dlínse a chinneadh tráth éisteachta an ábhair shubstaintigh, de réir mar is cuí leis, agus féadfaidh sé cibé ordacháin a thabhairt is cuí leis i ndáil leis sin.

6. I gcás ina mbeidh Láithreas taifeadta ag duine a mbeidh Bille Sibhialta seirbheáilte air lasmuigh den Stát de bhun Riail 1 den Ordú seo, is é an tréimhse ama ar cheart dó Cosaint a sheachadadh laistigh di ná 28 lá ó dháta taifeadta a Láithris, nó i gcás ina mbeidh iarratas déanta ar Ordú ag diúltú dlínse de réir Riail 5 thuas, is 28 lá ó dháta an t-iarratas sin a chinneadh a bheidh sa tréimhse ama, mura n-ordóidh an Chúirt a mhalairt.

ORDÚ 15

LÁITHRIÚ, COSAINT, TAISCEADH, TAIRISCINT ÍOCAÍOCHTA IN IONAD TAISCEADH AGUS FRITHÉILEAMH

1. Má tá ar intinn ag cosantóir Bille Sibhialta nó imeacht eile a chosaint, taifeadfaidh sé láithreas san Oifig san fhoirm fhorordaithe dá bhforáiltear i bhFoirm 5 de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo. Taiscfear an fhoirm sin leis an gCláraitheoir Contae, nó cuirfear chuige leis an bpost í, ionas go sroichfidh sí an Oifig sula mbeidh an tréimhse ama a bheidh ceaptha le haghaidh láithris caite, agus san am céanna taiscfear cóip den fhoirm sin leis an ngearánaí (má tá sé ag agairt go pearsanta) nó lena Aturnae, nó cuirfear chuige leis an bpost í, faoi réir fhorálacha Ordú 5, riail 4, den Ordú seo.

2. Ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt leis na Rialacha seo, is deich lá ón mBille Sibhialta a sheirbheáil, gan lá na seirbheála a áireamh, nó cibé tréimhse ama bhreise a chomhaontófar idir na páirtithe, an tréimhse ama chun láithreas a thaifeadadh, mura n-ordóidh an Chúirt a mhalairt.

3. I gcás nach ndéanfar láithreas a thaifeadadh i leith Bille Shibhialta, laistigh den tréimhse ama a bheidh ceadaithe, thar ceann cosantóra ar naíon é, nó ar duine mímheabhrach é nár breithníodh ina dhuine mímheabhrach ag ionchoisne, déanfaidh an gearánaí, sula rachaidh sé ar aghaidh níos faide leis an gcaingean i gcoinne an chosantóra sin, iarratas san Oifig, mar a fhorordaítear in Ordú 19 de na Rialacha seo, ar ordú go sannfar duine cuí éigin le bheidh ina chaomhnóir *ad litem* ar an gcosantóir sin, trína bhféadfaidh sé sin láithriú agus cosaint a dhéanamh.

4. Déanfaidh cosantóir a mbeidh Láithreas taifeadta aige mar a dúradh, laistigh den tréimhse bhreise deich lá ina dhiaidh sin, fógra i scríbhinn, dá ngairtear an Chosaint sna Rialacha seo, a sheachadadh ar an ngearánaí nó ar a Aturnae; cuirfear an dáta ar an gCosaint sin agus beidh sí de réir Fhoirm 6A de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, nó de réir cibé modhnaithe ar an bhFoirm sin is cuí.

5. Luafar go soiléir sa Chosaint na forais ar a ndíospóideann an cosantóir éileamh an ghearánaí. Faoi réir fhorálacha Ordú 65, ní ghlacfar le haon chosaint chun an t-éileamh nó aon chuid de a shárú mura dóigh leis an mBreitheamh go bhféadfaí go cóir sin a bhaint de thátal as na sonraí a bheidh tugtha sa Chosaint.

6. Beidh gach cosantóir in imeachtaí eisiachtana i dteideal gach cosaint a bheidh aige de réir dlí nó cothromais a phléadáil.

7. Féadfaidh cosantóir i gcaingean aon cheart nó éileamh a fhritháireamh nó a chur suas mar fhrithéileamh i gcoinne éilimh an ghearánaí, cibé acu is éileamh i leith damáistí an fritháireamh nó an frithéileamh sin nó nach ea, agus beidh an éifeacht chéanna leis an bhfritháireamh nó leis an bhfrithéileamh sin is a bheadh le croschaingean, chun a chur ar

chumas an Bhreithimh breithiúnas críochnaitheach a fhógairt sa chaingean chéanna, ar an éileamh bunaidh agus ar an bhfrithéileamh araon. Ach, ar iarratas ón ngearánaí roimh an triail, féadfaidh an Breitheamh, más é a thuairim nach féidir an fritháireamh nó an frithéileamh sin a chur de láimh go caoithiúil sa chaingean a bheidh ar feitheamh, nó nach cóir é a cheadú, cead a dhiúltú don chosantóir leas a bhaint as an bhfritháireamh nó as an bhfrithéileamh sin.

8. Le Cosaint á phléadáil go ndearnadh tairiscint roimh chaingean, ní foláir an tsuim airgid a líomhnaítear a tairgeadh a thabhairt isteach sa Chúirt.

9. (*a*) Ní bhainfidh an riail seo ach le Cuaird Bhaile Átha Cliath. Féadfaidh aon Chosantóir, tráth taifeadta láithris, nó tráth ar bith ina dhiaidh sin

(i) arb aon dáta é nach déanaí ná dáta an Fhógra Trialach nó

(ii) arb ocht seachtain ar a laghad é roimh an dáta éisteachta a bheidh luaite san Fhógra Trialach a chomhaontófar idir na páirtithe,

suim, a líomhnóidh sé gur leor í chun éileamh an ghearánaí a shásamh, a thaisceadh sa Chúirt, agus féadfar an taisceadh sin a dhéanamh le hadmháil dliteanais nó le séanadh dliteanais. I gcás ina mbeidh níos mó ná éileamh amháin nó cúis chaingne amháin ann luafaidh an cosantóir cé acu díobh a bhfuil an taisceadh sin á dhéanamh ina leith.

(*b*) Bainfidh an riail seo le gach Cuaird seachas Cuaird Bhaile Átha Cliath. Féadfaidh aon Chosantóir, tráth taifeadta láithris, nó tráth ar bith ina dhiaidh sin

(i) arb aon dáta é nach déanaí ná dáta an Fhógra Trialach, nó

(ii) arb ocht seachtain ar a laghad é roimh an lá a mbeidh an cás le héisteacht den chéad uair nó cibé tréimhse is giorra ná sin roimh an lá a mbeidh an cás le héisteacht den chéad uair a chomhaontófar idir na páirtithe,

suim, a líomhnóidh sé gur leor í chun éileamh an ghearánaí a shásamh, a thaisceadh sa Chúirt, agus féadfar an taisceadh sin a dhéanamh le hadmháil dliteanais nó le séanadh dliteanais. I gcás ina mbeidh níos mó ná éileamh amháin nó cúis chaingne amháin ann luafaidh an cosantóir cé acu díobh a bhfuil an taisceadh sin á dhéanamh ina leith.

10. (*a*) Ní bhainfidh an riail seo ach le Cuaird Bhaile Átha Cliath. Féadfaidh cosantóir, aon uair amháin, gan chead, agus ar fhógra a thabhairt don ghearánaí, suim bhreise airgid a thaisceadh sa Chúirt mar mhéadú ar thaisceadh a bheidh déanta

faoi Riail 9a thuas. Ní foláir an fógra sin a thabhairt agus an taisceadh breise sin a dhéanamh

(i) ar dháta nach déanaí ná dáta an Fhógra Trialach nó

(ii) ocht seachtain ar a laghad (nó cibé tréimhse is giorra ná sin a chomhaontófar idir na páirtithe) roimh an dáta éisteachta a bheidh luaite san Fhógra Trialach. Mura dtabharfar an fógra sin, agus mura ndéanfar an taisceadh breise sin mar a dúradh, measfar gurb é an taisceadh a bheidh déanta faoi Riail 9 an t-aon taisceadh sa Chúirt, agus déanfar an tOrdú seo a fhorléiriú dá réir sin.

(*b*) Bainfidh an riail seo le gach Cuaird seachas Cuaird Bhaile Átha Cliath. Féadfaidh cosantóir, aon uair amháin, gan chead, agus ar fhógra a thabhairt don ghearánaí, suim bhreise airgid a thaisceadh sa Chúirt mar mhéadú ar thaisceadh a bheidh déanta faoi Riail 9b thuas. Ní foláir an fógra sin a thabhairt agus an taisceadh breise sin a dhéanamh

(i) ar dháta nach déanaí ná dáta an Fhógra Trialach nó

(ii) ocht seachtain ar a laghad (nó cibé tréimhse is giorra ná sin a chomhaontófar idir na páirtithe) roimh an lá a mbeidh an cás le héisteacht den chéad uair. Mura dtabharfar an fógra sin, agus mura ndéanfar an taisceadh breise sin mar a dúradh, measfar gurb é an taisceadh a bheidh déanta faoi Riail 9b an t-aon taisceadh sa Chúirt, agus déanfar an tOrdú seo a fhorléiriú dá réir sin.

11. Aon Chosantóir a mbeidh taisceadh á dhéanamh aige faoin Ordú seo déanfaidh sé é sin a chur in iúl le doiciméad seachas a Chosaint agus coimeádfaidh an Cláraitheoir Contae an doiciméad sin i gcomhad ar leithligh agus ní nochtfaidh seisean ná aon duine eile don Bhreitheamh go ndearnadh an taisceadh sin go dtí go mbeidh breith tugtha aige ar na saincheisteanna go léir idir na páirtithe ach amháin an dliteanas i leith costas. Is san fhoirm a fhorordaítear i Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo i bhFoirm 6B a bheidh an doiciméad sin, agus comhdófar é de réir na Rialacha seo, agus seirbheálfar cóip de ar an nGearánaí.

12. Ach amháin i gcás taisceadh le cosaint á phléadáil go ndearnadh tairiscint, féadfaidh an gearánaí, laistigh de dheich lá tar éis an taiscthe sin mar a dúradh, fógra a sheirbheáil ar an gcosantóir go bhfuil sé ag glacadh leis an tsuim a taisceadh, agus oibreoidh an fógra sin mar bhac ar gach imeacht eile agus mar shocrú ar an éileamh ón ngearánaí a ndearnadh an taisceadh ina leith, ach amháin maidir le costais.

Má tá an gearánaí faoi mhíchumas dlíthiúil, ansin, i dteannta fógra go bhfuiltear ag glacadh leis an tsuim a taisceadh, seirbheálfaidh sé ar an gcosantóir fógra foriarratais chun glacadh na suime sin a chur faoi fhormheas na Cúirte, agus ina dhiaidh sin ní thionscnófar aon imeacht

eile sa chaingean ach amháin le cead ón mBreitheamh, agus, ar an bhfógra foriarratais sin a éisteacht, féadfar a dhearbhú go bhfuil an gearánaí i dteideal cibé costais a fháil is cóir leis an gCúirt, cibé acu a fhormheasfaidh an Chúirt glacadh na suime a dúradh nó nach bhformheasfaidh.

13. I gcás inar mian leis an ngearánaí, agus gan é a bheith faoi aon mhíchumas dlíthiúil, glacadh leis an tsuim a taisceadh, déanfar an tsuim sin a íoc leis an ngearánaí gan aon Fhoraithne ná Ordú ón gCúirt a bheith riachtanach, ar fhógra, arna shíniú ag an ngearánaí nó ag a aturnae, a thaisceadh leis an gCláraitheoir Contae go bhfuiltear ag glacadh leis an tsuim sin mar lánsásamh san éileamh ar taisceadh ina leith í. Ina theannta sin, taiscfidh an gearánaí cóip den fhógra a cheanglaítear i Riail 12, nó, nuair nár seirbheáladh aon fhógra laistigh den tréimhse ama a shonraítear i Riail 12, litir ó aturnae an chosantóra (nó i gcás nach mbeidh aon aturnae aige, ón gcosantóir) ag toiliú glacadh go déanach leis an tsuim a taisceadh.

14. I gcás ina nglacfaidh an gearánaí, agus gan é a bheith faoi mhíchumas dlíthiúil, le taisceadh faoin Ordú seo, beidh de chead aige, má shásaítear dá chionn sin iomlán a éilimh, a chostais a fhómhas ar cheithre lá a bheith caite ó fhógra faoina ghlacadh a sheirbheáil, mura rud é go n-ordóidh an Breitheamh a mhalairt, agus mura n-íocfar na costais laistigh de sheacht lá tar éis an fhómhais sin, beidh de chead aige breithiúnas a thaifeadadh i leith a chostas arna bhfómhas amhlaidh.

15. Mura nglacfaidh an Gearánaí, agus gan é bheith faoi mhíchumas dlíthiúil, leis an tsuim iomlán a taisceadh, laistigh den tréimhse ama a ainmníodh, dlífidh sé na costais go léir a íoc a thabhófar ina dhiaidh sin de bhun an éilimh a ndearnadh an taisceadh ina leith, mura bhfaighidh sé breithiúnas i leith suime is mó ná an tsuim iomlán a taisceadh, gan costais a áireamh.

16. Ach amháin mar a ordóidh an Chúirt a mhalairt, mura nglacfaidh an Gearánaí leis an tsuim a taisceadh, de réir fhorálacha na Rialacha seo, ansin, ar fhoirceannadh na n-imeachtaí, déanfar na suimeanna go léir a taisceadh a aisíoc leis an aturnae a bheidh ar taifead thar ceann an Chosantóra tráth an fhoirceanta sin nó, i gcás nach mbeidh aon aturnae ar taifead thar ceann an Chosantóra an tráth sin, leis an gCosantóir go pearsanta.

17. Ní sheachadfar aon Chosaint tar éis na tréimhse ama a shonraítear sna Rialacha seo, gan cead ón gCláraitheoir Contae, ach amháin mar a chomhaontaítear a mhalairt idir na páirtithe, agus ní sheachadfar aon Chosaint mura mbeidh Láithreas taifeadta roimhe sin ag an gcosantóir mar a cheanglaítear leis na Rialacha seo.

18. Faoi réir Ordú 17 de na Rialacha seo, ní cheadófar aon phléadáil i ndiaidh Cosanta, nó i ndiaidh Cosanta agus Frithéilimh.

19. D'ainneoin aon ní atá i Riail 16 den Ordú seo, féadfaidh gearánaí, sula ndéanfar fógra trialach a sheirbheáil, ar fhógra i scríbhinn a thabhairt do chosantóir, airgead a thaisceadh sa Chúirt mar fhreagra ar fhrithéileamh, faoi réir na gcoinníollacha céanna maidir le costais agus eile a bhaineann le taisceadh sa Chúirt ag cosantóir.

20. I ngach caingean ina ndéanfar taisceadh airgid de bhun fhorálacha Rialacha an Ordaithe seo féadfaidh an páirtí a mbeidh an taisceadh sin á dhéanamh aige, trí fhógra a thabhairt don Chláraitheoir Contae, a iarraidh go gcuirfear an t-airgead ar chuntas taisce nó ar chuntas reatha. Beidh an páirtí a mbeidh an taisceadh sin á dhéanamh aige ar chuntas taisce i dteideal go n-íocfar an t-ús a fhabhróidh air leis agus déanfar an t-ús sin a íoc amach leis an aturnae thar ceann an duine a rinne an taisceadh nó, mura mbeidh aon aturnae thar ceann an duine sin ar taifead, leis an duine a rinne an taisceadh, ar fhoirceannadh na n-imeachtaí, faoi réir aon rialaithe dá mhalairt a dhéanfaidh an Chúirt. Ní bheidh an t-ús sin ina chuid den taisceadh sin.

21. (1) Measfar páirtí a bheith ina pháirtí cáilithe chun críocha na rialach seo más rud é gurb é a bheidh sa pháirtí sin:

(*a*) Aire Rialtais; nó

(*b*) an tArd-Aighne; nó

(*c*) an Rialtas; nó

(*d*) an Stát; nó

(*e*) aon pháirtí a mbeidh an Stát ag soláthar slánaíochta ina leith; nó

(*f*) slánaíochtóir d'aon pháirtí agus é údaraithe chun gnó a sheoladh sa Stát mar ghnóthas árachais de bhun an dlí a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire; nó

(*g*) an Biúró Árachóirí Gluaisteán; nó

(*h*) an Biúró Árachóirí Gluaisteán Cuairte.

(2) I gcás ina mbeidh páirtí cáilithe i dteideal taisceadh a dhéanamh nó a mhéadú thar a cheann féin nó thar ceann aon pháirtí eile faoi na rialacha sin roimhe seo nó le hordú ón gCúirt, ansin féadfaidh an páirtí sin, in ionad aon airgead a thaisceadh sa Chúirt, a fhorthairiscint íoc a dhéanamh leis an bpáirtí nó leis na páirtithe eile sa chúis nó sna himeachtaí.

(3) Maidir le haon fhorthairiscint íocaíochta a dhéanfar faoi na rialacha seo, measfar gur taisceadh í agus measfar an éifeacht chéanna a bheith léi is atá le taisceadh agus beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na forálacha sin go léir roimhe seo d'Ordú 15 maidir leis na forthairiscintí sin i dtaca le tréimhse ama chun an céanna a dhéanamh agus chun glacadh leis an gcéanna amhail mar atá feidhm acu maidir le taisceadh.

(4) Déanfar forthairiscint de réir Fhoirm Uimh. 6B(i) nó Fhoirm Uimh. 6B(ii), de réir mar is cuí, agus luafar inti an ngéilltear nó an séantar dliteanas agus, faoi réir Riail 11, measfar gur cuid de na pléadálacha í. Is de réir Fhoirm Uimh. 6B(iii) a bheidh fógra i dtaobh glacadh leis an tairiscint agus beidh feidhm ag forálacha Rialacha 12, 13 agus 14 maidir leis sin.

(5) In aon chás ina mbeidh glactha le forthairiscint, agus as a aithle sin go gceanglaítear ar an bpáirtí a mbeidh an tairiscint sin déanta aige an tsuim a shonraítear a íoc, déanfar an tsuim shonraithe sin a íoc laistigh de cheithre sheachtain ó dháta an fógra a fháil go bhfuiltear ag glacadh leis an gcéanna.

(6) Maidir le haon pháirtí cáilithe a mbeidh forthairiscint déanta aige a mbeifear tar éis glacadh léi ach a mbeidh mainnithe aige an tsuim a sonraíodh san fhorthairiscint sin a íoc laistigh den tréimhse ama a ceanglaíodh, leanfaidh sé air de bheith faoi dhliteanas an tsuim a sonraíodh a íoc, mar aon le hús uirthi, de réir an ráta a bheidh socraithe i gcomhair breithiúnas ón gCúirt, in aghaidh gach míosa nó coda den mhí a fhanfaidh an tsuim sin nó aon chuid di fós gan íoc.

(7) Beidh de chead ag aon pháirtí nó páirtí cáilithe iarratas a dhéanamh chun na Cúirte i ndáil le haon fhorthairiscint nó le haon ní i ndáil léi agus féadfaidh an Chúirt cibé ordú a dhéanamh nó cibé ordacháin a thabhairt ina thaobh sin a dhealróidh a bheith cóir agus cuí.

ORDÚ 16

URRÚS I LEITH COSTAS

1. Nuair a theastóidh ó pháirtí urrús i leith costas a fháil ó pháirtí eile, beidh cead aige an t-urrús sin a iarraidh ar an bpáirtí sin, trí fhógra; agus i gcás nach dtabharfaidh an páirtí deiridh sin, laistigh de sheacht lá tar éis an fógra sin a sheirbheáil, gealltanas, trí fhógra, go ngéillfidh sé don iarratas sin, beidh cead ag an bpáirtí óna dteastóidh an t-urrús é a iarraidh ar an gCúirt trí fhoriarratas iar bhfógra a mbeidh mionnscríbhinn mar fhoras leis; agus déanfar gach iarratas den sórt sin sula ndéanfaidh an páirtí a mbeidh an t-urrús á lorg aige aon bheart, seachas láithreas a thaifeadadh sa chúis nó san ábhar tar éis dá cheart chun an urrúis sin a theacht chun cinn, mura n-ordóidh an Breitheamh a mhalairt in imthosca speisialta.

2. Ní bheidh cosantóir i dteideal ordú a fháil á chur d'iallach ar an ngearánaí urrús a thabhairt i leith costas ar an aon fhoras amháin gur lasmuigh de dhlínse na Cúirte atá cónaí ar an ngearánaí.

3. Ní bheidh aon chosantóir i dteideal ordú a fháil le haghaidh urrúis i leith costas toisc cónaí a bheith ar aon ghearánaí lasmuigh de dhlínse na Cúirte, mura dtabharfar mionnscríbhinn shásúil go bhfuil cosaint de bhua tuillteanais ag an gcosantóir sin.

4. In aon chaingean nó ábhar ina mbeidh urrús i leith costas ag teastáil, beidh san urrús cibé suim a ordóidh an Cláraitheoir Contae agus tabharfar an céanna cibé tráth nó tráthanna agus i cibé modh agus foirm a ordóidh sé, faoi réir achomhairc chun na Cúirte.

5. Más rud é go mbeidh banna le tabhairt mar urrús i leith costas, is don pháirtí nó don duine óna mbeidh an t-urrús ag teastáil a thabharfar é agus ní d'Oifigeach don Chúirt, mura n-ordóidh an Breitheamh a mhalairt.

ORDÚ 17

SONRAÍ AGUS SONRAÍ BREISE IN ÉILEAMH NÓ I gCOSAINT

1. I ngach imeacht chun fiacha leabhair nó fiacha siopa, nó cuntais reatha eile, a ghnóthú, déanfaidh an gearánaí sonraí iomlána i dtaobh a éilimh a thabhairt laistigh de thréimhse réasúnach sula seirbheálfar an Bille Sibhialta nó tráth seirbheála an Bhille Shibhialta.

2. Féadfaidh cosantóir, tráth ar bith tar éis Bille Sibhialta a sheirbheáil air agus sula seachadfar Cosaint, nó féadfaidh gearánaí tráth ar bith tar éis Cosaint nó Frithéileamh a sheachadadh, cóipeanna de na cuntais nó de na doiciméid go léir, nó d'aon chuntas nó doiciméad, is foras don Chaingean nó don Chosaint nó don Fhrithéileamh a iarraidh trí fhógra i scríbhinn ar an bpáirtí eile, agus seachadfar na cóipeanna sin laistigh de sheacht lá tar éis an fógra sin a fháil ar na gnáth-tháillí scríobhaíochta a íoc. Beidh an iarraidh sin de réir Fhoirm 7 de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, nó de réir cibé modhnaithe ar an bhfoirm sin is cuí.

Ar fhógra i scríbhinn a bheith tugtha, tabharfaidh an páirtí a bheidh ag seachadadh na gcóipeanna sin cead láithreach don pháirtí eile na cóipeanna bunaidh de cibé cuntais nó doiciméid a bheidh ina sheilbh, nó ar fáil aige, a iniúchadh.

3. Féadfaidh aon pháirtí in imeacht a cheangal freisin, an tráth a shonraítear sa Riail deiridh roimhe seo, ar an bpáirtí eile trí fhógra i scríbhinn cibé faisnéis bhreise a thabhairt is gá le réasún maidir le haon nithe sonraithe a eascróidh as an éileamh i mBille Sibhialta nó as an gCosaint agus as an bhFrithéileamh. Beidh an iarraidh sin de réir Fhoirm 8 de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, nó de réir cibé modhnaithe ar an bhfoirm sin is cuí.

4. I ngach cás, féadfar ráiteas breise agus níos fearr i dtaobh chineál an Éilimh nó na Cosanta nó an Fhrithéilimh, nó sonraí breise agus níos fearr i dtaobh aon ní a bheidh luaite in aon phléadáil, fógra, nó imeacht scríofa inar gá sonraí, a ordú ar cibé téarmaí is cóir maidir le costais agus eile, agus féadfaidh an Breitheamh, mura ndéanfar an t-ordú sin a chomhlíonadh, a ordú an tÉileamh nó an Frithéileamh a bhac nó a dhíbhe, nó an Chosaint a scriosadh amach.

5. An páirtí ar ar a thionscnamh a bheidh sonraí seachadta faoi Ordú ón gCúirt beidh aige, mura bhforáiltear a mhalairt leis an Ordú, an fad céanna ama le haghaidh pléadála tar éis na sonraí a sheachadadh is a bhí aige ar dháta seirbheála an fhógra i dtaobh an iarratais. Ach amháin mar a fhoráiltear sna Rialacha seo, ní oibreoidh ordú le haghaidh sonraí mar bhac ar imeachtaí, ná ní thabharfaidh sé aon fhadú ama, mura bhforáiltear a mhalairt leis an ordú.

6. Más rud é, i dtuairim na Cúirte, nach mbeidh dóthain sonraí tugtha ag aon pháirtí in aon phléadáil, fógra, nó imeacht scríofa inar gá sonraí,

féadfaidh an Chúirt na costais uile nó cuid de na costais i leith na pléadála, an fhógra nó an imeachta scríofa sin a dhícheadú don pháirtí sin, agus, i dteannta nó in ionad an dícheadaithe sin, féadfaidh sí na costais agus na caiteachais a bheidh arna dtabhú de dhroim na neamhdhóthanachta sin a dhámhachtain i gcoinne an pháirtí sin.

ORDÚ 18

AN CLÁRAITHEOIR CONTAE

1. Is é an Cláraitheoir Contae, sa Chontae dá mbeidh sé sannta, oifigeach cuí na Cúirte i leith a dlínse uile, agus beidh sé freagrach as na dualgais uile a fhorchuirtear air féin nó ar an Oifig, le Reacht nó eile, a chomhall agus as doiciméid agus taifid uile na Cúirte a shlánchoimeád. Cuirfidh sé faoi deara go gcoimeádfar cibé comhaid agus leabhair thaifid, agus i cibé foirm, a fhorordóidh an tAire ó am go ham.

Go háirithe agus gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo agus gan dochar d'aon fhorálacha eile de na Rialacha seo, féadfaidh an Cláraitheoir Contae, de réir Alt 34(1) d'Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 1995, agus an Dara Sceideal a ghabhann leis, na horduithe seo a leanas a dhéanamh:

(i) Aon ordú a fhéadfar a dhéanamh sa ghnáthchúrsa.

(ii) Aon ordú ag lorg ráitis faoi ainmneacha na ndaoine is comhpháirtithe in aon ghnólacht a bheidh ag agairt nó á agairt i gcaingean nó in ábhar.

(iii) Ordú chun an tréimhse ama a fhadú chun aon ghníomh nó aon bheart a dhéanamh i gcaingean nó in ábhar.

(iv) Ordú chun doiciméid nó maoin réadach nó phearsanta a fhollasú, ar mhodh teoranta nó ginearálta, nó a iniúchadh, nó chun agarcheisteanna a sheachadadh.

(v) Ordú chun glacadóir a cheapadh nó a urscaoileadh in iarratais neamhchonspóidithe.

(vi) Ordú chun caingean a dhíbhe, maille le costais, d'uireasa í a thabhairt ar aghaidh nó toisc nach ndearnadh mionnscríbhinn fhollasaithe nó nár freagraíodh agarcheisteanna.

(vii) Ordú chun cosaint a scriosadh amach maille le costais toisc nach ndearnadh mionnscríbhinn fhollasaithe nó nár freagraíodh agarcheisteanna.

(viii) Ordú chun fianaise a thógáil, ar coimisiún.

(ix) Ordú de dhroim iarratais ar ordacháin maidir le seirbheáil i gcás bille shibhialta nó doiciméid tionscnaimh eile nach ábhar *inter partes* é nó maidir le haon nós imeachta eile in aon chaingean nó ábhar.

(x) Ordú ag cur páirtí breise isteach in aon imeacht nó ag cur páirtí in ionad páirtí eile in aon imeacht.

(xi) Ordú ag tabhairt cead chun idiragairt agus láithriú a dhéanamh.

(xii) Ordú chun pléadálacha a leasú, le toiliú.

(xiii) Ordú chun toiliú a ghlacadh agus riail Chúirte a dhéanamh de i gcás na páirtithe a bheith *sui juris*.

(xiv) Ordú faoi na hAchtanna um Fhianaise Leabhar Baincéirí, 1879 agus 1959.

(xv) Ordú chun cistí atá chun sochair do naíon a íoc amach as an gCúirt ar é nó í do theacht i lán-aois, nó (má údaraítear é le hordú ó bhreitheamh) chun tairbhe dó nó di le linn mionaoise.

(xvi) Ordú i gcásanna neamhchonspóidithe chun cuntas a thógáil nó fiosrúchán a dhéanamh.

(xvii) Ordú chun forghairm a eisiúint, lena seirbheáil lasmuigh den dlínse, d'fhonn imeachtaí in ábhair phrobháide chointinneacha a thabhairt faoi aird.

(xviii) Ordú chun forghairm a eisiúint d'fhonn deonú probháide nó litreacha riaracháin a thaisceadh sa Chúirt in ábhair phrobháide chointinneacha.

(xix) Ordú ag tabhairt cead chun mionnscríbhinn fhorlíontach scríbhinní a chomhdú.

(xx) Ordú á ordú d'aon pháirtí scríbhinní a thaisceadh.

(xxi) Ordú ag ceapadh glacadóra in ionad glacadóra a d'éag nó a urscaoileadh, lena n-áirítear aon ordacháin iarmhartacha riachtanacha maidir le cuntais an ghlacadóra éagtha nó urscaoilte.

(xxii) Ordú stoptha ar airgead nó urrúis sa Chúirt.

(xxiii) Ordú chun *sub-poena* a eisiúint faoi Ordú 39, riail 30, de Rialacha na nUaschúirteanna.

(xxiv) Ordú chun *lis pendens* a dhíchur ar iarratas ón duine a chláraigh é.

(xxv) Ordú faoi Ordú 33, riail 1, de Rialacha na nUaschúirteanna, le toiliú, ag socrú na saincheisteanna a bheidh le triail.

(xxvi) Ordú ag tabhairt cead chun forghníomhú a eisiúint in ainm nó i gcoinne ionadaí pearsanta dlíthiúil páirtí éagtha.

(xxvii) Ordú ag tabhairt cead chun Ordú nua Forghníomhaithe a eisiúint ar an ordú bunaidh a bheith caillte.

(xxviii) Ordú chun imeachtaí a aistriú chuig an gCúirt Dúiche, le toiliú ó na páirtithe, lena n-áirítear gach ordú coimhdeach chun airgead a taisceadh sa Chúirt a aistriú.

(xxix) Ordú ag tabhairt cead chun fógra tríú páirtí a sheirbheáil le toiliú ón ngearánaí.

2. Tógfaidh an Cláraitheoir Contae na cuntais sin go léir agus déanfaidh sé na fiosrúcháin sin go léir a ordóidh an Chúirt, agus deimhneoidh sé a dtoradh don Chúirt ar iad a bheith críochnaithe agus chuige sin beidh aige cumhachtaí uile an Scrúdaitheora san Ard-Chúirt, agus eiseoidh sé cibé forghairmeacha agus *subpoena* is gá chun dlínse na Cúirte a chur i ngníomh.

3. Más léir don Chláraitheoir Contae gur ábhar cuí lena chinneadh ag an mBreitheamh atá in aon ábhar, féadfaidh an Cláraitheoir Contae an t-ábhar sin a tharchur chun an Bhreithimh agus féadfaidh seisean an t-ábhar a chur de láimh nó é a tharchur ar ais chun an Chláraitheora Contae maille le cibé ordacháin is cuí leis.

4. Beidh de chumhacht ag an gCláraitheoir Contae gach fógrán a mbeidh gá leis a shocrú, agus socrú a dhéanamh chun na fógráin sin a chur isteach i cibé foilseacháin is dóigh leis is ceart.

5. Féadfaidh an Cláraitheoir Contae aon pháirtí in aon imeacht, nó aon fhinné a mheasfaidh sé gur gá go bhfreastalódh sé i ndáil le haon dualgas nó cumhacht dá dtugtar dó le reacht nó eile, a thoghairm chun freastal os a chomhair agus feadfaidh sé an páirtí nó an finné sin a cheistiú faoi mhionn.

6. Beidh de chumhacht ag an gCláraitheoir Contae, nuair a ordóidh an Breitheamh dó é nó nuair a chumhachtaítear dó é leis na Rialacha seo, gach Bille Costas a fhómhas, lena n-áirítear costais amhail idir aturnae agus cliant, agus deimhneoidh sé an tsuim a bheidh dlite go cuí ina leith. I ngach cás, déanfaidh sé na costais a thomhas trí shuim réasúnach a shocrú i leith an Bhille go léir nó i leith aon ítime áirithe ann.

7. Aon pháirtí a bheidh míshásta le haon deimhniú, rialú nó cinneadh a bheidh tugtha ag an gCláraitheoir Contae, féadfaidh sé, laistigh de dheich lá ó dháta an deimhnithe, an rialaithe nó an chinnidh sin, a iarraidh ar an mBreitheamh trí fhoriarratas iar bhfógra an deimhniú, an rialú nó an cinneadh sin a athbhreithniú, agus air sin féadfaidh an Breitheamh cibé ordú is cuí leis a dhéanamh.

8. D'éagmais aon ordaithe ón gCúirt, nó d'éagmais ordacháin nó iarrata ó dhuine a bheidh i dteideal an céanna a dhéanamh, maidir le hinfheistiú suimeanna airgid a bheidh íoctha isteach sa Chúirt, déanfaidh an Cláraitheoir Contae ordacháin maidir lena n-infheistiú a iarraidh ar an mBreitheamh.

9. Mura mbeidh an Breitheamh i láthair beidh de chumhacht ag an gCláraitheoir Contae a dhearbhú an Chúirt a bheith ar atráth go ceann cibé tréimhse, nó go dtí cibé dáta, is gá.

10. Ó am go ham féadfaidh an Cláraitheoir Contae i ngach Contae iarmhéideanna cistí a bheidh chun sochair d'aon chuntas mórleabhair, agus nach mbeifear tar éis déileáil leo le cúig bliana déag nó os a chionn, a shall-iompar go dtí cuntas mórleabhair ghinearálta le haghaidh iarmhéideanna díomhaoine; agus feadfaidh sé an t-ús nó na díbhinní a fhabhróidh ó am go ham ar iarmhéideanna cistí a bheidh sall-iompartha amhlaidh a iompar chun sochair don chuntas mórleabhair ghinearálta céanna. Nuair a bheifear le gníomhú ar ordú a dhéileálann le cistí a bheidh sall-iompartha faoin Riail seo, déanfaidh an Cláraitheoir Contae na cistí sin, agus aon ús nó díbhinní a bheidh fabhraithe orthu, a ais-iompar chun sochair do chuntas mórleabhair faoin teideal céanna leis an gcuntas ónar sall-iompraíodh amhlaidh iad, agus déileálfaidh sé leo mar a ordófar leis an ordú sin.

11. Ar nó roimh an 31ú lá de Nollaig gach tríú bliain ullmhóidh an Cláraitheoir Contae liosta nó ráiteas de na cuntais san Oifig a sall-iompraíodh go dtí an cuntas mórleabhair ghinearálta faoin Riail deiridh roimhe seo. Déanfar an liosta nó an ráiteas sin a chomhdú agus a fhoil-seánadh san Oifig, agus foilseofar cóip de san *Iris Oifigiúil*.

ORDÚ 19

IARRATAIS TAOIBHE

1. Ar na doiciméid chuí a thaisceadh agus na táillí forordaithe a íoc, féadfar iarratas a dhéanamh san Oifig de réir Fhoirm 26 de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo i leith na nithe seo a leanas, agus féadfaidh an Cláraitheoir Contae orduithe a dhéanamh ar an gcéanna:—

(i) chun caomhnóir *ad litem* a cheapadh ar naíon, nó ar dhuine mímheabhrach nár breithníodh ina dhuine mímheabhrach;

(ii) chun go rachaidh gearánaí, ba mhionaoiseach le déanaí, ar aghaidh ina ainm féin;

(iii) chun dul ar aghaidh, d'ainneoin páirtí a bheith tar éis bháis, ar a cheart a bheith ar marthain;

(iv) chun ordú coinníollach a dhaingniú ar dheimhniú nár suíodh aon chúis;

(v) chun a mheas gur seirbheáil leormhaith í seirbheáil Bille Shibhialta nó doiciméid tionscnaimh eile faoi Ordú 11, Riail 13;

(vi) chun a cheadú Bille Sibhialta nó doiciméad tionscnaimh eile a sheirbheáil lasmuigh den dlínse, de bhun Ordú 13;

(vii) chun airgead a bheidh taiscthe chun creidmheasa mionaoisigh a íoc amach as an gCúirt ar é do theacht i lán-aois;

(viii) chun earráidí cléireachais nó earráidí in ainmneacha páirtithe in aon imeachtaí a cheartú, cibé acu is le toiliú a cheartaítear iad nó nach ea, ach sin faoi réir athsheirbheáil a dhéanamh nuair nach le toiliú a cheartaítear iad;

(ix) chun Bille Sibhialta nó doiciméad tionscnaimh eile a athnuachan, dá bhforáiltear in Ordú 12 de na Rialacha seo;

(x) chun dul ar aghaidh i gcoinne cosantóra, ba naíon le déanaí, ar aois iomlán a bheith slánaithe aige nó aici;

(xi) chun dul ar aghaidh trí Ard-Aighne nua nó ina choinne nó ina coinne;

(xii) go soláthróidh páirtí cíosrolla;

(xiii) go n-íocfaidh tionóntaí a gcíosanna le glacadóir, le forghabhálaí, le caomhnóir nó le riarthóir *pendente lite*;

(xiv) go ndéanfaidh daoine atá i bhfiacha ag eastát pearsanta na suimeanna atá dlite díobh a íoc le glacadóir nó le riarthóir *pendente lite*;

(xv) ar urghaire do Shirriam chun ceannaitheoir a chur i seilbh i gcás Cláraitheora Contae a bheidh sannta do na hoifigí Cúirte Cuarda do chontaetha Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí;

(xvi) ar urghaire do Shirriam chun tionónta a chur i seilbh i gcás Cláraitheora Contae a bheidh sannta do na hoifigí Cúirte Cuarda do chontaetha Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí;

(xvii) chun díol a dhaingniú go hiomlán;

(xviii) chun toiliú a ghlacadh agus Riail Chúirte a dhéanamh de i gcás na páirtithe a bheith *sui juris*;

(xix) chun ordú coinníollach a dhaingniú ar dheimhniú nár suíodh aon chúis, agus chun ordú a dhéanamh á ordú cibé costais (más ann) a forchoimeádadh tráth déanta an ordaithe choinníollaigh a íoc;

(xx) ar bhreithiúnas eisealbhaithe ar shéanadh;

(xxi) chun dul ar aghaidh, comhréiteach as an áireamh.

ORDÚ 20

SUÍONNA I nDLÍSHEOMRAÍ AGUS IARRATAIS IDIRBHREITHEACHA

1. Aon iarratais ar dóigh leis an mBreitheamh gur chaoithiúla agus gur thapúla a chuirfí de láimh iad i nDlísheomra ná i gCúirt oscailte, féadfar iad a dhéanamh chun an Bhreithimh i nDlísheomra agus féadfaidh sé iad a éisteacht ann.

2. Féadfaidh aon pháirtí iarratais i ndáil le haon cheann de na nithe a luaitear anseo ina dhiaidh seo a dhéanamh chun an Bhreithimh, gan fógra d'aon pháirtí eile, ar chóip den Bhille Sibhialta, agus duillín *ex parte* de réir Fhoirm 27 de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, a thaisceadh leis an gCláraitheoir Contae agus ar mhionnscríbhinn a chomhdú mar thaca leis an iarratas.

Is iad seo a leanas na horduithe a fhéadfar a iarraidh faoin Riail seo:—

(*a*) gníomhas ar bith a thabhairt ar aird;

(*b*) glacadóir a cheapadh ar thailte nó ar mhaoin eile;

(*c*) aon mhaoin nó rud a shealbhú, a choinneáil, a chaomhnú nó a iniúchadh;

(*d*) urrús ó dhuine ar bith i leith aon airgid ina sheilbh;

(*e*) taisceadh aon ní dá luaitear i (*c*) agus (*d*), nó a íoc isteach sa Chúirt, ag feitheamh ar dhlíthíocht, a fhorfheidhmiú;

(*f*) aon earraí, stórearraí nó marsantas a dhíol a fhéadfaidh a bheith meatach, nó ar dóigh leis an gCúirt gurb inmhianaithe a thabhairt go ndíolfar láithreach iad, agus an praghas a íoc isteach sa Chúirt;

(*g*) aon chuntais a thógáil, nó aon fhiosruithe a dhéanamh, nó aon imeacht eile a ordú nó a údarú is cuí leis an mBreitheamh chun críche na caingne nó an agra;

(*h*) cead chun seirbheáil a dhéanamh ar mhodh speisialta nó treoracha maidir le seirbheáil, nó chun go measfar gur seirbheáil mhaith aon seirbheáil a bheidh déanta cheana féin;

(*i*) urghaire *ad interim*;

(*j*) ordú coinníollach gairnisí;

(*k*) glacadóir a cheapadh le haghaidh forghníomhú i gcothromas;

(*l*) seirbheáil lasmuigh den dlínse;

(*m*) toiliú a ghlacadh agus riail Chúirte a dhéanamh den chéanna.

3. Na horduithe a fhéadfaidh an Breitheamh a dhéanamh faoin riail deiridh roimhe seo, is féidir, ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt leis an Riail sin, iad a bheith daingean sa chéad ásc, nó faoin gcoinníoll nach suífear cúis lena malairt, agus féadfaidh an Breitheamh in aon chás áirithe cibé treoracha a thabhairt is oiriúnach leis, nó a ordú fógra i dtaobh an iarratais a thabhairt d'aon pháirtí eile.

ORDÚ 21

SCOR DE CHAINGEAN

1. Tráth ar bith sula bhfaighidh an gearánaí Cosaint an chosantóra nó, tar éis dó í a fháil, sula dtionscnóidh sé aon imeacht eile sa chaingean (ach amháin aon iarratas idirbhreitheach), féadfaidh sé, trí fhógra i scríbhinn, scor go hiomlán dá chaingean i gcoinne gach duine nó aon duine de na cosantóirí, nó aon chuid nó aon chodanna den chúis ghearáin a bheidh líomhnaithe aige a tharraingt siar, agus air sin íocfaidh sé costais an chosantóra sin i leith na caingne nó, mura scoirfear go hiomlán den chaingean, na costais a bheidh tagtha den ábhar a bheidh tarraingthe siar amhlaidh. Déanfar na costais sin a fhómhas, agus ní bheidh an scor nó an tarraingt siar sin, de réir mar a bheidh, ina chosaint nó ina cosaint ar aon chaingean ina dhiaidh sin. Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt san ordú seo, ní bheidh an gearánaí inniúil chun an chaingean a tharraingt siar nó scor di gan cead ón mBreitheamh, ach féadfaidh an Breitheamh, roimh an éisteacht nó an triail, nó lena linn nó ina diaidh, a ordú go scoirfear den chaingean, nó go scriosfar amach aon chuid den chúis ghearáin a bheidh líomhnaithe, ar cibé téarmaí maidir le costais, agus maidir le haon chaingean eile, agus eile, is cóir. Féadfaidh an Breitheamh, mar an gcéanna, agus an rogha chéanna aige maidir le téarmaí, a ordú go ndéanfar, ar iarratas ón gcosantóir, gach cuid nó aon chuid de na forais chosanta nó fhrithéilimh a bheidh líomhnaithe aige a tharraingt siar nó a scriosadh amach, ach ní bheidh cosantóir inniúil chun a Chosaint, ná aon chuid di, a tharraingt siar gan an cead sin.

2. Ar chaingean, ábhar nó imeacht a bheith taifeadta le haghaidh trialach, féadfaidh an gearánaí nó an cosantóir an chaingean, an t-ábhar nó an t-imeacht sin a tharraingt siar ar thoiliú i scríbhinn arna shíniú ag na páirtithe a thabhairt ar aird don Chláraitheoir Contae.

3. Féadfaidh aon chosantóir breithiúnas a thaifeadadh i leith chostais na caingne, má scoirtear go hiomlán den chaingean ina choinne, nó i leith na gcostas a bheidh tagtha den ábhar a bheidh tarraingthe siar, mura scoirtear go hiomlán den chaingean, i gcás nach n-íocfar na costais sin faoi seach laistigh de cheithre lá tar éis iad a fhómhas.

4. Má thionscnaítear aon chaingean iardain, sula n-íocfar costais chaingne a mbeidh scortha di, maidir leis an gcúis chéanna chaingne nó le cúis chaingne a bheidh go substainteach ar aon dul léi, féadfaidh an Breitheamh a ordú an chaingean iardain sin a bhac go dtí go mbeidh na costais sin íoctha.

5. Déanfaidh an Cláraitheoir Contae, ar iarratas ón ngearánaí nó ón gcosantóir, de réir mar a bheidh, na costais dá dtagraítear sna Rialacha roimhe seo den Ordú seo a fhómhas.

ORDÚ 22

ATHRÚ PÁIRTITHE

1. Ní rachaidh caingean, imeacht ná ábhar ar ceal mar gheall ar bhás nó féimheacht aon pháirtí de na páirtithe, má mhaireann nó má leanann an chúis chaingne, agus ní bheidh an chaingean, an t-imeacht ná an t-ábhar sin lochtach mar gheall ar aon eastát nó teideal a shannadh, a bhunú nó a chineachadh *pendente lite*; agus, cibé acu a mhairfidh an chúis chaingne nó nach mairfidh, ní tharlóidh aon chealú mar gheall ar cheachtar páirtí a fháil bháis idir tráth an fhíoraisc nó tráth na saincheisteanna fíorais a chinneadh agus tráth an bhreithiúnais, nó idir tráth fógartha an bhreithiúnais nó an ordaithe agus tráth a thaifeadta, ach féadfar an breithiúnas nó an t-ordú a thaifeadadh i gcás den sórt sin d'ainneoin an bháis.

2. I gcás bhás nó fhéimheacht aon pháirtí i gcaingean, imeacht nó ábhar nó i gcás chineachadh a eastáit trí oibriú dlí, féadfaidh an Breitheamh, má mheastar gur gá sin chun na ceisteanna a bheidh i dtreis a shocrú go hiomlán, a ordú go ndéanfar páirtí d'ionadaí pearsanta an pháirtí sin nó dá shannaí nó dá iontaobhaí nó de chomharba eile ar a leas, más ann, nó go seirbheálfar fógra air, agus sin ar cibé téarmaí is cóir leis an mBreitheamh, agus déanfaidh an Breitheamh cibé ordú is cóir chun an chaingean, an t-imeacht nó an t-ábhar a chur de láimh.

3. I gcás aon eastát nó teideal a shannadh, a bhunú nó a chineachadh *pendente lite*, féadfaidh an duine a mbeidh an t-eastát nó an teideal sin tagtha nó cineachta chuige leanúint den chaingean, den imeacht nó den ábhar, nó féadfar leanúint den chaingean, den imeacht nó den ábhar ina choinnesean.

4. Más rud é, mar gheall ar bhás nó féimheacht, nó aon teagmhas eile do tharlú tar éis caingean, imeacht nó ábhar a thionscnamh, agus is cúis le hathrú nó tarchur leasa nó dliteanais, nó mar gheall ar aon duine leasmhar do theacht chun bheith ann tar éis an chaingean, an t-imeacht nó an t-ábhar a thionscnamh, gur gá nó gurb inmhianaithe go ndéanfaí páirtí d'aon duine nach páirtí cheana féin, nó go ndéanfaí páirtí i gcáil eile d'aon duine is páirtí cheana féin, féadfar ordú go rachfar ar aghaidh leis na himeachtaí idir na páirtithe leanúnacha, agus an páirtí nó na páirtithe nua sin, a fháil *ex parte* ar iarratas chun na Cúirte á líomhain gur tharla an t-athrú nó an tarchur leasa nó dliteanais sin, nó gur tháinig an duine leasmhar sin chun bheith ann.

5. Mura n-ordóidh an Chúirt a mhalairt, déanfar ordú a gheofar mar a luaitear sa Riail deiridh roimhe seo a sheirbheáil ar an bpáirtí leanúnach nó ar na páirtithe leanúnacha, nó ar a nAturnaetha, agus freisin ar gach páirtí nua den sórt sin murab é an duine a mbeidh an t-iarratas á dhéanamh aige an t-aon pháirtí nua a bheidh ann agus, ó thráth na seirbheála sin, beidh an t-ordú ina cheangal, ach sin faoi réir an chéad dá Riail ina dhiaidh seo, ar an duine ar a seirbheálfar é, agus beidh gach duine ar a seirbheálfar é agus nach páirtí sa chaingean, san imeacht, nó san ábhar cheana féin faoi cheangal Láithreas a thaifeadadh ina leith

laistigh den tréimhse ama chéanna, agus sa tslí chéanna, ina mbeadh air Láithreas a thaifeadadh dá mba rud é gur seirbheáladh an doiciméad tionscnaimh air.

6. Más rud é go seirbheálfar ordú mar a luaitear i Riail 4 den Ordú seo ar aon duine nach bhfuil faoi mhíchumas nó, má tá sé faoi mhíchumas féin, a bhfuil caomhnóir *ad litem* aige sa chaingean, san imeacht nó san ábhar, féadfaidh an duine sin a iarraidh ar an gCúirt an t-ordú sin a urscaoileadh nó a athrú tráth ar bith laistigh de dheich lá óna sheirbheáil.

7. Más rud é go seirbheálfar aon ordú mar a luaitear i Riail 4 den Ordú seo ar aon duine atá faoi mhíchumas, agus nach bhfuil caomhnóir *ad litem* aige sa chaingean, san imeacht nó san ábhar, féadfaidh an duine sin a iarraidh ar an gCúirt an t-ordú sin a urscaoileadh nó a athrú tráth ar bith laistigh de dheich lá tar éis caomhnóir *ad litem* a cheapadh don pháirtí sin, agus, go dtí go mbeidh an tréimhse deich lá sin caite, ní bheidh feidhm ná éifeacht ar bith ag an ordú sin amhail i gcoinne an duine deiridh sin a luaitear.

8. Más rud é go n-éagfaidh an gearánaí nó an cosantóir i gcaingean, in imeacht nó in ábhar agus go mairfidh an chúis chaingne ach go mainneoidh an duine atá i dteideal dul ar aghaidh dul ar aghaidh, féadfaidh an cosantóir (nó an duine a bhféadfar leanúint den chaingean, den imeacht nó den ábhar ina choinne) a iarraidh le foriarratas iar bhfógra go gcuirfear d'iallach ar an ngearánaí (nó ar an duine atá i dteideal dul ar aghaidh) dul ar aghaidh laistigh de cibé tréimhse ama a ordófar; agus mura rachaidh sé ar aghaidh amhlaidh, féadfar breithiúnas a thaifeadadh nó ordú a dhéanamh i bhfabhar an chosantóra nó, de réir mar a bheidh, i bhfabhar an duine a bhféadfaí leanúint den chaingean, den imeacht nó den ábhar ina choinne.

ORDÚ 23

FIANAISE

1. Mura mbeidh aon chomhaontú ann i scríbhinn idir Aturnaetha na bpáirtithe uile, agus faoi réir na Rialacha seo agus dhlí na fianaise, is *viva voce* faoi mhionn agus i gCúirt oscailte a cheisteofar na finnéithe i dtriail aon chaingne, ach féadfaidh an Breitheamh tráth ar bith, ar cibé cúiseanna is ceart leis, a ordú go bhféadfar aon fhíoras nó fíorais áirithe a chruthú trí mhionnscríbhinn, nó go bhféadfar, ar cibé coinníollacha is réasúnach leis an mBreitheamh, mionnscríbhinn aon fhinné a léamh ag an éisteacht nó ag an triail, ar choinníoll, más léir don Bhreitheamh go dteastaíonn *bona fide* ón bpáirtí eile finné a thabhairt ar aird chun a chroscheistithe, agus gur féidir an finné sin a thabhairt ar aird, nach ndéanfar ordú á údarú fianaise an fhinné sin a thabhairt trí mhionn-scríbhinn.

2. Marcálfaidh oifigeach don Chúirt doiciméid a chuirfear i bhfianaise agus, mura n-ordóidh an Breitheamh a mhalairt, cuirfear ar ais iad, a luaithe is féidir tar éis na héisteachta, chun an pháirtí a mbeidh siad á dtairiscint aige.

3. In aon chaingean, más léir gur gá é ar mhaithe leis an gceartas, féadfar ordú a dhéanamh chun duine nó finné ar bith a cheistiú faoi mhionn os comhair na Cúirte, nó os comhair aon oifigigh, san Oifig, a ainmneoidh an Cláraitheoir Contae nó an Breitheamh, nó os comhair aon duine oiriúnaigh eile, agus in aon áit chaoithiúil, agus féadfaidh an t-ordú a chumhachtú d'aon pháirtí in aon chaingean, imeacht nó ábhar den sórt sin an ceistiú nó an teistíocht sin a thabhairt i bhfianaise sa chaingean, san imeacht nó san ábhar ar cibé téarmaí, más ann, a ordóidh an Breitheamh.

ORDÚ 24

FREASTAL FINNÉITHE

1. Aon pháirtí ar mian leis go bhfreastalóidh duine ar bith chun fianaise a thabhairt, nó aon leabhair, páipéir nó doiciméid a thabhairt ar aird don Chúirt, nó d'oifigeach don Chúirt, iarrfaidh sé, agus eiseoidh an Cláraitheoir Contae, toghairm fhinné á cheangal ar an duine a ndíreofar an toghairm chuige ceanglais na toghairme sin a chomhlíonadh ag an tráth agus san áit a bheidh luaite inti. Is de réir Fhoirm 14 de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo a bheidh an toghairm sin.

2. In aon chás ina mbainfidh deacracht leis an toghairm sin a eisiúint, féadfar a iarraidh ar an gCúirt í a eisiúint, agus má iarrtar sin féadfaidh an Breitheamh a ordú í a eisiúint, nó déileáil thairis sin leis an ábhar de réir mar is cóir leis.

3. I ngach cás, mura n-ordóidh an Breitheamh nó an Cláraitheoir Contae a mhalairt, is go pearsanta nó leis an bpost cláraithe a dhéanfar toghairm fhinné a sheirbheáil ar an duine a bheidh ainmnithe inti. Más léir nár tugadh tréimhse ama réasúnach don duine ar ar seirbheáladh an toghairm chun a chumasú dó láithriú de bhun na toghairme, nó nár íocadh a chostais réasúnacha leis nó nár tairgeadh dó iad, féadfaidh an Breitheamh an tseirbheáil sin a chur ar ceal nó neamhaird a thabhairt uirthi.

4. Féadfar gach toghairm fhinné, seachas toghairm *duces tecum*, a dhíriú chun breis agus duine amháin agus a sheirbheáil ar bhreis agus duine amháin.

5. Aon Oifigeach don Chúirt a gceanglófar air freastal le haon taifead nó doiciméad ag aon suí nó in aon áit lasmuigh den Chontae ina mbeidh sé ag fónamh mar oifigeach den sórt sin, beidh sé i dteideal a cheangal go ndéanfaidh an tAturnae nó an páirtí ar mian leis go bhfreastalóidh sé leorshuim airgid a thaisceadh leis faoi chomhair na muirear agus na gcaiteachas cóir a bheidh air i leith an fhreastail sin, agus go ngeallfaidh an tAturnae nó an páirtí sin aon mhuirir agus caiteachais chóra bhreise nach nglanfaidh an tsuim sin go hiomlán a íoc.

6. Aon duine a bheidh toghairthe go cuí chun fianaise a thabhairt, nó chun aon leabhair, páipéir nó doiciméid a bheidh ina sheilbh nó faoina urláimh a thabhairt ar aird, ar leabhair, páipéir nó doiciméid iad ar mian leis an bpáirtí a mbeidh ceangal á chur aige air freastal iad a chur i bhfianaise, más rud é, gan leithscéal dleathach, go mainneoidh sé freastal nó fianaise a thabhairt, nó na leabhair, na páipéir nó na doiciméid sin a thabhairt ar aird, de réir na toghairme, nó más rud é, mura saorfar go cuí é ó bheith i láthair, go mainneoidh sé fanacht i láthair ar feadh na héisteachta, féadfaidh an Chúirt, más deimhin léi gur toghaireadh an duine sin go cuí, agus gur tairgeadh a chaiteachais réasúnacha dó, é a

astú mar gheall ar dhíspeagadh, nó fíneáil a chur air i ngeall ar a mhainneachtain, agus mura n-íocfaidh sé í féadfaidh an Chúirt pianbhreith phríosúnachta ar feadh tréimhse nach faide ná mí a chur air.

7. Féadfaidh an Chúirt, ar chúis a shuíomh, an t-iomlán nó aon chuid d'aon fhíneáil nó príosúnacht a bheidh gearrtha aici faoin Riail deiridh roimhe seo a loghadh, nó féadfaidh sí a ordú go ndéanfar suim aon fhíneála a bheidh gearrtha aici amhlaidh, nó aon chuid di, a íoc le ceachtar páirtí i leith chostais agus chaiteachais aon iarchurtha nó atráthaithe ba ghá mar gheall ar mhainneachtain an fhinné sin mar a dúradh.

ORDÚ 25

MIONNSCRÍBHINNÍ

1. Déanfar gach mionnscríbhinn os comhair an Chláraitheora Contae, nó Coimisinéara chun daoine a chur faoi mhionn don Ard-Chúirt, nó aturnae chleachtaigh nó, i gcás an duine a bheidh ag déanamh mionnscríbhinne a bheith ina chónaí lasmuigh d'Éirinn, nó a bheith lasmuigh d'Éirinn de thuras na huaire, os comhair aon duine a bheidh údaraithe go cuí chun daoine a chur faoi mhionn sa tír ina bhfuil gnáthchónaí ar an duine sin nó ina bhfuil an duine sin.

2. Déanfar gach mionnscríbhinn a scríobh nó a chló dála leabhair; beidh sí i gcéadphearsa an teisteora; tarraingeofar suas í i míreanna uimhrithe; agus is maidir leis an gcaingean nó leis an ábhar ar ina leith a mhionnófar í an teideal a bheidh uirthi.

3. Luafar i ngach mionnscríbhinn slí bheatha agus áit chónaithe an teisteora, agus má tá an teisteoir os cionn ocht mbliana déag d'aois luafaidh sé é sin, agus má tá sé faoi bhun na haoise sin luafaidh sé a aois go beacht. Ní áireofar in aon mhionnscríbhinn ach cibé fíorais is féidir leis an teisteoir a chruthú as a eolas féin, agus luafar inti conas a fuair sé an t-eolas sin orthu, ach amháin ar fhoriarratais idirbhreitheacha, ar a bhféadfar ráitis ón teisteoir i dtaobh nithe a chreideann sé, agus na forais atá aige lena gcreidiúint, a ghlacadh.

4. Ní bheidh aon mhionnscríbhinn ina mionnscríbhinn leormhaith má mhionnaítear í os comhair an Aturnae a bheidh ag gníomhú don pháirtí ar thar a cheann a bheidh an mhionnscríbhinn le húsáid, nó os comhair chomhpháirtí, ghníomhaire, chomhfhreagróir nó chléireach an Aturnae sin, nó os comhair an pháirtí féin.

5. Gach duine a mbeidh mionnscríbhinn, dearbhú, nó an admháil maidir le haon ghníomhas nó cúirtbhanna, á tógáil nó á thógáil aige—

(*a*) sonróidh sé dáta glactha agus áit ghlactha na mionnscríbhinne, an dearbhaithe nó na hadmhála sin; mura ndéanfaidh sé amhlaidh ní mheasfar an céanna a bheith údarach ná ní ghlacfar lena chomhdú é gan cead ón mBreitheamh;

(*b*) deimhneoidh sé sa *jurat* go bhfuil aithne aige féin ar an teisteoir, nó go bhfuil aithne aige ar dhuine éigin a ainmnítear sa *jurat* agus a dheimhníonn go bhfuil aithne aige ar an teisteoir;

(*c*) deimhneoidh sé sa mhionnscríbhinn, sa dearbhú nó san admháil sin, nuair is aon duine a dhealraíonn a bheith neamhliteartha nó dall a mhionnóidh nó a dhéanfaidh an céanna, gur léadh an mhionnscríbhinn, an dearbhú, an admháil nó an cúirtbhanna sin ina láthair don teisteoir, gur dhealraigh sé gur thuig an teisteoir an céanna, agus go ndearna an teisteoir a shíniú nó a mharc ina láthair. Ní úsáidfear aon mhionnscríbhinn, dearbhú, admháil nó cúirtbhanna den sórt sin i bhfianaise

d'éagmais an deimhnithe sin mura deimhin leis an mBreitheamh ar shlí eile gur léadh an céanna don teisteoir, agus gur dhealraigh sé gur thuig sé é.

6. Beidh fonóta ar gach mionnscríbhinn á thaispeáint cén duine ar thar a cheann atá sí á comhdú, agus cén duine atá á comhdú agus cén seoladh atá aige, agus ní chomhdófar ná ní úsáidfear aon mhionnscríbhinn gan an nóta sin mura n-ordóidh an Breitheamh a mhalairt.

7. Aon mhionnscríbhinn a mbeidh ina *jurat* nó ina corp aon idirlíniú, athrú, nó scriosadh, ní dhéanfar, gan cead ón mBreitheamh, í a chomhdú, a léamh, ná a úsáid in aon imeacht a bheidh ar feitheamh sa Chúirt mura mbeidh an t-idirlíniú nó an t-athrú (seachas athrú trí scriosadh) fíordheimhnithe le hinisealacha an duine a thóg an mhionnscríbhinn ná, i gcás scriosadh, mura mbeidh na focail nó na figiúirí a dhealraíonn, tráth tógtha na mionnscríbhinne, a bheith scríofa ar an scriosadh athscríofa agus sínithe nó inisealaithe ar chiumhais na mionnscríbhinne ag an duine a thóg í.

8. Féadfaidh an Breitheamh aon mhionnscríbhinn a bheidh mionnaithe chun a húsáidte in aon chaingean nó ábhar a ghlacadh, d'ainneoin aon lochta trí mhíthuairisc ar pháirtithe nó ar shlí eile sa teideal nó sa *jurat*, nó aon mhírialtachta eile ina foirm, agus sa chás sin ordóidh sé meabhrán a dhéanamh ar an doiciméad gur glacadh amhlaidh é.

9. Sula n-úsáidfear aon mhionnscríbhinn comhdófar í san Oifig, ach ní bhacfaidh an Riail seo ar an mBreitheamh ordú a dhéanamh ar an iarratasóir nó a Aturnae do ghealladh aon mhionnscríbhinn a bheidh mionnaithe roimh dhéanamh an ordaithe sin, nó a gceadóidh an Breitheamh í a dhéanamh tar éis an ordaithe sin, a chomhdú, ar choinníoll go bhféadfaidh an Breitheamh eisiúint an ordaithe sin a bhac go dtí go mbeidh an mhionnscríbhinn sin comhdaithe.

10. Formhuineoidh an Cláraitheoir Contae ar gach mionnscríbhinn a chomhdófar meabhrán de dháta a comhdaithe, agus nuair a bheidh sí formhuinithe amhlaidh measfar chun gach críche gur comhdaíodh go cuí í ar an dáta a bheidh formhuinithe amhlaidh uirthi.

11. I gcás teorainn ama speisialta a bheith ceaptha chun mionnscríbhinní a sheachadadh nó a chomhdú, ní úsáidfear aon mhionnscríbhinn a sheachadfar nó a chomhdófar tar éis an ama sin gan cead ón mBreitheamh.

12. Déanfar gach athrú i gcuntas a fhíorófar le mionnscríbhinn a mharcáil le hinisealacha an duine ar os a chomhair a mhionnófar an mhionnscríbhinn, agus ní dhéanfar an t-athrú sin trí scriosadh.

13. Aon doiciméid a gcuirfear a n-aithne in iúl trí mhionnscríbhinn nó a dtagrófar dóibh inti, ní chuirfear i gceangal leis an mionnscríbhinn iad, ach tagrófar dóibh inti mar fhoilseáin.

14. Déanfar gach deimhniú ar fhoilseán dá dtagraítear i mionnscríbhinn a shíneoidh an duine ar os a chomhair a mhionnófar í a mharcáil le gearrtheideal na caingne nó an ábhair.

15. (1) Luafar i mionnscríbhinní nó dearbhuithe seirbheála cathain, cá háit, agus conas a rinneadh, agus cé a rinne, an tseirbheáil sin agus, i gcás seachadadh ar aon duine, luafar iontu (faoi réir Ordú 11, Riail 7) go raibh aithne shúl ag an teisteoir ar an duine sin tráth an tseachadta sin;

(2) Luafar i mionnscríbhinní nó dearbhuithe seirbheála Bille Shibhialta i gcaingne chun talamh a aisghabháil i ngeall ar neamhíoc cíosa nó rósheilbh nach eol don teisteoir nó don dearbhóir go bhfuil aon duine seachas na daoine a seirbheáladh i seilbh iarbhír na talún a mbeifear ag iarraidh í a aisghabháil, ná i seilbh aon choda di, mar thionónta nó mar fhothionónta;

(3) Luafar i mionnscríbhinní nó dearbhuithe seirbheála Bille Shibhialta i gcaingne eile chun talamh a aisghabháil nach eol don teisteoir nó don dearbhóir, agus nach gcreideann sé, go bhfuil aon duine seachas na daoine a seirbheáladh i seilbh iarbhír na dtailte a mbeifear ag iarraidh iad a aisghabháil, nó i seilbh aon choda díobh, nó ag fáil na gcíosanna agus na mbrabús as na tailte sin nó as aon chuid díobh. Fíorófar an ráiteas sin le mionnscríbhinn an Aturnae thar cheann an ghearánaí nó duine de na daoine a theagasc é chun na himeachtaí a thionscnamh nó, mura mbeidh Aturnae ag feidhmiú don ghearánaí, le mionnscríbhinn an ghearánaí.

16. Is ar an bpáirtí a chomhdóidh í a bheidh costais gach mionnscríbhinne ina leagfar amach, gan ghá, ábhair chlostráchta, nó ina mbeidh ábhar argóinteach, nó a bheidh fadálach.

ORDÚ 26

BREITHIÚNAS MAINNEACHTANA I gCÁSANNA ÉILEAMH LEACHTAITHE AGUS ÉILEAMH CHUN EARRAÍ AGUS AIRNÉISÍ A SHEACHADADH

1. Más rud é gur éileamh ar fhiach, nó éileamh leachtaithe, nó éileamh chun earraí nó airnéisí sonracha a sheachadadh, a bheidh in éileamh an ghearánaí i mBille Sibhialta agus nach mbeidh Láithreas taifeadta ag cosantóir laistigh den tréimhse ama a bheidh ceaptha sa Bhille Sibhialta, nó, tar éis dó Láithreas a thaifeadadh, nach mbeidh Cosaint seachadta aige laistigh den tréimhse ama a cheaptar leis na Rialacha seo, féadfaidh an gearánaí, d'éagmais an Láithris nó na Cosanta sin, de réir mar a bheidh, iarratas a dhéanamh san Oifig chun breithiúnas a thaifeadadh i gcoinne an chosantóra sin. In aon chás díobh sin ina ndéanfaidh an cosantóir, tar éis caingean a bheith tionscanta, éileamh an ghearánaí a shásamh (ach amháin maidir le costais), féadfaidh an gearánaí iarratas a dhéanamh san Oifig ar bhreithiúnas i leith na gcostas a bhain le héileamh an ghearánaí. Beidh na doiciméid a luaitear i Rialacha 2 agus 3 den Ordú seo, fara cibé athruithe orthu agus cibé breisithe leo is cuí, mar thaca leis an iarratas ar an mbreithiúnas sin agus is de réir Fhoirmeacha 9 agus 10 de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na Rialacha seo a bheidh an t-iarratas sin.

2. Beidh na nithe seo a leanas mar thaca le hiarratas faoi fhorálacha Riail 1 den Ordú seo:—

(*a*) an Bille Sibhialta séalaithe agus formhuiniú na seirbheála air de réir na Rialacha seo;

(*b*) mionnscríbhinn nó dearbhú reachtúil gur seirbheáladh an Bille Sibhialta, nó gur seirbheáladh fógra ina thaobh, de réir mar a bheidh; agus

(*c*) más iarratas é ar bhreithiúnas d'éagmais Láithris, deimhniú ón gCláraitheoir Contae nár taifeadadh aon Láithreas nó, más iarratas é ar bhreithiúnas d'éagmais Cosanta, mionnscríbhinn ón ngearánaí nó ón aturnae thar ceann an ghearánaí ag fíorú gur taifeadadh Láithreas ach nár seachadadh Cosaint;

(*d*) mionnscríbhinn ag fíorú éileamh an ghearánaí, arna déanamh ag an ngearánaí nó ag duine éigin eile thar a cheann ar féidir leis mionn a thabhairt go deimhneach i dtaobh na bhfíoras; agus

(*e*) deimhniú ón ngearánaí más rud é gur i bpearsa a bheidh sé ag agairt, nó más rud é nach ea, ansin óna Aturnae, a shonróidh an méid a bheidh dlite iarbhír in alt na huaire sin, nó a dheimhneoidh go bhfuil na hearraí nó na hairnéisí a mbeidh an breithiúnas á lorg ina leith á gcoinneáil siar i gcónaí ag an gcosantóir, de réir mar a bheidh, agus, i gcás breithiúnais d'éagmais Cosanta, nár seirbheáladh aon Chosaint.

3. Más rud é gur éileamh ó Aire Roinne Rialtais nó ó Choimisiún na Talún nó ó Choimisinéirí na nOibreacha Poiblí a bheidh san éileamh, féadfar é a fhíorú, agus féadfar an tsuim a bheidh dlite iarbhír in alt na huaire sin, nó coinneáil siar na n-earraí i gcónaí, de réir mar a bheidh, a chruthú, le haon deimhniú faoi shéala a bheidh, faoi reacht, ina fhianaise ar na hábhair a dheimhneofar ann, in ionad é a dhéanamh le mionnscríbhinn mar a fhoráiltear sa Riail deiridh roimhe seo.

4. Mionnófar an mhionnscríbhinn a shonraítear i Riail 2(d), ag fíorú éileamh an ghearánaí, agus tabharfar an deimhniú a shonraítear i Riail 2(e), laistigh den tréimhse ocht lá is fiche díreach roimh dháta an iarratais ar bhreithiúnas, nó mura ndéanfar ní leor an céanna.

5. Ar na doiciméid a shonraítear i Rialacha 2 agus 3 a thaisceadh san Oifig, mar aon le hiarraidh, arna stampáil go cuí, ar bhreithiúnas de réir na foirme cuí i Sceideal na bhFoirmeacha, féadfar breithiúnas a thaifeadadh san Oifig i leith na suime a dheimhneofar amhlaidh a bheith dlite iarbhír san am sin, nó i leith an mhéid a éilítear sa Bhille Sibhialta, cibé acu is lú, nó i leith sheachadadh na n-earraí nó na n-airnéisí, de réir mar a bheidh, mar aon le costais de réir an scála chuí. Más rud é go mbeidh an t-éileamh sásaithe (ach amháin maidir le costais), féadfar breithiúnas a thaifeadadh san Oifig i leith na gcostas amháin.

6. I gcás ina mbeidh beirt chosantóir nó níos mó ann, agus go mbeidh aon duine acu tar éis mainneachtain Láithreas a thaifeadadh, nó Cosaint a sheachadadh, de réir mar a bheidh, féadfaidh an gearánaí, de réir fhorálacha an Orduithe seo, a thabhairt go ndéanfar breithiúnas i gcoinne an chosantóra sin a thaifeadadh san Oifig, agus féadfaidh sé forghníomhú a eisiúint i gcoinne an chosantóra sin, gan dochar dá cheart chun dul ar aghaidh leis an gcaingean i gcoinne aon chosantóra eile a mbeidh Láithreas taifeadta aige nó Cosaint seachadta aige, de réir mar a bheidh.

7. Déanfar costais réasúnacha arna gcinneadh ag an gCúirt nó ag an gCláraitheoir Contae a cheadú i gcásanna breithiúnais trí mhainneachtain.

8. Ní fhéadfar aon bhreithiúnas a thaifeadadh faoin Ordú seo i gcoinne aon pháirtí a mbeidh Bille Sibhialta seirbheáilte air lasmuigh den Stát faoi Ordú 13.

9. Beidh i ngach Mionnscríbhinn a úsáidfear chun Iarratas ar Bhreithiúnas mainneachtana faoi Ordú 26 a fhorasú deimhnisc á rá an mbeidh cáin bhreisluacha iníoctha ag an éilitheoir ar a chostais dhlíthiúla agus, más iníoctha, an mbeidh an tsuim is iníoctha amhlaidh inghnóthaithe aige ó na Coimisinéirí Ioncaim.

ORDÚ 27

BREITHIÚNAS MAINNEACHTANA I gCÁSANNA NACH dTAGANN FAOI RÉIM AN ORDAITHE ROIMHE SEO

1. (i) In aon chás nach mbeidh teideal ag an ngearánaí faoi fhorálacha an Orduithe roimhe seo breithiúnas a iarraidh, agus ina mainneoidh cosantóir láithreas a thaifeadadh nó Cosaint a sheachadadh, de réir mar a bheidh, féadfaidh an gearánaí, faoi réir fhorálacha na bhFo-Rialacha seo a leanas den Riail seo, tráth ar bith tar éis na mainneachtana sin, ar fhógra a sheirbheálfar ar an gcosantóir sin, ceithre lá glan ar a laghad roimh an éisteacht, breithiúnas a iarraidh ar an gCúirt agus is de réir Fhoirmeacha 9 agus 10 de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na Rialacha seo a dhéanfar na hiarratais sin.

(ii) Ach amháin mar a fhoráiltear i bhFo-Riail (v) den Riail seo, ní fhéadfar aon fhógra foriarratais ar Bhreithiúnas d'éagmais cosanta i gcaingne ina mbeidh damáistí neamhleachtaithe á n-éileamh i dtort nó i gconradh a sheirbheáil mura rud é go mbeidh an gearánaí, ceithre lá dhéag ar a laghad roimh sheirbheáil an fhógra sin, tar éis scríobh chuig an gcosantóir ag tabhairt fógra dó é a bheith ar intinn aige fógra foriarratais ar Bhreithiúnas a sheirbheáil agus, an tráth céanna, ag toiliú le cosaint a sheachadadh go déanach laistigh de cheithre lá dhéag ó dháta na litreach.

(iii) Mura seachadfar aon chosaint laistigh den tréimhse sin beidh de cead ag an ngearánaí fógra foriarratais ar Bhreithiúnas d'éagmais cosanta a sheirbheáil, a bheidh le cur ar ais go dtí dáta ceithre lá dhéag glan ar a laghad ó dháta seirbheála an fhógra; déanfar an fógra foriarratais sin a chomhdú tráth nach déanaí ná sé lá roimh an dáta a mbeidh sé le cur ar ais.

(iv) Más rud é, tráth nach déanaí ná seacht lá tar éis an fógra foriarratais sin ar Bhreithiúnas a sheirbheáil, go seachadfaidh an cosantóir cosaint ar an ngearánaí agus, sé lá ar a laghad roimh an dáta a raibh an céanna le cur ar ais, go dtaiscfidh sé cóip den chosaint in Oifig an Chláraitheora Contae agus cóip dheimhnithe den fhógra foriarratais i gceangal léi, ní chuirfear an foriarratas sin ar Bhreithiúnas i liosta an Bhreithimh ach beidh sé arna scriosadh amach agus íocfaidh an cosantóir leis an ngearánaí cibé suim a chinnfidh an Cláraitheoir Contae ó am go ham i leith a chostas maidir leis an bhforiarratas sin ar Bhreithiúnas.

(v) Más rud é, in aon chás, gur féidir leis an ngearánaí cúiseanna speisialta a shuíomh lenar gá fógra foriarratais ar Bhreithiúnas d'éagmais cosanta a sheirbheáil sna cásanna dá bhforáiltear leis an Riail seo le práinn níos mó ná de réir na bhforálacha sin roimhe seo sa Riail seo, féadfaidh sé iarratas *ex parte* a

dhéanamh chun na Cúirte ar Ordú ag ceadú dó fógra foriarratais ar Bhreithiúnas d'éagmais Cosanta a sheirbheáil, ina dtabharfar fógra ceithre lá glan ar a laghad don chosantóir, nó, ar a mhalairt, féadfaidh an Breitheamh a mheas gur seirbheáil mhaith í seirbheáil fhógra foriarratais ina mbeidh fógra ceithre lá glan ar a laghad tugtha don Chosantóir.

2. Ar an iarratas sin a éisteacht féadfaidh an Breitheamh, ar chruthúnas a fháil i dtaobh na mainneachtana sin mar a dúradh, agus ar cibé fianaise, ó bhéal nó eile, a thabharfar ar aird a éisteacht, breithiúnas a thabhairt ar éileamh an ghearánaí arna fhormhuiniú ar an mBille Sibhialta, nó féadfaidh sé a cheadú don chosantóir iomlán an éilimh, nó cuid de, a chosaint ar cibé téarmaí is cóir leis.

3. Ar iarratas ar bhreithiúnas faoin Ordú seo a éisteacht féadfaidh an Breitheamh nó an Cláraitheoir Contae cibé Ordú is cóir leis a dhéanamh maidir le costais.

4. (*a*) I gcás ina ndéanfar iarratas faoin Ordú seo ar Bhreithiúnas d'éagmais Láithris nó Cosanta i gcoinne páirtí a mbeidh Bille Sibhialta nó doiciméad tionscnaimh seirbheáilte air lasmuigh den Stát faoi fhorálacha Ordú 13, beidh mionnscríbhinn i dtacaíocht leis an iarratas sin ina luafar go gcreideann an teisteoir:

(i) gur éileamh a bhfuil cumhacht ag an gCúirt de bhua Acht 1998 é a éisteacht agus a chinneadh atá i ngach éileamh a bheidh á dhéanamh;

(ii) nach bhfuil dlínse eisiach de réir bhrí Choinbhinsiún 1968 ag Cúirteanna aon Stáit eile an t-éileamh sin a éisteacht agus a chinneadh;

(iii) go ndearnadh Bille Sibhialta nó doiciméad tionscnaimh nó fógra ina thaobh a sheirbheáil ar an gcosantóir nó ar an bhfreagróir, nó go raibh sé ábalta é a fháil ar shlí eile, in am trátha le go bhféadfadh sé socrú a dhéanamh i dtaobh é féin a chosaint, nó go ndearnadh gach dícheall chuige sin, mar a cheanglaítear le hAlt 20 de Choinbhinsiún 1968.

(*b*) Déanfar fógra i dtaobh an iarratais sin, mar aon le cóip den mhionnscríbhinn a bheidh mar fhoras leis an gcéanna, a sheirbheáil ar an gCosantóir 10 lá ar a laghad sula n-éistfear an céanna.

5. Beidh i ngach Mionnscríbhinn a úsáidfear chun Iarratas ar Bhreithiúnas mainneachtana faoi Ordú 27 a fhorasú deimhnisc á rá an mbeidh cáin bhreisluacha iníoctha ag an éilitheoir ar a chostais dhlíthiúla agus, más iníoctha, an mbeidh an tsuim is iníoctha amhlaidh inghnóthaithe aige ó na Coimisinéirí Ioncaim.

ORDÚ 28

BREITHIÚNAS ACHOMAIR

1. Más rud é gurb é a bheidh in éileamh an ghearánaí i mBille Sibhialta:—

(*a*) éileamh ar fhiach nó éileamh leachtaithe in airgead, nó

(*b*) éileamh chun airnéis nó earraí sonracha a sheachadadh i gcaingean i leith míchoinneála, nó

(*c*) éileamh chun iontaobhas a chur i bhfeidhm, a chomhlíonadh nó a chur i gcrích, nó

(*d*) éileamh ar eisiachtain, i dteannta nó d'éagmais éilimh ar chíos nó ar fhoghailbhrabúis,

agus go mbeidh Láithreas taifeadta nó Cosaint seachadta ag cosantóir, féadfaidh an gearánaí breithiúnas achomair i gcoinne an chosantóra sin a iarraidh ar an gCúirt de réir fhorálacha an Ordaithe seo.

2. Beidh feidhm ag an Ordú seo maidir le gach caingean eisiachtana cibé acu a bhí nó nach raibh riamh comhbhainteachas tiarna talún agus tionónta ag na páirtithe lena chéile, agus cibé acu a thionscnófar nó nach dtionscnófar an Bille Sibhialta go sonrach ar an teideal.

3. Is le Foriarratas iar bhfógra de réir Fhoirm 11 de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo a dhéanfar iarratas ar bhreithiúnas achomair faoin Ordú seo agus beidh sé le seirbheáil ar an gcosantóir ceithre lá glan ar a laghad sula n-éistfear é. Beidh mar thaca leis an iarratas sin mionnscríbhinn arna déanamh ag an ngearánaí, nó ag duine éigin eile thar a cheann ar féidir leis mionn a thabhairt go deimhneach i dtaobh na bhfíoras lena bhfíorófar éileamh an ghearánaí, agus ina luafar go gcreideann an teisteoir nach bhfuil cosaint *bona fide* ag an gcosantóir ar éileamh an ghearánaí, agus gur chun moill a dhéanamh agus chuige sin amháin a taifeadadh an Láithreas agus a seachadadh an Chosaint (más ann). Déanfar an mhionnscríbhinn sin, a bheidh de réir Fhoirm 12 de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, a sheirbheáil ar an gcosantóir i dteannta an Fhoriarratais.

4. Le linn an t-iarratas sin a bheith á éisteacht ní bheidh de cheart ag páirtí ar bith aon fhianaise a thabhairt ar aird ar shlí seachas le mionnscríbhinn, agus ní bheidh de mhionnscríbhinn ag an ngearánaí ach an ceann a shonraítear i Riail 3 den Ordú seo; ar choinníoll i gcónaí go bhféadfaidh an Breitheamh a cheangal ar pháirtí ar bith, nó a cheadú dó, tuilleadh fianaise a thabhairt ar aird. Féadfar an fhianaise bhreise sin a thabhairt ó bhéal nó le mionnscríbhinn de réir mar a cheanglóidh nó a cheadóidh an Breitheamh.

5. Ar an iarratas sin a éisteacht féadfar a ordú breithiúnas a thaifeadadh i bhfabhar an ghearánaí mura ndéanfaidh an cosantóir:—

(*a*) an Breitheamh a shásamh go bhfuil cosaint mhaith *prima facie* aige ar éileamh an ghearánaí, nó

(*b*) cibé suim a íoc isteach sa Chúirt, ag feitheamh le toradh na caingne, a mheasfar is leor chun teideal a thabhairt dó cosaint a dhéanamh.

6. Ach amháin i gcaingne chun talamh a aisghabháil i ngeall ar neamhíoc cíosa, más léir nach mbaineann an chosaint a bheidh á cur suas ag an gcosantóir ach le cuid d'éileamh an ghearánaí, nó go ngéilltear d'aon chuid dá éileamh, tabharfar breithiúnas i bhfabhar an ghearánaí i leith cibé coda dá éileamh nach mbaineann an chosaint léi nó a ngéilltear di, faoi réir cibé téarmaí, más ann, i dtaobh forghníomhú a bhac, costais a íoc, nó eile, a ordóidh an Breitheamh; agus féadfar cead a thabhairt don chosantóir cosaint a dhéanamh maidir leis an gcuid eile d'éileamh an ghearánaí.

7. Más rud é nach n-ordóidh an Breitheamh breithiúnas a thaifeadadh i bhfabhar an ghearánaí féadfaidh sé:—

(*a*) an t-iarratas a dhíbhe, nó

(*b*) a cheadú don chosantóir cosaint a dhéanamh gan choinníoll, nó faoi réir cibé téarmaí i dtaobh urrús a thabhairt, nó i dtaobh am agus mhodh na trialach, nó eile, is cuí leis, nó

(*c*) le toiliú na bpáirtithe go léir, éisteacht an iarratais a áireamh mar thriail na caingne, agus é sin a chur de láimh go hachomair.

8. Más léir don Bhreitheamh gur chóir cead a thabhairt d'aon chosantóir an chaingean a chosaint, agus nár chóir cead a thabhairt d'aon chosantóir eile cosaint a dhéanamh, féadfar cead a thabhairt don chosantóir céadluaite cosaint a dhéanamh, agus féadfaidh an Breitheamh a ordú breithiúnas a thaifeadadh i bhfabhar an ghearánaí i gcoinne an dara cosantóir a luaitear, agus féadfaidh an gearánaí forghníomhú a eisiúint ar an mbreithiúnas sin gan dochar dá cheart chun dul ar aghaidh leis an gcaingean i gcoinne an chosantóra chéadluaite.

9. Ar iarratas ar bhreithiúnas achomair a éisteacht féadfaidh an Breitheamh cibé ordú is cóir leis a dhéanamh i dtaobh costas.

10. Beidh i ngach Mionnscríbhinn a úsáidfear chun Iarratas ar Bhreithiúnas Achomair faoi Ordú 28 a fhorasú deimhnisc á rá an mbeidh cáin bhreisluacha iníoctha ag an éilitheoir ar a chostais dhlíthiúla agus, más iníoctha, an mbeidh an tsuim is iníoctha amhlaidh inghnóthaithe aige ó na Coimisinéirí Ioncaim.

ORDÚ 29

BREITHIÚNAS LE TOILIÚ SAN OIFIG

1. Féadfaidh cosantóir, de réir fhorálacha an Ordaithe seo, ag aon chéim de na himeachtaí, toiliú le breithiúnas a thaifeadadh ina choinne. I ngach cás seachas na cinn a ndéantar socrú ina dtaobh leis na rialacha ina dhiaidh seo den Ordú seo ní thaifeadfar breithiúnas le toiliú ach amháin le hordú ón gCúirt.

2. Ní fhéadfar breithiúnas le toiliú a thaifeadadh san Oifig gan sin a tharchur chun na Cúirte ach amháin sna cásanna seo a leanas:—

(*a*) nuair is páirtithe *sui juris* na páirtithe uile sa toiliú, agus

(*b*) nuair is toiliú é le breithiúnas i leith eisiachtana, cíosa, foghail-bhrabús, féich, damáistí mar gheall ar shárú conartha nó i dtort, nó i leith sheachadadh earraí nó airnéisí sonracha, agus

(*c*) nuair is toiliú é le breithiúnas ar éileamh an ghearánaí gan téarmaí ná coinníollacha maidir le bac ar fhorghníomhú nó íocaíocht i dtráthchodanna.

3. Féadfaidh toiliú bheith ina thoiliú le breithiúnas nach gcinneann ach an tsaincheist maidir le dliteanas an chosantóra ar éileamh an ghearánaí, nó cuid de, agus a fhorchoimeádann an ceart chun gach saincheist agus ábhar eile a chur faoi chinneadh na Cúirte.

4. Ní toiliú leordhóthanach aon toiliú le breithiúnas mura mbeidh sé i scríbhinn, agus sínithe ag an gcosantóir a bheidh ag toiliú amhlaidh, agus ag Aturnae, má tá Aturnae ag feidhmiú dó. Ar an toiliú sin, a bheidh de réir Fhoirm 4 de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, a thaisceadh san Oifig, mar aon le mionnscríbhinn á fhíorú go ndearna an cosantóir a thoiligh leis é a fhorghníomhú, féadfar breithiúnas a thaifeadadh san Oifig i gcoinne an chosantóra sin i dtéarmaí an toilithe gan sin a tharchur chun na Cúirte.

5. Más rud é go n-áireofar i mBille Sibhialta an Chosantóra éilimh i leith dhá chúis chaingne ar leithligh nó idirdhealaithe, nó níos mó ná sin, féadfaidh cosantóir, de réir fhorálacha an Ordaithe seo, toiliú le breithiúnas i leith aon éilimh áirithe, agus láithriú agus cosaint a dhéanamh i leith aon éilimh eile.

6. Más rud é go n-áireofar i mBille Sibhialta an ghearánaí éileamh ar fhiach nó éileamh leachtaithe in airgead, nó éileamh ar sheachadadh earraí nó airnéisí sonracha, féadfaidh cosantóir, de réir fhorálacha an Ordaithe seo, toiliú le breithiúnas i leith coda den fhiach, den éileamh nó de na hearraí sin, de réir mar a bheidh, agus láithriú agus cosaint a dhéanamh maidir leis an gcuid eile.

7. Féadfaidh an Cláraitheoir Contae i gcás ar bith diúltú breithiúnas le toiliú a thaifeadadh san Oifig, agus in aon chás den sórt sin tarchuirfidh sé an t-ábhar chun na Cúirte.

8. Beidh feidhm ag forálacha an Ordaithe seo, fara na modhnuithe is gá, maidir le frithéilimh.

ORDÚ 30

BREITHIÚNAIS A ATHBHREITHNIÚ

1. Aon pháirtí a mbeidh breithiúnas d'éagmais láithris nó cosanta tugtha ina choinne, féadfaidh sé, tráth nach déanaí ná deich lá tar éis dó an t-eolas sin a fháil, fógra foriarratais de réir Fhoirm 13 de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo a sheirbheáil chun an breithiúnas sin a athrú nó a chur ar ceal, ach ní oibreoidh seirbheáil an fhógra foriarratais mar bhac ar imeachtaí sa chaingean ach amháin le cead ón gCúirt agus ar cibé ordacháin is cuí leis an gCúirt. I gcásanna práinne, féadfar iarratais ar bhac a dhéanamh de réir théarmaí Ordú 1, riail 5, de na Rialacha seo.

2. Leagfar amach go soiléir agus go hachomair i ngach fógra den sórt sin na fáthanna nár thaifead páirtí an iarratais aon láithreas nó nár sheachaid sé aon chosaint, de réir mar a bheidh, cineál na calaoise, na mífhaisnéise, na neamhshúilíochta nó an dearmaid ar a bhfuiltear ag seasamh, mar aon le forais na cosanta ar an gcaingean inar tugadh an breithiúnas sin.

3. Ach amháin i gcás ina n-ordóidh an Chúirt a mhalairt, ní éistfear aon fhoriarratas den sórt sin go dtí go gcomhlíonfaidh páirtí an iarratais ordacháin na Cúirte (más ann), lena n-áirítear aon ordacháin i ndáil le cibé suimeanna a thaisceadh sa Chúirt, i leith an fhéich bhreithiúnais féin, na gcostas a dámhadh ina choinne leis an mbreithiúnas sin, agus cibé suim bhreise, más ann, is cóir leis an mBreitheamh mar urrús i leith chostais an fhoriarratais.

4. Féadfaidh an Breitheamh, ar aon fhoriarratas den sórt sin a éisteacht, an breithiúnas a bheidh i gceist a athrú nó a chur ar ceal, ar cibé téarmaí maidir le costais nó eile, lena n-áirítear suim an bhreithiúnais sin nó aon chuid di a thaisceadh sa Chúirt, agus féadfaidh sé cibé ordacháin agus cibé fadú ama a thabhairt is gá maidir le seoladh na caingne, an imeachta nó an ábhair dá éis sin. Féadfaidh an Breitheamh, freisin, cibé ordú a dhéanamh is cóir leis i dtaobh airgid a bheidh íoctha isteach sa Chúirt ag an gcosantóir.

ORDÚ 31

ADMHÁLACHA

1. Féadfaidh páirtí ar bith a fhógairt ar aon pháirtí eile aon doiciméad a admháil, lasmuigh de gach eisceacht chóir; agus i gcás ina ndiúltófar nó ina mainneofar é a admháil, tar éis an fhógra sin, is é an páirtí a mhainneoidh nó a dhiúltóidh amhlaidh a íocfaidh costais chruthaithe aon doiciméid den sórt sin, cibé toradh a bheidh ar an gcúis nó ar an ábhar, mura ndeimhneoidh an Breitheamh ag an triail nó ag an éisteacht go raibh sé réasúnach diúltú an doiciméad a admháil; agus ní lamhálfar aon chostais maidir le cruthú doiciméid ar bith mura dtabharfar an fógra sin, ach amháin i gcás ina ndeimhneoidh an Breitheamh gur shábháil chaiteachais é gan an fógra a thabhairt.

2. Féadfaidh páirtí ar bith, le fógra i scríbhinn, tráth ar bith nach déanaí ná deich lá roimh an lá dá mbeidh fógra trialach tugtha, a fhógairt ar aon pháirtí eile aon fhíoras sonrach nó fíorais shonracha a bheidh luaite san fhógra sin a admháil chun críocha na cúise, an ábhair nó na saincheiste agus chun na gcríoch sin amháin. Agus i gcás ina ndiúltófar nó ina mainneofar an fíoras nó na fíorais sin a admháil laistigh de sheacht lá tar éis an fógra sin a sheirbheáil, nó laistigh de cibé tréimhse ama bhreise a cheadóidh an Breitheamh, is é an páirtí a mhainneoidh nó a dhiúltóidh amhlaidh a íocfaidh costais chruthaithe an fhíorais nó na bhfíoras sin, cibé toradh a bheidh ar an gcúis, ar an ábhar nó ar an tsaincheist, mura rud é go ndeimhneoidh an Breitheamh ag an triail nó ag an éisteacht go raibh sé réasúnach diúltú don admháil sin, nó go ndéanfaidh an Breitheamh tráth ar bith a mhalairt a ordú nó a threorú. Ar choinníoll, má dhéantar aon admháil de bhun an fhógra sin, go measfar gur chun críocha na cúise nó an ábhair nó na saincheiste áirithe a rinneadh í, agus chun na gcríoch sin amháin, agus nach mar admháil lena húsáid i gcoinne an pháirtí ar aon ócáid eile ná i bhfabhar aon duine seachas an páirtí a thug an fógra. Ar choinníoll, freisin, go bhféadfaidh an Breitheamh, tráth ar bith, a cheadú do pháirtí ar bith aon admháil arna déanamh amhlaidh a leasú nó a tharraingt siar ar cibé téarmaí is cóir; agus ar choinníoll thairis sin, i gcás na gcostas agus na gcaiteachas uile ar dóigh leis an mBreitheamh gurb é neamhsheirbheáil an fhógra sin mar a dúradh ag aon pháirtí ba chúis leo, gurb é an páirtí nár sheirbheáil an fógra sin a íocfaidh iad, mura n-ordóidh an Breitheamh a mhalairt, cibé cén toradh a bheidh ar an gcúis, ar an ábhar nó ar an tsaincheist.

3. Mura le linn na héisteachta a dhéanfar iad, is i scríbhinn a bheidh aon admhálacha agus síneoidh an páirtí a bheidh á ndéanamh, nó a Aturnae, iad.

ORDÚ 32

DOICIMÉID A FHOLLASÚ AGUS A INIÚCHADH AGUS AGARCHEISTEANNA

1. I gcás ina mbeidh iarraidh i scríbhinn ar fhollasú saorálach déanta ceithre lá dhéag ar a laghad roimh eisiúint an fhógra foriarratais agus nach mbeidh aon chomhaontú i scríbhinn chun follasú a dhéanamh sna téarmaí a iarradh faighte laistigh den tréimhse ama sin, féadfaidh aon pháirtí iarratas a dhéanamh chun na Cúirte nó chun an Chláraitheora Contae, le fógra foriarratais a sheirbheálfar ceithre lá glan ar a laghad sula n-éistfear an céanna, ar ordú á ordú d'aon pháirtí eile in aon imeacht follasú faoi mhionn a dhéanamh ar na doiciméid atá nó a bhí ina sheilbh nó ina chumhacht agus a bhaineann le haon ábhar atá i gceist san imeacht. Ar an iarratas sin a éisteacht féadfaidh an Breitheamh diúltú dó nó é a chur ar atráth, más deimhin leis nach bhfuil gá leis an bhfollasú sin nó nach bhfuil gá leis ag an gcéim sin den imeacht, nó féadfaidh sé cibé ordú is cuí leis a dhéanamh, ar cibé téarmaí maidir leis an urrús i leith chostais an fhollasaithe nó eile is cuí leis, agus go ginearálta nó faoi theorainn aicmí áirithe doiciméad, de réir mar is cuí leis. Beidh an mhionnscríbhinn doiciméad sin de réir Fhoirm 31 de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo.

2. Sa mhionnscríbhinn a bheidh le déanamh ag páirtí a mbeidh ordú den sórt a luaitear sa Riail deiridh roimhe seo déanta ina choinne, sonrófar cé acu de na doiciméid, más ann, a luaitear san ordú, a bhfuil sé ag cur i gcoinne a thabhairt ar aird, agus is san fhoirm atá i Sceideal na bhFoirmeacha a ghabhann leis na hOrduithe seo, fara cibé athruithe is gá sna himthosca, a bheidh an mhionnscríbhinn.

3. Is dleathach don Bhreitheamh tráth ar bith le linn aon chúis nó ábhar a bheith ar feitheamh a ordú d'aon pháirtí sa chéanna cibé cinn is ceart leis an mBreitheamh de na doiciméid a bheidh ina sheilbh nó ina chumhacht, agus a bhainfidh le haon ábhar a bheidh i gceist sa chúis nó san ábhar sin, a thabhairt ar aird, faoi mhionn; agus féadfaidh an Breitheamh déileáil leis na doiciméid sin, nuair a thabharfar ar aird iad, i cibé slí is cóir leis.

4. Beidh gach páirtí i gcúis nó in ábhar i dteideal, tráth ar bith, le fógra i scríbhinn, fógra a thabhairt d'aon pháirtí a bhfuil tagairt déanta d'aon doiciméad ina phléadáil nó ina mhionnscríbhinn, chun an doiciméad sin a thabhairt ar aird lena iniúchadh ag an bpáirtí a mbeidh an fógra sin á thabhairt aige, nó ag a Aturnae, agus chun a cheadú dó nó dóibh cóipeanna a dhéanamh de; agus aon pháirtí nach gcomhlíonfaidh an fógra sin ní bheidh de chead aige ina dhiaidh sin aon doiciméad den sórt sin a chur i bhfianaise thar a cheann féin, mura ndeimhneoidh sé don Bhreitheamh nach mbaineann an doiciméad sin ach lena theideal féin, agus eisean ina chosantóir sa chúis nó san ábhar, nó go raibh cúis nó leithscéal éigin eile aige is leor leis an mBreitheamh chun gan an fógra sin a chomhlíonadh; agus sa chás sin féadfaidh an Breitheamh a cheadú an doiciméad sin a chur i bhfianaise ar cibé téarmaí is cuí leis maidir le costais agus eile.

5. Mura dtabharfaidh na páirtithe a mbeidh fógra faoi Riail 4 seirbheáilte orthu fógra i dtaobh an ama chun na doiciméid a iniúchadh, nó má chuireann siad i gcoinne cead a thabhairt chun iniúchadh a dhéanamh, féadfaidh an Breitheamh nó an Cláraitheoir Contae, ar iarratas ón bpáirtí arb in é a mhian, ordú a dhéanamh chun an t-iniúchadh a dhéanamh cibé am agus áit agus i cibé slí is ceart leis. Is le foriarratas iar bhfógra a sheirbheálfar tráth nach déanaí ná ceithre lá glan sula n-éistfear an céanna a dhéanfar an t-iarratas sin agus bunófar é ar mhionnscríbhinn ina dtaispeánfar cad iad na doiciméid a n-iarrtar iad a iniúchadh agus go bhfuil siad i seilbh nó i gcumhacht an pháirtí eile.

6. Má mhainníonn aon pháirtí déanamh de réir aon ordaithe chun doiciméid a fhollasú nó a iniúchadh, dlífear a chaingean a dhíbhe d'uireasa í a thabhairt ar aghaidh, agus, más cosantóir é, dlífear a chosaint, más ann, a scriosadh amach, agus é a chur sa chás céanna ina mbeadh sé dá mba rud é nach ndearna sé cosaint.

7. I ngach cúis nó ábhar déanfar, mura n-ordóidh an Breitheamh a mhalairt, costais an fhollasaithe a cheadú, mar chuid de chostais pháirtí iarrtha an fhollasaithe, amhail idir páirtí agus páirtí nó idir aturnae agus cliant, i gcás an follasú sin a bheith deimhnithe ag an mBreitheamh, agus sa chás sin amháin.

8. Beidh feidhm ag an Ordú seo maidir le naíonghearánaithe agus naíonchosantóirí, agus maidir lena neaschairde agus lena gcaomhnóirí *ad litem*.

9. Aon duine nach páirtí sa chúis nó sa chaingean a bheidh os comhair na Cúirte agus a dhealróidh don Chúirt nó don Chláraitheoir Contae gur dócha go bhfuil nó go raibh ina sheilbh, ina choimeád nó ina chumhacht aon doiciméid is iomchuí maidir le saincheist ag éirí nó ar dóigh di éirí as an gcúis nó as an gcaingean nó a bheidh, nó ar dóigh dó a bheith, in ann fianaise is iomchuí maidir le haon saincheist den sórt sin a thabhairt féadfar, le cead ón gCúirt nó ón gCláraitheoir Contae, ar iarratas ó aon pháirtí sa chúis nó sa chaingean sin, a ordú dó le hordú ón gCúirt nó ón gCláraitheoir Contae na hagarcheisteanna sin a fhreagairt nó follasú a dhéanamh ar na doiciméid sin nó iniúchadh na ndoiciméad sin a cheadú ar choinníoll, sula n-eiseofar an fógra foriarratais sin, go n-iarrfar go ndéanfaí an follasú sin go saorálach de réir fhorálacha Riail 1 den Ordú seo, agus go ndéanfar an iarraidh ar fhollasú saorálach chuig an duine a mbeidh follasú á iarraidh ina choinne agus chuig na páirtithe eile sna himeachtaí. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag forálacha an Ordaithe seo amhail is dá mbeadh an tOrdú sin ón gCúirt nó ón gCláraitheoir Contae dírithe ar pháirtí sa chúis nó sa chaingean sin ar choinníoll i gcónaí go ndéanfaidh an páirtí a mbeidh an t-ordú sin á iarraidh aige an duine sin a shlánú i leith na gcostas go léir a thabhóidh an duine sin le réasún dá chionn sin agus measfar gur costais an pháirtí sin sna himeachtaí na costais sin a iompróidh an páirtí sin.

ORDÚ 33

TRIAIL

1. Nuair a bheifear tar éis Cosaint a thaifeadadh go cuí, féadfaidh an gearánaí, ar í a bheith seirbheáilte, fógra trialach, nó fógra chun dáta a shocrú le haghaidh trialach, a sheirbheáil, mar a ordóidh an Cláraitheoir Contae, de réir Fhoirmeacha 15A agus 15B de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo.

2. Ní bhainfidh an Riail seo le Cuaird Bhaile Átha Cliath. Seirbheálfar fógra trialach deich lá ar a laghad ar an gcosantóir agus ar gach páirtí eile is gá, ach amháin go mbeidh de chead ag na páirtithe comhaontú go mbeidh feidhm ag tréimhse fógra níos giorra, agus is do na chéad Suíonna eile tar éis dul in éag don tréimhse ama a bheidh luaite san fhógra sin a sheirbheálfar é, agus comhdófar é san Oifig tráth nach déanaí ná seacht lá roimh oscailt na Suíonna sin. Oibreoidh an fógra trialach sin agus a chomhdú chun an chaingean nó an t-ábhar (lena n-áirítear frithéileamh, más ann) a chur síos lena héisteacht nó lena éisteacht ag na chéad Suíonna eile sin ina dhiaidh sin.

3. Ní bhainfidh an Riail seo ach le Cuaird Bhaile Átha Cliath. Is gá agus is leor fógra trialach deich lá, mar a ordóidh an Cláraitheoir Contae, de réir Fhoirmeacha 15A agus 15B de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, agus seirbheálfar é ar an gcosantóir agus ar gach páirtí eile is gá, agus comhdófar é san Oifig, ach amháin go mbeidh de chead ag na páirtithe comhaontú go mbeidh feidhm ag tréimhse fógra níos giorra. Oibreoidh an fógra trialach sin agus a chomhdú chun an chaingean nó an t-ábhar (lena n-áirítear frithéileamh, más ann) a chur síos lena héisteacht nó lena éisteacht ar an dáta trialach a bheidh leagtha amach san fhógra trialach nó ar lá ar bith tar éis dul in éag don dáta a bheidh luaite san fhógra sin ar a bhféadfaidh an triail teacht ar aghaidh de réir a hoird sa liosta nó ar cibé dáta a shocróidh an Chúirt nó an Cláraitheoir Contae tar éis Fógra a sheirbheáil.

4. Más rud é go mbeidh mainnithe ag an ngearánaí fógra trialach a sheirbheáil laistigh de dheich lá tar éis an Chosaint a sheachadadh féadfaidh an cosantóir é a sheirbheáil agus féadfaidh sé é a chomhdú de réir na Rialacha seo.

5. Más rud é, in aon chaingean seachas caingean phrobháide, nach seirbheálfaidh an gearánaí fógra trialach laistigh de dheich lá tar éis an Chosaint a sheachadadh, féadfaidh an cosantóir, in ionad fógra trialach a sheirbheáil de réir na Rialach roimhe seo, a iarraidh ar an gCúirt an chaingean a dhíbhe d'uireasa í a thabhairt ar aghaidh, agus ar an iarratas sin a éisteacht féadfaidh an Breitheamh a ordú an chaingean a dhíbhe dá réir sin, agus féadfaidh sé cibé ordú eile is cóir leis a dhéanamh, agus ar cibé téarmaí is cóir leis.

6. Más dóigh leis an mBreitheamh é a bheith inmhianaithe, féadfaidh sé a ordú dhá chaingean nó níos mó a thriail le chéile, agus sin ar cibé téarmaí maidir le costais is dóigh leis a bheith cóir.

7. Féadfar dul ar aghaidh ar leithligh le frithéileamh, agus, má théitear ar aghaidh leis amhlaidh, déileálfar leis mar chaingean is cuma cé acu a dhéantar an t-imeacht bunaidh ina ndearnadh an frithéileamh a tharraingt siar, a bhacadh, a scor nó a dhíbhe.

8. In aon imeacht, féadfaidh an Breitheamh a ordú d'fhinné nach páirtí an Chúirt a fhágáil go dtí go mbeidh a fhianaise ag teastáil, nó tar éis dá fhianaise a bheith tugtha, nó fanacht sa Chúirt tar éis dá fhianaise a bheith tugtha go dtí go ndéanfar an triail a fhoirceannadh nó a chur ar atráth.

9. Féadfar breithiúnas a thabhairt i bhfabhar gearánaí amháin nó níos mó, agus i gcoinne nó i bhfabhar cosantóra amháin nó níos mó.

10. Féadfaidh an Breitheamh, más fóirsteanach leis é ar mhaithe leis an gceartas, triail a chur siar nó a chur ar atráth go ceann cibé tréimhse ama, agus ar cibé téarmaí, más ann, is cuí leis.

11. Más rud é, nuair a ghlaofar cás sa Chúirt, go láithreoidh an gearánaí, agus nach láithreoidh an cosantóir, féadfaidh an gearánaí a éileamh a chruthú sa mhéid gur airsean a luífidh an dualgas cruthúnais.

12. Más rud é, nuair a ghlaofar cás sa Chúirt, go láithreoidh an cosantóir, agus nach láithreoidh an gearánaí, beidh an cosantóir i dteideal, más rud é nach mbeidh aon fhrithéileamh aige, breithiúnas a fháil ag díbhe na caingne, ach, má tá frithéileamh aige, ansin féadfaidh sé an frithéileamh sin a chruthú sa mhéid gur airsean a luífidh an dualgas cruthúnais.

13. Féadfaidh an Breitheamh, ar aon bhreithiúnas a fhógairt nó ar aon ordú a dhéanamh (nó tráth ar bith ina dhiaidh sin ar fhógra a thabhairt don pháirtí freasúrach), an tráth nó na tráthanna a n-íocfar, agus na tráthchodanna ina n-íocfar, an fiach nó na damáistí mar aon le costais an bhreithiúnais, nó an tsuim a luaitear san ordú mar aon leis na costais, a ordú, ar choinníoll, má dhéantar an t-ordú sin i leith tráthchodanna ar aon bhreithiúnas a fhógairt nó ar aon ordú a dhéanamh, nach n-eiseofar aon ordú forghníomhaithe i gcoinne an chosantóra go dtí go mbeifear tar éis mainneachtain tráthchuid éigin a íoc de réir an ordaithe sin. Féadfaidh an Breitheamh, freisin, forghníomhú de bhun aon fhoraithne nó ordaithe a bhacadh go ceann cibé tréimhse agus ar cibé téarmaí is cóir leis. Beidh na foraitheanta, na díbhí, na horduithe tráthchoda nó na baic sin de réir Fhoirmeacha 16, 17, 18 agus 19 de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo.

ORDÚ 34

ORDÚ I dTAOBH SAINCHEISTEANNA AR LEITHLIGH A THRIAIL

1. Más léir don Bhreitheamh go bhfuil in aon chúis nó ábhar ceist dlí ba chaoithiúil a chinneadh sula dtabharfar aon fhianaise nó sula dtriailfear aon cheist nó saincheist fíorais, féadfaidh an Breitheamh ordú a dhéanamh dá réir sin, agus féadfaidh sé a threorú an cheist dlí sin a tharraingt anuas chun tuairim na Cúirte a fháil uirthi, trí chás speisialta nó i cibé slí eile is fóirsteanach leis an mBreitheamh, agus air sin féadfar bac a chur ar gach imeacht eile a bhféadfaidh cinneadh na ceiste dlí sin a thabhairt nach mbeadh gá leis.

2. Féadfaidh an Breitheamh in aon chúis nó ábhar, tráth ar bith nó ó am go ham, a ordú go ndéanfar ceisteanna éagsúla fíorais a éireoidh sa chúis nó san ábhar sin a thriail ar mhodhanna éagsúla trialach, nó go dtriailfear ceist nó ceisteanna áirithe fíorais sula dtriailfear na cinn eile.

ORDÚ 35

AISTRIÚ CAINGNE

1. Aon uair a aistreoidh an Ard-Chúirt aon chaingean nó imeacht chun na Cúirte, taiscfidh an gearánaí leis an gCláraitheoir Contae, laistigh de cheithre lá dhéag ó dháta an ordaithe aistrithe, an toghairm agus gach pléadáil, ordú, agus doiciméad a bheidh seachadta nó déanta cheana féin, agus as sin amach glacfar agus éistfear an chaingean nó an t-imeacht sa Chúirt amhail is dá mba sa Chúirt a tionscnaíodh a chéad-uair í nó é, agus cinnfidh an Breitheamh costais na caingne nó an imeachta suas go dtí dáta an ordaithe aistrithe, mura n-ordófar a mhalairt leis an ordú aistrithe.

2. Más rud é, i gcás aon aistrithe dá luaitear sa riail deiridh roimhe seo, go mbeidh faillithe nó diúltaithe ag an ngearánaí na doiciméid a thaisceadh a fhorordaítear sa riail sin, féadfaidh an cosantóir, tráth ar bith tar éis na tréimhse ama a cheaptar sa riail sin, na doiciméid sin nó cóip dheimhnithe den ordú aistrithe, mar aon le cóipeanna de na doiciméid eile agus iad fíoraithe le mionnscríbhinn, a thaisceadh agus air sin rachaidh an chaingean ar aghaidh mar a fhorordaítear sa riail deiridh roimhe seo.

3. Déanfaidh an páirtí a mbeidh na doiciméid sin á dtaisceadh aige mar a fhoráiltear sa dá riail deiridh roimhe seo, laistigh de cheithre lá dhéag ón taisceadh sin, fógra a chomhdú agus a sheirbheáil ar an bpáirtí eile á rá gur taisceadh na doiciméid sin leis an gCláraitheoir Contae.

4. Nuair a dhéanfar aon chaingean nó imeacht a chur ar aghaidh nó a aistriú chun na hArd-Chúirte ón gCúirt, tarchuirfidh an Cláraitheoir Contae an comhad sa chaingean nó san imeacht chun an Oifigigh chuí don Ard-Chúirt.

5. In aon chás nach mbeidh Cosaint seachadta ag an gcosantóir roimh aistriú na caingne, is deich lá ó dháta seirbheála an fhógra a foráiltear le Riail 3 den Ordú seo an tréimhse ama chun Cosaint a chomhdú agus a sheirbheáil, mura n-ordófar a mhalairt leis an Ordú aistrithe. I gcás ina mbeidh na doiciméid taiscthe ag an gcosantóir leis an gCláraitheoir Contae, mar a fhoráiltear le Riail 2 den Ordú seo, is deich lá ó dháta an taiscthe sin an tréimhse ama chun Cosaint a chomhdú agus a sheirbheáil, mura n-ordófar a mhalairt leis an Ordú aistrithe.

ORDÚ 36

FORGHNÍOMHÚ

1. Cuirfear aon bhreithiúnas nó ordú chun airgead a íoc i bhfeidhm, ar iarraidh ón bpáirtí a mbeidh an breithiúnas nó an t-ordú sin á thabhairt ar aghaidh aige, le hordú forghníomhaithe a eiseofar faoi Shéala na Cúirte i bhFoirm 20 de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo.

2. Féadfar aon bhreithiúnas nó ordú chun talamh a aisghabháil nó chun seilbh talún a sheachadadh, cibé acu a tugadh an breithiúnas sin nó a rinneadh an t-ordú sin i gcaingean eisiachtana nó in aon chaingean nó ábhar eile, a chur i bhfeidhm le hordú i leith seilbhe a eiseofar faoi Shéala na Cúirte i bhFoirm 23 de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo.

3. Más rud é, in aon imeacht seachas eisiachtain, go ndéanfar ordú chun talamh a aisghabháil nó chun seilbh talún a sheachadadh ar aon duine, ní eiseoidh an Cláraitheoir Contae ordú forghníomhaithe i leith seilbhe gan fianaise (trí mhionnscríbhinn nó dearbhú) gur seirbheáladh an t-ordú agus nár géilleadh dó.

4. Féadfar breithiúnas á cheangal ar aon duine aon ghníomh a dhéanamh, seachas airgead a íoc, nó á cheangal air staonadh ó aon ní a dhéanamh, a chur i bhfeidhm le hordú forghníomhaithe i bhfoirm astú nó cimiú.

5. Le cead ón mBreitheamh, féadfar aon bhreithiúnas nó ordú i gcoinne corparáide a mbeifear go toiliúil gan géilleadh dó a chur i bhfeidhm le hordú forghníomhaithe i bhfoirm astú nó cimiú i gcoinne stiúrthóirí na corparáide nó i gcoinne oifigeach eile de chuid na corparáide, nó i gcoinne aon duine díobh.

6. Más rud é gur chun aon mhaoin seachas airgead nó talamh a aisghabháil a thabharfar breithiúnas nó a dhéanfar ordú, féadfaidh an Breitheamh a ordú, ar fhoriarratas ón ngearánaí nó ó dhuine eile a bheidh i dteideal an breithiúnas nó an t-ordú sin a thabhairt ar aghaidh, go ndéanfar, d'éagmais seachadadh, ordú forghníomhaithe a eisiúint chun an mhaoin a sheachadadh gan an rogha a thabhairt don chosantóir an mhaoin a choinneáil ar an luach arna mheasúnú, más ann, a íoc, agus go ndéanfar, mura féidir teacht ar an maoin, agus mura n-ordóidh an Breitheamh a mhalairt, tochsal ar earraí, airnéisí agus tailte uile an chosantóra go dtí go mbeidh an mhaoin seachadta, nó, de rogha an ghearánaí, go ndéanfaidh an Sirriam nó an Teachtaire Cúirte a chur faoi deara luach measúnaithe na maoine, más ann dó, a thobhach ar earraí an chosantóra. Beidh na horduithe forghníomhaithe sin de réir Fhoirmeacha 21 agus 22 de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo.

7. Má éiríonn aon deacracht i gcúrsa nó i dtaobh fhorghníomhú nó chur i bhfeidhm aon bhreithiúnais nó ordaithe seachas breithiúnas nó ordú chun airgead a ghnóthú nó a íoc, féadfaidh aon pháirtí leasmhar iarratas a dhéanamh chun na Cúirte, agus féadfaidh an Breitheamh cibé ordú is cóir leis a dhéanamh air sin á ordú d'aon pháirtí freastal agus dul faoi cheistiú nó eile de réir mar is cóir leis.

8. Más rud é gur i gcoinne gnólachta a thabharfar breithiúnas nó a dhéanfar ordú, féadfar forghníomhú a eisiúint:

(*a*) i gcoinne aon mhaoine de chuid na comhpháirtíochta laistigh den dlínse;

(*b*) i gcoinne aon duine a láithrigh ina ainm féin faoi Riail 4 d'Ordú 8 agus a mhainnigh cosaint a sheachadadh, nó a d'admhaigh ar na pléadálacha gur comhpháirtí é, nó ar breithníodh é a bheith ina chomhpháirtí.

Má éilíonn an duine a fuair breithiúnas nó ordú go bhfuil sé i dteideal forghníomhú a eisiúint i gcoinne aon duine eile mar gur comhalta den ghnólacht é, féadfaidh sé cead chun é sin a dhéanamh a iarraidh ar an gCúirt, ar fhógra a thabhairt don duine eile sin; agus féadfaidh an Breitheamh an cead sin a thabhairt mura mbeidh an dliteanas faoi dhíospóid, nó, más rud é go mbeidh an dliteanas sin faoi dhíospóid, féadfaidh sé a ordú dliteanas an duine sin a thriail agus a chinneadh in aon slí ina bhféadtar aon saincheist nó ceist i gcaingean ar bith a thriail agus a chinneadh. Ach amháin amhail i gcoinne aon mhaoine de chuid na comhpháirtíochta, ní fhágfaidh breithiúnas i gcoinne gnólachta aon chomhalta den ghnólacht sin, is comhalta a bhí lasmuigh den dlínse nuair a eisíodh an Bille Sibhialta agus nár thaifead láithreas, faoi dhliteanas, ná ní dhéanfaidh sé difear dó in aon slí eile, mura rud é go ndearnadh páirtí sa chaingean de faoi Ordú 6, nó gur seirbheáladh é laistigh den dlínse tar éis an Bille Sibhialta a eisiúint.

9. Beidh lánfheidhm agus lánéifeacht le gach foraithne ón gCúirt, agus le gach breithiúnas d'éagmais láithris nó cosanta, go ceann thréimhse dhá bhliain déag ó dháta an chéanna, agus féadfar ordú forghníomhaithe a bheidh bunaithe ar aon fhoraithne nó breithiúnas den sórt sin a eisiúint san Oifig laistigh den tréimhse sin, ach ní fhéadfar sin a dhéanamh tar éis sé bliana a bheith caite ó dháta na foraithne nó an bhreithiúnais sin, gan cead ón gCúirt. Déanfar iarratas ar an gcead sin le foriarratas iar bhfógra chun an pháirtí a n-iarrfar é a chur faoi dhliteanas.

10. Más rud é, tráth ar bith le linn na tréimhse dhá bhliain déag sin, go mbeidh aon athrú, trí bhás, sannadh nó eile, tagtha ar na páirtithe a bheidh i dteideal nó faoi dhliteanas forghníomhú, féadfaidh an páirtí a bheidh á éileamh teideal a bheith aige amhlaidh cead chun forghníomhú a eisiúint a iarraidh ar an gCúirt iar bhfógra, agus féadfar an fhoraithne bhunaidh nó an breithiúnas bunaidh a leasú ionas go dtabharfar éifeacht d'aon ordú a dhéanfaidh an Chúirt ar an iarratas.

11. Féadfar gach ordú ón gCúirt in aon chúis a chur i bhfeidhm mar a chuirfí breithiúnas leis an éifeacht chéanna i bhfeidhm.

12. Más rud é go mbeidh ordú forghníomhaithe gan sásamh ní fhanfaidh sé i bhfeidhm ach go ceann bliana amháin ó dháta a eisiúna agus gan an dáta sin féin a áireamh.

13. Féadfar, ar iarratas ón bpáirtí a bheidh ina theideal, ordú forghníomhaithe a athnuachan san Oifig, tráth ar bith le linn ré feidhme na foraithne nó an bhreithiúnais ar ina leith a eisíodh a chéaduair é, go ceann tréimhse nach faide ná bliain amháin ó dháta na hathnuachana sin, ar choinníoll go mbeidh lánfheidhm agus lánéifeacht leis an bhforaithne sin nó leis an mbreithiúnas sin go ceann na tréimhse dá n-athnuafar an t-ordú forghníomhaithe sin amhlaidh. Formhuineofar ar aon ordú den sórt sin go ndearnadh é a athnuachan agus athshéalófar an t-ordú. Beidh éifeacht le hordú forghníomhaithe a athnuafar amhlaidh, agus beidh sé i dteideal tosaíocht a fháil, de réir an ama a bheidh marcáilte air mar dháta a bhuneisiúna.

14. Aon duine a bheidh ag iarraidh go ndéanfaí ordú forghníomhaithe a athnuachan déanfaidh sé, agus comhdóidh sé, mionnscríbhinn á

dheimhneasc go bhfuil sé i dteideal na hathnuachana sin agus ina leagfar amach na creidmheasanna uile, más ann, a mbeidh an duine a bheidh faoi dhliteanas an fhorghníomhaithe sin ina dteideal agus ina leagfar amach, más rud é gur breithiúnas, foraithne nó ordú chun airgead a íoc a bheidh sa bhreithiúnas, san fhoraithne nó san ordú a mbeifear ag iarraidh a chur i bhfeidhm, an tsuim a bheidh dlite dá bhun sin in alt na huaire.

15. Más rud é gur díothaíodh nó gur cailleadh ordú forghníomhaithe féadfaidh an páirtí a bheidh i dteideal forghníomhú a iarraidh ar an gCúirt nó ar an gCláraitheoir Contae an t-ordú sin a atheisiúint, agus air sin féadfaidh an Breitheamh nó an Cláraitheoir Contae an atheisiúint sin a ordú.

16. Más rud é go mbeidh aon athrú, trí bhás, sannadh nó eile, tagtha ar na páirtithe a bheidh i dteideal nó faoi dhliteanas forghníomhú, agus go líomhnóidh páirtí é féin a bheith i dteideal de dhroim an athraithe amháin chéanna nó ar chúis eile na breithiúnais nó na horduithe i níos mó ná caingean nó ábhar amháin a chur i bhfeidhm, nó breithiúnas nó ordú a chur i bhfeidhm i gcoinne níos mó ná duine amháin, féadfaidh sé iarratas amháin a dhéanamh ar chead chun an phróis is gá a eisiúint i ngach ceann nó in aon cheann de na caingne nó na hábhair sin, nó i gcoinne gach duine nó aon duine de na daoine sin, agus ina sonrófar i sceideal a ghabhfaidh leis an iarratas sin na caingne nó na hábhair uile a mbeidh an t-iarratas sin á dhéanamh ina leith, agus ní fhéadfar ach aon ordú amháin a dhéanamh ar an iarratas sin i leith na gcaingne nó na n-ábhar sin uile nó aon chinn díobh, nó i leith na ndaoine sin uile nó aon duine díobh, agus, nuair a bheidh fógra faoi aon ordú den sórt sin á sheirbheáil ar aon duine dá ndéanfaidh sé difear is leor gan ach an chuid sin den ordú a dhéanfaidh difear don duine sin a leagan amach agus ní gá an chuid eile den ordú sin a leagan amach.

17. Formhuineofar ar gach ordú forghníomhaithe ainm agus áit ghnó an Aturnae a bheidh iarbhír ag déanamh agra i leith an chéanna, agus, mura mbeidh aon Aturnae fostaithe chun agra a dhéanamh i leith an ordaithe, ansin formhuineofar meabhrán air á rá go ndearna an páirtí an t-agra i leith an chéanna i bpearsa, agus luafar ann áit chónaithe agus seoladh poist an pháirtí sin.

18. Ní eiseofar aon ordú forghníomhaithe go dtí go mbeidh an páirtí ar mian leis go n-eiseofar é, nó a Aturnae, tar éis foréileamh ina leith a thaisceadh ina dtabharfar teideal na n-imeachtaí, dáta an bhreithiúnais, agus an ordaithe (más ann) lenar tugadh cead forghníomhú a eisiúint, agus ainmneacha agus tuairisc na bpáirtithe ar ina gcoinne, nó an ghnólachta ar i gcoinne a chuid earraí, a bheidh an t-ordú forghníomhaithe le heisiúint.

19. Beidh i ngach ordú forghníomhaithe chun airgead a ghnóthú ordachán don Sirriam chun an t-airgead a thobhach a bheidh dlite agus iníoctha agus a n-iarrtar é a ghnóthú faoi bhreithiúnas nó ordú na Cúirte, agus luafar an tsuim ann i slí le go mbeidh idirdhealú idir aon suim a luaitear a íocadh agus an tsuim a bheidh dlite i gcónaí, agus luafar ann na costais a dámhadh, mar aon le costais eisiúna an ordaithe forghníomhaithe, agus freisin chun ús a thobhach ar an airgead a bheidh dlite agus iníoctha, má iarrtar sin a ghnóthú, de réir cibé ráta a chinnfear ó am go ham ón am a taifeadadh nó a rinneadh breithiúnas nó ordú na Cúirte, mura n-ordóidh breithiúnas nó ordú na Cúirte a mhalairt.

20. Féadfar orduithe forghníomhaithe i leith earraí a eisiúint i gcomhthráth i níos mó ná aon Chontae amháin, ar choinníoll nach ndéanfar costais níos mó ná ordaithe amháin de bhun an bhreithiúnais chéanna a cheadú i gcoinne an fhéichiúnaí forghníomhaithe, ach amháin le hordú ón mBreitheamh.

21. Más rud é gur seirbheáladh fógra foriarratais chun féichiúnaí a chimiú, nó go ndearnadh ordú cimithe i gcoinne féichiúnaí, agus go mbeidh sé gan cur i gcrích, ní eiseofar ordú forghníomhaithe i leith earraí an fhéichiúnaí san imeacht céanna ach amháin le cead ón mBreitheamh, agus ar cibé téarmaí a fhorchuirfidh sé.

22. Féadfar tráth ar bith, ar na táillí forordaithe is iníoctha leis an Sirriam a íoc, ordú forghníomhaithe a tharraingt siar nó a fhionraí le fógra don Sirriam ón bpáirtí nó ón duine a rinne an t-agra ina leith.

23. Aon uair a thoibheofar aon airgead nó a íocfar é le Teachtaire Cúirte, faoi aon ordú forghníomhaithe nó faoi aon phróis eile, tabharfaidh an Teachtaire Cúirte admháil ar an gcéanna de réir na foirme a fhorordaítear i Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo i bhFoirm 24.

24. Féadfaidh an gearánaí nó an páirtí eile a mbeidh forghníomhú á iarraidh aige orduithe forghníomhaithe leithleacha a fháil i leith an fhaoisimh a tugadh faoi aon fhoraithne nó ordú agus i leith na gcostas a bhain leis sin.

25. I ngach breithiúnas a thabharfar nó ordú a dhéanfar in aon chúis nó ábhar á cheangal ar aon duine gníomh a dhéanamh a ordaítear leis an mbreithiúnas nó leis an ordú sin, luafar an tréimhse ama, nó an tréimhse ama tar éis an breithiúnas nó an t-ordú a sheirbheáil, ina mbeidh an gníomh le déanamh, agus ar an gcóip den bhreithiúnas nó den ordú a sheirbheálfar ar an duine a gceanglófar air géilleadh don chéanna formhuineofar meabhrán sna focail nó leis an éifeacht seo a leanas, eadhon:—

> ''Má fhaillíonn tusa, an A.B. atá ainmnithe anseo istigh, géilleadh don bhreithiúnas (nó don ordú) seo faoin am atá ceaptha anseo, dlífear próis fhorghníomhaithe lena n-áirítear príosúnacht a chur ort chun a chur d'iallach ort géilleadh don bhreithiúnas (nó don ordú) sin.''

26. Mura gcomhlíonfar ordú, urghaire nó breithiúnas sainordaitheach chun aon chonradh a shainchomhlíonadh, féadfaidh an Breitheamh, i dteannta nó in ionad imeachtaí i leith díspeagadh i gcoinne an pháirtí easumhail, a ordú go bhféadfaidh an páirtí a fuair an breithiúnas nó an t-ordú, nó duine éigin eile a cheapfaidh an Chúirt, an gníomh a cheanglaítear a dhéanamh a dhéanamh a mhéid is féidir, ar chostas an pháirtí easumhail, agus ar an ngníomh a bheith déanta, féadfar na costais a tabhaíodh a fhionnadh i cibé slí a ordóidh an Breitheamh, agus féadfar forghníomhú a eisiúint i leith na suime a fhionnfar amhlaidh, agus i leith cibé suime, más ann, a dhámhfaidh an Breitheamh i leith costas.

27. Clófar ar gach ordú forghníomhaithe, ag a bhun nó ar a chúl, cóip dhílis de sceideal na dtáillí is iníoctha leis an Sirriam i leith forghníomhú, de réir aon ordaithe a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire maidir le horduithe forghníomhaithe na Cúirte.

ORDÚ 37

ASTÚ AGUS CIMIÚ

1. Má mhainníonn an duine a bheidh faoi cheangal ag aon ordú ón gCúirt, seachas breithiúnas chun airgead a íoc, téarmaí an ordaithe sin a chomhlíonadh, féadfaidh an páirtí a bheidh i dteideal thairbhe an ordaithe sin fógra a sheirbheáil á cheangal ar an duine a bheidh faoi cheangal amhlaidh freastal sa Chúirt ar lá agus ag am a ainmneofar san fhógra sin chun cúis a shuíomh faoi nár cheart é a chimiú mar gheall ar a dhíspeagadh trí mhainneachtain déanamh de réir an ordaithe sin. Seirbheálfar an fógra sin go pearsanta i ngach cás mura n-ordóidh an Chúirt a mhalairt ar chúis mhaith. Thairis sin, sula ndéanfar an fógra sin a sheirbheáil, déanfar cóip den Ordú Cúirte a n-iarrtar go ndéanfaí dá réir a sheirbheáil go pearsanta ar an bpáirtí a ndearnadh an tOrdú ina choinne agus formhuiniú pionóis ar an gcóip sin.

2. Ní eiseofar aon ordú astaithe gan cead ón gCúirt, agus iarrfar an cead sin trí Fhoriarratas iar bhfógra chun an pháirtí a n-iarrtar go n-eiseofaí an t-astú ina choinne agus déanfar an fógra sin a sheirbheáil go pearsanta ar an duine a n-iarrtar go n-astófaí é. Thairis sin, sula ndéanfar an fógra sin a sheirbheáil, déanfar cóip den Ordú Cúirte a n-iarrtar go ndéanfaí dá réir a sheirbheáil go pearsanta ar an bpáirtí a ndearnadh an tOrdú ina choinne agus formhuiniú pionóis ar an gcóip sin.

3. Díreofar gach ordú astaithe nó cimithe mar gheall ar dhíspeagadh Cúirte chun Ceannfort an Gharda Síochána don cheantar ina mbeidh cónaí, nó fáil, ar an bpáirtí a bheidh le hastú nó le cimiú, nó chun cibé comhalta eile den Gharda Síochána a ordóidh an Chúirt.

4. Déanfaidh an páirtí arb ar a thionscnamh a fuarthas ordú astaithe nó cimithe an t-ordú sin a thaisceadh leis an oifigeach cuí chun a fhorghníomhaithe.

5. Aon duine a bheidh i gcoimeád faoi aon ordú astaithe nó cimithe féadfaidh sé a iarraidh ar an gCúirt é a scaoileadh, ar fhógra a thabhairt don pháirtí arb ar a thionscnamh a cimíodh é go bhfuil ar intinn aige an t-iarratas sin a dhéanamh.

ORDÚ 38

FIACHA A ASTÚ TRÍ GHAIRNISÍ

1. Féadfaidh an Chúirt, ar iarratas *ex parte* ó aon duine a fuair breithiúnas nó ordú chun airgead a ghnóthú nó a íoc leis, cibé acu sula ndéanfar aon cheistiú ó bhéal ar an bhféichiúnaí a bheidh faoi dhliteanas faoin mbreithiúnas nó faoin ordú sin nó tar éis an cheistithe sin, agus ar mhionnscríbhinn ón duine féin nó óna Aturnae, á rá gur gnóthaíodh an breithiúnas nó go ndearnadh an t-ordú agus go bhfuil sé gan sásamh fós, agus a mhéid atá sé gan sásamh, agus go bhfuil aon duine eile i bhfiacha ag an bhféichiúnaí sin agus go bhfuil an duine sin laistigh den dlínse, a ordú go ndéanfar na fiacha go léir a bheidh dlite nó ag fabhrú ón tríú duine sin (dá ngairtear an gairnisí anseo feasta) don fhéichiúnaí sin a astú chun freagairt don bhreithiúnas nó don ordú; agus féadfar a ordú leis an ordú céanna nó le haon ordú ina dhiaidh sin go láithreoidh an gairnisí os comhair na Cúirte chun cúis a shuíomh le nach ceart go n-íocfadh sé leis an duine a fuair an breithiúnas nó an t-ordú sin an fiach a bheidh dlite uaidh don fhéichiúnaí sin, nó an méid de is leor chun an breithiúnas nó an t-ordú a shásamh.

Sa riail seo folóidh ''aon duine eile'' gnólacht, a mbeidh cónaí ar aon chomhalta de laistigh den dlínse, agus féadfar ordú gairnisí a dhéanamh i gcoinne aon ghnólachta in ainm an ghnólachta; agus is láithriú dóthanach ag an ngnólacht é aon láithriú a dhéanfaidh aon chomhalta a bheidh in alt na huaire laistigh den dlínse de bhun aon ordaithe a dhéanfar faoin riail seo.

2. Beidh seirbheáil ordaithe den sórt sin ar an ngairnisí, nó fógra ina thaobh a thabharfar dó i cibé slí a ordóidh an Chúirt, ina ceangal ar na fiacha sin ina lámha.

3. Mura n-íocfaidh an gairnisí isteach sa Chúirt láithreach an tsuim a bheidh dlite uaidh don fhéichiúnaí a bheidh faoi dhliteanas faoi bhreithiúnas nó faoi ordú, nó suim is comhionann le méid an bhreithiúnais nó an ordaithe, agus nach ndíospóidfidh sé an fiach a bheidh dlite uaidh, nó a éilítear a bheith dlite uaidh, don fhéichiúnaí sin, nó mura láithreoidh sé, ansin féadfaidh an Breitheamh a ordú go n-eiseofar forghníomhú, agus féadfar é a eisiúint dá réir sin, gan aon fhógra roimh ré, chun an tsuim a bheidh dlite ón ngairnisí sin a thobhach, nó cibé méid di is leor chun an breithiúnas nó an t-ordú a shásamh, mar aon le costais na n-imeachtaí gairnisí.

4. Má dhíospóideann an gairnisí a dhliteanas, féadfaidh an Breitheamh, in ionad ordú a dhéanamh go n-eiseofar forghníomhú, a ordú go ndéanfar aon saincheist nó ceist is gá chun a dhliteanas a chinneadh a thriail nó a chinneadh in aon slí ina bhféadfar aon saincheist nó ceisteanna i gcaingean a thriail nó a chinneadh.

5. Aon uair a mhaífidh an gairnisí, in imeachtaí chun astú fiach a fháil, gur le tríú duine éigin an fiach a n-iarrtar é a astú, nó go bhfuil lian nó muirear ag aon tríú duine air, féadfaidh an Breitheamh a ordú don tríú

duine sin láithriú agus a rá cén cineál éilimh atá aige ar an bhfiach sin agus sonraí an éilimh sin a lua.

6. Tar éis dó aon tríú duine a éisteacht faoi ordú den sórt a luaitear i Riail 5, mar aon le haon duine eile a n-ordóidh an Chúirt dó láithriú, leis an ordú céanna nó le haon ordú ina dhiaidh sin, nó i gcás nach láithreoidh an tríú duine sin nuair a ordófar dó sin a dhéanamh, féadfaidh an Breitheamh a ordú go n-eiseofar forghníomhú chun an tsuim a bheidh dlite ón ngairnisí sin a thobhach, nó cibé méid di is leor chun an breithiúnas nó an t-ordú a shásamh, mar aon le costais na n-imeachtaí gairnisí, agus costais aon saincheiste nó ceiste a bheidh le triail nó le cinneadh de réir na Rialacha sin roimhe seo den Ordú seo, agus féadfaidh sé éileamh an tríú duine sin a urchosc, nó cibé ordú eile a dhéanamh is oiriúnach leis an mBreitheamh, ar cibé téarmaí, i ngach cás, maidir le lian nó muirear (más ann) an tríú duine sin, agus maidir le costais, is dóigh leis a bheith cóir.

7. Beidh íocaíocht a dhéanfaidh an gairnisí, nó forghníomhú a thoibheofar air, faoi aon imeacht den sórt sin a dúradh ina hurscaoileadh nó ina urscaoileadh bailí dó, i leith na suime a íocadh nó a toibhíodh, amhail i gcoinne an fhéichiúnaí a bheidh faoi dhliteanas faoi bhreithiúnas nó ordú, cé go bhféadfar an t-imeacht sin a chur ar ceal nó an breithiúnas nó an t-ordú a fhreaschur.

8. Coimeádfaidh an Cláraitheoir Contae leabhar astaithe fiach; agus taifeadfar sa leabhar sin an t-astú agus na himeachtaí ina leith, mar aon le hainmneacha, dátaí, agus ráitis i dtaobh an mhéid a ghnóthófar, agus eile; agus féadfaidh duine ar bith, ar iarratas a dhéanamh chun an Chláraitheora Contae, cóipeanna a thógáil d'aon taifid a dhéanfar ann.

9. Is faoi rogha an Bhreithimh a bheidh costais aon iarratais chun fiacha a astú, agus costais aon imeachtaí a éireoidh as an iarratas sin nó a ghabhfaidh leis, agus maidir le costais an chreidiúnaí breithiúnais, mura n-ordófar a mhalairt, déanfar iad a choinneáil as an airgead a bheidh gnóthaithe aige faoin ordú gairnisí i dtosaíocht ar mhéid an fhéich breithiúnais.

10. Más rud é go suífear gur i leith tuarastail nó pá a dhlitear an tsuim a astaíodh agus gur deimhin leis an mBreitheamh, dá n-astófaí an tsuim sin, go hiomlán nó go páirteach, nach mbeadh leorshuim fágtha ag an bhféichiúnaí breithiúnais chun é féin agus na daoine atá i gcleithiúnas air a chothabháil, féadfar an t-ordú a chur ar ceal, nó é a athrú ionas nach mbainfidh sé ach le hiarmhéid an phá nó an tuarastail sin tar éis suim a asbhaint is dóigh leis an mBreitheamh is leor chun an féichiúnaí agus a chleithiúnaithe a chothabháil.

11. Tar éis suim a bheith astaithe i lámha gairnisí, féadfaidh an féichiúnaí, má tá cúis mhaith dhóthanach aige chun sin a dhéanamh, a iarraidh ar an gCúirt an t-ordú gairnisí a urscaoileadh, agus féadfaidh an Breitheamh an t-ordú sin a athrú nó a urscaoileadh má mheasann sé gur suíodh an chúis sin.

ORDÚ 39

GLACADÓIR LE hAGHAIDH FORGHNÍOMHÚ I gCOTHROMAS

1. I ngach cás ina ndéanfar iarratas chun glacadóir le haghaidh forghníomhú i gcothromas a cheapadh, le linn don Bhreitheamh cinneadh a dhéanamh an cóir nó an caoithiúil an ceapachán sin a dhéanamh, tabharfaidh sé aird ar an méid den bhreithiúnas a bheidh ina sheilbh ag an iarratasóir, ar an méid is dóigh a gheobhaidh an glacadóir, agus ar na costais agus na caiteachais is dóigh a bhainfidh agus a ghabhfaidh le ceapadh an ghlacadóra sin, agus féadfaidh sé a ordú aon fhiosrúcháin i dtaobh na nithe sin nó nithe eile a dhéanamh sula gceapfaidh sé é. Déanfar an t-ordú ar cibé téarmaí a ordóidh an Breitheamh, maidir le costais agus eile, lena n-áirítear an glacadóir a dhul faoi urrús i gcásanna cuí.

2. Féadfar an t-ordú a dhéanamh ar iarratas *ex-parte*. Ní foláir an mhionnscríbhinn i dtacaíocht leis a bheith de réir cheanglais Riail I den Ordú deiridh roimhe seo, ach gur leor don ghearánaí a shuíomh go bhfuil cúis aige chun a chreidiúint go bhfuil suim airgid, nach gá gur fiach í, ina sheilbh ag duine éigin eile, nó go bhfuil duine éigin eile ar tí a híoctha leis an bhféichiúnaí breithiúnais nó thar a cheann, agus go bhfuil leas tairbhiúil ag an bhféichiúnaí breithiúnais sin sa tsuim sin.

3. Más rud é go ndéanfaidh an Chúirt ordú ag ceapadh glacadóra le haghaidh forghníomhú i gcothromas, is ordú daingean a bheidh ann, faoi réir cheart an fhéichiúnaí breithiúnais, nó duine eile dá ndéanfaidh sé difear, a iarraidh ar an gCúirt an t-ordú sin a urscaoileadh, agus ar iarratas den sórt sin a dhéanamh, féadfaidh an Breitheamh an t-ordú sin a athrú nó a urscaoileadh de réir mar is dóigh leis is ceart.

4. Féadfar ordú a dhéanamh ag ceapadh glacadóra le haghaidh forghníomhú i gcothromas i leith suime aonair, nó i leith suimeanna ar leithligh, nó i leith sraithe d'íocaíochtaí tréimhsiúla leanúnacha ina mbeidh leas tairbhiúil ag an bhféichiúnaí breithiúnais.

ORDÚ 40

IDIRPHLÉADÁIL

1. Féadfar faoiseamh i bhfoirm idirphléadála a thabhairt:—

(*a*) i gcás an duine a bheidh ag lorg faoisimh (dá ngairtear ''an t-iarratasóir'' san Ordú seo) a bheith faoi dhliteanas i leith aon fhéich, airgid, earraí nó airnéisí a mbeidh, nó ar dóigh leis go mbeidh, dhá pháirtí nó níos mó (dá ngairtear ''na héilitheoirí'' san Ordú seo), a mbeidh éilimh chodarsna á ndéanamh acu i leith an chéanna, á agairt ina leith;

(*b*) más rud é gur Sirriam, nó oifigeach eile a mbeidh forghníomhú próise curtha de chúram air ag an gCúirt nó faoi údarás na Cúirte, an t-iarratasóir, agus go mbeidh éileamh ar aon airgead, earraí nó airnéisí a tógadh nó a bheartófar a thógáil i bhforghníomhú faoi aon phróis, nó ar na fáltais as aon earraí nó airnéisí den sórt sin, nó ar a luach, á dhéanamh ag aon duine seachas an duine ar ina choinne a eisíodh an phróis.

2. Ní foláir don iarratasóir an Chúirt a shásamh le mionnscríbhinn nó ar shlí eile:—

(*a*) nach bhfuil aon leas san ábhar a bheidh faoi dhíospóid á éileamh ag an iarratasóir, ach amháin i leith muirear nó costas; agus

(*b*) nach bhfuil an t-iarratasóir claonpháirteach le haon duine de na héilitheoirí; agus

(*c*) go bhfuil an t-iarratasóir toilteanach íocaíocht a dhéanamh nó an t-ábhar a aistriú isteach sa Chúirt nó é a chur de láimh de réir mar a ordóidh an Breitheamh.

3. Ní bheidh an t-iarratasóir ó theideal chun faoisimh de bhíthin amháin nach ionann bunadh do theidil na n-éilitheoirí, ach go bhfuil siad i gcodarsna lena chéile agus neamhspleách ar a chéile.

4. Más rud é gur cosantóir an t-iarratasóir, féadfar iarratas ar fhaoiseamh a dhéanamh tráth ar bith tar éis an Bille Sibhialta a sheirbheáil.

5. Féadfaidh an t-iarratasóir Iarratas Idirphléadála de réir Fhoirm 3 i Sceideal na bhFoirmeacha atá ag gabháil leis seo a eisiúint ag fógairt ar na héilitheoirí láithriú agus cineál agus sonraí a n-éileamh a lua, agus na héilimh sin a shuíomh nó scaradh leo.

6. Más cosantóir i gcaingean a dhéanfaidh an t-iarratas, féadfaidh an Breitheamh gach imeacht eile sa chaingean a bhac.

7. Má láithríonn na héilitheoirí de bhun an iarratais, féadfaidh an Breitheamh a ordú go ndéanfar cosantóir d'aon éilitheoir in aon chaingean a tionscnaíodh cheana féin i leith an ábhair a bheidh faoi dhíospóid

in ionad nó i dteannta an iarratasóra, nó go ndéanfar saincheist idir na héilitheoirí a shonrú agus a thriail, agus sa chás deiridh sin féadfaidh sé a ordú cé acu de na héilitheoirí atá le bheith ina ghearánaí agus cé acu atá le bheith ina chosantóir.

8. Féadfaidh an Breitheamh, le toiliú na n-éilitheoirí araon, a n-éilimh a chinneadh go hachomair, agus ar cibé téarmaí is cóir.

9. Más rud é gur ceist dlí an cheist, agus nach mbeidh na fíorais faoi dhíospóid, féadfaidh an Breitheamh an cheist a chinneadh gan a ordú saincheist a thriail.

10. Más rud é, ar iarratas a sheirbheáil go cuí ar éilitheoir ag fógairt air láithriú agus a éileamh a shuíomh nó scaradh leis, nach láithreoidh sé de bhun an iarratais, nó, tar éis dó láithriú, go bhfailleoidh nó go ndiúltóidh sé aon ordú a dhéanfar tar éis dó láithriú a chomhlíonadh, féadfaidh an Breitheamh ordú a dhéanamh á dhearbhú go mbeidh sé féin, agus gach duine a bheidh ag éileamh faoi, urchoiscthe go deo i gcoinne an iarratasóra agus daoine a bheidh ag éileamh faoi, ach ní dhéanfaidh an t-ordú difear do chearta na n-éilitheoirí amhail eatarthu féin.

11. Ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt le reacht, is breithiúnas críochnaitheach dochloíte i gcoinne na n-éilitheoirí, agus i gcoinne gach duine a bheidh ag éileamh fúthu, an breithiúnas in aon chaingean nó in aon saincheist a ordófar a thriail nó a shonrú in imeacht idirphléadála, agus cinneadh an Bhreithimh ar mhodh achomair faoi Riail 8 den Ordú seo.

12. I gcás earraí nó airnéisí a bheith urghafa i bhforghníomhú ag sirriam, nó ag oifigeach eile a mbeidh forghníomhú próise de chuid na Cúirte curtha de chúram air, agus go líomhnóidh aon éilitheoir go bhfuil teideal aige faoi bhille díola nó ar shlí eile chun na n-earraí nó na n-airnéisí mar urrús ar fhiach, féadfaidh an Breitheamh a ordú iad go léir nó cuid díobh a dhíol, agus a ordú fáltais an díola a chur chun feidhme i cibé slí agus ar cibé téarmaí is cóir.

13. Beidh feidhm ag na rialacha a bhaineann le follasú, fara na modhnuithe is gá, maidir le himeachtaí idirphléadála.

14. Féadfaidh an Breitheamh, in aon imeachtaí idirphléadála nó chun críocha aon imeachtaí idirphléadála, gach ordú is cóir agus is réasúnach a dhéanamh maidir le costais agus maidir le gach ní eile.

15. Is i scríbhinn a dhéanfar éileamh ar aon earraí nó airnéisí a tógadh, nó a bheifear ar tí a thógáil, i bhforghníomhú faoi phróis na Cúirte, nó aon éileamh ina leith sin. Ar an éileamh a fháil, déanfaidh an Sirriam nó an t-oifigeach eile sin fógra ina thaobh a thabhairt láithreach don chreidiúnaí forghníomhaithe de réir Fhoirm 29 de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, nó i bhfoirm a mbeidh an éifeacht chéanna léi, agus déanfaidh an creidiúnaí forghníomhaithe, laistigh de cheithre lá tar éis dó an fógra a fháil, fógra a thabhairt don Sirriam nó

don oifigeach eile sin, de réir Fhoirm 30 de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, á rá go ngéilleann sé don éileamh nó go ndíospóideann sé é, san fhoirm atá sa Sceideal sin, nó i bhfoirm a mbeidh an éifeacht chéanna léi. Más rud é go ngéillfidh an creidiúnaí forghníomhaithe do theideal an éilitheora, agus go dtabharfaidh sé fógra mar a ordaítear leis an riail seo, ní bheidh sé faoi dhliteanas ag an Sirriam nó ag an oifigeach eile sin ach i leith aon táillí agus caiteachas a tabhaíodh sula bhfuarthas an fógra ag géilleadh don éileamh.

16. Más rud é nach ngéillfidh an creidiúnaí forghníomhaithe do theideal an éilitheora chun na n-earraí nó na n-airnéisí, nó nach ndéanfaidh sé an teideal sin a dhíospóid, i dtráth cuí, mar a ordaítear leis an riail deiridh roimhe seo, agus nach ndéanfaidh an t-éilitheoir a éileamh orthu a tharraingt siar trí fhógra i scríbhinn don Sirriam nó don oifigeach sin, féadfaidh an Sirriam nó an t-oifigeach sin iarratas idirphléadála a eisiúint, agus má dhéanann an t-éilitheoir a éileamh a tharraingt siar trí fhógra i scríbhinn don sirriam nó don oifigeach sin, nó má dhéanann an creidiúnaí forghníomhaithe géilleadh do theideal an éilitheora a sheirbheáil ar an gcuma chéanna roimh lá fillte an iarratais sin, agus fógra i dtaobh an ghéillte sin a thabhairt san am céanna don éilitheoir, féadfaidh an Breitheamh, sna himeachtaí idirphléadála agus chun críocha na n-imeachtaí sin, gach ordú is cóir a dhéanamh maidir le costais, táillí, muirir agus caiteachais.

ORDÚ 41

ACHOMHAIRC ÓN gCÚIRT DÚICHE

1. Nuair a dhéanfar achomharc i gcoinne aon bhreithe ón gCúirt Dúiche de réir Rialacha na Cúirte sin, tarchuirfidh Cléireach na Cúirte sin chuig an gCláraitheoir Contae:—

(i) i gcásanna sibhialta:—

(*a*) an toghairm bhunaidh, an Phróis Shibhialta bhunaidh nó an doiciméad bunaidh eile lenar tionscnaíodh na himeachtaí;

(*b*) an fógra achomhairc bunaidh;

(*c*) an dearbhú bunaidh nó reachtúil gur seirbheáladh an fógra achomhairc;

(*d*) an cúirtbhanna (más ann);

(ii) i gcásanna coiriúla:-

(*a*) cóip dheimhnithe den chiontú nó den ordú;

(*b*) an fógra achomhairc bunaidh;

(*c*) na teistíochtaí (más ann);

(*d*) ráiteas an chúisí i scríbhinn (más ann); agus

(*e*) an cúirtbhanna (más ann);

(*f*) an toghairm bhunaidh nó an doiciméad bunaidh eile lenar tionscnaíodh na himeachtaí;

(*g*) an banna nó an t-urrús eile a tugadh sa Chúirt Dúiche (más ann);

(iii) i gcásanna ceadúnúcháin:—

cóip dheimhnithe den Deimhniú nó den Ordú ón mBreitheamh a mbeifear ag achomharc ina choinne, agus an doiciméad bunaidh lenar tionscnaíodh na himeachtaí.

2. Seolfar an éisteacht ag an Suí a bheidh ar bun sa bhaile mór is gaire sa Chuaird don Teach Cúirte inar tugadh an bhreith a mbeidh an t-achomharc á dhéanamh ina coinne, mura n-ordóidh an Breitheamh a mhalairt.

3. Má ordaíonn an Chúirt amhlaidh, déanfaidh an t-achomharcóir an fhoraithne bhunaidh nó an díbhe bhunaidh, nó cóip dheimhnithe den fhoraithne nó den díbhe, a thabhairt ar aird tráth éisteachta an achomhairc.

4. Mura dtabharfar achomharc ar aghaidh, féadfaidh an Breitheamh a ordú do pháirtí déanta an achomhairc cibé costais agus caiteachais is

dóigh leis an mBreitheamh is cóir a íoc leis an bpáirtí a fuair fógra achomhairc.

5. Aon uair nach ndéanfar i gcás coiriúil achomharc ó Bhreitheamh den Chúirt Dúiche chun Breithimh den Chúirt Chuarda a thabhairt ar aghaidh, nó a dhaingneofar nó a athrófar an tOrdú bunaidh de dhroim achomhairc, nó a ordófar do cheachtar páirtí san achomharc suim shonraithe a íoc mar chostais, féadfaidh an Breitheamh a ordú don Chláraitheoir Contae gach barántas a eisiúint is gá agus is cuí chun an tOrdú bunaidh nó an tOrdú athraithe sin a fhorghníomhú agus chun íoc na gcostas sin a chur i bhfeidhm.

6. Má ordaítear le hOrdú an Bhreithimh den Chúirt Dúiche, arna dhaingniú nó arna athrú de dhroim achomhairc, aon duine a chur i bpríosún, féadfaidh an Breitheamh, ar an Ordú sin a dhaingniú nó a athrú dó, nó aon tráth sula n-eiseoidh Breitheamh den Chúirt Dúiche, nó an Cláraitheoir Contae, barántas chun an tOrdú sin, arna athrú nó arna dhaingniú amhlaidh, a fhorghníomhú, a ordú an duine sin a ghlacadh i gcoimeád láithreach, nó é a choinneáil i gcoimeád, agus é a phríosúnú go dtí go n-eiseofar an barántas sin.

7. I gcásanna ina mbeidh dlínse tugtha don Chúirt Dúiche le hAlt 77A den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1924, féadfaidh an Chúirt an ionstraim is gá chun go gcuirfí a breith i bhfeidhm a eisiúint, nó a cheadú go n-eiseodh an Chúirt Dúiche í de réir Alt 23 den Acht Cúirteanna Breithiúnais (An Chúirt Dúiche), 1946.

8. Tabharfaidh an Cláraitheoir Contae do Chléireach na Cúirte Dúiche a ndearnadh an t-achomharc ina coinne deimhniú ar airbheart gach ordaithe a rinne an Chúirt de dhroim an achomhairc, agus tabharfaidh sé ar ais don chléireach sin an toghairm bhunaidh, an Toghairm Shibhialta bhunaidh nó na doiciméid bhunaidh eile lenar tionscnaíodh na himeachtaí.

9. Féadfaidh an Chúirt, ar cibé téarmaí (más ann) a mheasfaidh sí a bheith réasúnach, an tréimhse ama le haghaidh gach achomhairc a dhéanfar de bhun fhorálacha Rialacha an Ordaithe seo a fhadú.

ORDÚ 42

ACHOMHAIRC CHUN NA CÚIRTE ACHOMHAIRC CHOIRIÚIL

1. Déanfar an t-iarratas ar Dheimhniú a cheanglaítear le hAlt 63 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1924, chun na Cúirte díreach ar thriail a chríochnú nó laistigh de thrí lá óna críochnú.

ORDÚ 43

DÍOLACHÁIN

1. Más léir, in aon chaingean nó ábhar i ndáil le talamh, gur gá nó gur fóirsteanach an talamh nó aon chuid di a dhíol, féadfaidh an Chúirt a ordú an céanna a dhíol agus cuirfear iallach ar aon pháirtí a bheidh faoi cheangal ag an ordú agus a bheidh i seilbh na talún, nó ag fáil chíosanna agus bhrabúis na talún, an tseilbh nó an fáltas sin a thabhairt suas don cheannaitheoir, nó do cibé duine eile a ordóidh an Chúirt.

2. I ngach cás ina n-ordófar talamh a dhíol, a mhorgáistiú, a idir-roinnt nó a mhalartú, beidh de chumhacht ag an gCúirt, i dteannta na gcumhachtaí atá ar marthain cheana féin, a údarú go ndéanfar é sin:

(*a*) trí thograí a leagan faoi bhráid na Cúirte lena gceadú ag an gCúirt; nó

(*b*) trí imeachtaí lasmuigh de Chúirt, agus íocfar isteach sa Chúirt, nó le hiontaobhaithe, aon airgead a thiocfaidh as sin, nó déileálfar leis thairis sin de réir mar a ordóidh an Chúirt;

ar choinníoll i gcónaí nach n-údaróidh an Breitheamh talamh a dhíol lasmuigh de Chúirt mura deimhin agus go dtí gur deimhin leis go bhfuil gach duine ag a bhfuil leas sna tailte a bheidh le díol, le morgáistiú, le hidir-roinnt nó le malartú os comhair na Cúirte, nó faoi cheangal ag an ordú díola, morgáistithe, idir-roinnte, nó malartaithe.

3. Nuair a ordófar aon mhaoin a dhíol, ordófar san ordú cé air a mbeidh cúram an díolacháin, agus cá háit a ndéanfar an díolachán, agus cé a ullmhóidh na coinníollacha agus na conarthaí díolacháin agus an achomaireacht teidil, más gá a leithéid. Aon uair a ordófar, i gcaingean chun eastát éagaigh a riaradh nó chun iontaobhais ionstraime scríofa a fhorghníomhú, aon mhaoin a dhíol a bheidh dílsithe d'aon seiceadóir, riarthóir nó iontaobhaí, tabharfar seoladh an díolacháin sin don seiceadóir, don riarthóir nó don iontaobhaí sin, mura n-ordóidh an Breitheamh a mhalairt.

4. Féadfaidh an Breitheamh aon ábhar a bhainfidh le himscrúdú an teidil chun aon talún, d'fhonn airgead a infheistiú ina ceannach nó ar a morgáistiú, nó d'fhonn í a dhíol, nó d'fhonn dréacht nó tíolacas, morgáiste, socraíocht nó ionstraim eile a shocrú, nó aon ábhar eile is oiriúnach leis an mBreitheamh, a tharchur chun Abhcóide a cheapfaidh sé.

5. I gcás ina n-ordófar i mbreithiúnas nó in ordú aon mhaoin a dhíol déanfar, mura n-ordófar a mhalairt, í a dhíol leis an gceannaitheoir is fearr, agus má fhormheasann an Chúirt an díolachán, beidh na páirtithe cuí uile comhpháirteach sa díolachán agus sa tíolacas de réir mar a ordóidh an Chúirt.

6. Más léir, in aon chaingean nó ábhar i ndáil le hearraí nó airnéisí, gur gá nó gur fóirsteanach na hearraí nó na hairnéisí sin, nó aon earraí

nó airnéisí díobh, a dhíol, féadfaidh an Breitheamh a ordú go ndéanfaidh aon duine nó daoine a ainmneofar san ordú sin an díol sin, agus go ndéanfar sin i cibé slí agus ar cibé téarmaí is inmhianaithe leis, agus in aon chás inar earraí nó airnéisí meatacha na hearraí nó na hairnéisí sin, nó gur dóigh dóibh meathlú má choimeádtar iad, nó inarb inmhianaithe ar aon leorchúis chóir eile go ndíolfaí láithreach iad, féadfar an t-ordú díolacháin sin a dhéanamh tráth ar bith tar éis na himeachtaí a thionscnamh.

ORDÚ 44

URRÚS

1. Más rud é go n-éileofar banna nó cúirtbhanna ar dhuine ar bith, féadfaidh an Breitheamh a údarú go nglacfar le hionstraim arna forghníomhú ag aon duine sócmhainneach nó corparáid shócmhainneach (lena n-áirítear Cuideachta Árachais) a fhormheasfaidh sé. Aithriseofar i ngach banna nó cúirtbhanna den sórt sin go mbeidh an duine nó an chorparáid a mbeidh an céanna á fhorghníomhú aige nó aici faoi cheangal nó i bhfiacha, de réir mar a bheidh, ag an mBreitheamh a mbeidh na himeachtaí ina Chuaird de thuras na huaire.

2. Forghníomhófar gach banna nó cúirtbhanna i láthair an Bhreithimh, nó an Chláraitheora Contae, nó Coimisinéara chun daoine a chur faoi mhionn don Ard-Chúirt, nó i gcás an duine a bheidh ag dul sa bhanna nó sa chúirtbhanna sin a bheith ina chónaí lasmuigh d'Éirinn, nó a bheith lasmuigh d'Éirinn de thuras na huaire, os comhair aon duine a bheidh údaraithe go cuí chun daoine a chur faoi mhionn san áit ina mbeidh gnáthchónaí ar an duine sin nó ina mbeidh sé.

3. Ní gá aon bhanna ná cúirtbhanna a rollú, ach comhdófar an céanna san Oifig, agus ina dhiaidh sin féadfar é a shannadh nó féadfaidh an Breitheamh déileáil leis ar cibé slí eile is cóir.

4. Déanfaidh gach urra mionnscríbhinn go bhfuil sé leoracmhainneach, mura ligfidh an Breitheamh an mhionnscríbhinn sin thar ceal.

5. Ní rachaidh an Cláraitheoir Contae ná aon Oifigeach a bheidh ag gabháil leis an gCúirt in urra ar dhuine ar bith in aon chás ina mbeidh, de réir chleachtas na Cúirte, gá le hurrús.

ORDÚ 45

RIARTHÓIRÍ *PENDENTE LITE* AGUS GLACADÓIRÍ

1. Tráth ar bith i gcúrsa aon imeachta nuair is léir don Bhreitheamh é a bheith fóirsteanach riarthóir *pendente lite* nó glacadóir a cheapadh, féadfar an ceapachán sin a dhéanamh cibé acu a iarrfar é nó nach n-iarrfar é mar chuid den fhaoiseamh sa Bhille Sibhialta nó sa doiciméad tionscnaimh eile.

2. Más rud é go ndéanfar ordú á ordú riarthóir *pendente lite* nó glacadóir a cheapadh, tabharfaidh an duine a bheidh le ceapadh, mura n-ordófar a mhalairt, urrús a bheidh le formheas ag an mBreitheamh go gcomhlíonfaidh sé go dílis a dhualgais, agus tabharfaidh sé cuntas go cuí maidir lena bhfaighidh sé mar riarthóir nó glacadóir den sórt sin, agus íocfaidh sé an céanna de réir mar a ordóidh an Breitheamh. Mura n-ordófar a mhalairt, ceadófar luach saothair nó liúntas cuí don duine a cheapfar amhlaidh.

3. Nuair a cheapfar riarthóir *pendente lite* nó glacadóir agus é ordaithe dó cuntais a fhaomhadh, socróidh an Cláraitheoir Contae, faoi ordú na Cúirte, an lá nó na tráthanna a dtaiscfidh agus a ndeimhneoidh sé na cuntais sin, agus freisin na laethanta nó na tráthanna a n-íocfaidh sé na hiarmhéideanna ar léir iad a bheith dlite ar na cuntais a bheidh taiscthe amhlaidh, nó cibé cuid díobh a ndeimhneofar gur cuí dó í a íoc, agus maidir le haon riarthóir nó glacadóir den sórt sin a fhailleoidh a chuntais a thaisceadh nó a fhaomhadh, nó iarmhéid na gcuntas sin a íoc, an tráth a bheidh socraithe chuige sin, féadfaidh an Breitheamh ó am go ham an tuarastal nó an liúntas a bheidh á éileamh ag an riarthóir nó ag an nglacadóir sin a dhícheadú; agus féadfaidh sé ús a mhuirearú air de réir cibé ráta a chinnfear ó am go ham ar an iarmhéid a mbeidh faillithe aige amhlaidh a íoc le linn na tréimhse ama ar léir an céanna a bheith ar láimh ag aon riarthóir nó glacadóir den sórt sin.

4. Scríobhfar cuntais riarthóirí agus glacadóirí den sórt sin dála leabhair, ar pháipéar de thoise A4, agus déanfar ítimí gach cuntais a uimhriú go leantach; fíorófar na cuntais le mionnscríbhinn agus gairfear foilseáin díobh inti.

5. Beidh de chead ag riarthóir nó glacadóir den sórt sin, gan aon ordú sainráite, gach gnáth-eisíocaíocht a íoc, ach is faoi ordú na Cúirte amháin a dhéanfar gach íocaíocht eile.

ORDÚ 46

AN *COUNTY OFFICERS AND COURTS (IRELAND) ACT,* 1877; NA hACHTANNA UM THALAMH SOCRAITHE; NA hACHTANNA UM FHAOISEAMH d'IONTAOBHAITHE; AGUS ACHTANNA NA nIONTAOBHAITHE

1. Déanfar imeachtaí faoi Alt 33 (*i*) agus (*k*) den *County Officers and Courts (Ireland) Act*, 1877, arna leathnú leis an bPríomh-Acht, nó faoi na hAchtanna um Thalamh Socraithe, na hAchtanna um Fhaoiseamh d'Iontaobhaithe nó Achtanna na nIontaobhaithe (seachas imeachtaí chun go n-íocfaidh Iontaobhaithe airgead isteach sa Chúirt) a thionscnamh trí Bhille Sibhialta de réir Fhoirm 2B de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo a eisiúint, agus is maidir leis an Acht faoina mbeidh an t-imeacht á thionscnamh agus leis an iontaobhas nó an tsocraíocht, de réir mar a bheidh, an teideal a bheidh air, agus is ''Bille Sibhialta Cothromais'' an teideal a bheidh ar an mBille Sibhialta sin.

2. Cuirfear ag bun gach Bille Shibhialta Cothromais faoin Ordú seo a thíolacfar don Chúirt, agus ag bun gach cóipe de, ainmneacha agus seoltaí na ndaoine a mbeartófar é a sheirbheáil orthu; agus, mura mbeartófar é a sheirbheáil ar aon duine, tabharfar ráiteas sa chéill sin ag bun an Bhille Shibhialta agus ag bun gach cóipe de.

3. Nuair nach mbeartófar Bille Sibhialta a sheirbheáil ar aon duine, déanfaidh an Cláraitheoir Contae, ar é a eisiúint, áit éisteachta agus lá agus am le haghaidh na héisteachta a fhormhuiniú ar an mBille Sibhialta arna leasú go cuí agus ar chóip shéalaithe de.

4. Ar aon Bhille Sibhialta, nó aon fhoriarratas faoi Bhille Sibhialta, a éisteacht, déanfar na fíorais ar a mbeifear ag seasamh i dtacaíocht leis an gcéanna nó ina choinne a chruthú le mionnscríbhinn mura n-ordóidh an Breitheamh a mhalairt.

5. Féadfaidh an Breitheamh aon ábhar a tharchur chun an Chláraitheora Contae chun fiosrúcháin a dhéanamh agus tuarascáil a thabhairt ar thoradh na bhfiosrúchán sin.

6. Aon duine ar mian leis airgead a íoc, stoc a aistriú, nó urrús a thaisceadh ar iontaobhas le freastal ar orduithe na Cúirte, déanfaidh sé agus comhdóidh sé san Oifig mionnscríbhinn arb é an teideal a bheidh uirthi ná maidir leis an Acht faoina mbeidh an t-imeacht á thionscnamh agus leis an iontaobhas áirithe, agus ina leagfar amach—

(*a*) a ainm féin, a sheoladh, agus a thuairisc;

(*b*) an áit ina mbeidh aon ordú ón gCúirt nó aon fhógra faoi aon ábhar nó ordú, nó aon doiciméad a bhainfidh leis an gciste iontaobhais, le seirbheáil air;

(*c*) an méid airgid, stoic, nó urrúis a bheartóidh sé a íoc, a aistriú, nó a thaisceadh ar iontaobhas le freastal ar orduithe na Cúirte;

(*d*) gearrthuairisc ar an iontaobhas nó ar chineál nó ábhar na hionstraime á bhunú;

(*e*) ainmneacha, seoltaí, agus tuairiscí na ndaoine a mbeidh leas acu sa chiste nó teideal acu chuige, de réir mar is fearr is eol don teisteoir agus mar a chreideann sé; agus

(*f*) go mbeidh an teisteoir sásta freagra a thabhairt ar gach uile fhiafraí maidir le feidhmiú an airgid a íocfar isteach, nó an stoic a aistreofar, nó an urrúis a thaiscfear is cuí leis an mBreitheamh a dhéanamh nó a ordú.

7. Ar an gCláraitheoir Contae d'fháil na mionnscríbhinne sin déanfaidh sé meabhrán i dtaobh an lae ar comhdaíodh í a fhormhuiniú uirthi, agus nuair a bheidh an mhionnscríbhinn sin formhuinithe amhlaidh measfar chun gach críche gur comhdaíodh í mar a bheidh formhuinithe uirthi.

8. Aon duine a mbeidh an mhionnscríbhinn sin á comhdú aige féadfaidh sé deimhniú, arb é an teideal a bheidh air ná maidir leis an Acht faoina mbeidh an t-airgead le taisceadh, an stoc le haistriú, nó an t-urrús le taisceadh, agus leis an iontaobhas áirithe, a fháil ón gCláraitheoir Contae á dheimhniú gur comhdaíodh an mhionnscríbhinn.

9. I gcás airgid, féadfaidh an duine a mbeidh an mhionnscríbhinn sin á comhdú aige ionpháirteacht a fháil láithreach ón gCláraitheoir Contae agus an tsuim a thaisceadh sa Chúirt chun creidmheasa ar leithligh an iontaobhais áirithe. Air sin taifeadfaidh an Cláraitheoir Contae go bhfuarthas na cistí.

10. I gcás stoic, féadfaidh an duine a mbeidh an mhionnscríbhinn sin á comhdú aige, ar an deimhniú a luaitear sa riail leathdheireanach roimhe seo a fháil, an stoc a aistriú chun ainm an Chláraitheora Contae ar iontaobhas le freastal ar orduithe na Cúirte, agus déanfaidh sé láithreach an deimhniú aistrithe a fhágáil leis an gCláraitheoir Contae, agus déanfaidh seisean meabhrán i dtaobh an lae agus an ama a bhfuair sé é a fhormhuiniú air láithreach.

11. I gcás aon urrúis eile, féadfaidh an duine a mbeidh an mhionnscríbhinn á comhdú aige an t-urrús a thaisceadh láithreach leis an gCláraitheoir Contae in ainm an Chláraitheora Contae ar iontaobhas le freastal ar orduithe na Cúirte, agus déanfaidh an Cláraitheoir Contae meabhrán i dtaobh an lae agus an ama ar taisceadh an t-urrús leis a fhormhuiniú láithreach ar an mionnscríbhinn.

12. Ar an bhfáil nó an deimhniú aistrithe a thaifeadadh, nó ar dheimhniú gur taisceadh urrús a thabhairt, cuirfidh an Cláraitheoir Contae taifead sa Leabhar Taifid cuí i dtaobh theideal an iontaobhais áirithe agus na suime airgid a íocadh, nó i dtaobh sonraí faoin stoc a aistríodh

nó faoin urrús a taisceadh, agus i dtaobh ainmneacha agus sheoltaí na ndaoine a rinne an íocaíocht, an t-aistriú nó an taisceadh sin, agus i dtaobh ainmneacha na ndaoine go léir ar luadh sa mhionnscríbhinn go bhfuil leas acu san airgead nó sa stoc nó san urrús sin nó go bhfuil teideal acu chuige, nó atá á éileamh sin, agus i dtaobh sheoltaí agus thuairiscí na ndaoine sin mar a tugadh iad sa mhionnscríbhinn, agus déanfaidh sé fógra ina mbeidh sonraí faoin íocaíocht, faoin aistriú nó faoin taisceadh a chur láithreach leis an bpost chuig gach duine de na daoine sin is déanaí a luaitear ag an seoladh a tugadh sa mhionnscríbhinn.

13. Féadfaidh aon duine a bheidh i dteideal aon chistí sa Chúirt, nó a bheidh ag éileamh leas a bheith aige iontu, nó féadfaidh an t-iontaobhaí ar mian leis treorú na Cúirte a fháil maidir leis na cistí go léir nó le haon chuid díobh, nó maidir leis an ioncam go léir astu nó le haon chuid de, a infheistiú nó a íoc amach nó a dháileadh, Bille Sibhialta a eisiúint ina leagfar amach an t-iontaobhas áirithe ina mbeidh sé ag déanamh an iarratais, agus substaint an ordaithe a bheidh sé ag iarraidh a fháil, agus ina n-iarrfaidh sé ordú agus treorú na Cúirte maidir leis na cistí a íocadh isteach sa Chúirt amhlaidh agus le cearta gach duine chucu. Seirbheálfaidh an gearánaí sin cóip den Bhille Sibhialta ar gach duine a mbeidh leas aige sna cistí sin, nó a bheidh á éileamh nó ar léir leas a bheith aige iontu.

14. Más rud é go mbainfidh an Bille Sibhialta le caipiteal ciste a bheidh sa Chúirt, déanfar an t-iontaobhaí, agus gach duine a mbeidh leas aige sa chiste sin, a ainmniú sa Bhille Sibhialta mar dhaoine a mbeartófar an Bille Sibhialta a sheirbheáil orthu; agus más rud é nach mbainfidh an Bille Sibhialta ach le hioncam an chiste iontaobhais ní ainmneofar amhlaidh ach an t-iontaobhaí, mura n-ordóidh agus go dtí go n-ordóidh an Breitheamh a mhalairt.

15. Más rud é go mbainfidh duine ar bith leas as forálacha an Ordaithe seo gan leorchúis, féadfaidh an Breitheamh a ordú don duine sin a chostais féin a iompar, agus costais aon daoine eile a íoc, nó aon chuid de na costais sin faoi seach a iompar agus a íoc.

ORDÚ 47

DAOINE MÍMHEABHRACHA

1. Déanfar gach iarratas tionscnaimh chun na Cúirte chun a dhearbhú duine a bheith ina dhuine mímheabhrach a thionscnamh le Bille Sibhialta i bhFoirm 2F de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, ar Bille Sibhialta maidir le Cumas é, arna shíniú ag an iarratasóir agus ag a Aturnae (más ann), agus sula n-eiseofar an Bille Sibhialta sin comhdófar dhá mhionnscríbhinn, ar duine éigin a mbeidh suim aige i soileas an duine a mbeifear á líomhain gur duine mímheabhrach é a dhéanfaidh ceann acu agus ar liachleachtóir a dhéanfaidh an ceann eile.

2. Leagfar amach i mionnscríbhinn an duine a mbeidh suim aige i soileas an duine sin:—

(i) ainm agus áit chónaithe an duine a mbeifear á líomhain gur duine mímheabhrach é agus ainm agus áit chónaithe a neasghaoil, chomh fada agus is eol don teisteoir an céanna; agus

(ii) an fhianaise ar an mímheabhair a bheidh á líomhain, go bhfios don teisteoir go pearsanta; agus

(iii) sonraí na maoine is gá a chosaint agus a chur chun feidhme chun tairbhe don duine sin.

3. Leagfar amach go soiléir agus go sonrach i mionnscríbhinn an liachleachtóra:—

(i) cineál na mímheabhrach a bheidh á líomhain; agus

(ii) an fhianaise maidir le hiompar, comhrá, gníomhartha agus cúiseanna corpartha ar a mbeidh tuairim an teisteora i dtaobh slánmheabhrach nó mímheabhrach bunaithe.

4. Eiseoidh an t-iarratasóir nó a Aturnae an Bille Sibhialta agus na mionnscríbhinní leis an gCláraitheoir Contae, agus, chomh luath agus is féidir tar éis a n-eisiúna, cuirfidh sé faoi deara go seirbheálfar cóip den Bhille Sibhialta sin ar an duine a mbeifear á líomhain gur duine mímheabhrach é, agus ar an duine a mbeidh cónaí air leis, nó a mbeidh sé faoina chúram, mar aon le fógra gur eisíodh na mionnscríbhinní sin.

5. Déanfar Láithreas agus Cosaint i leith an Bhille Shibhialta sin a thaifeadadh agus a sheachadadh, de réir mar a bheidh, sa tslí agus laistigh de na tréimhsí ama a shonraítear in Ordú 15.

6. Ar dhul in éag don tréimhse ama le haghaidh Láithris, nó, i gcás inar taifeadadh Láithreas, ar dhul in éag don tréimhse ama le haghaidh Cosanta, féadfaidh an t-iarratasóir nó a Aturnae fógra trialach a sheirbheáil, agus déanfaidh sé an céanna a sheirbheáil ar gach duine ar ar seirbheáladh an Bille Sibhialta, agus ar cibé daoine eile (más ann) a thaifead láithreas ina leith.

7. Mura seirbheálfaidh an t-iarratasóir nó a Aturnae fógra trialach laistigh de dheich lá tar éis sheachadadh na Cosanta, ansin féadfaidh an duine a mbeifear á líomhain gur duine mímheabhrach é, nó aon duine a mbeidh láithreas taifeadta aige thar a cheann, é a sheirbheáil, nó a iarraidh ar an gCúirt, le foriarratas iar bhfógra don iarratasóir, an Bille Sibhialta a dhíbhe d'uireasa é a thabhairt ar aghaidh nó fógra trialach a sheirbheáil de réir Ordú 33, rialacha 4 agus 5, de na Rialacha seo.

8. Ar an mBille Sibhialta sin a éisteacht, féadfaidh an Breitheamh, mura leor leis an fhianaise i dtacaíocht leis an iarratas, cibé fianaise eile a éileamh is dóigh leis is gá nó is fóirsteanach, agus féadfaidh sé a ordú do liachleachtóir, seachas an cleachtóir ar ar a mhionnscríbhinn a forasaíodh an Bille Sibhialta, tuarascáil a thabhairt faoi rún don Bhreitheamh ar imthosca an cháis, agus féadfaidh sé an éisteacht a chur ar atráth go dtí go bhfaighidh sé an tuarascáil sin.

9. Más dóigh leis an mBreitheamh, ar an mBille Sibhialta a éisteacht, gur duine mímheabhrach an duine sin agus nach bhfuil ar a chumas a phearsa ná a mhaoin a bhainistí, agus gur gá an mhaoin a chosaint agus a chur chun feidhme chun tairbhe dó, féadfaidh sé a dhearbhú an duine sin a bheith ina dhuine mímheabhrach agus nach bhfuil ar a chumas a phearsa ná a mhaoin a bhainistí, agus gur gá an mhaoin sin a chosaint agus a chur chun feidhme chun tairbhe dó; agus sa chás sin ceapfaidh sé, nó tabharfaidh sé orduithe chun go gceapfar, caomhnóir ar phearsa agus ar mhaoin an duine sin, agus féadfaidh sé cúram an duine sin agus bainistí a mhaoine a chur ar an gcaomhnóir sin. In aon chás inar cuí leis an mBreitheamh é, féadfaidh sé daoine éagsúla a cheapadh ina gcaomhnóirí ar an bpearsa agus ar an maoin. Más rud é go ndéanfar ordú á ordú caomhnóir nó caomhnóirí den sórt sin a cheapadh, tabharfaidh an duine a bheidh le ceapadh, mura n-ordófar a mhalairt, urrús a bheidh le formheas ag an mBreitheamh go gcomhlíonfaidh sé go dílis a dhualgais, agus tabharfaidh sé cuntas go cuí maidir lena bhfaighidh sé mar chaomhnóir den sórt sin, agus íocfaidh sé an céanna de réir mar a ordóidh an Breitheamh.

10. In aon chás ina ndearbhóidh an Breitheamh duine a bheith ina dhuine mímheabhrach agus nach bhfuil ar a chumas a phearsa ná a mhaoin a bhainistí, nó in aon chás ina ndíbhfidh sé an Bille Sibhialta, féadfaidh an Breitheamh cibé ordú is ceart leis a dhéanamh maidir le costais agus caiteachais a bhainfidh agus a ghabhfaidh leis na himeachtaí.

11. Lamhálfar cibé táille is cuí leis an mBreitheamh don liachleachtóir a thabharfaidh cuairt agus tuarascáil faoi threoir na Cúirte. Déileálfaidh an Breitheamh leis an táille sin agus beidh sí ina cuid de chostais na n-imeachtaí, ach is é an t-achainíoch, nó an tAturnae ar a mbeidh cúram na n-imeachtaí, de réir mar a ordóidh an Breitheamh, a íocfaidh í sa chéad ásc.

12. Féadfaidh an Breitheamh tráth ar bith a ordú go ndéanfar aon chiste, ar maoin de chuid an duine mhímheabhraigh é, a infheistiú i cibé urrúis, agus faoi réir cibé coinníollacha, is cuí leis an mBreitheamh, agus a ordú go ndéanfaidh caomhnóir na maoine cibé cuntais a fhaomhadh is

dóigh leis an mBreitheamh is gá, cibé tráth agus i cibé slí a cheapfaidh an Breitheamh, agus tógfaidh an Cláraitheoir Contae gach cuntas den sórt sin agus comhdófar san Oifig é.

13. Má mhéadaíonn luach na maoine, cuirfidh an caomhnóir an méid sin in iúl don Chláraitheoir Contae; agus má mhéadaítear an mhaoin thar dhlínse na Cúirte leis an méadú sin, cuirfidh an Cláraitheoir Contae an méid sin in iúl don Chúirt agus do Chláraitheoir na gCoimircithe Cúirte.

14. Nuair a bheidh an Chúirt tar éis aon bhreithiúnas nó ordú a dhéanamh á dhearbhú aon duine a bheith ina dhuine mímheabhrach agus nach bhfuil ar a chumas a phearsa ná a mhaoin a bhainistí, déanfaidh an Cláraitheoir Contae fógra i dtaobh an bhreithiúnais nó an ordaithe sin, mar aon le cóip shéalaithe de, a chur láithreach chuig Cláraitheoir na gCoimircithe Cúirte, agus leagfar amach san fhógra sin an méid maoine is eol an tráth sin a bheith ag an duine sin agus an t-ioncam glan uaithi.

15. Más rud é, faoi ordú ón gCúirt, go gcónóidh aon duine i bhforas nó in ospidéal meabhairghalar chun gealta a aireachasú, déanfaidh duine de Chigirí na nOspidéal Meabhairghalar tuarascáil faoi aireachasú, cóireáil agus bail ghinearálta an duine sin a chur ar aghaidh chuig an gCláraitheoir Contae uair sa bhliain, mar eolas don Chúirt.

16. Déanfaidh gach caomhnóir ar dhuine mímheabhrach, uair sa bhliain ar a laghad, agus a mhinice a cheanglóidh an Chúirt air é, tuairisceán a thabhairt don Chláraitheoir Contae ina leagfar amach, chomh cruinn agus is indéanta in imthosca gach cáis, na sonraí a cheanglaítear ar Chúramaithe Gealt a thabhairt do Chláraitheoir na gCoimircithe Cúirte faoi na hOrduithe Ginearálta um Ghealtacht (27 Meitheamh, 1879) nó faoi cibé Orduithe Ginearálta eile a bheidh i bhfeidhm ó am go ham.

17. Féadfaidh an Chúirt aon duine mímheabhrach a breithníodh ina dhuine mímheabhrach a scaoileadh ó rialú agus rialáil na Cúirte ar an gCúirt a bheith deimhin de go bhfuil a shláinte ó thaobh meabhrach de agus a chumas chun a mhaoin a bhainistí tugtha ar ais dó; ach ní dhéanfaidh an Chúirt aon ordú chun é a scaoileadh go dtí go mbeidh an duine a bheidh le scaoileadh scrúdaithe ag an mBreitheamh féin.

18. Ar bhás aon duine mhímheabhraigh a breithníodh ina dhuine mímheabhrach, beidh de dhualgas ar na caomhnóirí arna gceapadh ag an gCúirt deimhniú nó fianaise eile ar bhás an duine sin a chomhdú leis an gCláraitheoir Contae, mar aon le ráiteas fíoraithe ina leagfar amach imthosca mhaoin an duine sin, agus na héilimh, más ann, a bheidh i gcoinne na maoine sin i leith costas, cothabhála, nó eile, maidir leis an ngealtacht, agus, ar an mBreitheamh a bheith deimhin de go bhfuil na héilimh sin go léir glanta go cuí, agus (má éilíonn an Breitheamh é) ar phrobháid nó litreacha riaracháin a fhoilseánadh don Chláraitheoir Contae, déanfaidh an Breitheamh, le hordú, a ordú an t-ábhar a dhíbhe as dlínse na Cúirte.

19. Gach iarratas chun na Cúirte tar éis an bhreithiúnais ar Bhille Sibhialta maidir le Cumas, déanfar é le foriarratas dar foras mionn-scríbhinn ina leagfar amach na fíorais is iomchuí maidir leis an iarratas.

20. Faoi réir na rialacha sin roimhe seo, beidh feidhm ag na rialacha agus ag an gcleachtas i ndáil le daoine mímheabhracha agus le coimirc-íocht a bhainfidh de thuras na huaire le dlínse Uachtarán na hArd-Chúirte, a mhéid is infheidhme, maidir le gach imeacht i leith daoine mímheabhracha sa Chúirt Chuarda.

ORDÚ 48

CUNTAIS

1. Nuair a ordófar don Chláraitheoir Contae fiosrúcháin a dhéanamh nó cuntais a thógáil, seachas le linn do chás a bheith á éisteacht iarbhír ag an mBreitheamh agus mar chuid den chás sin, ordóidh sé, le toghairm, a bheidh le cur ar ais seacht lá ar a laghad ó dháta na toghairme, arna díriú chun na bpáirtithe uile a bheidh i dteideal nó a gceanglófar orthu freastal, do na páirtithe sin freastal os a chomhair san Oifig, nó i cibé áit eile a ordóidh an Chúirt, chun dul ar aghaidh leis na fiosrúcháin nó na cuntais sin.

2. Suífidh an Cláraitheoir Contae san am agus san áit a cheapfar, nó ag aon suí atrátha, agus éistfidh sé na páirtithe leasmhara go léir nó a nAturnaetha.

3. Nuair a dhéanfaidh an Chúirt fógráin a ordú, cuirfidh an Cláraitheoir Contae faoi deara go n-ullmhófar iad agus luafar iontu am, áit agus cuspóir an tsuí sin, agus foilseofar iad tráth nach déanaí ná ceithre lá dhéag roimh dháta an tsuí sin.

4. Faoi réir aon treoruithe nó rialuithe ón gCúirt nó ón gCláraitheoir Contae, glacfar le haon leabhair ina mbeidh cuntais pháirtí tabhartha na gcuntas, nó aon chuid de na cuntais sin, coimeádta, mar fhianaise *prima facie* ar fhírinne na n-ábhar a bheidh sna leabhair sin.

5. I ngach fógrán a eiseofar de bhun aon bhreithiúnais nó ordaithe, is fógrán do chreidiúnaithe, d'eireadóirí nó do dhaoine eile a mbeidh aon éileamh acu ar leas aon duine i ndáileadh aon sócmhainní nó airgid a bheidh le fionnadh, le riaradh nó le dáileadh ag an gCúirt, ordófar don chreidiúnaí, don eireadóir nó don duine eile sin a ainm, a sheoladh, sonraí iomlána a éilimh nó a leasa, ráiteas ar a chuntas, agus cineál an urrúis (más ann) a bheidh á shealbhú aige, a chur chun an Chláraitheora Contae, laistigh de thréimhse ama a cheapfar san fhógrán sin, agus luafar san fhógrán sin an tráth chun éilimh a bhreithniú.

6. Déanfar gach éileamh ó chreidiúnaí, ó eireadóir nó ó dhuine eile, mura ngéillfear dó, a fhíorú le mionnscríbhinn, nó tabharfar cibé fianaise eile a iarrfaidh an Cláraitheoir Contae mar thaca leis, ach ní gá don duine sin láithriú mar thaca lena éileamh mura gceanglóidh an Cláraitheoir Contae air é sin a dhéanamh.

7. Tabharfaidh gach creidiúnaí, eireadóir nó éilitheoir eile ar aird don Chláraitheoir Contae aon urrús a shealbhóidh sé cibé tráth a shonrófar san fhógrán i dtaca le breithniú éileamh, agus déanfaidh gach creidiúnaí, eireadóir nó éilitheoir eile, má ordaíonn an Cláraitheoir Contae dó amhlaidh, na gníomhais agus na doiciméid go léir is gá chun a éileamh a shuíomh a thabhairt ar aird os comhair an Chláraitheora Contae, nó a tharchur chun na hOifige, cibé tráth a shonróidh an Cláraitheoir Contae.

8. Gach duine a bheidh ag éileamh mar oidhre ginearálta, réadtiomnaí, neasghaol, nó leagáidí, déanfaidh sé, má ordaíonn an Cláraitheoir Contae dó amhlaidh, aon chraobh ghinealaigh nó cruthúnas a luafar san ordú sin a thabhairt ar aird os comhair an Chláraitheora Contae nó a tharchur chun na hOifige laistigh de cibé tréimhse ama a shonrófar san ordú sin.

9. I gcás ina bhfailleoidh nó ina ndiúltóidh aon chreidiúnaí, eireadóir nó éilitheoir eile an dá Riail deiridh roimhe seo a chomhlíonadh, dílamhálfar dó aon chostais a bhainfidh lena éileamh a chruthú, mura n-ordóidh an Chúirt a mhalairt.

10. Déanfaidh an Cláraitheoir Contae, an lá a bheidh ceaptha don bhreithniú, nó ag aon atráthú, an fhianaise a thógáil ó pháirtí tabhartha na gcuntas faoi fhiacha nó éilimh, agus féadfaidh sé aon fhiacha nó éilimh díobh sin a cheadú gan a thuilleadh cruthúnais, agus féadfaidh sé cibé fiosrúcháin is cuí leis a ordú i dtaobh gach cinn nó aon chinn de na fiacha nó na héilimh nach gceadófar, agus cibé sonraí breise, eolas breise nó fianaise bhreise a bhainfidh leis an gcéanna is cuí leis a éileamh, agus féadfaidh sé a cheangal ar aon chreidiúnaí nó ar aon duine eile freastal mar thaca lena éileamh, agus déanfar breithniú cibé éileamh nach gceadófar an tráth sin a chur ar atráth go dtí am a shocrófar an tráth sin.

11. Féadfar an fhianaise go léir faoi mhionn a bheidh le húsáid os comhair an Chláraitheora Contae sna fiosrúcháin sin a thógáil trí mhionnscríbhinn nó ó bhéal, agus tabharfaidh an Cláraitheoir Contae gach mionnscríbhinn os comhair na Cúirte mar aon lena thuarascáil nó lena dheimhniú.

12. Ní gá don Chláraitheoir Contae fógra ceadaithe a thabhairt d'aon chreidiúnaí ná d'aon duine eile ar a éileamh a cheadú go hiomlán, ach tabharfar fógra do gach creidiúnaí nó do gach duine eile nár ceadaíodh a éileamh, nó aon chuid dá éileamh, agus nár fhreastail ag an mbreithniú ina ndearnadh an dícheadú sin, ina n-iarrfar air a éileamh a chruthú faoi thráth a luafar san fhógra sin, agus nach lú ná seacht lá tar éis an fógra sin a thabhairt, nó freastal tráth a ainmneofar san fhógra, agus arb é an lá é a mbeidh an breithniú curtha ar atráth chuige. Má mhainníonn aon chreidiúnaí nó aon duine eile an fógra sin a chomhlíonadh, féadfar a éileamh, nó an chuid sin de a dúradh, a dhícheadú.

13. Aon chreidiúnaí nó aon duine eile nach mbeidh sonraí a éilimh curtha isteach cheana aige de bhun an fhógráin, féadfaidh sé é sin a dhéanamh tráth nach déanaí ná dhá lá glan roimh aon lá a mbeidh an breithniú curtha ar atráth chuige.

14. Má chuirtear isteach aon éileamh tar éis an ama a shocrófar leis an bhfógrán, ach amháin mar a fhoráiltear leis an Riail deiridh roimhe seo, féadfaidh an Cláraitheoir Contae, ar iarratas speisialta, an t-éileamh sin a bhreithniú ar cibé téarmaí agus coinníollacha is cuí leis maidir le costais nó eile.

15. Nuair a ordófar don Chláraitheoir Contae deimhniú a thabhairt don Chúirt i dtaobh aon ní, tíolacfaidh sé don Chúirt deimhniú i scríbhinn arna ullmhú agus arna shíniú aige.

16. I ngach cás nach mbeidh curtha de láimh ag an gCláraitheoir Contae le linn do chás a bheith á éisteacht iarbhír ag an gCúirt agus mar chuid den chás sin, beidh a dheimhniú ullmhaithe aige agus fógra tugtha aige do na páirtithe uile a mbeidh leas acu ann, nó a ndéanfaidh sé difear dóibh, ceithre lá dhéag glan sula ndéanfaidh sé an céanna a thíolacadh, ionas go bhféadfaidh siad é a iniúchadh san Oifig.

17. Féadfaidh aon duine a mbeidh teideal aige chuige sin cóipeanna den deimhniú sin a fháil ar na táillí forordaithe a íoc.

18. Más rud é gur mian le haon pháirtí a mbeidh leas aige i ndeimhniú ón gCláraitheoir Contae, nó a ndéanfaidh an céanna difear dó, go ndéanfaí é a athrú, féadfaidh sé iarratas a dhéanamh chun na Cúirte le foriarratas iar bhfógra ar an lá a bheidh ceaptha chun an deimhniú a thíolacadh, agus air sin éistfidh an Breitheamh an t-iarratas sin agus cinnfidh sé a ábhar, agus daingneoidh sé nó athróidh sé an deimhniú nó déanfaidh sé cibé ordú eile is ceart leis.

19. Is iar bhfógra arna thabhairt do na páirtithe go léir tráth nach déanaí ná ceithre lá glan roimh an lá a bheidh ceaptha chun an deimhniú a thíolacadh a dhéanfar iarratas faoin Riail deiridh roimhe seo, agus luafar san fhógra sin cineál nó sonraí an athraithe a bheidh ag teastáil.

20. Déanfaidh an Cláraitheoir Contae gach Deimhniú uaidh a thíolacadh don Chúirt lena dhaingniú, agus air sin féadfaidh an Breitheamh é a dhaingniú nó déileáil leis ar chuma eile i cibé slí is ceart leis. Déanfar gach deimhniú, arna fhormheas ag an gCúirt, a chomhdú láithreach san Oifig.

21. Más gá sin in imthosca speisialta an cháis, féadfaidh an Breitheamh, ar iarratas le foriarratas chun na críche sin, a ordú deimhniú a urscaoileadh nó a athrú tráth ar bith tar éis é a theacht chun bheith ina cheangal ar na páirtithe.

22. Féadfaidh an Breitheamh tráth ar bith ar a thionscnamh féin, nó ar tharchur ón gCláraitheoir Contae, nó ar iarratas ó aon duine leasmhar, cibé ordú eile a dhéanamh nó cibé treoruithe eile a thabhairt is gá chun aon chuntas a thógáil, nó chun aon fhiosrúchán a sheoladh a bheidh ordaithe roimhe sin. Déanfar fógra ceithre lá glan a thabhairt do gach páirtí leasmhar i dtaobh an tarchurtha nó an iarratais sin.

23. Nuair a tharchuirfear aon ní chun an Chláraitheora Contae, fionnfaidh sé a luaithe is caoithiúil, trí fhógrán nó ar shlí eile, an bhfuil aon daoine ann ar cheart, dá mba rud é go ndearnadh an tOrdú i gcaingean a bhí ar feitheamh san Ard-Chúirt Seansaireachta a bhí ann tráth, iad a sheirbheáil faoi Riail IX d'Alt 66 den *Chancery (Ir.) Act*, 1867 (30 agus 31 Vic. c. 44).

24. Is é an páirtí ar a mbeidh cúram na n-imeachtaí a ullmhóidh aon fhógra is gá faoin Riail deiridh roimhe seo agus cuirfear faoi bhráid an Chláraitheora Contae é lena fhormheas. Tar éis an fhormheasta sin déanfaidh an páirtí ar a mbeidh cúram na n-imeachtaí an fógra a sheirbheáil, agus air sin féadfaidh aon pháirtí ar a seirbheálfar é freastal ar na himeachtaí faoin ordú.

25. Féadfaidh aon pháirtí ar a seirbheálfar an fógra sin a iarraidh ar an gCúirt an t-ordú a chur ar ceal, a athrú nó cur leis. Déanfar an t-iarratas sin laistigh de dheich lá tar éis an fógra sin a sheirbheáil, nó laistigh de cibé tréimhse fhadaithe ama a cheadóidh an Breitheamh.

26. Tabharfaidh páirtí déanta an iarratais do na páirtithe sa chaingean fógra dhá lá glan ina luafar cineál an iarratais a bheartófar a dhéanamh.

27. Más léir, le linn d'aon chuntas nó fiosrúchán a bheith ag dul ar aghaidh, gur mó an t-ábhar ná an méid a bheidh de theorainn ag dlínse na Cúirte, féadfaidh an Cláraitheoir Contae dul ar aghaidh leis an gcuntas nó leis an bhfiosrúchán agus é a chríochnú ach, ag an gcéad suí eile den Chúirt, tíolacfaidh sé deimhniú ar staid na n-imeachtaí, agus, más dóigh leis an mBreitheamh gurb ann don bhreis sin, ansin, mura dtoileoidh na páirtithe, le meabhrán arna shíniú acu féin nó ag a nAturnaetha faoi seach, go rachaidh an Breitheamh ar aghaidh leis an gcaingean nó leis an ábhar sin agus í nó é a chinneadh, ordóidh an Breitheamh an chaingean nó an t-ábhar sin a aistriú chun na hArd-Chúirte.

28. Más léir don Bhreitheamh, le linn éisteacht aon chaingne nó ábhair, go bhfuil sé fóirsteanach a ordú go ndéanfar aon fhiosrúchán nó ríomh, nó go dtógfar nó go ndeimhneofar aon chuntas, féadfaidh an Breitheamh a ordú don Chláraitheoir Contae dul ar aghaidh leis sin agus an toradh a dheimhniú i scríbhinn don Chúirt, agus féadfar éisteacht na caingne nó an ábhair, nó faomhadh nó iniúchadh aon chuntais, a chur ar atráth nó a chur siar, go dtí go dtabharfar cibé deimhniú a ordóidh an Breitheamh.

ORDÚ 49

CEADÚNAIS DEOCHANNA MEISCIÚLA

1. Déanfar gach iarratas i leith ceadúnais Máil chun deochanna meisciúla a dhíol ag na Suíonna den Chúirt a bheidh ar bun sa bhaile mór is gaire don áitreabh lena mbainfidh an t-iarratas, agus sa chontae ina mbeidh an t-áitreabh sin.

2. Sula ndéanfar gach iarratas den sórt sin, tabharfar fógra arna shíniú ag an iarratasóir ina ndéarfar go bhfuil ar intinn aige iarratas a dhéanamh chun na Cúirte ar dheimhniú chun a chumasú dó ceadúnas máil a fháil chun deochanna meisciúla a dhíol lena n-ól ar an áitreabh, agus ina leagfar amach suíomh agus ionad an áitribh, i leith an bhóthair nó an mhórbhealaigh ar a bhfuil sé nó a bhfuil sé lena ais, chomh maith, nó thairis sin ina sonrófar i slí fhíor shonrach an baile, an baile fearainn, agus, más i gcathair nó i mbaile mór dó, an tsráid, an chearnóg, an lána, nó an cineál eile áite, mar aon le huimhir an áitribh sin, má tá uimhir ar an áitreabh, agus freisin áit chónaithe an duine sin, agus thairis sin ina luafar an Suí den Chúirt ag a mbeidh an t-iarratas le déanamh. Nuair a bheidh an t-iarratas sin á éisteacht, déanfaidh an t-iarratasóir léarscáil nó plean ar a mbeidh an t-áitreabh is ábhar don iarratas laistigh de líne dhearg, leis an limistéar a bheidh le ceadúnú línithe go soiléir, a thabhairt ar aird don Chúirt.

3. Luafar ar cheann gach fógra den sórt sin an tAcht agus an tAlt den Acht a mbeidh sé beartaithe an t-iarratas a dhéanamh faoi.

4. Seirbheálfar an fógra sin:—

(i) ar an Oifigeach i gceannas Gharda Síochána an Cheantair (*a*) ina mbeidh cónaí ar an iarratasóir, agus, (*b*) ina mbeidh an t-áitreabh;

(ii) ar an mBreitheamh den Chúirt Dúiche ar ina dhúiche a bheidh an t-áitreabh;

(iii) ar an gCláraitheoir Contae don Chontae ina mbeidh an t-áitreabh; agus

(iv) ar an Údarás Dóiteáin.

5. Ach amháin i gCuaird Bhaile Átha Cliath, seirbheálfar an fógra sin lá is fiche ar a laghad roimh an lá ar a mbeidh an t-iarratas le déanamh. I gCuaird Bhaile Átha Cliath, seirbheálfar an fógra sin lá is fiche ar a laghad roimh an lá a mbeidh sé beartaithe an t-iarratas sin a dhéanamh, agus oibreoidh sé chun an t-iarratas a chur síos lena éisteacht aon lá tar éis éag don tréimhse ama sin ar a dtiocfaidh an t-iarratas sin ar aghaidh lena éisteacht de réir a oird sa liosta.

6. (*a*) Ní bhainfidh an riail seo le Cuaird Bhaile Átha Cliath; déanfar, 21 lá ar a laghad roimh an lá a mbeidh an t-iarratas le déanamh, an fógra sin a fhoilsiú i nuachtán a léitear san áit ina mbeidh an t-áitreabh sin, agus taiscfear cóip den nuachtán sin leis an gCláraitheoir Contae díreach ar é a eisiúint.

(*b*) Ní bhainfidh an riail seo ach le Cuaird Bhaile Átha Cliath; déanfar an fógra sin a fhoilsiú agus a thaisceadh leis an gCláraitheoir Contae sa tslí chéanna is a fhoráiltear thuas i gcás na gCuarda eile, ach déanfar an foilsiú sin 21 lá ar a laghad roimh an dáta a luafar san fhógra sin gurb é an dáta é ar a mbeidh sé beartaithe an t-iarratas a dhéanamh.

7. Comhdóidh an Cláraitheoir Contae gach fógra a sheirbheálfar air, mar aon leis na fógráin sna nuachtáin go léir a thaiscfear leis, i ndáil le hiarratais den sórt sin.

ORDÚ 50

CAINGNE PROBHÁIDE

1. (*a*) Aon duine ar mian leis imeachtaí a thionscnamh sa Chúirt chun deonú Probháide nó Litreacha Riaracháin, nó cúlghairm ar dheonú Probháide nó Litreacha Riaracháin, a fháil, eiseoidh sé Bille Sibhialta san fhoirm a fhorordaítear i bhFoirm 2G de Sceideal na bhFoirmeacha; beidh na focail ''Bille Sibhialta Tiomnach'' mar cheannteideal ar an mBille Sibhialta sin. Ach amháin i ndáil le himeachtaí réamhluaite, déanfaidh aon duine ar mian leis imeachtaí a thionscnamh sa Chúirt de bhun fhorálacha an Achta Comharbais, 1965 Bille Sibhialta a eisiúint san fhoirm a fhorordaítear i bhFoirm 2H de Sceideal na bhFoirmeacha; beidh na focail ''Bille Sibhialta um an Dlí Comharbais'' mar cheannteideal ar an mBille Sibhialta sin. Ar Bhille Sibhialta Tiomnach nó Bille Sibhialta um an Dlí Comharbais a eisiúint, déanfaidh an gearánaí, mura mbeidh sin déanta cheana féin aige, *caveat* a thaisceadh san Oifig Phrobháide faoin teideal maidir le heastát an duine éagtha. Tar éis an Bille Sibhialta Tiomnach a eisiúint, déanfaidh an Oifig Phrobháide mionsonraí i dtaobh thaisceadh an *caveat* a fhormhuiniú air sula ndéanfar é a sheirbheáil. Dá éis sin, leanfaidh an *caveat* arna thaisceadh san ábhar i bhfeidhm go dtí gur deimhin leis an Oifig Phrobháide gur críochnaíodh na himeachtaí cibé acu ar cinneadh iad, ar scoireadh díobh nó eile.

Chun críocha na Rialach seo, ciallaíonn ''an Oifig Phrobháide'' an Oifig Phrobháide nó an Chlárlann Phrobháide Cheantair iomchuí.

. (*b*) Sula n-eiseofar Bille Sibhialta Tiomnach comhdófar mionnscríbhinn arna déanamh ag an ngearánaí nó, má tá níos mó ná gearánaí amháin ann, ansin ag duine de na gearánaithe, ina bhfíorófar an t-éileamh, agus ina sonrófar ainmneacha agus áiteanna cónaithe na neasghaolta, agus cibé daoine a bheidh i dteideal faoi dhíthiomnacht aon leas a fháil i sócmhainní an duine a líomhnaítear a bheith ina thiomnóir nó ina dhíthiomnóir agus a ainmneofar sa Bhille Sibhialta sin.

2. In aon chaingean den sórt sin taispeánfaidh an formhuiniú cé acu an mar chreidiúnaí, seiceadóir, riarthóir, leagáidí iarmharach, leagáidí, neasghaol, oidhre ginearálta, nó réadtiomnaí atá an gearánaí ag éileamh, nó cad é an cháilíocht eile ina bhfuil sé ag éileamh.

3. Más rud é go mbeidh *caveat* taiscthe ag aon duine i gcoinne dheonú na Probháide nó na Litreacha Riaracháin, agus go dtionscnófar imeachtaí chun an deonú sin a fháil, beidh an duine sin ina chosantóir.

4. In imeachtaí chun Probháid nó Litreacha Riaracháin a chúlghairm, beidh an duine a mbeidh an chúlghairm sin á hiarraidh aige ina ghearánaí, agus beidh an duine dár deonaíodh an Phrobháid nó na Litreacha Riaracháin ina chosantóir.

5. Más rud é, ar aon chaingean Phrobháide a éisteacht, gur léir don Bhreitheamh gur chóir páirtí nó páirtithe san agra a dhéanamh d'aon duine nó daoine nach gearánaí nó cosantóir sa chaingean sin cheana féin, féadfaidh sé na himeachtaí a chur ar atráth agus a ordú páirtí nó páirtithe sa chaingean a dhéanamh den duine nó de na daoine sin tríd an mBille Sibhialta a leasú.

6. Féadfaidh aon duine de neasghaolta aon duine a líomhnaítear a bheith ina thiomnóir nó ina dhíthiomnóir, nó aon tairbhí d'aon duine a líomhnaítear a bheith ina thiomnóir, láithriú ag éisteacht aon chaingne Probháide bíodh go bhféadfaidh sé nach ndearnadh páirtí de sa chaingean sin nó nár seirbheáladh é sa chaingean sin.

7. In aon chaingean Phrobháide féadfaidh aon chosantóir uacht a chur ar aird i bhfoirm frithéilimh.

8. Féadfaidh aon pháirtí seasamh ar uachtanna i gcómhalairt ar a chéile ina phléadálacha.

9. I gcaingne Probháide déanfaidh an gearánaí agus an cosantóir, faoi seach, laistigh de dheich lá tar éis láithreas an chosantóra a thaifeadadh, mionnscríbhinní i dtaobh scríbhinní a chomhdú, cibé acu a bheidh nó nach mbeidh aon scríbhinn ina seilbh acu. Is san fhoirm atá leagtha amach i bhFoirm 28 i Sceideal na bhFoirmeacha, fara cibé athruithe is gá sna himthosca, a bheidh na mionnscríbhinní sin.

10. Déanfar gach scríbhinn a bheidh faoina choimeád nó faoina urláimh ag an bpáirtí a mbeidh an mhionnscríbhinn á déanamh aige a chur i gceangal leis an mionnscríbhinn, agus taiscfear ina teannta í san oifig.

11. Ach amháin le cead ón gCúirt, ní bheidh de chead ag aon pháirtí sa chúis, ná ag a Aturnae, iniúchadh a dhéanamh ar na mionnscríbhinní i dtaobh scríbhinní a chomhdóidh aon pháirtí sa chúis, ná ar na scríbhinní a bheidh i gceangal leo, go dtí go mbeidh a mhionnscríbhinn féin i dtaobh scríbhinní comhdaithe.

12. Féadfaidh an páirtí a bheidh ag cur i gcoinne uachta fógra a thabhairt, i dteannta a Chosanta, don pháirtí a mbeidh an uacht á cur ar aghaidh aige nach bhfuil á éileamh aige ach go gcruthófaí an uacht i bhfoirm shollúnta an dlí, agus nach bhfuil ar intinn aige ach croscheistiú a dhéanamh ar na finnéithe a thabharfar ar aird i dtacaíocht leis an uacht, agus air sin beidh de chead aige sin a dhéanamh, agus ar aon chor ní dhlífidh sé costais an taoibh eile a íoc murab é tuairim an Bhreithimh nach raibh aon fhoras réasúnach ann chun cur i gcoinne na huachta.

ORDÚ 51

TIARNAÍ TALÚN AGUS TIONÓNTAÍ

Riail 1 — Eisiachtainí

1. I ngach caingean chun talamh a aisghabháil tabharfar sa Bhille Sibhialta leorthuairisc ar an maoin a mbeifear ag iarraidh í a aisghabháil, agus ar an áit ina mbeidh sí.

2. I ngach eisiachtain i leith neamhíoc cíosa nó i leith rósheilbhe, sonróidh an Bille Sibhialta ainmneacha an tiarna talún agus an léasóra, agus an tionónta nó na dtionóntaí, faoi seach, an cineál tionóntachta, agus an cíos ar a mbeidh sí in alt na huaire, nó ar a raibh sí go deireanach, á teachtadh, agus, i gcásanna arb é is foras do na himeachtaí an tionóntacht a bheith foirceanta, sonrófar go bhfuil an tionóntacht sin foirceanta agus na modhanna ar ar foirceannadh í, agus, i gcásanna arb é neamhíoc cíosa is foras do na himeachtaí, sonrófar an méid den chíos a bheidh dlite tar éis gach liúntas cóir cothrom a thabhairt, agus sonrófar an lá gála ar go dtí é a bheidh sé dlite.

3. In imeachtaí eisiachtana i leith neamhíoc cíosa nó i leith rósheilbhe, ní gá an Bille Sibhialta a sheirbheáil ar aon duine seachas an duine nó na daoine a bheidh iarbhír i seilbh na dtailte, nó aon choda díobh, mar thionónta nó fothionónta, ach i ngach caingean eile chun talamh a aisghabháil seirbheálfar gach duine a bheidh iarbhír i seilbh na dtailte nó aon choda díobh, nó ag fáil chíosanna agus bhrabús na dtailte, nó aon choda díobh, mura n-ordóidh an Chúirt a mhalairt.

4. In aon chaingean chun talamh a aisghabháil féadfar, i gcás seilbh ghlan a bheith i gceist, an Bille Sibhialta a sheirbheáil trí chóip de a ghreamú de dhoras an tí chónaithe nó de chuid fheiceálach éigin eile den mhaoin, mura féidir é a sheirbheáil in aon slí eile; ar choinníoll, áfach, nach foláir, sula dtabharfar breithiúnas i leith seilbhe i gcásanna den sórt sin, go mbeidh an Breitheamh deimhin de nach raibh aon duine ann a bhí i seilbh iarbhír, nó ag fáil na gcíosanna nó na mbrabús, agus a bhféadfaí seirbheáil eile a dhéanamh air.

5. In aon eisiachtain i leith neamhíoc cíosa, féadfaidh an cosantóir nó aon duine ag a mbeidh leas sonrach sa chonradh tionóntachta, tráth ar bith sula ndéanfar an fhoraithne sheilbhe a fhorghníomhú, an cíos agus na riaráistí cíosa go léir a bhí dlite an tráth a seirbheáladh an Bille Sibhialta, mar aon le suim is leor faoi chomhair chostais an ghearánaí, a íoc leis an ngearánaí nó lena Aturnae, nó féadfaidh sé an céanna a thairiscint, agus, má dhiúltaítear don tairiscint sin, féadfaidh sé é a thaisceadh sa Chúirt agus fógra i dtaobh an taiscthe sin a thabhairt don ghearánaí nó dá Aturnae, agus air sin féadfaidh an Breitheamh a ordú gach imeacht eile a bhac ar cibé costais a íoc a tabhaíodh suas go dtí dáta na tairisceana agus a mheasfaidh sé a bheith réasúnach, agus déanfar an t-airgead a bheidh taiscthe amhlaidh, nó leorchuid de, a íoc leis an ngearánaí nó lena Aturnae.

6. Nuair a fhógróidh an Breitheamh foraithne in aon eisiachtain ina mbeidh níos mó ná cosantóir amháin, féadfaidh sé a ordú go mbeidh costais na heisiachtana sin le híoc ag duine amháin nó níos mó de na cosantóirí sin, agus nach mbeidh ag an duine nó ag na daoine eile díobh.

7. Luafaidh gach ordú forghníomhaithe i leith seilbhe in eisiachtain i leith neamhíoc cíosa an tsuim a bheidh dlite in alt na huaire i leith cíosa agus costas. Más rud é, tráth ar bith tar éis an t-ordú sin a sheachadadh ar an Sirriam, ach sula ndéanfar é a fhorghníomhú, go n-íocfaidh an cosantóir leis an Sirriam an tsuim a bheidh luaite amhlaidh i leith cíosa agus costas, mar aon le méid na gcaiteachas a bheidh tabhaithe go cuí ag an Sirriam chun an t-ordú sin a fhorghníomhú, air sin, bacfaidh an Sirriam an forghníomhú.

8. Tar éis forghníomhú i gcás eisiachtana i leith neamhíoc cíosa, féadfaidh an Chúirt ordú aisig a dheonú, nó aon fhaoiseamh eile cothromais a thabhairt, ar iarratas ón gcosantóir nó ó aon duine eile ag a mbeidh leas sonrach sa chonradh tionóntachta, agus ar an méid a bheidh dlite i leith cíosa, riaráistí cíosa agus costas a íoc leis an ngearánaí nó a thaisceadh sa Chúirt, laistigh de shé mhí tar éis an fhorghníomhaithe mar a fhoráiltear le hAilt 70 agus 71 den *Landlord and Tenant Law Amendment Act (Ireland),* 1860.

Riail 2 — An tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Leasú), 1980

1. San Ordú seo ciallaíonn "an tAcht" an tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Leasú), 1980 (Uimh. 10 de 1980).

2. Is le Bille Sibhialta, ar Bille Sibhialta um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí é, de réir Fhoirm 2I i Sceideal na bhFoirmeacha, nó de réir cibé modhnuithe ar an bhfoirm sin is cuí, a dhéanfar gach iarratas.

3. Cuirfear an dáta ar gach Bille Sibhialta um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí, agus beidh air ainm, seoladh agus tuairisc an ghearánaí, mar aon le seoladh i gcomhair imeachtaí a sheirbheáil, agus déanfaidh Aturnae an pháirtí, más ann, é a shíniú, nó mura mbeidh Aturnae ag an ngearánaí, síneoidh an páirtí sin féin é.

4. Ar Bhille Sibhialta um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí a eisiúint, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na rialacha mar atá leagtha síos in Ordú 11 de na Rialacha seo.

5. Más mian le freagróir éileamh an ghearánaí a dhíospóid go hiomlán nó go páirteach, déanfaidh sé, laistigh de dheich lá tar éis an Bille Sibhialta a sheirbheáil air, Láithreas a thaifeadadh agus laistigh de dheich lá eile dá éis sin déanfaidh sé Cosaint de réir Fhoirm 6A i Sceideal na bhFoirmeacha, nó chomh gar di sin agus is féidir sna himthosca, a sheachadadh ar an ngearánaí agus ar aon pháirtithe eile.

6. Beidh ag gabháil le gach Bille Sibhialta den sórt sin, agus seirbheálfar agus comhdófar ina theannta, aon doiciméid a luafar ann iad a bheith i gceangal leis.

7. Ach amháin le cead speisialta ón gCúirt, is trí fhianaise béil a éistfear gach imeacht faoin Acht.

8. Féadfar aon iarratas faoi Acht 1980 a dhéanamh i dteannta aon iarratais nó iarratas eile ar an mBille Sibhialta céanna.

9. Ar iarratas iar bhfógra ó aon pháirtí, féadfaidh an Breitheamh a ordú d'aon pháirtí eile sonraí níos iomláine agus níos fearr a sheachadadh faoi aon ábhair a luaitear sa Bhille Sibhialta nó sa Chosaint, nó cóipeanna a sheachadadh d'aon doiciméid dá dtagraítear sa chéanna. Is de rogha an Bhreithimh a bheidh na costais a bhainfidh agus a ghabhfaidh le haon iarratas den sórt sin. I gcás nach gcomhlíonfar aon ordú den sórt sin féadfaidh an Breitheamh déileáil leis an ábhar de réir mar is ceart leis.

10. Aon duine ar mian leis airgead a íoc isteach sa Chúirt de bhun Alt 61 nó Alt 62 den Acht beidh sé i dteideal ionpháirteacht chuige sin a fháil ón gCláraitheoir Contae, agus íocfar isteach an t-airgead sin ar an ionpháirteacht sin a fháil.

11. Nuair a bheidh airgead íoctha isteach sa Chúirt amhlaidh ag duine seirbheálfaidh sé láithreach ar an tionónta fógra gur íocadh é, más de bhun Alt 61 den Acht a íocadh é, agus ar an tionónta agus an morgáistí líomhnaithe, más de bhun Alt 62 den Acht a íocadh é. Luafar san fhógra faoina íoc litir agus uimhir aitheantais na hionpháirteachta.

Riail 3 — An tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna), 1967

1. San Ordú seo ciallaíonn "an tAcht" an tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna), 1967.

2. Tionscnófar achomharc chun na Cúirte faoi Alt 22 (1) den Acht trí Fhógra Foriarratais a eisiúint, a bheidh de réir Fhoirm 32A de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, nó de réir cibé modhnaithe ar an bhfoirm sin is cuí, agus gairfear caingean de.

3. Is é an t-achomharcóir a bheidh ina ghearánaí agus is é an páirtí eile san eadráin faoin Acht a bheidh ina chosantóir.

4. Luafar san Fhógra Foriarratais an achomharc é i gcoinne iomlán na dámhachtana, an ordaithe nó an chinnidh eile ón gCláraitheoir Contae, nó i gcoinne coda den chéanna, agus más i gcoinne coda den chéanna amháin é sonrófar an chuid sin ann.

5. Tionscnófar iarratas chun na Cúirte faoi Alt 22(3) den Acht ar chead chun an dámhachtain nó an t-ordú ón gCláraitheoir Contae a chur i bhfeidhm trí Fhógra Foriarratais a eisiúint, a bheidh de réir Fhoirm 32B de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, nó de réir cibé modhnaithe ar an bhfoirm sin is cuí, agus gairfear caingean de.

6. Is é an t-iarratasóir a bheidh ina ghearánaí agus is é an páirtí eile san eadráin a bheidh ina chosantóir.

7. I ngach caingean seirbheálfar an Fógra Foriarratais de réir fhorálacha Ordú 11 de na Rialacha seo. Déanfar an Fógra Foriarratais i gcaingean i bhfoirm achomhairc chun na Cúirte Cuarda faoi Alt 22 (1) den Acht a sheirbheáil laistigh de shé sheachtain tar éis dháta na dámhachtana, an ordaithe nó an chinnidh ón gCláraitheoir Contae.

8. Ní bhainfidh an Riail seo le Cuaird Bhaile Átha Cliath. Luafar i ngach Fógra Foriarratais dáta tosaithe na Suíonna ag a mbeartófar an chaingean a liostú lena héisteacht, agus comhdófar é san Oifig tráth nach déanaí nó lá is fiche roimh thosach na Suíonna sin.

9. Ní bhainfidh an Riail seo ach le Cuaird Bhaile Átha Cliath. Luafar i ngach Fógra Foriarratais an dáta arb inmhianaithe an chaingean a liostú lena héisteacht air, agus comhdófar é san Oifig tráth nach déanaí ná lá is fiche roimh an dáta sin.

10. Ar an bhFógra Foriarratais a chomhdú de réir na Rialacha seo, taifeadfaidh an Cláraitheoir Contae é lena éisteacht.

11. Comhdófar gach Fógra Foriarratais laistigh de sheacht lá tar éis é a sheirbheáil ar an bhfreagróir, nó, má tá níos mó ná freagróir amháin ann, laistigh de sheacht lá tar éis é a sheirbheáil ar an bhfreagróir is déanaí a seirbheáladh. D'éagmais an chomhdaithe sin, féadfaidh freagróir ar bith an céanna a chomhdú é féin, agus air sin, nó tráth ar bith ina dhiaidh sin, féadfaidh an Breitheamh cibé ordú is ceart leis a dhéanamh.

12. Más mian le freagróir éileamh an ghearánaí a dhíospóid go hiomlán nó go páirteach, déanfaidh sé, laistigh de dheich lá tar éis an Fógra Foriarratais a sheirbheáil air, Cosaint a sheirbheáil ar an ngearánaí agus ar aon pháirtithe eile, a bheidh de réir Fhoirm 6A de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, nó de réir cibé modhnaithe ar an bhfoirm sin is cuí, agus déanfar an Chosaint sin a sheachadadh ar an ngearánaí laistigh de sheacht lá tar éis an dáta is déanaí ar seirbheáladh í.

13. Cuirfear an dáta ar gach Fógra Foriarratais, agus beidh air ainm, seoladh agus tuairisc an ghearánaí, agus déanfaidh a Aturnae, más ann, é a shíniú, nó mura mbeidh aon Aturnae aige, síneoidh sé féin é.

14. Ach amháin le cead speisialta ón gCúirt, is trí fhianaise béil a éistfear gach caingean faoin Acht.

15. Tabharfaidh an gearánaí ar aird don Chúirt le linn éisteacht na caingne cóip arna deimhniú ag an gCláraitheoir Contae den dámhachtain, den ordú nó den chinneadh a mbeidh achomharc á dhéanamh ina coinne nó ina choinne nó iarratas á dhéanamh ina leith.

16. I ngach caingean lena mbaineann an tOrdú seo féadfaidh an Breitheamh gach ordú is cóir agus is réasúnach a dhéanamh maidir le costais.

ORDÚ 52

DÍOBHÁLACHA MAILÍSEACHA

Riail 1 — An tAcht Díobhálacha Mailíseacha, 1981

1. San Ordú seo ciallaíonn ''an tAcht'' an tAcht Díobhálacha Mailíseacha, 1981 (Uimh. 9 de 1981).

Tá le ''Údarás Áitiúil'' an bhrí a shanntar dó le hAlt 2 den Acht.

2. Is trí Fhoriarratas tionscnaimh iar bhfógra de réir Fhoirm 33A i Sceideal na bhFoirmeacha, nó de réir cibé modhnaithe ar an bhfoirm sin is cuí, a dhéanfar gach iarratas. Ainmneoidh gach Foriarratas a eiseofar faoin Ordú seo mar chosantóir an tÚdarás Áitiúil ar ar seirbheáladh an réamhfhógra faoi Alt 8 den Acht agus cuirfear an dáta air agus beidh air ainm, seoladh agus tuairisc an ghearánaí, agus déanfaidh a Aturnae, más ann, é a shíniú, nó mura mbeidh aon Aturnae aige, síneoidh sé féin é. Tionscnófar an t-iarratas sa Chontae ina mbeidh an tÚdarás Áitiúil a mbeidh dámhadh cúitimh á iarraidh ina choinne, agus ar a mbeidh an réamhfhógra seirbheáilte, bunaithe.

3. Seirbheálfar gach Foriarratas a eiseofar faoin Ordú seo agus gach fógra faoi Alt 10 den Acht leis an bpost cláraithe, nó ar aon cheann de na modhanna ar a bhféadfar Bille Sibhialta a sheirbheáil, ar Rúnaí Contae nó Cléireach Baile an Údaráis Áitiúil a bheidh le seirbheáil, ar choinníoll nach gá gur Seirbheálaí Toghairme a dhéanfaidh an tseirbheáil sin.

4. Ní bhainfidh an Riail seo le Cuaird Bhaile Átha Cliath. Luafar i ngach Foriarratas a eiseofar faoin Ordú seo dáta tosaithe na Suíonna ag a mbeartófar an Foriarratas a liostú lena éisteacht, agus comhdóidh an gearánaí cóip de, mar aon le formhuiniú a Sheirbheála, san Oifig tráth nach déanaí ná deich lá roimh thosach na Suíonna sin.

5. Ní bhainfidh an Riail seo ach le Cuaird Bhaile Átha Cliath. Luafar i ngach Foriarratas an dáta ar a mbeartófar an t-iarratas a liostú lena éisteacht agus comhdóidh an gearánaí cóip de, mar aon le formhuiniú a sheirbheála, san Oifig tráth nach déanaí ná deich lá roimh an dáta sin.

6. I ngach fógra faoi Alt 10 den Acht leagfar amach na forais ar a mbeifear ag seasamh le haghaidh iarrata ar an gCúirt go n-íocfaí go hiomlán nó go páirteach as cistí an fhógra-pháirtí aon chúiteamh a dhámhfaí. Beidh ag gabháil le gach fógra faoi Alt 10, agus seirbheálfar ina theannta, cóip den réamhfhógra a seirbheáladh ar an Údarás Áitiúil.

7. Aon Údarás Áitiúil a mbeidh ar intinn aige laghdú nó eisiamh cúitimh a iarraidh de bhun fhorálacha Fho-Alt (1) nó Fho-Alt (3) d'Alt 12 den Acht tabharfaidh sé fógra seacht lá don iarratasóir á rá go bhfuil ar intinn aige seasamh ar an gcéanna agus léireofar san fhógra sin an fhoráil nó na forálacha ar a mbeidh sé ar intinn seasamh agus tabharfaidh sé cibé sonraí i ndáil leis an bhforáil nó na forálacha sin a chuirfidh in iúl go leordhóthanach don iarratasóir cineál an cháis a bheidh ar intinn ag

an Údarás Áitiúil a dhéanamh faoin Alt sin. Mura gcomhlíonfar an Riail seo féadfaidh an Breitheamh an t-iarratas a chur ar atráth nó déileáil leis an ábhar ar shlí eile de réir mar is cuí leis.

8. Ní chuirfidh neamh-chomhlíonadh na Rialacha seo aon Imeachtaí ar neamhní mura n-ordóidh an Chúirt amhlaidh.

9. Folóidh cumhachtaí na Cúirte cumhacht chun an tréimhse ama le haghaidh aon ghnímh nó imeachtaí faoin Acht seo nó faoin Ordú seo a shíneadh, nó chun aon ghníomh nó imeachtaí den sórt sin a chur ar ceal go hiomlán nó go páirteach, nó a leasú, nó chun déileáil leis nó leo ar chuma eile i cibé slí agus ar cibé téarmaí is cuí leis an gCúirt.

10. Is trí Fhoriarratas tionscnaimh iar bhfógra de réir Fhoirm 33B i Sceideal na bhFoirmeacha, nó de réir cibé modhnaithe ar an bhfoirm sin is cuí, a thionscnófar gach iarratas faoi Alt 19, Fo-alt 4, den Acht, agus seirbheálfar é le litir chláraithe nó ar aon cheann de na modhanna ar a bhféadfar Bille Sibhialta a sheirbheáil, ar choinníoll nach gá gur Seirbheálaí Toghairme a dhéanfaidh an tseirbheáil sin.

11. Coimeádfaidh an Cláraitheoir Contae leabhar, dá ngairfear an Leabhar Díobhálacha Mailíseacha, ina dtaifeadfaidh sé gach Foriarratas a eiseofar faoin Ordú seo ar chúiteamh i ndíobháil mhailíseach san ord ina bhfaighidh sé é, agus leagfaidh sé amach ann rialú na Cúirte i ngach cás.

12. Luafar i ngach Foraithne i leith cúitimh, nó i ngach diúltú cúiteamh a dhámhachtain, cibé acu is le costais nó gan chostais a dhéantar í nó é, agus i gcás gur le costais a dhéantar í nó é, cuirfear isteach inti nó ann an tsuim chruinn is iníoctha i leith costas (lena n-áirítear caiteachais na bhfinnéithe). Is de réir Fhoirmeacha 33C nó 33D de Sceideal na bhFoirmeacha, de réir mar is cuí, a bheidh an Fhoraithne nó an diúltú sin.

13. Beidh sé de chumhacht ag an gCúirt costais a dhámhachtain agus an céanna a thomhas nó, de rogha air sin, a ordú go ndéanfaidh an Cláraitheoir Contae an céanna a fhómhas, ach amháin a mhéid a bheidh socrú don chéanna déanta le Rialacháin arna ndéanamh faoi Alt 15, Fo-Alt 2, den Acht. Beidh an fómhas sin de réir cibé scála a fhorordófar. Féadfaidh aon pháirtí arb éagóir leis an fómhas sin achomharc a dhéanamh chun na Cúirte d'fhonn go ndéanfaidh sí na costais a athbhreithniú. Déileálfar le caiteachais na bhfinnéithe de réir Ordú 66, Riail 5.

Riail 2 — Díobhálacha Coiriúla do Phearsa Duine

1. Is sa Chontae ina ndearnadh an díobháil a dhéanfar iarratas ar chúiteamh i ndíobhálacha coiriúla faoi Alt 106 den *Grand Jury (Ireland) Act*, 1836, arna leasú le hAlt 5 den *Local Government (Ireland) Act*, 1898, agus is de réir Fhoirm 34B de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo a dhéanfar an t-iarratas sin.

2. I gcásanna ina raibh an díobháil choiriúil ina trúig bháis do dhuine, is é a ionadaí pearsanta dlíthiúil a dhéanfaidh an t-iarratas, ar choinníoll

go bhféadfaidh neasghaol amháin nó níos mó dá chuid an réamhfhógra a cheanglaítear leis seo ina dhiaidh seo a sheirbheáil nó go bhféadfar é a sheirbheáil thar ceann an neasghaoil nó na neasghaolta sin.

3. Laistigh de cheithre lá dhéag ó dhíobháil choiriúil a dhéanamh, déanfaidh an t-iarratasóir, nó duine éigin ag gníomhú thar a cheann, a chur faoi deara i ngach cás réamhfhógra á rá go bhfuil ar intinn aige iarratas ar chúiteamh a dhéanamh chun na Cúirte a sheirbheáil ar Rúnaí Contae nó ar Chléireach Baile an Údaráis Áitiúil don limistéar ina ndearnadh an díobháil agus ar an gComhalta i gCeannas Stáisiún an Gharda Síochána don áit ina ndearnadh an díobháil sin. Tabharfaidh an réamhfhógra sin sonraí iomlána faoin am a rinneadh agus faoin áit ina ndearnadh an díobháil sin agus beidh sé de réir Fhoirm 34A de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, nó de réir cibé modhnaithe ar an bhfoirm sin is cuí.

4. Déanfaidh an Chúirt na costais, amhail idir páirtí agus páirtí, a thomhas nó tarchuirfear iad chun an Chláraitheora Contae lena bhfómhas de réir cibé scálaí a fhorordófar. Féadfaidh aon pháirtí arb éagóir leis an fómhas sin achomharc a dhéanamh chun na Cúirte d'fhonn go ndéanfaidh sí na costais a athbhreithniú. Déileálfar le caiteachais na bhfinnéithe de réir Ordú 66, Riail 5, de na Rialacha seo.

5. Ach amháin mar a fhoráiltear anseo roimhe seo, bainfidh forálacha Ordú 52, seachas Rialacha 6, 7 agus 10 de, *mutatis mutandis*, le hiarratais ar chúiteamh i ndíobháil choiriúil do phearsa duine mar a bhaineann siad le hiarratais ar chúiteamh i ndíobháil mhailíseach.

ORDÚ 53

CUIDEACHTAÍ A CHUR AR AIS AR AN gCLÁR DE BHUN ALT 46 d'ACHT NA gCUIDEACHTAÍ (LEASÚ) (UIMH. 2), 1999

1. San Ordú seo, ciallaíonn ''an tAcht'' Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh. 2), 1999 (Uimh. 30 de 1999).

2. Is trí Fhógra Foriarratais tionscnaimh, a mbeidh Mionnscríbhinn mar fhoras leis, a dhéanfar gach iarratas chun cuideachtaí a chur ar ais ar chlár na gcuideachtaí a fhéadfar a dhéanamh os comhair na Cúirte faoin Acht. Ainmneoidh gach Foriarratas a eiseofar faoin Ordú seo mar ghearánaí an creidiúnaí a mbeidh an t-iarratas á dhéanamh aige nó cláraitheoir na gcuideachtaí, de réir mar is cuí. Más rud é gur creidiúnaí a dhéanfaidh an t-iarratas, déanfar an t-iarratas chun an Bhreithimh den Chúirt Chuarda don chuaird ina raibh oifig chláraithe na cuideachta dír-each sular baineadh den chlár í nó, más rud é nach raibh aon oifig clár-aithe an tráth sin, don chuaird ina mbeidh cónaí ar an gcreidiúnaí nó, i gcás ina mbeidh cónaí ar an gcreidiúnaí lasmuigh den Stát, do Chuaird Bhaile Átha Cliath. Más rud é gurb é cláraitheoir na gcuideachtaí a dhéanfaidh an t-iarratas, déanfar an t-iarratas chun an Bhreithimh den Chúirt Chuarda do Chuaird Bhaile Átha Cliath.

3. Déanfar gach Foriarratas a eiseofar faoin Ordú seo agus gach fógra a cheanglaítear faoi Alt 12B(3) nó 12B(7) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1982 (arna leasú le hAcht na gCuideachtaí, 1990), a sheirbheáil leis an bpost cláraithe, nó ar aon cheann de na modhanna ar a bhféadfar Bille Sibhialta a sheirbheáil.

4. Ní bhainfidh an Riail seo le Cuaird Bhaile Átha Cliath. Luafar i ngach Foriarratas a eiseofar faoin Ordú seo dáta tosaithe na Suíonna ag a mbeartófar an Foriarratas a liostú lena éisteacht, agus comhdóidh an gearánaí cóip den Fhoriarratas, mar aon le formhuiniú a Sheirbheála, san Oifig tráth nach déanaí ná deich lá roimh thosach na Suíonna sin.

6. Ní bhainfidh an Riail seo ach le Cuaird Bhaile Átha Cliath. Luafar i ngach Foriarratas an dáta ar a mbeartófar an t-iarratas a liostú lena éisteacht agus comhdóidh an gearánaí cóip den Fhoriarratas, mar aon le formhuiniú a sheirbheála, san Oifig tráth nach déanaí ná deich lá roimh an dáta sin.

7. Ní chuirfidh neamh-chomhlíonadh na Rialacha seo aon Imeachtaí ar neamhní mura n-ordóidh an Chúirt amhlaidh.

8. Folóidh cumhachtaí na Cúirte cumhacht chun an tréimhse ama le haghaidh aon ghnímh nó imeachtaí faoin Acht seo nó faoin Ordú seo a shíneadh, nó chun aon ghníomh nó imeachtaí den sórt sin a chur ar ceal go hiomlán nó go páirteach, nó a leasú, nó chun déileáil leis nó leo ar chuma eile i cibé slí agus ar cibé téarmaí is cuí leis an gCúirt.

9. Déanfaidh an Chúirt cibé Ordú is cuí léi i leith costas.

ORDÚ 54

ACHT NA dTITHE, 1966

1. Déanfar Achomharc chun na Cúirte Cuarda faoi Alt 72 d'Acht na dTithe, 1966 (Uimh. 21 de 1966), a thionscnamh trí Bhille Sibhialta a eisiúint, ar Bille Sibhialta Tithíochta é, de réir Fhoirm 2J de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, agus beidh feidhm ina leith ag na rialacha ginearálta dá bhforáiltear sna Rialacha seo.

2. Is é an t-achomharcóir a bheidh ina ghearánaí agus is é an tÚdarás Áitiúil a bheidh ina chosantóir.

3. Féadfaidh an Breitheamh an t-áitreabh lena mbainfidh na himeachtaí a iniúchadh in aon chás inarb inmhianaithe leis an t-iniúchadh sin.

4. Déanfar iarratas chun na Cúirte ar Ordú ag foirceannadh léasa faoi Alt 73 d'Acht na dTithe, 1966 (Uimh. 21 de 1966), a thionscnamh trí Bhille Sibhialta Tithíochta a eisiúint san fhoirm sin a dúradh, agus beidh feidhm ina leith ag na rialacha ginearálta dá bhforáiltear sna Rialacha seo.

5. Is é an t-iarratasóir a bheidh ina ghearánaí agus is é an páirtí eile sa léas a bheidh ina chosantóir.

6. Más rud é gur léasaí áitribh ar bith an gearánaí, uamfaidh sé mar ghearánaí aon duine a mbeidh an t-áitreabh foligthe nó morgáistithe aige chuige agus a thoileoidh i scríbhinn lena uamadh amhlaidh, agus uamfaidh sé mar chosantóir aon duine a mbeidh an t-áitreabh foligthe nó morgáistithe aige chuige agus nach dtoileoidh amhlaidh.

7. Is cibé costais a ordóidh an Breitheamh ag an éisteacht a bheidh i gcostais aon chaingne lena mbainfidh an tOrdú seo agus féadfaidh an Breitheamh a ordú an céanna a fhómhas i cibé slí is cuí leis.

ORDÚ 55

ACHT NA dTITHE (FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA), 1979 (UIMH. 27 DE 1979)

1. San Ordú seo, ciallaíonn ''an tAcht'' Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1979 (Uimh. 27 de 1979), agus ciallaíonn ''an tAire'' an tAire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil.

2. Tosófar achomharc chun na Cúirte Cuarda faoi Alt 18(5) den Acht laistigh den tréimhse ama atá leagtha amach in Alt 18(5) den Acht trí Bhille Sibhialta, ar Bille Sibhialta Tithíochta é, de réir Fhoirm 2K de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, nó de réir cibé modhnaithe ar an bhfoirm sin is cuí, a eisiúint agus a chomhdú. I dteannta aon iarratais den sórt sin comhdófar cóip de chinneadh an Aire lena mbainfidh an t-iarratas sin. D'éagmais an chomhdaithe sin, féadfaidh an Cosantóir an t-iarratas sin a chomhdú é féin, mar aon le cóip den chinneadh sin, agus air sin, nó tráth ar bith ina dhiaidh sin, féadfaidh an Breitheamh cibé Ordú is ceart leis a dhéanamh.

3. Is é an tAchomharcóir a bheidh ina ghearánaí agus is é an tAire a bheidh ina chosantóir.

4. Is sa Chontae ina mbeidh an teach lena mbainfidh, nó, le toiliú an Aire, in aon Chontae eile, a dhéanfar iarratais.

5. Seirbheálfar gach iarratas tríd an gcéanna a chur, leis an bpost cláraithe réamhíoctha faoi sheoladh an Aire, nó tríd an gcéanna a fhágáil ag oifig an Aire, i gclúdach faoi sheoladh an Aire.

6. Ní bhainfidh an Riail seo le Baile Átha Cliath. Luafar i ngach iarratas dáta tosaithe na suíonna ag a mbeartófar an t-iarratas a liostú lena éisteacht, agus comhdóidh an gearánaí é tráth nach déanaí ná lá is fiche roimh thosach na suíonna sin.

7. Ní bhainfidh an Riail seo ach le Cuaird Bhaile Átha Cliath. Luafar i ngach iarratas an dáta arb inmhianaithe an t-iarratas a liostú lena éisteacht air agus comhdóidh an t-iarratasóir é tráth nach déanaí ná lá is fiche roimh an dáta sin.

8. Ar Bhille Sibhialta Tithíochta a chomhdú de réir na Rialacha seo, taifeadfaidh an Cláraitheoir Contae an céanna lena éisteacht.

9. Cuirfear an dáta ar gach iarratas, agus beidh air ainm agus seoladh seirbheála an iarratasóra, agus déanfaidh a Aturnae, más ann, é a shíniú, nó mura mbeidh aon Aturnae aige, síneoidh sé féin é.

10. Ach amháin le cead speisialta ón gCúirt, is trí fhianaise béil a éistfear gach iarratas faoin Acht.

11. I ngach iarratas lena mbainfidh an tOrdú seo féadfaidh an Breitheamh gach ordú is cóir agus is réasúnach a dhéanamh maidir le costais.

ORDÚ 56

PLEANÁIL

Riail 1 — An tAcht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963 (Uimh. 36 de 1963)

1. San Ordú seo ciallaíonn ''an tAcht'' an tAcht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963.

Tá le ''an tÚdarás Pleanála'' an bhrí a shanntar dó le hAlt 2 (2) den Acht.

2. (*a*) Is trí Fhógra Foriarratais a eisiúint, a bheidh de réir Fhoirm 35A de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, nó de réir cibé modhnaithe ar an bhfoirm sin is cuí, a thionscnófar achomharc chun na Cúirte Cuarda faoi Alt 21 den Acht, agus gairfear caingean de.

(*b*) Is é an t-achomharcóir a bheidh ina ghearánaí agus is é an tÚdarás Pleanála a bheidh ina chosantóir.

3. (*a*) Is trí Fhógra Foriarratais a eisiúint, a bheidh de réir Fhoirm 35B de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, nó de réir cibé modhnaithe ar an bhfoirm sin is cuí, a thionscnófar iarratas chun na Cúirte ar fhadú tréimhse ama chun éileamh a dhéanamh ar chúiteamh laistigh di faoi Chuid IV den Acht, agus gairfear caingean de.

4. (*b*) Is é an t-iarratasóir a bheidh ina ghearánaí agus is é an tÚdarás Pleanála a bheidh ina chosantóir.

5. I ngach caingean déanfar an Fógra Foriarratais a sheirbheáil tráth nach déanaí ná 14 lá roimh an dáta ar an bhfógra sin a mbeidh sé le cur ar ais, de réir na bhforálacha maidir le seirbheáil Billí Sibhialta agus doiciméad eile atá in Ordú 11 de na Rialacha seo.

6. Luafar i ngach Fógra Foriarratais dáta tosaithe na Suíonna ag a mbeartófar an chaingean a liostú lena héisteacht, agus déanfaidh an gearánaí é a eisiúint agus a chomhdú san Oifig tráth nach déanaí ná 21 lá roimh thosach na Suíonna sin. Ní bhainfidh an Riail seo le Cuaird Bhaile Átha Cliath.

7. Ní bhainfidh an Riail seo ach le Cuaird Bhaile Átha Cliath. Luafar i ngach Fógra Foriarratais an dáta a mbeartófar an chaingean a liostú lena héisteacht, agus déanfaidh an gearánaí é a eisiúint agus a chomhdú san Oifig tráth nach déanaí ná 21 lá roimh an dáta sin.

8. Cuirfear an dáta ar gach Fógra Foriarratais, agus beidh air ainm, seoladh agus tuairisc an ghearánaí, agus déanfaidh a Aturnae, más ann, é a shíniú nó, mura mbeidh aon Aturnae aige, síneoidh sé féin é.

9. Ar Fhógra Foriarratais a chomhdú de réir na Rialacha seo, taifeadfaidh an Cláraitheoir Contae é lena éisteacht.

10. Más mian le cosantóir éileamh an ghearánaí a dhíospóid go hiomlán nó go páirteach, déanfaidh sé, laistigh de dheich lá tar éis an Fógra Foriarratais a sheirbheáil air, Cosaint a sheirbheáil ar an ngearánaí agus ar aon pháirtithe eile, a bheidh de réir Fhoirm 6A de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, nó de réir cibé modhnaithe ar an bhfoirm sin is cuí, agus seachadfar an Chosaint sin ar an ngearánaí laistigh de sheacht lá tar éis dháta a seirbheála go deireanach.

11. Ach amháin le cead speisialta ón gCúirt, is ar fhianaise béil a éistfear gach caingean faoin Acht.

12. I ngach caingean lena mbaineann an tOrdú seo féadfaidh an Breitheamh gach ordú is cóir agus is réasúnach a dhéanamh maidir le costais.

Riail 2 — An tAcht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1976 (Uimh. 20 de 1976)

1. San Ordú seo ciallaíonn ''an tAcht'' an tAcht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1976 (Uimh. 20 de 1976), agus tá le ''Deimhniú Forbartha'' an bhrí a shanntar dó le hAlt 29, Fo-Alt 7(*b*), den Acht.

2. Is i bhfoirm Bille Shibhialta, ar Bille Sibhialta Pleanála é, de réir Fhoirm 2L de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, fara cibé modhnuithe is cuí sna himthosca uirthi, i ngach cás, a dhéanfar gach iarratas i bhfoirm Achomhairc i gcoinne Deimhniú Forbartha a dhiúltú nó a dheonú faoi Alt 29, Fo-Alt 11, den Acht, mar aon le gach iarratas ar Ordú faoi Alt 29, Fo-Alt 13, den Acht. I dteannta gach Iarratais den sórt sin comhdófar cóip d'aon Deimhniú Forbartha a deonaíodh nó cóip d'aon fhógra maidir le cinneadh i dtaobh Deimhniú Forbartha a dhiúltú, mar aon le cóip, i ngach cás, den Deonú Ceada Pleanála iomchuí. D'éagmais an chomhdaithe sin féadfaidh an freagróir féin an céanna a chomhdú, agus air sin, nó tráth ar bith ina dhiaidh sin, féadfaidh an Breitheamh cibé Ordú is ceart leis a dhéanamh.

3. Is sa Chontae ina mbeidh an áit ar ina leith a mbeidh an tIarratas á dhéanamh, nó ina mbeidh Oifigí an Údaráis Phleanála iomchuí, a dhéanfar Iarratais faoin Ordú seo.

4. Ainmneofar an tÚdarás Pleanála iomchuí mar chosantóir i leith gach Bille Shibhialta Pleanála. Ina theannta sin, i ngach cás inar duine an gearánaí seachas an duine a rinne iarratas chun an Údaráis Áitiúil chun Deimhniú Forbartha a dheonú, cuirfear an duine deireanach sin isteach mar chosantóir breise.

5. Is de réir fhorálacha Ordú 11 de na Rialacha seo a sheirbheálfar gach Bille Sibhialta Pleanála. Is tríd an mBille Sibhialta Pleanála a chur leis an bpost cláraithe réamhíoctha chuig oifig an Údaráis Phleanála, agus é dírithe chuig Rúnaí Contae nó Cléireach Baile an Údaráis sin,

de réir mar is cuí, a dhéanfar Bille Sibhialta Pleanála a sheirbheáil ar Údarás Pleanála.

6. Cuirfear an dáta ar gach Bille Sibhialta Pleanála faoi Riail 2 den Ordú seo, agus beidh air ainm, seoladh agus tuairisc an ghearánaí, agus déanfaidh Aturnae an ghearánaí, más ann, é a shíniú nó, mura mbeidh aon Aturnae aige, síneoidh sé féin é.

7. Más mian le haon chosantóir éileamh an ghearánaí a dhíospóid go hiomlán nó go páirteach, déanfaidh sé, laistigh de dheich lá tar éis an Bille Sibhialta a sheirbheáil air, Láithreas a thaifeadadh, agus laistigh de dheich lá eile ina dhiaidh sin déanfaidh sé Cosaint, de réir Fhoirm 6A de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, nó chomh gar di sin agus is féidir sna himthosca, a sheirbheáil ar an ngearánaí agus ar aon pháirtí eile.

8. Ar iarratas iar bhfógra ó aon pháirtí, féadfaidh an Breitheamh a ordú d'aon pháirtí eile sonraí breise agus níos fearr a sheachadadh faoi aon ábhair a bheidh luaite sa Bhille Sibhialta Pleanála nó sa Chosaint, nó cóipeanna a sheachadadh d'aon doiciméad a mbeidh tagairt déanta dó sa chéanna, nó cóipeanna a sheachadadh d'aon Deimhniú Forbartha iomchuí, Cead Pleanála iomchuí nó fógra iomchuí faoi dhiúltú Deimhniú Forbartha a dheonú. Is de rogha an Bhreithimh a bheidh na costais a bhainfidh agus a ghabhfaidh le haon iarratas den sórt sin. I gcás nach gcomhlíonfar aon Ordú den sórt sin féadfaidh an Breitheamh déileáil leis an ábhar de réir mar is ceart leis.

9. Ach amháin le cead speisialta ón gCúirt is trí fhianaise béil a éistfear gach Iarratas a dhéanfar faoi Riail 2 den Ordú seo.

10. I ngach cás ina ndéanfaidh an Chúirt Ordú á ordú Deimhniú Forbartha a eisiúint, cuirfidh an Cláraitheoir Contae faoi deara cóip den Ordú ón gCúirt a sheirbheáil ar an Údarás Pleanála iomchuí agus measfar seirbheáil na cóipe sin den Ordú a bheith ina cumarsáid dhóthanach leis an Údarás Pleanála, ina hordú dóthanach chun an Deimhniú Forbartha a eisiúint agus ina tarchur dóthanach i leith cibé Deimhnithe a thuairisceofar san Ordú sin.

Riail 3 — An tAcht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1992 (Uimh. 14 de 1992)

1. San Ordú seo

ciallaíonn ''Acht 1992'' an tAcht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1992;

ciallaíonn ''Acht 1976'' an tAcht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1976.

2. Is sa Chontae ina mbeidh gnáthchónaí ar an gcosantóir, nó ar aon duine de na cosantóirí, nó ina mbeidh aon ghairm, gnó nó slí bheatha á seoladh nó á sheoladh aige, nó ina mbeidh an talamh nó an fhorbairt a mbeifear ag iarraidh baint léi, nó aon chuid di, a dhéanfar iarratas faoin Ordú seo.

3. (*a*) Is le foriarratas iar bhfógra don duine a mbeifear ag iarraidh faoisimh ina choinne, faoi réir fhorálacha Riail 3(*b*) de na Rialacha seo, de réir Fhoirm 35C de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, a dhéanfar iarratas ar Ordú faoi Alt 27 d'Acht 1976, arna leasú le hAlt 19(4)(*g*) d'Acht 1992.

(*b*) Gairfear "Ordú faoi Riail 3(*b*)" d'Ordú faoi Alt 27 d'Acht 1976, arna leasú le hAlt 19(4)(*g*) d'Acht 1992, i gcoinne duine nach fios don ghearánaí cé hé, agus gairfear "an cosantóir" den duine a dheonófar nó a lorgófar ina choinne é.

(*c*) In iarratas ar Ordú faoi Riail 3(*b*), déanfaidh gearánaí, in áit Riail 4(*a*) a chomhlíonadh, an cosantóir a thuairisciú faoi threoir:—

(i) grianghraif, nó

(ii) aon mhodha eile trínar féidir an freagróir a aithint cruinn go leor chun a chumasú seirbheáil a dhéanamh; agus déanfar foirm an fhógra foriarratais a mhodhnú dá réir sin.

(*d*) In iarratas ar Ordú faoi Riail 3(*b*), déanfaidh gearánaí, i dteannta cheanglais Riail 4 agus Riail 7 den Ordú seo, na deimhnisc seo a leanas a áireamh sa mhionnscríbhinn a bheidh mar fhoras leis an iarratas agus a chomhdófar de réir fhorálacha Riail 8 den Ordú seo, nó déanfaidh sé mionnscríbhinn ar leithligh a chomhdú ina mbeidh na deimhnisc seo a leanas:

(i) á fhíorú nach raibh sé ábalta a fháil amach, laistigh den tréimhse ama a bhí ar fáil go réasúnach dó, cé hé an cosantóir;

(ii) ag leagan amach an beart a rinneadh chun a fháil amach cé hé an cosantóir, agus

(iii) ag fíorú na modhanna ar ar tuairiscíodh an cosantóir san iarratas tionscnaimh agus gurb í an tuairisc an tuairisc is fearr is féidir leis an ngearánaí a sholáthar.

(*e*) Tá Riail 3 (*c*) den Ordú seo gan dochar do chumhacht na Cúirte chun ordú a dhéanamh le haghaidh seirbheála ionadaí.

4. Is maidir leis an Acht ar iarratas ón duine a mbeidh an t-iarratas á dhéanamh aige an teideal a bheidh ar an bhFógra Foriarratais; luafar ann an faoiseamh a bheidh á lorg; tuairisceofar ann an talamh nó an fhorbairt a mbeifear ag iarraidh baint léi; luafar ann ainm agus áit chónaithe nó seoladh seirbheála an duine a bheidh ag lorg faoisimh; luafar an dáta a mbeidh sé beartaithe faoiseamh a iarraidh ar an gCúirt;

agus comhdófar é in Oifig na Cúirte don Chontae ina mbeidh an t-iarratas á dhéanamh de réir Riail 2 den Ordú seo (dá ngairtear ''an Oifig chuí'' anseo ina dhiaidh seo).

5. Faoi réir fhorálacha Riail 3 den Ordú seo agus gan dochar do chumhacht na Cúirte chun ordú a dhéanamh le haghaidh seirbheála ionadaí, tabharfar fógra faoin bhforiarratas don duine a mbeifear ag iarraidh an fhaoisimh ina choinne (an cosantóir); ach más léir don Chúirt maidir le haon duine nach mbeidh fógra tugtha dó gur cheart an fógra sin a bheith aige, nó a bheith tugtha dó, féadfaidh an Chúirt éisteacht an fhoriarratais a chur ar atráth, chun go bhféadfar an fógra sin a thabhairt, ar cibé téarmaí (más ann) a mheasfaidh an Chúirt is cuí a fhorchur, nó féadfaidh sí an t-iarratas a dhíbhe.

6. Ní foláir deich lá ar a laghad a bheith ann idir seirbheáil an fhógra agus an lá a ainmneofar ann chun an foriarratas a éisteacht.

7. (*a*) Faoi réir cheart na Cúirte chun cibé orduithe a thabhairt chuige sin is cuí nó is caoithiúil léi, is le mionnscríbhinn a thabharfar fianaise le linn an foriarratas faoi Riail 3 a éisteacht.

(*b*) Déanfar aon mhionnscríbhinn a bheidh le húsáid mar thaca leis an bhforiarratas a chomhdú san Oifig chuí agus déanfar cóip d'aon mhionnscríbhinn den sórt sin a sheirbheáil in éineacht leis an bhfógra. Déanfaidh an cosantóir aon mhionnscríbhinn a bheidh le húsáid i gcoinne an iarratais a chomhdú san Oifig chuí laistigh de sheacht lá tar éis mionnscríbhinn an iarratasóra a sheirbheáil air, agus ní foláir don fhreagróir, laistigh den tréimhse sin, cóip d'aon mhionnscríbhinn a bheartóidh sé a úsáid a sheirbheáil ar an ngearánaí.

9. Go dtí go gcinnfear iarratas faoi Alt 27 d'Acht 1976, arna leasú le hAlt 19(4)(*g*) d'Acht 1992, féadfaidh an Chúirt, ar iarratas ón ngearánaí nó ón gcosantóir, le hordú idirbhreitheach (nó, más deimhin léi go bhféadfadh sé go dtiocfadh mísc dholeasaithe nó thromaí de mhoill, le hordú eatramhach ar iarratas *ex parte*), aon ordú a dhéanamh i bhfoirm urghaire; agus chun aon mhaoin nó aon ní a choinneáil, a chaomhnú nó a iniúchadh; agus chun gach críche nó aon chríche de na críocha réamhráite féadfaidh sí a údarú d'aon duine dul isteach ar aon talamh nó in aon fhoirgneamh; agus chun gach críche nó aon chríche de na críocha réamhráite féadfaidh sí a údarú go ndéanfar aon sampla a thógáil nó aon tuairimí a thabhairt nó aon turgnamh a thriail, a mheasfaidh sí a bheith cuí, riachtanach nó fóirsteanach.

ORDÚ 57

FOSTAÍOCHT

Riail 1 — Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977-1993 (Uimh. 10 de 1977, Uimh. 5 de 1991 agus Uimh. 22 de 1993)

1. San Ordú seo, ciallaíonn ''na hAchtanna'' na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977-1993 (Uimh. 10 de 1977, Uimh. 5 de 1991 agus Uimh. 22 de 1993); ciallaíonn ''an Binse'' an Binse Achomhairc Fostaíochta, agus ciallaíonn ''an tAire'' an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

2. Is i bhfoirm Foriarratais iar bhFógra, ina leagfar amach na forais ar a mbeidh an gearánaí ag seasamh le haghaidh na bhfaoiseamh a bheidh á lorg, a dhéanfar gach iarratas faoi Alt 10 d'Acht 1977 nó faoi Alt 11 d'Acht 1993, cibé acu i bhfoirm éilimh ar shásamh ón Aire nó i bhfoirm éilimh ar fhorfheidhmiú nó i bhfoirm achomhairc ón mBinse. Beidh na hiarratais sin de réir Fhoirm 36A de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo.

3. Is sa Chontae ina mbeidh gnáthchónaí ar an bhfostóir lena mbainfidh, nó ina mbeidh aon ghairm, gnó nó slí bheatha á seoladh nó á sheoladh aige, a dhéanfar iarratais.

4. Seirbheálfar gach iarratas tráth nach déanaí ná 10 lá roimh an dáta a mbeidh sé le cur ar ais a bheidh leagtha amach san Fhoriarratas, agus is de réir na bhforálacha maidir le Billí Sibhialta agus doiciméid eile a sheirbheáil atá in Ordú 11 de na Rialacha seo, nó trína sheachadadh nó trína sheirbheáil ar an Aturnae a bheidh, de réir thaifead an Bhinse, ag gníomhú thar ceann an duine a bheidh ainmnithe mar chosantóir os comhair na Cúirte, a sheirbheálfar é; agus measfar seirbheáil iarratais nó aon doiciméid eile ar an Aturnae sin, nó seachadadh an chéanna ag a oifig, nó cur an chéanna chuige leis an bpost réamhíoctha chun na hoifige sin, a bheith ina seirbheáil mhaith ar an bpáirtí a mbeidh an tAturnae sin ag gníomhú thar a cheann an lá a seachadfar nó a seirbheálfar an céanna amhlaidh, nó an lá a seachadfaí é i ngnáthchúrsa an phoist. Ní dhéanfar an Foriarratas a liostú ach lena lua ar an dáta a mbeidh sé le cur ar ais a bheidh leagtha amach ann agus déanfaidh an Chúirt dáta le haghaidh na héisteachta a shocrú an tráth sin.

5. Tabharfar fógra faoi gach iarratas don Bhinse. Déanfar an fógra sin a chur i gcrích sula gcomhdófar an t-iarratas trí chóip den iarratas a sheachadadh ag Oifig Rúnaí an Bhinse nó tríd an gcéanna a chur leis an bpost cláraithe réamhíoctha chuig an Oifig sin.

6. Comhdófar na doiciméid seo a leanas i dteannta an iarratais:—

(*a*) cóip den Fhógra bunaidh chun Achomharc a dhéanamh chun an Bhinse;

(*b*) cóip den Fhógra Láithris;

(*c*) cóip den chinneadh ón mBinse;

(*d*) an litir bhunaidh ón mBinse á chur in iúl go ndearnadh an cinneadh sin a chur i bhfios;

(*e*) cóip d'aon sonraí a bheidh soláthraithe ag ceachtar páirtí don Bhinse.

7. Beidh ráiteas faoi na forais ar a mbeidh sé ar intinn ag an iarratasóir seasamh i ngach iarratas a dhéanfar i bhfoirm achomhairc i gcoinne cinnidh ón mBinse. Mura mian leis an ngearánaí ach achomharc a dhéanamh i gcoinne coda de chinneadh ón mBinse, sainaithneofar go soiléir san iarratas an chuid sin a mbeifear ar intinn achomharc a dhéanamh ina coinne.

8. Cuirfear an dáta ar gach iarratas, agus beidh air ainm, seoladh agus tuairisc an ghearánaí, agus síneoidh a Aturnae é, má tá Aturnae aige, nó, mura mbeidh, síneoidh sé féin é.

9. Ar iarratas iar bhfógra ó aon pháirtí féadfaidh an Breitheamh a ordú d'aon pháirtí eile sonraí iomlána agus níos fearr a sheachadadh faoi aon ábhair a bheidh luaite san iarratas, nó cóipeanna a sheachadadh d'aon doiciméid a mbeidh tagairt déanta dóibh ann.

10. Ach amháin le cead speisialta ón gCúirt, nó ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt chuige leis na hAchtanna, is trí fhianaise béil a éistfear gach iarratas faoi na hAchtanna.

11. Féadfaidh an Chúirt cibé Ordú is cuí a dhéanamh maidir le costais, ag féachaint d'fhorálacha Alt 10 d'Acht 1977, lena n-áirítear Ordú ag tomhas na gcostas.

12. Beidh ceart rochtana ag Rúnaí an Bhinse ar an bhfaisnéis uile a bheidh ar an gcomhad a choimeádfar in Oifig an Chláraitheora Contae i leith gach iarratais agus beidh sé i dteideal, ar í a iarraidh, cóip a fháil d'aon Bhreithiúnas i scríbhinn a thabharfaidh an Breitheamh maidir leis.

Riail 2 — An tAcht um Íoc Pá, 1991

1. San Ordú seo, ciallaíonn ''an tAcht'' an tAcht um Íoc Pá, 1991 (Uimh. 25 de 1991), agus ciallaíonn ''an Binse'' an Binse Achomhairc Fostaíochta agus ciallaíonn ''Coimisinéir'' coimisinéir um chearta.

2. De bhun Alt 8 den Acht, is i bhfoirm Foriarratais iar bhFógra, de réir Fhoirm 36B de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, ina leagfar amach na forais ar a mbeidh an t-iarratasóir ag seasamh le haghaidh na bhfaoiseamh a bheidh á lorg, a dhéanfar iarratais chun breitheanna ó Choimisinéir nó cinntí ón mBinse a fhorfheidhmiú agus beidh na nithe seo a leanas i gceangal leo:—

(*a*) cóip dheimhnithe den bhreith bhunaidh ón gCoimisinéir nó den chinneadh bunaidh ón mBinse, agus

(*b*) cóip dheimhnithe den litir bhunaidh ón gCoimisinéir nó ón mBinse á chur in iúl don iarratasóir gur tugadh an bhreith sin nó go ndearnadh an cinneadh sin.

3. Is sa Chontae ina mbeidh gnáthchónaí ar an duine a mbeidh an bhreith tugtha nó an cinneadh déanta ina fhabhar a dhéanfar iarratais.

4. Seirbheálfar gach iarratas tráth nach déanaí ná 10 lá roimh an dáta a mbeidh sé le cur ar ais a bheidh leagtha amach san Fhoriarratas, agus is de réir na bhforálacha maidir le Billí Sibhialta agus doiciméid eile a sheirbheáil atá in Ordú 11 de na Rialacha seo, nó trína sheachadadh nó trína sheirbheáil ar an Aturnae a bheidh, de réir thaifead an Bhinse, ag gníomhú thar ceann an duine a bheidh ainmnithe mar chosantóir os comhair na Cúirte, a sheirbheálfar é; agus measfar seirbheáil iarratais nó aon doiciméid eile ar an Aturnae sin, nó seachadadh an chéanna ag a oifig, nó cur an chéanna chuige leis an bpost réamhíoctha chun na hoifige

sin, a bheith ina seirbheáil mhaith ar an bpáirtí a mbeidh an tAturnae sin ag gníomhú thar a cheann an lá a seachadfar nó a seirbheálfar an céanna amhlaidh, nó an lá a seachadfaí é i ngnáthchúrsa an phoist. Ní dhéanfar an Foriarratas a liostú ach lena lua ar an dáta a mbeidh sé le cur ar ais a bheidh leagtha amach ann agus déanfaidh an Chúirt dáta le haghaidh na héisteachta a shocrú an tráth sin.

5. Tabharfar fógra faoi gach iarratas don Bhinse agus don Choimisinéir. Déanfar an fógra sin a chur i gcrích trí chóip den iarratas a sheachadadh ag Oifig Rúnaí an Bhinse nó Oifig Rúnaí an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais, de réir mar is cuí, nó tríd an gcéanna a chur leis an bpost cláraithe réamhíoctha chuig Oifig Rúnaí an Bhinse nó Oifig Rúnaí an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais, de réir mar is cuí.

6. Ach amháin le cead speisialta ón gCúirt, is trí fhianaise béil nó de réir mar a chinnfidh an Chúirt a éistfear gach iarratas faoi Alt 8 den Acht.

7. Féadfaidh an Chúirt cibé Ordú is cuí a dhéanamh maidir le costais.

8. Beidh ceart rochtana ag Rúnaí an Bhinse agus ag Rúnaí an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais ar an bhfaisnéis uile a bheidh ar an gcomhad a choimeádfar in Oifig an Chláraitheora Contae i leith gach iarratais agus beidh siad i dteideal, ar í a iarraidh, cóip a fháil d'aon Bhreithiúnas i scríbhinn a thabharfaidh an Breitheamh maidir leis.

Riail 3 — An tAcht um Shaoire Uchtaíoch, 1995

1. San Ordú seo, ciallaíonn ''an tAcht'' an tAcht um Shaoire Uchtaíoch, 1995 (Uimh. 2 de 1995), agus ciallaíonn ''an Binse'' an Binse Achomhairc Fostaíochta agus ciallaíonn ''Coimisinéir'' coimisinéir um chearta agus ciallaíonn ''an tAire'' an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

2. De bhun Alt 39 den Acht, is i bhfoirm Foriarratais iar bhFógra, de réir Fhoirm 36C de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, ina leagfar amach na forais ar a mbeidh an gearánaí ag seasamh le haghaidh na bhfaoiseamh a bheidh á lorg, a dhéanfar iarratais chun breitheanna ó Choimisinéir nó cinntí ón mBinse a fhorfheidhmiú, cibé acu is é an páirtí a mbeidh na breitheanna tugtha nó na cinntí déanta ina fhabhar nó an tAire a dhéanfaidh an t-iarratas sin, agus beidh na nithe seo a leanas i gceangal leis na hiarratais sin:—

(*a*) cóip dheimhnithe den bhreith ón gCoimisinéir nó cóip dheimhnithe den chinneadh ón mBinse;

agus

(*b*) cóip dheimhnithe den litir chumhdaigh ón gCoimisinéir nó ón mBinse arna heisiúint chuig an iarratasóir leis an mbreith réamhluaite sin ón gCoimisinéir nó leis an gcinneadh réamhluaite sin ón mBinse;

(*c*) cóip den Fhógra Achomhairc, má bhaineann sé le hábhar;

agus leagfar amach iontu

(i) na fíorais go léir is iomchuí maidir leis an mainneachtain a bheidh á líomhain na breitheanna nó na cinntí a chur i gcrích;

(ii) cibé acu a tionscnaíodh nó nár tionscnaíodh achomharc i gcoinne na mbreitheanna nó na gcinntí agus, murar tionscnaíodh aon achomharc den sórt sin, go bhfuil an tréimhse ama chun achomharc a dhéanamh caite agus, má tionscnaíodh achomharc den sórt sin, an dáta ar ar tugadh Fógra Achomhairc, mar aon le fianaise gur tréigeadh an t-achomharc sin.

3. De réir alt 39(4) den Acht, is sa Chontae ina mbeidh gnáthchónaí ar an bhfostóir iomchuí, nó ina mbeidh aon ghairm, gnó nó slí bheatha á seoladh nó á sheoladh aige, a dhéanfar iarratais.

4. Seirbheálfar gach iarratas tráth nach déanaí ná 10 lá roimh an dáta a mbeidh sé le cur ar ais a bheidh leagtha amach san Fhoriarratas, agus is de réir na bhforálacha maidir le Billí Sibhialta agus doiciméid eile a sheirbheáil atá in Ordú 11 de na Rialacha seo, nó trína sheachadadh nó trína sheirbheáil ar an Aturnae a bheidh, de réir thaifead an Bhinse, ag gníomhú thar ceann an duine a bheidh ainmnithe mar chosantóir os comhair na Cúirte, a sheirbheálfar é; agus measfar seirbheáil iarratais nó aon doiciméid eile ar an Aturnae sin, nó seachadadh an chéanna ag a oifig, nó cur an chéanna chuige leis an bpost réamhíoctha chun na hoifige sin, a bheith ina seirbheáil mhaith ar an bpáirtí a mbeidh an tAturnae sin ag gníomhú thar a cheann an lá a seachadfar nó a seirbheálfar an céanna amhlaidh, nó an lá a seachadfaí é i ngnáthchúrsa an phoist. Ní dhéanfar an Foriarratas a liostú ach lena lua ar an dáta a mbeidh sé le cur ar ais a bheidh leagtha amach ann agus déanfaidh an Chúirt dáta le haghaidh na héisteachta a shocrú an tráth sin.

5. Tabharfar fógra faoi gach iarratas don Bhinse agus don Choimisinéir. Déanfar an fógra sin a chur i gcrích sula gcomhdófar an t-iarratas trí chóip den iarratas a sheachadadh ag Oifig Rúnaí an Bhinse nó ar an gCoimisinéir um Chearta, an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais, de réir mar is cuí, nó tríd an gcéanna a chur leis an bpost cláraithe réamhíoctha chuig Oifig Rúnaí an Bhinse nó chuig an gCoimisinéir um Chearta, an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais, de réir mar is cuí.

6. Ach amháin le cead speisialta ón gCúirt, is trí fhianaise béil amháin, nó de réir mar a chinnfidh an Chúirt, a éistfear gach iarratas faoi Alt 39 den Acht.

7. Féadfaidh an Chúirt cibé Ordú is cuí a dhéanamh maidir le costais, lena n-áirítear Ordú ag tomhas na gcostas.

Riail 4 — An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997

1. San Ordú seo, ciallaíonn ''an tAcht'' an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 (Uimh. 20 de 1997); déanfar ''cinneadh ón gCúirt Oibreachais'' a léiriú ag féachaint d'fhorálacha Alt 29(2) den Acht agus ciallaíonn ''an tAire'' an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

2. Is i bhfoirm Foriarratais iar bhFógra, de réir Fhoirm 36D de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, fara cibé modhnuithe is cuí, ina leagfar amach na forais ar a mbeidh an tIarratasóir ag seasamh le haghaidh na bhfaoiseamh a bheidh á lorg, a dhéanfar gach iarratas faoi Alt 29 den Acht ón Aire nó ón bhfostaí lena mbaineann nó, le toiliú an fhostaí, ó aon cheardchumann ar comhalta de an fostaí, i bhfoirm éilimh chun cinntí ón gCúirt Oibreachais a fhorfheidhmiú, agus beidh na nithe seo a leanas i gceangal leis:—

(*a*) an cinneadh bunaidh ón gCúirt Oibreachais nó cóip dheimhnithe den chéanna, arna deimhniú ag an bhfostaí is gearánaí nó ag a cheardchumann nó thar ceann an Aire gur cóip dhílis í den chinneadh a fuarthas ón gCúirt Oibreachais agus a mbeifear a iarraidh a fhorfheidhmiú, agus luafar ann an dáta ar cuireadh an cinneadh ón gCúirt Oibreachais i bhfios don ghearánaí.

3. Is sa Chontae ina mbeidh gnáthchónaí ar an bhfostóir lena mbainfidh, nó ina mbeidh aon ghairm, gnó nó slí bheatha á seoladh nó á sheoladh aige, a dhéanfar iarratais.

4. Is trí fhógra faoi na himeachtaí (lena n-áirítear an Fógra Foriarratais agus Mionnscríbhinní forais, más ann) a sheirbheáil tráth nach déanaí ná 10 lá roimh an dáta a mbeidh sé le cur ar ais a bheidh sonraithe san Fhógra Foriarratais a thabharfar fógra faoi gach iarratas don fhostóir nó do na fostóirí a bheidh i gceist agus don Chúirt Oibreachais, i gcás ina ndéanfar an fostóir nó na fostóirí a sheirbheáil go pearsanta de réir fhorálacha Ordú 11 de na Rialacha seo, nó trí chóip dhílis den chéanna a fhágáil ag áit chónaithe nó áit ghnó an fhostóra nó trína cur leis an bpost cláraithe réamhíoctha go háit chónaithe nó áit ghnó an fhostóra agus, i gcás na Cúirte Oibreachais, trí chóip dhílis den chéanna a fhágáil ag an gCúirt Oibreachais.

5. Ach amháin le cead speisialta ón gCúirt, is trí fhianaise béil nó de réir mar a chinnfidh an Chúirt a éistfear gach iarratas faoi Alt 29 den Acht.

6. Féadfaidh an Chúirt cibé Ordú is cuí a dhéanamh maidir le costais, lena n-áirítear Ordú ag tomhas na gcostas.

7. Beidh ceart rochtana ag Cláraitheoir na Cúirte Oibreachais ar an bhfaisnéis uile a bheidh ar an gcomhad a choimeádfar in Oifig an Chláraitheora Contae i leith gach iarratais agus beidh sé i dteideal, ar í a iarraidh, cóip a fháil d'aon Bhreithiúnas i scríbhinn a thabharfaidh an Breitheamh maidir leis.

Riail 5 — An tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998

1. San Ordú seo, ciallaíonn ''an tAcht'' an tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 (Uimh. 30 de 1998), agus ciallaíonn ''an Binse'' an Binse Achomhairc Fostaíochta agus ciallaíonn ''Coimisinéir'' coimisinéir um chearta agus ciallaíonn ''an tAire'' an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

2. Gach iarratas a bheidh arna sheirbheáil nó gach imeacht a bheidh arna thionscnamh sula mbeidh na Rialacha seo tagtha i ngníomh ach a bheidh de réir Rialacha agus chleachtas na Cúirte a bhí nó atá ann, beidh an bhailíocht chéanna aige is a bheidh ag iarratas a dhéanfar nó imeachtaí a thionscnófar de réir na Rialacha seo.

3. De bhun alt 22 den Acht, is i bhfoirm Foriarratais iar bhFógra, a mbeidh mar fhoras leis Mionnscríbhinn arna mionnú ag an bpáirtí a bheidh ag iarraidh go ndéanfar na breitheanna nó na cinntí a fhorfheidhmiú nó, i gcás an Aire, ag oifigeach cuí arna údarú go cuí ag an Aire, a dhéanfar iarratais chun breitheanna ó Choimisinéir nó cinntí ón mBinse a fhorfheidhmiú, cibé acu is é an páirtí a mbeidh na breitheanna tugtha nó na cinntí déanta ina fhabhar nó an tAire a dhéanfaidh an t-iarratas sin, agus déanfar na nithe seo a leanas a fhoilseánadh sa Mhionnscríbhinn sin:—

(*a*) cóip dheimhnithe den bhreith ón gCoimisinéir nó cóip dheimhnithe den chinneadh ón mBinse agus

(*b*) cóip dheimhnithe den litir chumhdaigh ón gCoimisinéir nó ón mBinse a eisíodh chuig an Iarratasóir leis an mbreith réamhluaite sin ón gCoimisinéir nó leis an gcinneadh réamhluaite sin ón mBinse;

(*c*) cóip den Fhógra Achomhairc, má bhaineann sé le hábhar;

agus leagfar amach inti

(i) na fíorais go léir is iomchuí maidir leis an mainneachtain a bheidh á líomhain na breitheanna nó na cinntí a chur i gcrích;

(ii) cibé acu a tionscnaíodh nó nár tionscnaíodh achomharc i gcoinne na mbreitheanna nó na gcinntí agus, murar tionscnaíodh aon achomharc den sórt sin, go bhfuil an tréimhse ama chun achomharc a dhéanamh caite agus, má tionscnaíodh achomharc den sórt sin, an dáta ar ar tugadh Fógra Achomhairc, mar aon le fianaise gur tréigeadh an t-achomharc sin.

4. De réir alt 22(4) den Acht, is sa Chontae ina mbeidh gnáthchónaí ar an bhfostóir iomchuí, nó ina mbeidh aon ghairm, gnó nó slí bheatha á seoladh nó á sheoladh aige, a dhéanfar iarratais.

5. Is trí fhógra faoi na himeachtaí (lena n-áirítear an Fógra Foriarratais agus Mionnscríbhinní forais, más ann) a sheirbheáil tráth nach déanaí ná 10 lá roimh an dáta a mbeidh sé le cur ar ais a bheidh sonraithe san Fhógra Foriarratais a thabharfar fógra faoi gach iarratas don fhostóir nó do na fostóirí a bheidh i gceist, agus don Bhinse agus don Choimisinéir, de réir mar is cuí, i gcás ina ndéanfar an fostóir nó na fostóirí a sheirbheáil go pearsanta de réir fhorálacha Ordú 10 de na Rialacha Cúirte Cuarda, 1950, arna leasú, nó trí chóip dhílis den chéanna a fhágáil ag áit chónaithe nó áit ghnó an fhostóra, nó trína cur leis an bpost cláraithe réamhíoctha go háit chónaithe nó áit ghnó an fhostóra, agus trí chóip den iarratas a sheachadadh ag Oifig Rúnaí an Bhinse nó ar an gCoimisinéir um Chearta, an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais, de réir mar is cuí, nó tríd an gcéanna a chur leis an bpost cláraithe réamhíoctha chuig Oifig Rúnaí an Bhinse nó chuig an gCoimisinéir um Chearta, an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais, de réir mar is cuí.

6. Ach amháin le cead speisialta ón gCúirt, is trí Mhionnscríbhinn amháin a éistfear gach iarratas faoi Alt 22 den Acht.

7. Féadfaidh an Chúirt cibé Ordú is cuí a dhéanamh maidir le costais.

ORDÚ 58

AN tACHT UM THOGHCHÁIN ÁITIÚLA (ACHAINÍOCHA AGUS DÍCHÁILÍOCHTAÍ), 1974 (UIMH. 8 DE 1974)

1. San Ordú seo ciallaíonn ''an tAcht'' an tAcht um Thoghcháin Áitiúla (Achainíocha agus Dícháilíochtaí), 1974 (Uimh. 8 de 1974). Tá le ''Toghchán Áitiúil'' an bhrí a shanntar dó le hAlt 1(1) den Acht.

2. Is trí Bhille Sibhialta, ar Bille Sibhialta Toghcháin é, de réir Fhoirm 2M de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, nó de réir cibé modhnaithe ar an bhfoirm sin is gá, a thosófar achainí sa Chúirt chun toghchán áitiúil a thabhairt faoi cheist, agus comhlíonfaidh an achainí forálacha an Achta, lena n-áirítear Ailt 3 go 6 den Acht. Is sa Chontae ina mbeidh príomhoifig an Údaráis Áitiúil lena mbainfidh an achainí sin a dhéanfar an achainí.

3. Is é an gearánaí a bheidh ina Achainíoch agus is iad na daoine go léir a mbeidh cóip den Bhille Sibhialta seirbheáilte orthu de bhun Alt 4(1) den Acht a bheidh ina gcosantóirí.

4. Is de réir fhorálacha Alt 26 den Acht a sheirbheálfar gach Bille Sibhialta Toghcháin agus beidh sé faoi réir na Rialacha céanna maidir le comhdú is a bhaineann le gach catagóir eile Bille Shibhialta.

5. Laistigh de dheich lá tar éis an Bille Sibhialta a sheirbheáil, déanfaidh gach cosantóir/freagróir Láithreas a thaifeadadh agus, laistigh de dheich lá eile, déanfaidh sé Cosaint de réir Fhoirm 6A de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, nó de réir cibé modhnaithe ar an bhfoirm sin is gá, a sheirbheáil ar an ngearánaí/achainíoch agus í a chomhdú san oifig.

6. Ach amháin le cead speisialta ón gCúirt is trí fhianaise béil a thriailfear gach imeacht faoin Acht.

7. Ceapfaidh an Chúirt duine chun freastal ar éisteacht gach imeachta agus, más gá, chun tuarascáil a dhéanamh, agus tabharfar an luathscríbhneoir oifigiúil ar an duine sin.

8. Is i bhfoirm Cáis Shonraithe a dhéanfar gach achomharc ar cheist dlí chun na Cúirte Uachtaraí de bhua fhorálacha Fho-alt 3 d'Alt 7 den Acht. Aon pháirtí ar mian leis achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Uachtaraí ní foláir dó Fógra go bhFuil ar Intinn achomharc a dhéanamh a thaisceadh leis an gCláraitheoir Contae laistigh de cheithre lá dhéag ó dháta an ordaithe a mbeidh sé ag déanamh achomhairc ina choinne. Beidh an fógra sin de réir Fhoirm 38A de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo nó de réir cibé modhnaithe ar an bhfoirm sin is gá.

9. Is de réir Fhoirm 38B de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, nó de réir cibé modhnaithe ar an bhfoirm sin is gá, a bheidh gach achomharc i bhfoirm cáis shonraithe.

10. Is é an t-achomharcóir a ullmhóidh gach achomharc i bhfoirm cáis shonraithe, agus is é Breitheamh na trialach a shocróidh é tar éis dó dul i gcomhairle leis na páirtithe go léir sna himeachtaí agus beidh ann:—

(*a*) Achoimre ar fhíorais iomchuí na n-imeachtaí.

(*b*) Forais an achomhairc.

11. Déanfar de réir Rialacha na nUaschúirteanna a bhaineann le seirbheáil agus taifeadadh achomhairc chun na Cúirte Uachtaraí (atá in Ordú 58 de na Rialacha sin) agus beidh feidhm acu maidir le seirbheáil agus taifeadadh gach achomhairc i bhfoirm cáis shonraithe san Ordú seo.

12. (1) Ar éisteacht na n-imeachtaí a bheith críochnaithe, síneoidh an luathscríbhneoir oifigiúil an nóta luathscríbhinne a bheidh déanta aige agus deimhneoidh sé an céanna a bheith iomlán agus cruinn.

(2) Ar iarratas ón gCláraitheoir Contae tabharfaidh an luathscríbhneoir oifigiúil tuarascáil dó arb é a bheidh inti an nóta luathscríbhinne bunaidh agus scríbhinn d'iomlán an nóta sin nó de cibé cuid de a bheidh ag teastáil.

(3) Déanfar an scríbhinn a chlóscríobh agus déanfaidh an duine a chlóscríobhfaidh í, cibé acu is é an luathscríbhneoir oifigiúil é nó duine éigin eile, a dheimhniú gur scríbhinn iomlán agus cruinn í d'iomlán an nóta luathscríbhinne arna dhéanamh ag an luathscríbhneoir oifigiúil nó de cibé cuid de a bheidh ag teastáil.

(4) Beidh i dtuarascáil an luathscríbhneora oifigiúil an fhianaise, aon agóid a bheidh déanta i gcúrsa na fianaise sin, agus breithiúnas an Bhreithimh ach, mura n-ordóidh an Breitheamh a mhalairt, ní bheidh aon chuid d'óráidí an Aturnae nó an Abhcóide san áireamh inti.

(5) Féadfaidh aon pháirtí a mbeidh leas aige in achomharc cóip den scríbhinn, arna hullmhú chun críocha an achomhairc, a fháil ón gCláraitheoir Contae ar na táillí cuí a íoc.

13. Is i bhfoirm cáis shonraithe chomhairligh a dhéanfar gach iarratas ar thuairim na Cúirte Uachtaraí ar aon cheist dlí a éireoidh i dtriail chaingne de bhua fhorálacha Fho-alt 1 d'Alt 23 den Acht.

14. Beidh gach cás sonraithe comhairleach de réir Fhoirm 38C de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, nó de réir cibé modhnaithe ar an bhfoirm sin is gá.

15. Maidir le gach cás sonraithe comhairleach, is é an páirtí a mbeidh an céanna á iarraidh aige, nó an páirtí a ainmneoidh Breitheamh na trialach, a ullmhóidh é agus is é Breitheamh na trialach, tar éis dó dul i gcomhairle leis na páirtithe go léir sna himeachtaí, a shocróidh é agus beidh ann:

(*a*) Achoimre ar fhíorais iomchuí na n-imeachtaí.

(*b*) An cheist dlí a d'éirigh sa triail agus a mbeidh tuairim na Cúirte Uachtaraí á lorg ina taobh.

16. Déanfar de réir Rialacha na nUaschúirteanna a bhaineann le cásanna sonraithe chun na Cúirte Uachtaraí, atá i Riail 2(2) d'Ordú 59 de na Rialacha sin, agus beidh feidhm acu maidir le gach cás sonraithe comhairleach san Ordú seo.

17. (1) Is trí Fhógra Foriarratais de réir Fhoirm 38D de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, nó de réir cibé modhnaithe ar an bhfoirm sin is gá, a dhéanfar gach iarratas chun na Cúirte ar chead chun Bille Sibhialta Toghcháin a tharraingt siar agus comhlíonfaidh sé forálacha an Achta, lena n-áirítear Ailt 9 go 12 den Acht.

(2) Déanfar cóipeanna den dá nuachtán a mbeidh an fógra go bhfuil ar intinn cead a iarraidh ar an gCúirt chun an Bille Sibhialta Toghcháin a tharraingt siar curtha isteach iontu, de réir fhorálacha Fho-alt 3 d'Alt 9 den Acht, a thaisceadh leis an gCláraitheoir Contae díreach ar an gcéanna a eisiúint.

18. Féadfar Iarratas chun na Cúirte faoi Fho-alt (3) d'Alt 13 den Acht a dhéanamh *ex parte*.

19. I ngach imeacht lena mbainfidh an tOrdú seo, féadfaidh an Breitheamh gach Ordú is cóir agus is réasúnach a dhéanamh maidir le costais, ag féachaint d'fhorálacha Ailt 21 agus 22 den Acht.

ORDÚ 59

AN DLÍ TEAGHLAIGH

Riail 1 — Athair cláraithe a cheapadh ina chaomhnóir

1. Déantar socrú leis an Ordú seo maidir le nós imeachta speisialta chun iarratas ó athair chun é a cheapadh ina chaomhnóir ar naíon a chinneadh sa chás seo a leanas:

(*a*) i gcás ina dtabharfaidh an mháthair a toiliú i scríbhinn leis an athair a cheapadh ina chaomhnóir, agus

(*b*) i gcás ina mbeidh an t-athair cláraithe mar athair an naín i gClár a bheidh á chothabháil faoi na hAchtanna um Chlárú Breitheanna agus Básanna, 1863 go 1987.

2. Is sa Chontae ina mbeidh gnáthchónaí ar an iarratasóir, nó ar an naíon lena mbainfidh an t-iarratas, nó ina mbeidh aon ghairm, gnó nó slí bheatha á seoladh nó á sheoladh aige, a dhéanfar gach iarratas faoin Ordú seo.

3. Is trí Fhoriarratas tionscnaimh a eisiúint, as an Oifig, a thionscnófar gach imeacht faoin Ordú seo.

4. Is de réir Fhoirm 37E de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, nó de réir cibé modhnaithe ar an bhfoirm sin is cuí, a dhéanfar gach iarratas a dhéanfar le toiliú i scríbhinn ón máthair de bhun alt 6A den Acht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964 (arna chur isteach le halt 12 den Acht um Stádas Leanaí, 1987), agus cuirfear an dáta air agus beidh air ainm, seoladh agus tuairisc an iarratasóra, agus déanfaidh a aturnae, más ann, é a shíniú, nó mura mbeidh aon aturnae aige, síneoidh sé féin é.

5. Ar Fhoriarratas tionscnaimh a eisiúint, comhdófar cóip de agus, air sin, taifeadfaidh an Cláraitheoir Contae an céanna agus cuirfidh sé faoi deara é a liostú ar an dáta a mbeidh sé le cur ar ais a bheidh luaite ann. Ní gá ar an gcéad ásc fógra faoin iarratas a thabhairt don mháthair ach amháin, i gcásanna nach mbeidh Dearbhú Reachtúil i bhFoirm 37F de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, nó modhnú oiriúnach ar an bhfoirm sin, comhlánaithe ag an máthair nó d'éagmais an mháthair do láithriú sa Chúirt ar an dáta a mbeidh an Foriarratas le cur ar ais, go bhféadfaidh an Breitheamh, dá rogha féin, an t-iarratas sin a chur ar atráth agus go bhféadfaidh sé a ordú go ndéanfar fógra faoi a sheirbheáil ar an máthair agus go bhféadfaidh sé cibé orduithe breise nó eile is cuí leis in imthosca an cháis a thabhairt maidir le héisteacht an iarratais sin.

7. Is ar fhianaise béil a éistfear gach iarratas faoin Ordú seo. Is gá don iarratasóir fianaise oiriúnach ar an toiliú i scríbhinn ón máthair a thabhairt ar aird, mar aon le cóip dheimhnithe den taifead sa Chlár arna chothabháil faoi na hAchtanna um Chlárú Breitheanna agus Básanna, 1863 go 1987, á thaispeáint go bhfuil an t-iarratasóir cláraithe mar athair an naín lena mbainfidh an t-iarratas.

8. Is ar shlí seachas go poiblí a éistfear gach iarratas faoin Ordú seo.

Riail 2 — Dearbhú Tuismíochta

1. Is sa Chontae ina mbeidh gnáthchónaí ar aon pháirtí san iarratas nó ina mbeidh aon ghairm, gnó nó slí bheatha á seoladh nó á sheoladh aige a dhéanfar gach iarratas faoin Ordú seo, nó os comhair Chuaird Bhaile Átha Cliath i gcás nach mbeidh gnáthchónaí sa Stát ar aon pháirtí sna himeachtaí nó nach mbeidh aon ghairm, gnó nó slí bheatha á seoladh nó á sheoladh aige sa Stát.

2. Is trí Bhille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh a eisiúint, as Oifig an Chláraitheora Contae, a thionscnófar gach imeacht faoin Ordú seo.

3. Is de réir Fhoirm 2N de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, nó de réir cibé modhnaithe ar an bhfoirm sin is cuí, a thionscnófar gach Bille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh ina mbeidh iarratas a bheidh á dhéanamh de bhun Alt 35 den Acht um Stádas Leanaí, 1987, agus cuirfear an dáta air agus beidh air ainm, seoladh agus tuairisc an iarratasóra, agus déanfaidh a Aturnae, más ann, é a shíniú, nó mura mbeidh aon Aturnae aige, síneoidh sé féin é, ach amháin, i gcás ina mbeidh an t-iarratasóir faoi bhun ocht mbliana déag d'aois ar dháta tionscanta na n-imeachtaí, go mbeidh ar an mBille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh ainm, seoladh agus tuairisc neaschara an iarratasóra, agus go ndéanfaidh Aturnae an neascharad, más ann, é a shíniú, nó mura mbeidh aon Aturnae aige, síneoidh an neaschara é. Beidh i ngach Bille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh a eiseofar de bhun an Ordaithe seo an fhaisnéis seo a leanas i gcás inarb infheidhme í, agus, i gcás nárb infheidhme í, luafar sin:

(*a*) An seoladh sa Stát ag a mbeidh cónaí ar gach páirtí sna himeachtaí nó ag a mbeidh aon ghairm, gnó nó slí bheatha á seoladh nó á sheoladh aige.

(*b*) Dáta breithe an iarratasóra.

(*c*) Áit bhreithe an iarratasóra.

(*d*) Mura mbeidh áit bhreithe an iarratasóra sa Stát, na cúiseanna a bheidh leis an dearbhú a lorg ón gCúirt.

(*e*) Ainm agus seoladh an duine a bheidh ainmnithe mar athair an iarratasóra.

(*f*) Cibé acu an maireann nó nach maireann an duine a bheidh ainmnithe mar athair an iarratasóra.

(*g*) Ainm agus seoladh an duine a bheidh ainmnithe mar mháthair an iarratasóra.

(*h*) Cibé acu an maireann nó nach maireann an duine a bheidh ainmnithe mar mháthair an iarratasóra.

(*i*) I leith gach duine a bheidh ainmnithe mar athair nó mar mháthair, ráiteas gairid faoi na forais ar a líomhnaítear gurb é an duine sin athair nó máthair an iarratasóra.

4. Déanfar aon duine nó daoine a bheidh ainmnithe mar athair nó mar mháthair an iarratasóra a ainmniú mar fhreagróirí sna himeachtaí, murab eisean nó ise neaschara an iarratasóra chun críche an iarratais sin. Mura maireann aon duine a d'ainmneofaí ina fhreagróir nó ina freagróir murach sin nó mura mbeidh sé nó sí ar fáil chun imeachtaí a sheirbheáil air nó uirthi laistigh den dlínse, ansin féadfar an t-iarratas a dhéanamh ar an gcéad ásc gan seirbheáil a dhéanamh ar an duine sin. I ngach cás féadfaidh an Chúirt a ordú fógra faoi aon imeachtaí faoin Ordú seo a thabhairt do cibé duine nó daoine is cuí leis an gCúirt agus féadfaidh an Chúirt, uaithi féin nó ar iarratas ón duine sin nó ó aon pháirtí sna himeachtaí, a ordú go gcuirfear an duine sin isteach mar pháirtí breise sna himeachtaí sin. Is trí chóip dhílis den Bhille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh a sheirbheáil ar an duine sin a mbeidh fógra le tabhairt dó nó di, mar aon le fógra faoi dhéanamh an ordaithe á ordú an fógra sin a thabhairt, a thabharfar an fógra sin.

5. Ar Bhille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh a eisiúint de bhun an Orduithe seo, comhdófar cóip de agus, air sin, taifeadfaidh an Cláraitheoir Contae an céanna.

6. Déanfar gach Bille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh a eiseofar de bhun an Orduithe seo a sheirbheáil trí chóip den chéanna a chur leis an ngnáthphost réamhíoctha agus í dírithe chun an fhreagróra (nó chun an pháirtí a mbeidh sé ordaithe fógra a thabhairt dó mar a dúradh) ag an áit chónaithe dheireanach is eol a bheith aige, nó mar mhalairt air sin, féadfaidh aon duine os cionn ocht mbliana déag d'aois é a sheirbheáil go pearsanta ar an bhfreagróir nó ar an duine sin a mbeidh fógra le tabhairt dó. Measfar seirbheáil leis an bpost a dhéanamh ar an dara lá tar éis lá na postála. Mionnófar mionnscríbhinn seirbheála gach Bille Shibhialta um an Dlí Teaghlaigh agus comhdófar san Oifig í. I gcás inar deacair nó inar dodhéanta aon fhreagróir den sórt sin nó aon duine eile den sórt sin a sheirbheáil laistigh den dlínse, féadfaidh an Chúirt nó an Cláraitheoir Contae Ordú a dhéanamh chun seirbheáil ionadach nó seirbheáil lasmuigh den dlínse a dhéanamh i leith an Bhille Shibhialta sin um an Dlí Teaghlaigh nó i leith an fhógra faoi, nó chun seirbheáil ionadach agus seirbheáil lasmuigh den dlínse araon a dhéanamh.

7. Más mian leis an bhfreagróir nó le haon duine a mbeidh fógra faoin mBille Sibhialta sin um an Dlí Teaghlaigh seirbheáilte air, nó aon duine a mbeidh páirtí sna himeachtaí sin déanta de, éileamh an iarratasóra nó aon chuid den fhaisnéis a bheidh leagtha amach ar an mBille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh a dhíospóid, go hiomlán nó go páirteach, déanfaidh sé, laistigh de dheich lá tar éis an Bille Sibhialta sin a sheirbheáil air, nó laistigh de cibé tréimhse bhreise ama a cheadóidh an Chúirt, Cosaint a sheirbheáil ar an iarratasóir nó ar a Aturnae i bhFoirm 6A i Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, nó i cibé modhnú ar an bhfoirm sin is cuí. Déanfar cóip dhílis den Chosaint sin a chomhdú san Oifig agus a sheirbheáil ar gach páirtí eile sna himeachtaí

sin laistigh de dhá lá tar éis í a sheirbheáil ar an iarratasóir nó ar a Aturnae. Má mhainnítear aon Chosaint a sheirbheáil agus/nó a chomhdú, féadfaidh an Chúirt, ar iarratas arna dhéanamh le Foriarratas iar bhfógra chuig an bpáirtí mainneachtnach, breithiúnas a thabhairt ar an mBille Sibhialta nó a ordú go rachaidh an t-iarratas ar aghaidh ar an mbonn go measfar go ngéilleann an páirtí mainneachtnach do na nithe a leagtar amach sa Bhille Sibhialta, ar an gCúirt a bheith deimhin de gur seirbheáladh fógra faoin iarratas sin ar an bpáirtí mainneachtnach sin ceithre lá glan ar a laghad roimh éisteacht an iarratais.

8. Ar an dáta a bheidh socraithe lena chur ar ais, nó ar aon dáta atrátha, féadfaidh an Chúirt cibé ordú nó orduithe is fóirsteanach léi a thabhairt maidir leis an iarratas sin agus maidir lena éisteacht, lena n-áirítear na nithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta do na nithe sin: sonraí a thabhairt; faisnéis a sholáthar; páipéir a chur go dtí an tArd-Aighne; an tArd-Aighne nó aon duine eile a chur isteach mar pháirtí breise sna himeachtaí; fógra faoin iarratas a thabhairt d'aon duine; agus aon ní eile a ndéantar iarratais nó orduithe i ndáil leis a fhoráil le Cuid VI den Acht um Stádas Leanaí, 1987.

9. Ach amháin mar a n-ordóidh an Chúirt a mhalairt, is ar fhianaise béil a éistfear gach imeacht faoin Ordú seo. Tráth éisteachta gach imeachta féadfaidh an Chúirt a ordú gur ar shlí seachas go poiblí a éistfear an t-imeacht go léir nó aon chuid de, agus, mura n-ordóidh an Chúirt a mhalairt, is amhlaidh a éistfear iarratas ar ordú faoin Riail seo.

10. Gan dochar do chumhacht na Cúirte gníomhú uaithi féin, is le Foriarratas iar bhfógra a thabhairt do cibé páirtithe a ndéanfaidh an t-iarratas difear dóibh, ar fógra é sin a sheirbheálfar ceithre lá glan ar a laghad sula n-éistfear an Foriarratas sin, a dhéanfar gach iarratas a dhéanfar de bhun alt 35 (v) (ar ordú go ndéanfar páipéir a chur go dtí an tArd-Aighne) nó alt 35 (vii) (á ordú go gcuirfear duine isteach mar pháirtí breise sna himeachtaí) den Acht um Stádas Leanaí, 1987, mar aon le gach iarratas ar bhreithiúnas de bhun Riail 7. Measfar seirbheáil leis an bpost a dhéanamh ar an dara lá tar éis lá na postála.

11. Is i bhFoirm 37G de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, nó i cibé modhnú ar an bhfoirm sin is cuí, a dhéanfar aon dearbhú a dhéanfar faoin Ordú seo. Tabharfaidh an Cláraitheoir Contae cóip de gach dearbhú a dhéanfar faoin Ordú seo don Ard-Chláraitheoir laistigh de dheich lá tar éis an dearbhú sin a dhéanamh.

Riail 3 — Tástálacha Fola i gcás a mbeidh Ceist ann faoin Tuismíocht

1. Gan dochar do chumhacht na Cúirte ordú a dhéanamh uaithi féin, is le Foriarratas iar bhFógra de réir Fhoirm 37H de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, nó de réir cibé modhnaithe ar an bhfoirm sin is cuí, a dhéanfar gach iarratas a dhéanfar de bhun Alt 38 den Acht um Stádas Leanaí, 1987, ar ordú chun tástálacha fola a úsáid. Beidh teideal na n-imeachtaí a mbeidh an t-iarratas á dhéanamh iontu mar cheannteideal ar an bhfógra foriarratais sin agus sonrófar ann ainm an duine a mbeidh a thuismíocht faoi dhíospóid agus leagfar amach

ann ainm agus seoladh iomlán agus dáta breithe gach duine a mbeartófar sampla fola a thógáil uaidh.

2. Seirbheálfar an fógra foriarratais ar gach duine a mbeartófar sampla fola a thógáil uaidh ceithre lá glan ar a laghad roimh an lá a bheidh socraithe chun é a éisteacht. Measfar seirbheáil leis an bpost a dhéanamh ar an dara lá tar éis lá na postála.

3. Is ar fhianaise béil a éistfear gach iarratas díobh sin, mura gceadóidh nó mura n-ordóidh an Chúirt a mhalairt.

4. Is i bhFoirm 37I de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo a bheidh gach ordú faoi alt 38 (1).

5. I gcás inar tástáladh samplaí fola de bhun alt 40 den Acht, mura n-ordóidh an Chúirt a mhalairt, ní bheidh aon pháirtí sna himeachtaí i dteideal an duine ar faoina urlámh a tástáladh na samplaí fola, ná aon duine a rinne aon ní ba ghá a dhéanamh chun go bhféadfaí na tástálacha sin a dhéanamh, a ghairm mar fhinné, mura ndéanfaidh sé, laistigh de cheithre lá dhéag tar éis dó cóip den tuarascáil a fháil, fógra i bhFoirm 37J de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, nó i cibé modhnú ar an bhfoirm sin is cuí, a sheirbheáil ar na páirtithe eile sna himeachtaí, nó ar cibé páirtí díobh a ordóidh an Chúirt, á rá go bhfuil ar intinn aige an duine sin a ghairm mar fhinné.

Riail 4 —
An tAcht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964
An tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí), 1976
An tAcht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh, 1976
An tAcht um Idirscaradh Breithiúnach agus Athchóiriú an Dlí Teaghlaigh, 1989
An tAcht um an Dlí Teaghlaigh, 1995
An tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996
Acht na Leanaí, 1997

Réamhrá, Ionadú agus Cúlghairm

1. San Ordú seo ciallaíonn ''Acht 1996'' an tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996 (Uimh. 33 de 1996), agus

ciallaíonn ''Acht 1995'' an tAcht um an Dlí Teaghlaigh, 1995 (Uimh. 26 de 1995), agus ciallaíonn ''Acht 1989'' an tAcht um Idirscaradh Breithiúnach agus Athchóiriú an Dlí Teaghlaigh, 1989 (Uimh. 6 de 1989), agus ciallaíonn ''Acht 1964'' an tAcht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964 (Uimh. 7 de 1964), agus ciallaíonn ''Acht 1997'' Acht na Leanaí, 1997 (Uimh. 40 de 1997), agus ciallaíonn ''Acht 1976'' an tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí), 1976 (Uimh. 11 de 1976), agus ciallaíonn ''an Dara hAcht ó 1976'' an tAcht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh, 1976 (Uimh. 27 de 1976).

Ionad

2. Is sa chontae ina mbeidh gnáthchónaí ar aon pháirtí sna himeachtaí

nó ina mbeidh aon ghairm, gnó nó slí bheatha á seoladh nó á sheoladh aige a thionscnófar aon imeachtaí faoin Ordú seo.

Tosach Feidhme

3. (*a*) Is tríd an mBille Sibhialta cuí um an Dlí Teaghlaigh, de réir Fhoirm 2N de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, fara cibé modhnuithe ar an bhfoirm sin is cuí, san fhoirmle agus ar an modh a fhoráiltear anseo ina dhiaidh seo, a eisiúint as oifig an Chláraitheora Contae don chontae cuí a dhéanfar gach imeacht i leith na nithe seo a leanas faoin Ordú seo a thionscnamh: colscaradh, idirscaradh breithiúnach, faoiseamh tar éis colscaradh coigríche nó idirscaradh lasmuigh den Stát, neamhniú, dearbhuithe stádais phósta, saincheisteanna maoine idir céilí a chinneadh de bhun alt 36 d'Acht 1995/saincheisteanna maoine idir cúplaí a bhí geallta tráth a chinneadh de bhun alt 44 d'Acht 1996, faoiseamh de bhun alt 25 d'Acht 1995, alt 18 d'Acht 1996 nó alt 15A d'Acht 1995, faoiseamh de bhun Acht 1964, faoiseamh de bhun Acht 1997, faoiseamh de bhun Acht 1976 nó faoiseamh de bhun an Dara hAcht ó 1976; ach amháin nach n-eiseofar aon Bhille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh i leith faoisimh tar éis colscaradh coigríche nó idirscaradh lasmuigh den Stát go dtí go mbeidh ceanglais a leagtar síos i Riail 4(*b*) de na Rialacha seo comhlíonta. Ar é a eisiúint, déanfar an Bille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh a sheirbheáil ar mhodh dá bhforáiltear anseo thíos.

(*b*) Ní eiseofar aon imeachtaí i leith ordaithe faoisimh tar éis colscaradh coigríche nó idirscaradh lasmuigh den Stát gan cead ón gCúirt chuí de réir alt 23(3) d'Acht 1995. Is ina iarratas *ex parte* i bhfoirm duillín *ex parte* a mbeidh an Mhionnscríbhinn ón Iarratasóir nó ó dhuine cuí eile mar fhoras leis a dhéanfar an t-iarratas sin ar chead chun imeachtaí a eisiúint. Foilseánfaidh an Mhionnscríbhinn réamhluaite dréacht den Bhille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh i leith faoisimh tar éis colscaradh nó idirscaradh lasmuigh den Stát a mbeidh cead á lorg ag an Iarratasóir chun é a eisiúint, chomh maith leis an bhforaithne cholscartha nó idirscartha coigríche; leagfar amach go hiomlán inti na cúiseanna a bhfuil faoiseamh á lorg agus deimhneascfar go sonrach inti go bhfuil, de réir mar is eol agus is feasach don Iarratasóir agus mar a chreideann sé, ceanglais dlínse alt 27 d'Acht 1995 comhlíonta sa chás áirithe, ag sonrú an bhoinn áirithe dlínse ar a bhfuiltear ag seasamh.

Foirm na nImeachtaí

4. Is i míreanna uimhrithe ina leagfar amach an faoiseamh a bheidh á lorg, mar aon leis na forais ar a mbeifear ag seasamh mar thaca leis an iarratas, a bheidh gach Bille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh. Beidh an Bille Sibhialta de réir na foirme a leagtar amach i bhFoirm 1 sna Rialacha seo, nó de réir cibé modhnaithe ar an bhfoirm sin is cuí, faoi réir na gceanglas a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo.

(*a*) I ngach cás, beidh na mionsonraí seo a leanas ar áireamh i mBille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh i leith Foraithne Colscartha:

(i) dáta pósta na bpáirtithe agus an áit inar phós siad;

(ii) an fad aimsire a chónaigh na páirtithe ar leithligh óna chéile, lena n-áirítear an dáta ar thosaigh na páirtithe ag cónaí ar leithligh óna chéile, mar aon le seoltaí an dá pháirtí le linn na tréimhse ama sin, más eol na seoltaí sin;

(iii) mionsonraí faoi aon fhaoiseamh pósta roimhe sin a lorgaíodh agus/nó a fuarthas, mar aon le mionsonraí faoi aon chomhaontú idirscartha roimhe sin a rinneadh idir na páirtithe (i gcás inar cuí sin, is ceart cóip dheimhnithe d'aon ordú cúirte iomchuí agus/nó d'aon ghníomhas idirscartha/d'aon chomhaontú idirscartha a chur i gceangal leis an mBille Sibhialta);

(iv) ainmneacha agus aoiseanna agus dátaí breithe aon leanaí cleithiúnacha den phósadh;

(v) mionsonraí faoi áras/árais teaghlaigh na bpáirtithe agus/nó faoi áiteanna cónaithe eile dá gcuid, lena n-áirítear, más iomchuí, mionsonraí faoi aon áras teaghlaigh/áit chónaithe roimhe sin agus mionsonraí faoi mhodh áitithe/úinéireachta an chéanna san áireamh;

(vi) i gcás ina ndéanfar tagairt sa Bhille Sibhialta d'aon mhaoin dhochorraithe, cibé acu an talamh cláraithe nó neamhchláraithe atá inti agus tuairisc ar an talamh/áitreabh a dtagrófar dó amhlaidh;

(vii) bonn na dlínse faoi Acht 1996;

(viii) slí bheatha/slite beatha gach páirtí;

(ix) na forais ar a mbeifear ag seasamh le haghaidh an fhaoisimh a bheidh á lorg;

(x) gach alt d'Acht 1996 faoina mbeidh faoiseamh á lorg.

(*b*) I ngach cás, beidh na mionsonraí seo a leanas ar áireamh i mBille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh i leith Foraithne Idirscartha Bhreithiúnaigh:

(i) dáta pósta na bpáirtithe agus an áit inar phós siad;

(ii) ainmneacha agus aoiseanna agus dátaí breithe aon leanaí cleithiúnacha den phósadh;

(iii) mionsonraí faoi áras/árais teaghlaigh na bpáirtithe agus/nó faoi áit chónaithe eile dá gcuid, lena n-áirítear, más iomchuí, mionsonraí faoi aon áras teaghlaigh/áit chónaithe roimhe sin agus mionsonraí faoi mhodh áitithe/úinéireachta an chéanna san áireamh;

(iv) i gcás ina ndéanfar tagairt sa Bhille Sibhialta d'aon mhaoin dhochorraithe, cibé acu an talamh cláraithe nó neamhchláraithe atá inti agus tuairisc ar an talamh/áitreabh a dtagrófar dó amhlaidh;

(v) bonn na dlínse faoin Acht;

(vi) slí bheatha/slite beatha gach páirtí;

(vii) na forais ar a mbeifear ag seasamh le haghaidh na foraithne agus le haghaidh aon fhaoisimh eile a bheidh á lorg;

(viii) gach alt den Acht faoina mbeidh faoiseamh á lorg, lena n-áirítear cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil Ordú de bhun alt 54 (3) d'Acht 1995 á lorg.

(*c*) I ngach cás, beidh na mionsonraí seo a leanas ar áireamh i mBille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh i leith faoisimh tar éis colscaradh coigríche nó idirscaradh lasmuigh den Stát de bhun alt 23 d'Acht 1995:

(i) dáta pósta agus colscartha/idirscartha na bpáirtithe agus an áit inar phós agus inar cholscar/idirscar siad (déanfar cóip dheimhnithe den fhoraithne iomlán nó den fhoraithne chríochnaitheach cholscartha/idirscartha, i dteannta aistriúcháin fhíordheimhnithe uirthi, más cuí sin, a chur i gceangal leis an mBille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh);

(ii) comhshocraíochtaí airgeadais agus maoine agus coimeádta/rochtana a bheidh ag oibriú go coimhdeach leis an bhforaithne sin, cibé acu an ndearnadh na comhshocraíochtaí sin le comhaontú nó le hOrdú ón gCúirt nó ar shlí eile agus cibé acu an ndearnadh na comhshocraíochtaí sin i gcomhaimsir leis an bhforaithne nó tráth eile agus a mhéid a comhlíonadh iad;

(iii) ainmneacha agus aoiseanna agus dátaí breithe aon leanaí cleithiúnacha den phósadh;

(iv) áras teaghlaigh na bpáirtithe agus/nó áit chónaithe eile dá gcuid, lena n-áirítear, más iomchuí, mionsonraí faoi aon áras teaghlaigh/áit chónaithe roimhe sin agus mionsonraí faoi mhodh áitithe/úinéireachta an chéanna san áireamh;

(v) i gcás ina ndéanfar tagairt sa Bhille Sibhialta d'aon

mhaoin dhochorraithe sa Stát, cibé acu an talamh cláraithe nó neamhchláraithe atá inti agus tuairisc ar an talamh/áitreabh a dtagrófar dó amhlaidh;

(vi) bonn na dlínse faoi alt 27 d'Acht 1995;

(vii) stádas pósta láithreach agus slí bheatha láithreach/slite beatha láithreacha gach páirtí;

(viii) na forais ar a mbeifear ag seasamh le haghaidh an fhaoisimh a bheidh á lorg;

(ix) gach alt d'Acht 1995 faoina mbeidh faoiseamh á lorg;

(x) mionsonraí is iomchuí maidir leis na nithe dá dtagraítear in alt 26 d'Acht 1995.

(*d*) I ngach cás, beidh na mionsonraí seo a leanas ar áireamh i mBille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh i leith neamhniú:

(i) dáta pósta na bpáirtithe agus an áit inar phós siad;

(ii) sainchónaí na gcéilí ar dháta an phósta agus ar an dáta ar ar tionscnaíodh imeachtaí agus, i gcás ina bhfuair ceachtar céile bás sular tionscnaíodh imeachtaí, sainchónaí an chéile sin ar dháta an bháis;

(iii) cibé acu a bhí nó nach raibh gnáthchónaí ar na céilí nó ar cheachtar acu sa Stát i gcaitheamh na tréimhse aon bhliana roimh an dáta ar ar tionscnaíodh imeachtaí agus, i gcás ina bhfuair ceachtar céile bás sular tionscnaíodh imeachtaí, cibé acu a bhí nó nach raibh gnáthchónaí ar an gcéile sin sa Stát i gcaitheamh na tréimhse aon bhliana sula bhfuair sé bás;

(iv) seoladh agus tuairisc gach páirtí;

(v) líon na leanaí den phósadh;

(vi) na forais ar a mbeidh foraithne agus aon fhaoiseamh eile á lorg;

(vii) an faoiseamh a bheidh á lorg (lena n-áirítear cibé acu a bheidh nó nach mbeidh dearbhú a bhainfidh le coimeád duine chleithiúnaigh den teaghlach de bhun alt 46 d'Acht 1995 á lorg) agus na saincheisteanna a bheidh le triail.

(*e*) I ngach cás, beidh na mionsonraí seo a leanas ar áireamh i mBille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh i leith Dearbhaithe Stádais Phósta:

(i) nádúr na cúise a bheidh ag an Iarratasóir le dearbhú den sórt sin a lorg;

(ii) mionsonraí iomlána faoin bpósadh/faoin gcolscaradh/faoin neamhniú/faoin idirscaradh dlíthiúil a mbeidh an dearbhú á lorg ina leith, lena n-áirítear dáta agus ionad an phósta/an cholscartha/an neamhnithe/an idirscartha dhlíthiúil sin (más féidir, is ceart cóip dheimhnithe den deimhniú pósta/den fhoraithne cholscartha/neamhnithe/idirscartha dhlíthiúil a chur i gceangal leis an mBille Sibhialta);

(iii) an modh ina mbeidh ceanglais dlínse alt 29(2) d'Acht 1995 comhlíonta;

(iv) mionsonraí faoi aon imeachtaí roimhe sin nó aon imeachtaí ar feitheamh i ndáil le haon phósadh lena mbainfidh nó le stádas pósta páirtí in aon phósadh den sórt sin de réir alt 30 d'Acht 1995;

(v) an faoiseamh a bheidh á lorg;

(vi) aon fhíorais iomchuí eile.

(*f*) I ngach cás, beidh na nithe seo a leanas ar áireamh i mBille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh chun saincheisteanna maoine idir céilí a chinneadh de bhun alt 36 d'Acht 1995/chun saincheisteanna maoine idir daoine a bhí geallta tráth a chinneadh de bhun alt 44 d'Acht 1996:

(i) tuairisc, cineál agus méid na maoine nó an airgid a bheidh faoi dhíospóid;

(ii) staid eolais an chéile is Iarratasóir i ndáil le seilbh agus rialú na maoine nó an airgid a bheidh faoi dhíospóid gach tráth iomchuí;

(iii) cineál agus méid an leasa a bheidh á éileamh ag an Iarratasóir sa mhaoin nó san airgead agus an bonn ar a mbeidh éileamh den sórt sin á dhéanamh;

(iv) cineál agus méid aon éilimh ar fhaoiseamh a bheidh á dhéanamh agus an bonn ar a mbeidh aon éileamh den sórt sin ar fhaoiseamh á dhéanamh;

(v) i gcás ina ndéanfar tagairt sa Bhille Sibhialta d'aon mhaoin dhochorraithe, cibé acu an talamh cláraithe nó neamhchláraithe atá inti agus tuairisc ar an talamh/áitreabh a dtagrófar dó amhlaidh;

(vi) an modh ina n-éilítear gur mhainnigh, gur fhailligh nó gur dhiúltaigh an céile is Freagróir cibé íocaíocht a dhéanamh leis an gcéile is Iarratasóir, nó cibé diúscairt a

dhéanamh chuige/chuici, is cuí sna himthosca go léir, mar aon le mionsonraí faoi aon íocaíocht nó diúscairt a rinneadh;

(vii) gur comhlíonadh na teorainneacha ama a dtagraítear dóibh in alt 36(7) d'Acht 1995;

(viii) aon fhíorais iomchuí eile.

(*g*) I ngach cás, beidh na mionsonraí seo a leanas ar áireamh i mBille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh i leith faoisimh de bhun alt 18 den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996, nó alt 15A nó alt 25 den Acht um an Dlí Teaghlaigh, 1995:

(i) dáta agus ionad an phósta, mar aon le dáta aon fhoraithne colscartha/idirscartha bhreithiúnaigh, agus déanfar an deimhniú pósta, mar aon le cóip dheimhnithe den fhoraithne cholscartha/idirscartha, a chur i gceangal leis an mBille Sibhialta (i dteannta aistriúchán fíordheimhnithe, más cuí sin);

(ii) mionsonraí faoi fhaoiseamh pósta roimhe sin a fuair an tIarratasóir agus go háirithe orduithe cothabhála cnapshuime agus orduithe coigeartaithe maoine, más ann;

(iii) mionsonraí faoi aon sochair a fuarthas roimhe sin ón gcéile éagtha, nó thar ceann an chéile éagtha, cibé acu trí chomhaontú nó ar shlí eile, agus mionsonraí faoi aon sochair a bheidh ag fabhrú chuig an Iarratasóir faoi théarmaí Uacht an chéile éagtha nó ar shlí eile;

(iv) dáta báis an chéile éagtha, an dáta ar ar céad-deonaíodh ionadaíocht i leith eastát an chéile sin agus, má bhaineann sé le hábhar, an dáta ar ar tugadh fógra faoi bhás an chéile éagtha don chéile is Iarratasóir agus an dáta ar ar thug an céile is Iarratasóir fógra don ionadaí pearsanta go raibh ar intinn aige/aici faoiseamh a iarraidh de bhun alt 18(7) d'Acht 1996 nó alt 15A(7) d'Acht 1995;

(v) cineál agus méid aon éilimh ar fhaoiseamh a bheidh á dhéanamh agus an bonn ar a mbeidh aon éileamh den sórt sin ar fhaoiseamh á dhéanamh;

(vi) stádas pósta an chéile éagtha ar dháta an bháis agus stádas pósta an Iarratasóra ar dháta an iarratais agus cibé acu a d'athphós an tIarratasóir ó scaoileadh an pósadh idir an tIarratasóir agus an céile éagtha;

(vii) mionsonraí faoi chleithiúnaithe uile an chéile éagtha ar dháta an bháis agus faoi chleithiúnaithe uile an Iarratasóra ar dháta an iarratais, mar aon le mionsonraí faoi aon daoine leasmhara eile;

(viii) nach ndearnadh aon ordú de bhun alt 18(10) d'Acht 1996 nó alt 15A(10) d'Acht 1995 roimhe sin;

(ix) mionsonraí faoi luach eastát an chéile éagtha, más eol sin;

(x) aon fhíorais iomchuí eile.

Is le foriarratas, dar foras mionnscríbhinn, iar bhfógra chun an chéile is iarratasóir, agus chuig cibé daoine eile a ordóidh an Chúirt, a dhéanfaidh an t-ionadaí pearsanta iarratais de bhun alt 15A(6) nó alt 25(7) d'Acht 1995 nó alt 18(6) d'Acht 1996 i ndáil le dáileadh an eastáit.

(*h*) I ngach cás, beidh na mionsonraí seo a leanas i mBille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh i leith faoisimh faoi Acht 1964 nó Acht 1997:

(i) na faoisimh bheachta a bheidh á lorg;

(ii) cibé acu an máthair nó athair an naín, nó gaol éigin eile leis an naíon, atá san Iarratasóir;

(iii) cibé acu an máthair nó athair an naín, nó gaol éigin eile leis an naíon, atá sa Fhreagróir;

(iv) mionsonraí faoi chaomhnóirí an naín;

(v) seoladh cónaithe agus slí bheatha an Iarratasóra agus an Fhreagróra;

(vi) na forais ar a mbeidh an t-iarratas á dhéanamh;

(vii) dáta breithe agus áit chónaithe an naín, mar aon le gach mionsonra iomchuí eile a bhaineann leis an naíon;

(viii) aon fhaisnéis iomchuí eile.

(*i*) I ngach cás, beidh na mionsonraí seo a leanas i mBille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh i leith faoisimh faoi Acht 1976:

(i) na faoisimh bheachta a bheidh á lorg, maille leis na daoine a mbeidh siad á lorg ina leith;

(ii) seoladh cónaithe agus slí bheatha an Iarratasóra agus an Fhreagróra;

(iii) an caidreamh idir an tIarratasóir agus an Freagróir agus na daoine a mbeidh an t-iarratas á dhéanamh ina leith;

(iv) dáta an phósta (má bhaineann sé le hábhar), lena n-áirítear mionsonraí faoi dháta agus ionad an phósta;

(v) ainmneacha agus dátaí breithe na leanaí go léir a mbaineann an t-iarratas leo, mar aon lena n-áiteanna cónaithe;

(vi) cineál na mainneachtana a bheidh á dearbhú cothabháil a dhéanamh;

(vii) aon athrú iomchuí ar imthosca (má bhaineann sé le hábhar);

(viii) aon imthosca iomchuí eile.

(*j*) I ngach cás, beidh na mionsonraí seo a leanas i mBille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh i leith faoisimh faoin Dara hAcht ó 1976:

(i) seoladh agus tuairisc áras an teaghlaigh;

(ii) dáta pósta na bpáirtithe agus an áit inar phós siad;

(iii) seoladh cónaithe agus slí bheatha an Iarratasóra agus an Fhreagróra (más eol);

(iv) an faoiseamh a bheidh á lorg agus na fíorais a mbeifear ar intinn seasamh orthu;

(v) luacháil inrátaithe an áitribh;

(vi) aon imthosca iomchuí eile.

5. Cuirfear an dáta ar gach Bille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh agus beidh air ainm, seoladh agus tuairisc an Iarratasóra, mar aon le seoladh i gcomhair imeachtaí a sheirbheáil, agus déanfaidh Aturnae an pháirtí, más ann, é a shíniú, nó, mura mbeidh Aturnae ag an Iarratasóir, síneoidh an páirtí sin féin é. Beidh an seoladh ar cheart do Fhreagróir iarratas a chur chuige d'fhonn faisnéis a fháil i ndáil le cúnamh dlíthiúil ar áireamh sna Billí Sibhialta sin freisin.

Eisiúint agus Taifeadadh

6. Ar Bhille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh a eisiúint déanfar scríbhinn bhunaidh an Bhille a chomhdú, i dteannta an deimhnithe chuí (de bhun alt 5 d'Acht 1989 nó alt 6 d'Acht 1996), Mionnscríbhinne Acmhainne sa chaingean a bheidh á beartú, arna mionnú ag an Iarratasóir, de réir Rialacha 17 agus 18 den Ordú seo, agus, sna himthosca go léir ina mbeidh leanaí cleithiúnacha ann, Mionnscríbhinne Acmhainne sa chaingean a bheidh á beartú, de réir Riail 19 den Ordú seo, agus air sin déanfaidh an Cláraitheoir Contae an céanna a thaifeadadh.

Seirbheáil

7. (*a*) Déanfar gach Bille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh a sheirbheáil leis an bpost cláraithe ar an bhFreagróir ag an seoladh is deireanaí is eol a bheith aige nó, mar mhalairt air sin, déanfaidh aon duine os coinn ocht mbliana déag d'aois é a sheirbheáil

go pearsanta ar an bhFreagróir, i dteannta an deimhnithe chuí san fhoirm a leagtar amach i bhFoirm 37D de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo (de bhun alt 5 d'Acht 1989 nó alt 6 d'Acht 1996), Mionnscríbhinne Acmhainne de réir Rialacha 17 agus 18 den Ordú seo, san fhoirm a leagtar amach i bhFoirm 37A de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, nó cibé modhnú ar an bhfoirm sin is cuí, agus, i ngach cás ina mbeidh leanaí cleithiúnacha ann, Mionnscríbhinne Acmhainne de réir Riail 19 den Ordú seo, san fhoirm a leagtar amach i bhFoirm 37B de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo. I gcás ina ndéanfar faoiseamh de bhun alt 12 agus/nó alt 13 d'Acht 1995 nó alt 17 d'Acht 1996 a lorg, déanfar fógra ina thaobh, de réir Fhoirm 37C de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, a sheirbheáil, freisin, ar iontaobhaithe na scéime pinsin a bheidh i gceist, leis an bpost cláraithe, ag a n-oifig chláraithe nó seoladh cuí eile, mar aon le Mionnscríbhinn faoin tSeirbheáil sin, arna mionnú agus arna comhdú laistigh de cheithre lá dhéag tar éis an Bille Sibhialta a sheirbheáil. Déanfar an tseirbheáil a fhormhuiniú ar gach Bille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh de réir fhorálacha Ordú 10, Riail 21, de na Rialacha seo. Féadfar gach pléadáil eile a sheirbheáil leis an ngnáthphost réamhíoctha.

(*b*) I ngach cás ina lorgófar dearbhú stádais phósta faoi Alt 29 d'Acht 1995, déanfar, i dteannta fhorálacha Riail 8(*a*) den Ordú seo, an Bille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh a sheirbheáil ar na páirtithe sa phósadh nó, i gcás nach beo dóibh a thuilleadh, ar a n-ionadaithe pearsanta (a mbeidh gach duine díobh ina pháirtí sna himeachtaí) agus ar cibé daoine eile a ordóidh an Chúirt, lena n-áirítear an tArd-Aighne, de réir na bhforálacha maidir le Billí Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh a sheirbheáil a leagtar amach anseo roimhe seo i leith an Fhreagróra in imeachtaí, agus féadfar páirtithe san iarratas a dhéanamh de na daoine sin (ach amháin an tArd-Aighne) de réir alt 29(6) d'Acht 1995. Beidh an tArd-Aighne i dteideal idirphléadáil a dhéanamh, áfach, sna himeachtaí sin.

(*c*) I gcás ina lorgófar faoiseamh de bhun alt 15A nó alt 25 d'Acht 1995, nó alt 18 d'Acht 1996, déanfar an Bille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh a sheirbheáil de réir na rialacha seo ar ionadaí pearsanta an éagaigh agus ar chéile (más ann) an éagaigh agus ar cibé duine nó daoine eile a ordóidh an Chúirt.

(*d*) Más rud é, in aon iarratas de bhun an Ordaithe seo, gur cuí Ordú a dhíriú chuig aon tríú duine nach páirtí sna himeachtaí, féadfaidh an Chúirt, más cuí léi, an t-ábhar a chur ar atráth agus a ordú don Iarratasóir nó don Fhreagróir a chur in iúl don tríú duine a mbeidh Ordú á lorg ina choinne go bhfuil Ordú á lorg ina choinne, agus dáta an atrátha a chur in iúl dó, ionas go bhféadfaidh an tríú duine sin láithriú agus éisteacht

a fháil i ndáil le déanamh an Ordaithe sin. Mar mhalairt air sin, féadfaidh an Chúirt, nuair a bheidh Ordú a bheidh dírithe chuig aon tríú duine á dhéanamh aici, a fhoráil san Ordú sin gur cheart go mbeadh de chead ag an tríú duine sin iarraidh ar an gCúirt, ar fhógra a thabhairt don Iarratasóir agus don Fhreagróir, an tOrdú a bheidh déanta a chur ar ceal a mhéid a bheidh sé dírithe i gcoinne an tríú duine sin nó a mhéid a bhainfidh sé leis.

Láithreas

8. Má tá ar intinn ag Freagróir an t-iarratas, nó aon chuid den iarratas, a chonspóid, taifeadfaidh sé/sí Láithreas san Oifig laistigh de 10 lá tar éis an Bille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh a sheirbheáil air/uirthi, i dteannta an deimhnithe chuí san fhoirm a leagtar amach i bhFoirm 37D de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo (de bhun alt 6 d'Acht 1989 agus alt 7 d'Acht 1996), agus seirbheálfaidh sé/sí cóip den Láithreas agus den deimhniú cuí ar Aturnaetha an Iarratasóra nó, i gcás inar cuí sin, ar an Iarratasóir. Beidh ar an Láithreas seoladh i gcomhair aon iarratais idirbhreitheacha a sheirbheáil, agus déanfaidh Aturnae an Fhreagróra é a shíniú, nó, mura mbeidh Aturnae ag an bhFreagróir, síneoidh an Freagróir féin é.

Cosaint

9. (*a*) An tráth céanna a mbeidh Láithreas á thaifeadadh ag Freagróir, nó laistigh de 10 lá glan ó dháta seirbheála an Láithris, nó cibé tréimhse bhreise ama a chomhaontófar idir na páirtithe nó a cheadóidh an Chúirt, déanfaidh sé/sí Cosaint a chomhdú agus a sheirbheáil, i dteannta Mionnscríbhinne Acmhainne de réir Rialacha 17 agus 18 den Ordú seo agus, i ngach cás ina mbeidh leanaí cleithiúnacha ann, Mionnscríbhinne Acmhainne de réir Riail 19 den Ordú seo, ar an Iarratasóir, nó ar Aturnae an Iarratasóra, más ann, agus ar an gCláraitheoir Contae, sna foirmeacha a leagtar amach i bhFoirmeacha 37A agus 37B de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, nó i cibé modhnú ar na foirmeacha sin is cuí. I gcás ina ndéanfar faoiseamh de bhun alt 12 agus/nó alt 13 d'Acht 1995, nó alt 17 d'Acht 1996, a lorg i bhfoirm Frithéilimh, déanfar fógra ina thaobh sin de réir Fhoirm 37C de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo a sheirbheáil, freisin, ar iontaobhaithe na scéime pinsin a bheidh i gceist, leis an bpost cláraithe, ag a n-oifig chláraithe, mar aon le Mionnscríbhinn faoin tSeirbheáil sin, arna mionnú agus arna comhdú laistigh de 7 lá tar éis an Chosaint agus an Frithéileamh a sheirbheáil.

(*b*) Ní dhéanfar aon Láithreas ná Cosaint a thaifeadadh tar éis na tréimhse ama a shonraítear sna Rialacha seo gan cead ón gCúirt nó ón gCláraitheoir Contae, nó gan comhaontú na bpáirtithe, agus ní dhéanfar aon Chosaint a thaifeadadh mura mbeidh Láithreas taifeadta roimhe sin ag an bhFreagróir mar a cheanglaítear leis na Rialacha seo.

(*c*) Cibé acu a dhéanfar nó nach ndéanfar Cosaint a chomhdú agus a sheirbheáil in aon imeachtaí, i gcás inar cuí sin, beidh d'oibleagáid ar an bhFreagróir ar aon nós Mionnscríbhinn Acmhainne agus Ráiteas Leasa a chomhdú agus a sheirbheáil de réir na Rialacha Cúirte seo laistigh de 20 lá tar éis an Bille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh a sheirbheáil air/uirthi faoi réir Riail 36 den Ordú seo.

(*d*) Gan dochar do theideal na Cúirte uiríll a cheadú i ndáil le hordú astaithe tuillimh a dhéanamh nó a dhiúltú tráth éisteachta na caingne, féadfar uiríll den sórt sin chun críocha alt 8(6)(*b*) d'Acht 1995 nó alt 13(6)(*b*) d'Acht 1996 nó alt 10(3)(*a*) den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí), 1976, a áireamh sa Chosaint.

Foriarratais ar Bhreithiúnas

10. (*a*) In aon chás ina mainneoidh Freagróir Láithreas a thaifeadadh nó Cosaint a chomhdú, de réir mar a bheidh, féadfaidh an tIarratasóir, faoi réir fhorálacha na bhfo-rialacha seo a leanas den Riail seo, tráth ar bith tar éis na mainneachtana sin, ar fhógra a sheirbheálfar ar an bhFreagróir agus, i gcás ina mbeidh faoiseamh de bhun alt 12 agus/nó 13 d'Acht 1995 agus alt 17 d'Acht 1996 á lorg, ar iontaobhaithe na scéime pinsin lena mbainfidh, ceithre lá dhéag glan ar a laghad roimh an éisteacht, breithiúnas d'éagmais láithris/cosanta a iarraidh ar an gCúirt.

(*b*) Ní dhéanfar aon fhógra um fhoriarratas ar Bhreithiúnas d'éagmais cosanta a sheirbheáil mura rud é go mbeidh an tIarratasóir, ceithre lá dhéag ar a laghad roimh sheirbheáil an fhógra sin, tar éis scríobh chuig an bhFreagróir ag tabhairt fógra dó é a bheith ar intinn aige/aici fógra um fhoriarratas ar Bhreithiúnas d'éagmais láithris/cosanta a sheirbheáil agus, an tráth céanna, ag toiliú le Cosaint a chomhdú go déanach laistigh de cheithre lá dhéag ó dháta na litreach.

(*c*) Mura seachadfar aon chosaint laistigh den tréimhse sin beidh de chead ag an Iarratasóir fógra um fhoriarratas ar Bhreithiúnas d'éagmais cosanta a sheirbheáil, a bheidh le cur ar ais go dtí dáta ceithre lá dhéag glan ar a laghad ó dháta seirbheála an fhógra; déanfar an fógra foriarratais sin a chomhdú tráth nach déanaí ná sé lá roimh an dáta a mbeidh sé le cur ar ais.

(*d*) Más rud é, in aon chás, gur féidir leis an Iarratasóir cúiseanna speisialta a shuíomh lenar gá fógra um fhoriarratas ar Bhreithiúnas d'éagmais láithris/cosanta a sheirbheáil sna cásanna dá bhforáiltear leis an Riail seo le práinn níos mó ná de réir na bhforálacha sin roimhe seo sa Riail seo, féadfaidh sé iarratas *ex parte* a dhéanamh chun na Cúirte ar Ordú ag ceadú dó fógra um fhoriarratas ar Bhreithiúnas d'éagmais láithris/cosanta a sheirbheáil, ina dtabharfar fógra ceithre lá glan ar a

laghad don Fhreagróir, nó ar a mhalairt, féadfaidh an Breitheamh a mheas gur seirbheáil mhaith í seirbheáil fhógra foriarratais ina mbeidh fógra ceithre lá glan ar a laghad tugtha don Fhreagróir.

(*e*) Ar an iarratas sin a éisteacht féadfaidh an Chúirt, ar chruthúnas a fháil i dtaobh na mainneachtana sin mar a dúradh, agus ar cibé fianaise, ó bhéal nó eile, a thabharfar ar aird a éisteacht, breithiúnas a thabhairt ar éileamh an Iarratasóra arna fhormhuiniú ar an mBille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh, nó féadfaidh sí a cheadú don Fhreagróir iomlán an éilimh, nó cuid de, a chosaint ar cibé téarmaí is cóir leis nó léi.

(*f*) Ar iarratas ar bhreithiúnas faoin Ordú seo a éisteacht féadfaidh an Chúirt cibé ordú is cóir leis an gCúirt a dhéanamh maidir le costais.

(*g*) In aon chás ina mbeidh na páirtithe comhaontaithe i leith na bhfaoiseamh go léir a bheidh á lorg agus go mbeidh Cosaint de réir Riail 10 den Ordú seo comhdaithe agus seirbheáilte ag an bhFreagróir a léireoidh an comhaontú sin, féadfaidh an tIarratasóir nó an Freagróir, faoi réir fhorálacha na bhforialacha seo a leanas den Riail seo, tráth ar bith tar éis an Chosaint sin a chomhdú agus a sheirbheáil, ar fhógra a sheirbheálfar ar an bpáirtí eile agus, i gcás ina mbeidh faoiseamh de bhun alt 12 agus/nó 13 d'Acht 1995 agus alt 17 d'Acht 1996 á lorg, ar iontaobhaithe na scéime pinsin a bheidh i gceist, ceithre lá dhéag glan ar a laghad roimh an éisteacht, breithiúnas a iarraidh ar an gCúirt agus is i bhfoirm foriarratais iar bhfógra a dhéanfar an t-iarratas.

(*h*) Ar an iarratas sin a éisteacht féadfaidh an Chúirt, ar cibé fianaise, ó bhéal nó eile, a thabharfar ar aird a éisteacht,

(i) breithiúnas a thabhairt sna téarmaí a bheidh comhaontaithe idir na páirtithe nó

(ii) cibé ordacháin is cóir leis an gCúirt a thabhairt i ndáil le seirbheáil Fhógra Trialach/Fhógra chun dáta a shocrú le haghaidh Trialach.

(*i*) Ar iarratas ar bhreithiúnas faoin Ordú seo a éisteacht féadfaidh an Chúirt cibé ordú is cóir leis an gCúirt a dhéanamh maidir le costais.

Fógra Trialach/Fógra chun dáta a shocrú le haghaidh Trialach

11. Faoi réir Riail 11 (*h*), (*i*) agus (*j*) san Ordú seo, nuair a bheidh Cosaint taifeadta agus seirbheáilte go cuí, féadfaidh an tIarratasóir fógra trialach nó fógra chun dáta a shocrú le haghaidh trialach, de réir mar is cuí, de réir Fhoirmeacha 15A agus 15B de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na Rialacha seo, a sheirbheáil.

Fógra Trialach (Cuarda seachas Cuaird Bhaile Átha Cliath)

12. Ní bhainfidh an Riail seo le Cuaird Bhaile Átha Cliath. Déanfar fógra trialach deich lá ar a laghad a sheirbheáil ar an bhFreagróir agus ar gach páirtí eile is gá, agus, i gcás ina mbeidh faoiseamh á lorg faoi ailt 12 agus/nó 13 d'Acht 1995 nó alt 17 d'Acht 1996, ar iontaobhaithe na scéime pinsin a bheidh i gceist, agus is do na chéad Suíonna eile tar éis dul in éag don tréimhse ama a bheidh luaite san fhógra sin a sheirbheálfar é, agus comhdófar é san Oifig tráth nach déanaí ná seacht lá roimh oscailt na Suíonna sin. Oibreoidh an fógra trialach sin agus a chomhdú chun an chaingean nó an t-ábhar (lena n-áirítear frithéileamh, más ann) a chur síos lena héisteacht nó lena éisteacht ag na chéad Suíonna eile ina dhiaidh sin.

Fógra chun dáta a shocrú le haghaidh Trialach (Cuaird Bhaile Átha Cliath)

13. Ní bhainfidh an Riail seo ach le Cuaird Bhaile Átha Cliath. Is gá agus is leor fógra deich lá chun dáta a shocrú le haghaidh trialach agus seirbheálfar é ar an bhFreagróir agus ar gach páirtí eile is gá, agus, i gcás ina mbeidh faoiseamh á lorg faoi ailt 12 agus/nó 13 d'Acht 1995 nó alt 17 d'Acht 1996, ar iontaobhaithe na scéime pinsin a bheidh i gceist, agus comhdófar é san Oifig. San fhógra sin chun dáta a shocrú le haghaidh trialach leagfar amach an dáta ar a socróidh an Cláraitheoir Contae dáta le haghaidh na héisteachta agus oibreoidh an fógra chun an chaingean nó an t-ábhar (lena n-áirítear Frithéileamh, más ann) a chur síos lena héisteacht nó lena éisteacht ar cibé dáta a shocróidh an Cláraitheoir Contae.

Seirbheáil ag Freagróir

14. I gcás ina mbeidh mainnithe ag an Iarratasóir fógra trialach nó fógra chun dáta a shocrú le haghaidh trialach, de réir mar is cuí, a sheirbheáil laistigh de dheich lá tar éis an Chosaint a sheirbheáil agus a thaifeadadh, féadfaidh an Freagróir é a sheirbheáil agus féadfaidh sé é a chomhdú de réir na Rialacha seo.

Uamadh

15. Más dóigh leis an gCúirt é a bheith inmhianaithe, féadfaidh sí a ordú dhá chaingean nó níos mó a thriail le chéile, agus sin ar cibé téarmaí is cóir leis an gCúirt maidir le costais.

Mionnscríbhinní Uiríll

16. (*a*) Ach amháin i gcás ina n-ordóidh an Chúirt a mhalairt, is trí Mhionnscríbhinn Uiríll, a chomhdófar agus a sheirbheálfar ar na páirtithe go léir sna himeachtaí laistigh de 28 lá tar éis fógra faoin iarratas ar fhaoiseamh faoi alt 12 agus/nó 13 d'Acht 1995 nó alt 17 d'Acht 1996 a sheirbheáil orthu de réir Rialacha 8 agus 10 den Ordú seo, nó laistigh de cibé tréimhse ama nó i cibé slí a ordóidh an Chúirt, a dhéanfaidh aon fhógra-pháirtí, lena n-áirítear na hiontaobhaithe de chuid scéime pinsin, ar mian leis nó léi uiríll a dhéanamh chuig an gCúirt de bhun alt 12(18) agus/nó alt 13(2) d'Acht 1995 nó alt 17(18) d'Acht 1996 na huiríll sin.

(*b*) Gan dochar do theideal na Cúirte uiríll a cheadú ó dhaoine a bhfuil leas tairbhiúil acu i maoin (agus nach é/í an céile eile é/í) de bhun alt 15(5) d'Acht 1995 agus alt 19(5) d'Acht 1996 nó ó dhaoine leasmhara de bhun alt 15A(5) nó alt 25(6) d'Acht 1995 agus alt 18(5) d'Acht 1996 tráth éisteachta na caingne, féadfar uiríll den sórt sin a dhéanamh i bhfoirm Mionnscríbhinne Uiríll, a chomhdófar agus a sheirbheálfar ar gach páirtí sna himeachtaí de réir mar a ordóidh an Chúirt.

Mionnscríbhinn Acmhainne

17. Gan dochar do cheart gach páirtí chun iarratas a dhéanamh chun na Cúirte ar Ordú Follasaithe de bhun Rialacha na Cúirte Onóraí seo agus gan dochar do dhlínse na Cúirte de bhun alt 12(25) d'Acht 1995 agus alt 17(25) d'Acht 1996, in aon chás ina ndéanfar faoiseamh airgeadais faoi na hAchtanna a lorg, déanfaidh na páirtithe Mionnscríbhinní Acmhainne a chomhdú de réir Rialacha 7 agus 10 den Ordú seo agus beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas i leith na Mionnscríbhinní sin—

(*a*) féadfaidh ceachtar páirtí a iarraidh ar an bpáirtí eile aon ítim nó gach ítim dá dtagrófar iontu a dheimhniú laistigh de 14 lá tar éis na hiarrata;

(*b*) i gcás ina mainneoidh páirtí na forálacha i ndáil le comhdú agus seirbheáil Mionnscríbhinní Acmhainne arna leagan síos sna Rialacha seo a chomhlíonadh go cuí nó na nithe a bheidh leagtha amach sna Mionnscríbhinní sin a dheimhniú go cuí féadfaidh an Chúirt, ar iarratas, Ordú Follasaithe a dheonú agus/nó cibé Orduithe a dhéanamh a mheasfaidh an Chúirt is cuí agus is gá (lena n-áirítear Ordú nach mbeidh an páirtí sin i dteideal an t-éileamh sin ar fhaoisimh chúntacha faoi na hAchtanna a dhéanamh nó a chosaint, de réir mar is cuí, ach amháin mar a cheadóidh an Chúirt, ar cibé téarmaí a chinnfidh an Chúirt a bheith cuí, agus/nó ag cur na n-imeachtaí ar atráth go ceann tréimhse sonraithe ama chun comhlíonadh a chumasú) agus ina theannta sin agus/nó ar a mhalairt féadfar faoiseamh de bhun alt 38(8) d'Acht 1995 nó alt 38(7) d'Acht 1996 a lorg de réir Riail 24 den Ordú seo.

18. Leagfar amach i bhfoirm sceidil sa Mhionnscríbhinn Acmhainne mionsonraí faoi ioncam, sócmhainní, fiacha, caiteachas agus dliteanais eile an pháirtí cibé áit a mbeidh siad agus cibé foinse as a mbeidh siad ag teacht agus, de réir mar is fearr is eol don teisteoir, mar a cuireadh i bhfios dó nó di agus mar a chreideann sé nó sí, ioncam, sócmhainní, fiacha, caiteachas agus dliteanais eile aon duine chleithiúnaigh den teaghlach, cibé áit a mbeidh siad agus cibé foinse as a mbeidh siad ag teacht, agus is de réir na foirme a leagtar amach i bhFoirm 37A sna Rialacha seo, nó de réir cibé modhnaithe ar an bhfoirm sin is cuí, a bheidh sí. I gcás ina ndéanfar faoiseamh de bhun alt 12 d'Acht 1995 a lorg, luafar freisin sa Mhionnscríbhinn Acmhainne, de réir mar is fearr is eol don teisteoir, mar a cuireadh i bhfios dó nó di agus mar a chreideann sé nó sí, cineál na scéime, na sochair is iníoctha fúithi, an ghnáthaois inphinsin agus tréimhse seirbhíse ináirithe an chéile is comhalta agus

i gcás ina mbeidh faisnéis a bhaineann leis an scéim pinsin faighte ó iontaobhaithe na scéime faoi na hAchtanna Pinsean 1990 - 1996, is ceart an fhaisnéis sin a fhoilseánadh sa Mhionnscríbhinn Acmhainne agus i gcás nach mbeidh an fhaisnéis sin faighte áireofar deimhneasc sonrach sa Mhionnscríbhinn Acmhainne maidir leis an gcúis nach bhfuarthas an fhaisnéis sin.

Mionnscríbhinn Leasa

19. Is san fhoirm a leagtar amach i bhFoirm 3 sna Rialacha seo a bheidh Mionnscríbhinn Leasa. In imthosca ina n-aontóidh an Freagróir leis na fíorais arna ndeimhneasc sa Mhionnscríbhinn Leasa a bheidh comhdaithe agus seirbheáilte ag an Iarratasóir, féadfaidh an Freagróir Mionnscríbhinn Leasa a chomhdú agus a sheirbheáil san fhoirm mhalartach dá bhforáiltear i bhFoirm 37B sna Rialacha seo. In imthosca ina n-easaontóidh an Freagróir leis an Mionnscríbhinn Leasa a bheidh comhdaithe agus seirbheáilte ag an Iarratasóir, déanfaidh an Freagróir Mionnscríbhinn Leasa ar leithligh, lena n-áirítear an sceideal dá bhforáiltear san fhoirm a leagtar amach i bhFoirm 37B sna Rialacha seo, a mhionnú, a chomhdú agus a sheirbheáil de réir Riail 10 den Ordú seo.

Frithéilimh

20. Ach amháin mar a n-ordóidh an Chúirt a mhalairt, déanfar Frithéileamh, más ann, a bheidh tugtha ag Freagróir a áireamh sa Chosaint agus a sheirbheáil leis an gCosaint, de réir fhorálacha na Rialacha seo a bhaineann leis an gcéanna, agus leagfar amach i míreanna uimhrithe ann, go háirithe,

(*a*) i gcás iarratais ar fhoraithne cholscartha

(i) na fíorais a shonraítear i Riail 4(*a*) den Ordú seo, ar an gcaoi chéanna leis an mBille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh;

(ii) leagfar amach ann an foras/na forais le haghaidh foraithne colscartha, má lorgaítear sin;

(iii) sonrófar ann aon fhoras ar a bhfuil sé ar intinn ag an bhFreagróir seasamh mar thaca le haon fhaoiseamh cúntach a bheidh á éileamh;

agus

(iv) an faoiseamh a bheidh á lorg de bhun Acht 1996;

(*b*) i gcás iarratais ar fhoraithne idirscartha bhreithiúnaigh

(i) na fíorais a shonraítear i Riail 4(*b*) den Ordú seo, ar an gcaoi chéanna leis an mBille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh;

(ii) leagfar amach ann an foras/na forais le haghaidh foraithne idirscartha bhreithiúnaigh, má lorgaítear sin;

(iii) sonrófar ann aon fhoras breise ar a bhfuil sé ar intinn ag an bhFreagróir seasamh mar thaca le haon fhaoiseamh cúntach a bheidh á éileamh;

agus

(iv) an faoiseamh a bheidh á lorg de bhun Acht 1995;

(*c*) i gcás iarratais ar fhaoiseamh tar éis colscaradh nó idirscaradh lasmuigh den Stát

(i) na fíorais a shonraítear i Riail 4(*c*) den Ordú seo, ar an gcaoi chéanna leis an mBille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh;

(ii) sonrófar ann aon fhoras breise ar a bhfuil sé ar intinn ag an bhFreagróir seasamh mar thaca le haon fhaoiseamh cúntach a bheidh á éileamh;

agus

(iii) an faoiseamh a bheidh á lorg de bhun Acht 1995;

(*d*) i gcás iarratais ar fhoraithne neamhnithe

(i) leagfar amach ann an foras/na forais le haghaidh foraithne neamhnithe, má lorgaítear sin;

(ii) sonrófar ann aon fhoras breise ar a bhfuil sé ar intinn ag an bhFreagróir seasamh mar thaca le haon fhaoiseamh a bheidh á éileamh;

agus

(iii) an faoiseamh a bheidh á lorg (lena n-áirítear cibé acu a bheidh nó nach mbeidh dearbhú a bhaineann le coimeád duine chleithiúnaigh den teaghlach de bhun alt 46 d'Acht 1995 á lorg) agus aon saincheisteanna breise a bheidh le triail;

(*e*) i gcás iarratais ar Dhearbhú Stádais Phósta

(i) na fíorais a shonraítear i Riail 4(*e*) den Ordú seo, ar an gcaoi chéanna leis an mBille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh;

(ii) sonrófar ann aon fhoras breise ar a bhfuil sé ar intinn ag an bhFreagróir seasamh mar thaca le haon fhaoiseamh a bheidh á éileamh;

agus

(iii) an faoiseamh a bheidh á lorg de bhun Acht 1995;

(*f*) i gcás iarratais chun saincheisteanna maoine idir céilí a chinneadh de bhun alt 36 d'Acht 1995/chun saincheisteanna maoine idir daoine a bhí geallta tráth a chinneadh de bhun alt 44 d'Acht 1996

(i) na fíorais a shonraítear i Riail 4(*f*) den Ordú seo, ar an gcaoi chéanna leis an mBille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh;

(ii) sonrófar ann aon fhoras breise ar a bhfuil sé ar intinn ag an bhFreagróir seasamh mar thaca le haon fhaoiseamh a bheidh á éileamh;

agus

(iii) an faoiseamh a bheidh á lorg de bhun Acht 1995;

(*g*) i gcás iarratais ar fhaoiseamh faoi Acht 1964 nó Acht 1997

(i) na fíorais a shonraítear i Riail 4(*h*) den Ordú seo, ar an gcaoi chéanna leis an mBille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh;

(ii) sonrófar ann aon fhoras breise ar a bhfuil sé ar intinn ag an bhFreagróir seasamh mar thaca le haon fhaoiseamh a bheidh á éileamh;

agus

(iii) an faoiseamh a bheidh á lorg de bhun Acht 1964 agus/nó Acht 1997;

(*h*) i gcás iarratais ar fhaoiseamh faoi Acht 1976

(i) na fíorais a shonraítear i Riail 4(*i*) den Ordú seo, ar an gcaoi chéanna leis an mBille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh;

(ii) sonrófar ann aon fhoras breise ar a bhfuil sé ar intinn ag an bhFreagróir seasamh mar thaca le haon fhaoiseamh a bheidh á éileamh;

agus

(iii) an faoiseamh a bheidh á lorg de bhun Acht 1976;

(*i*) i gcás iarratais ar fhaoiseamh faoin Dara hAcht ó 1976

(i) na fíorais a shonraítear i Riail 4(*j*) den Ordú seo, ar an gcaoi chéanna leis an mBille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh;

(ii) sonrófar ann aon fhoras breise ar a bhfuil sé ar intinn ag an bhFreagróir seasamh mar thaca le haon fhaoiseamh a bheidh á éileamh;

agus

(iii) an faoiseamh a bheidh á lorg de bhun Acht 1976.

Fianaise

21. Ach amháin mar a n-ordóidh an Chúirt a mhalairt agus faoi réir Riail 24 den Ordú seo, is ar fhianaise béil a éistfear gach Iarratas faoin Ordú seo agus is i gcúirt iata a bheidh na héisteachtaí sin.

22. D'ainneoin fhorálacha Riail 21 den Ordú seo, i gcás ina ndéanfaidh an tIarratasóir nó an Freagróir faoiseamh de bhun alt 12 d'Acht 1995 nó alt 17 d'Acht 1996 a lorg, féadfar fianaise i dtaobh luacha achtúirigh sochair faoin scéim (mar a mhínítear in alt 12(1) d'Acht 1995 agus alt 17(1) d'Acht 1996) a thabhairt trí Mhionnscríbhinn arna comhdú thar ceann an Iarratasóra/an Fhreagróra, agus déanfaidh duine cuí an Mhionnscríbhinn sin a mhionnú agus seirbheálfar í ar na páirtithe go léir sna himeachtaí agus comhdófar í 14 lá ar a laghad roimh an éisteacht agus beidh sí faoi réir cheart an Fhreagróra/an Iarratasóra chun Fógra faoi Chroscheistiú a sheirbheáil i ndáil léi. I gcás ina mbeidh ceann de na páirtithe tar éis fianaise i dtaobh luacha achtúirigh sochair a thabhairt ar aird trí Mhionnscríbhinn dá bhforáiltear sa riail seo agus go mbeidh ar intinn ag an bpáirtí eile fianaise béil dá samhail nó frithfhianaise béil a thabhairt ar aird, déanfaidh an páirtí díospóideach fógra á rá go bhfuil sin ar intinn aige nó aici a sheirbheáil ar gach páirtí eile 10 lá ar a laghad roimh an éisteacht.

Iarratais Eatramhacha agus Idirbhreitheacha

23. (*a*) Is trí Fhógra Foriarratais a sheirbheálfar ar na páirtithe sna himeachtaí agus, i gcás iarratas de bhun alt 12(25) d'Acht 1995 nó alt 17(25) d'Acht 1996, ar iontaobhaithe na scéime pinsin lena mbaineann, a dhéanfar iarratas ar Réamhorduithe de bhun alt 6 d'Acht 1995 nó alt 11 d'Acht 1996 nó ar chothabháil go dtí go ndéanfar agra/go dtí go dtabharfar faoiseamh de bhun alt 7 nó alt 24 d'Acht 1995 nó alt 12 d'Acht 1996 nó ar fhaisnéis de bhun alt 12(25) d'Acht 1995 nó alt 17(25) d'Acht 1996 nó ar fhaoiseamh de bhun alt 35 d'Acht 1995 nó alt 37 d'Acht 1996 nó ar fhaoiseamh de bhun alt 38(8) d'Acht 1995 nó alt 38(7) d'Acht 1996 nó ar thuarascáil de bhun alt 47 d'Acht 1995 nó alt 42 d'Acht 1996 nó ar aon fhaoiseamh idirbhreitheach eile.

(*b*) Sula ndéanfar aon iarratas idirbhreitheach ar fhollasú nó ar fhaisnéis de bhun alt 12(25) d'Acht 1995 nó alt 17(25) d'Acht 1996, déanfar an fhaisnéis a bheidh á lorg a iarraidh i scríbhinn go saorálach 14 lá ar a laghad sula n-eiseofar an foriarratas ar an bhfaoiseamh lena mbaineann agus, ar mhainneachtain iarraidh den sórt sin a dhéanamh, féadfaidh an breitheamh an foriarratas a chur ar atráth nó an foriarratas a scriosadh amach

nó cibé ordú, lena n-áirítear ordú maidir le costais, a dhéanamh a fheictear don Chúirt a bheith cuí.

(*c*) Is trí Fhógra Foriarratais a mbeidh Mionnscríbhinn mar fhoras leis agus ina leagfar amach sócmhainní, dliteanais, ioncam, fiacha agus caiteachas an Iarratasóra ar ailiúnas agus, a mhéid is eol don Iarratasóir an céanna, sócmhainní, dliteanais, ioncam, fiacha agus caiteachas an Fhreagróra san Fhoriarratas sin, a dhéanfar iarratas ar ailiúnas go dtí go ndéanfar agra in imeachtaí neamhnithe. I ngach cás inar mian leis an bhFreagróir iarratas den sórt sin ar ailiúnas a chosaint, comhdóidh an Freagróir Mionnscríbhinn fhreagartha ina leagfar amach mionsonraí faoina shócmhainní, a dhliteanais, a ioncam, a fhiacha agus a chaiteachas.

(*d*) Is trí Fhoriarratas iar bhFógra chun an pháirtí eile a dhéanfar iarratais chun lia-chigirí agus/nó cigirí síciatracha a cheapadh i leith an Iarratasóra agus/nó an Fhreagróra agus eiseofar an Foriarratas sin tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis dul in éag do na tréimhsí ama chun Láithreas a thaifeadadh agus Cosaint a sheachadadh ach amháin le cead ón gCúirt nó ón gCláraitheoir Contae. I gcás ina gceapfaidh an Chúirt nó an Cláraitheoir Contae lia-chigirí agus/nó cigirí síciatracha, freastalóidh na haturnaetha thar ceann na bpáirtithe leis na páirtithe ar an lá ceaptha san áit ina mbeidh an t-iniúchadh le bheith ar bun chun na páirtithe a chéannú don Chláraitheoir Contae nó dá ainmnitheach/dá hainmnitheach. In aon imthosca nach mbeidh aon duine ag feidhmiú do pháirtí, ní foláir cruthúnas fótagrafach cuí céannachta a thabhairt ar aird ar leor é chun an Cláraitheoir Contae nó a ainmnitheach/a hainmnitheach a shásamh maidir le céannacht an pháirtí lena mbaineann. Ní dhéanfar aon iniúchadh mura gcomhlíonfar na nósanna imeachta atá sa riail seo. Ar an iniúchadh a chur i gcrích, déanfaidh an cigire tuarascáil air a chur go díreach chuig an gCláraitheoir Contae don Chontae inar eisíodh na himeachtaí.

(*e*) In aon chás inar deimhin leis an gCúirt go dtiocfadh nó go bhféadfadh sé go dtiocfadh díobháil thromchúiseach nó mísc thromchúiseach den mhoill a bhainfeadh le dul ar aghaidh trí Fhoriarratas iar bhFógra faoin Ordú seo, féadfaidh an Chúirt Ordú a dhéanamh *ex parte* de réir mar is cóir léi. Féadfar iarratais phráinneacha faoin Riail seo a dhéanamh chuig Breitheamh tráth ar bith nó áit ar bith a cheadóidh sé, trí chomhshocraíocht leis an gCláraitheoir Contae don Chontae a bheidh i gceist.

(*f*) I gcás inar cuí sin, is chun an Chláraitheora Contae, de réir an Dara Sceideal a ghabhann le hAcht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte 1995 agus Ordú 18 agus Ordú 19 de na Rialacha Cúirte Cuarda, a dhéanfar iarratais eatramhacha agus idirbhreitheacha.

24. Más rud é, ar an dáta chun aon Iarratas faoin Ordú seo a éisteacht, nach ndéileálfaidh an Chúirt leis an ábhar ar aon chúis, agus, go háirithe, de bhun atráthaithe arna lorg ag ceachtar páirtí, féadfaidh an páirtí eile, bíodh nó ná bíodh an páirtí sin ag toiliú leis an atráthú, cibé faoiseamh eatramhach nó idirbhreitheach is cuí léi a iarraidh, agus féadfaidh an Chúirt é a dheonú, gan gá a bheith le Fógra Foriarratais a sheirbheáil.

25. Mura n-ordóidh an Chúirt a mhalairt, is ar Mhionnscríbhinn a éistfear aon iarratas eatramhach nó idirbhreitheach, ach amháin nach foláir do Theisteoir aon Mhionnscríbhinne a bheith ar fáil don Chúirt chun fianaise béil a thabhairt nó chun é/í a chroscheistiú mar is cuí leis an gCúirt, ach amháin nach n-éistfear Foriarratas ar Fhollasú agus Foriarratas i gcúrsa imeachtaí neamhnithe chun lia-chigirí/cigirí síciatracha a cheapadh ach ar Fhógra Foriarratais. I gcás ina n-éistfidh an Chúirt aon fhianaise béil i gcúrsa na n-iarratas sin *ex parte*, ullmhóidh an t-iarratasóir nó aturnae an iarratasóra nóta i dtaobh na fianaise sin agus formheasfaidh an Breitheamh é agus seirbheálfar láithreach ar an bhfreagróir é, mar aon le cóip den Ordú a bheidh déanta (más ann), mura n-ordóidh an Chúirt a mhalairt.

Faoiseamh breise agus iarratais thar ceann daoine cleithiúnacha

26. (*a*) I gcás inar mian le ceachtar páirtí nó le duine thar ceann duine chleithiúnaigh den teaghlach, tráth ar bith tar éis an tIarratas a éisteacht, faoiseamh breise dá bhforáiltear san Acht a lorg, nó Ordú a bheidh déanta roimhe sin ag an gCúirt a athrú nó a urscaoileadh, eiseoidh an páirtí sin Fógra um Fhoriarratas chun ataifeadadh a dhéanamh nó chun Ordú a athrú nó a urscaoileadh de réir mar a bheidh agus beidh Mionnscríbhinn ina lorgófar an faoiseamh sin mar fhoras leis an bhForiarratas sin. Beidh na Foriarratais sin faoi réir fhorálacha Rialacha 7, 16, 17, 18, 21 agus 22 den Ordú seo, de réir mar is cuí.

(*b*) I gcás inar mian le duine thar ceann duine chleithiúnaigh den teaghlach iarratas a dhéanamh ar fhaoisimh chúntacha tráth éisteachta na caingne, is i bhfoirm Fógra Foriarratais, a sheirbheálfar ar gach páirtí eile sna himeachtaí, ina leagfar amach na faoisimh a bheidh á lorg agus a mbeidh Mionnscríbhinn mar fhoras leis, a dhéanfar an t-iarratas sin agus déanfar an Foriarratas sin a liostú lena éisteacht ar aon-dáta le héisteacht na caingne i gcomhthráth leis. Beidh na Foriarratais sin faoi réir fhorálacha Rialacha 7, 16, 17, 18, 21 agus 22 den Ordú seo, de réir mar is cuí.

27. I gcás ina líomhnóidh aon pháirtí in imeachtaí i leith dearbhaithe faoi alt 29 d'Acht 1995 go raibh an pósadh a bheidh i gceist ar neamhní nó in-neamhnithe agus go gcinnfidh an Chúirt déileáil leis an iarratas mar iarratas chun an pósadh a neamhniú, féadfar na forálacha de na rialacha seo i ndáil leis na nósanna imeachta is infheidhme maidir le foraitheanta neamhnaithe a oiriúnú i cibé slí a ordóidh an Chúirt.

Faoiseamh faoi alt 33 d'Acht 1995

28. Féadfaidh na daoine seo a leanas iarratais faoi alt 33 d'Acht 1995 ar ordú nó orduithe ag díolmhú an phósta ó fheidhm alt 31(1)(*a*) nó alt 32(1)(*a*) d'Acht 1995 a dhéanamh *ex parte*: na páirtithe, i gcás ina mbeidh an dá pháirtí os cionn 18 mbliana d'aois; caomhnóirí dlíthiúla na bpáirtithe sa phósadh beartaithe, i gcás an dá pháirtí a bheith faoi bhun 18 mbliana d'aois; nó, i gcás ceann de na páirtithe a bheith os cionn 18 mbliana d'aois, an páirtí sin agus caomhnóir dlíthiúil nó caomhnóirí dlíthiúla an pháirtí eile; agus, thairis sin, i gcás ina measfaidh an Chúirt gur cuí sin, féadfaidh an Chúirt caomhnóir nó caomhnóirí *ad litem* a cheapadh chun feidhmiú do cheachtar de na páirtithe nó don dá pháirtí. Féadfar na hiarratais sin a fhorasú ar Mhionnscríbhinn nó ar fhianaise béil arna tabhairt ag na páirtithe nó thar ceann na bpáirtithe, de réir mar a ordóidh an Chúirt, agus leagfar amach san fhianaise sin na cúiseanna leis an díolúine agus an bonn ar a n-éilítear gur chun leasa na bpáirtithe sa phósadh beartaithe an t-iarratas.

Iarratais faoi alt 8 den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí), 1976 (arna leasú) ("Acht 1976" anseo ina dhiaidh seo)

29. Féadfar iarratais de bhun alt 8 den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí), 1976, a dhéanamh i bhfoirm Fógra Foriarratais tionscnaimh, a mbeidh mionnscríbhinn mar fhoras leis.

30. Chun críocha Riail 29 den Ordú seo, is maidir leis an Acht (arna leasú) an teideal a bheidh ar an bhfógra foriarratais agus luafar ann an faoiseamh a bheidh á lorg (lena n-áirítear cibé acu a bheidh nó nach mbeidh faoiseamh de bhun alt 8B d'Acht 1976, arna chur isteach le halt 43 d'Acht 1995, á lorg); luafar ann ainm agus áit chónaithe nó seoladh seirbheála an iarratasóra; luafar an dáta a mbeidh sé beartaithe faoiseamh a iarraidh ar an gCúirt agus déanfar é a chomhdú in Oifig an Chláraitheora Contae don Chontae ina mbeidh an t-iarratas á dhéanamh de réir Riail 3 den Ordú seo (dá ngairtear "an Oifig chuí" anseo ina dhiaidh seo).

31. Chun críocha Riail 29 den Ordú seo, gan dochar do dhlínse na Cúirte chun Ordú a dhéanamh le haghaidh seirbheála ionadaí, déanfar an Foriarratas a sheirbheáil leis an bpost cláraithe ar an bhFreagróir ag an seoladh is deireanaí is eol a bheith aige nó, mar mhalairt air sin, déanfaidh aon duine os coinn ocht mbliana déag d'aois é a sheirbheáil go pearsanta ar an bhFreagróir. I gcás ina ndéanfar faoiseamh de bhun alt 8B d'Acht 1976 a lorg, seirbheálfar an foriarratas ar iontaobhaithe na scéime pinsin freisin. Ní foláir deich lá glan ar a laghad a bheith idir seirbheáil an fhógra agus an lá a bheidh ainmnithe ann chun an foriarratas a éisteacht.

32. (*a*) Faoi réir cheart na Cúirte chun cibé orduithe a thabhairt is cuí nó is caoithiúil léi, is le mionnscríbhinn a thabharfar fianaise le linn an foriarratas faoi Riail 30 a éisteacht.

(*b*) Déanfar aon mhionnscríbhinn a bheidh le húsáid mar thaca leis an bhforiarratas a chomhdú in Oifig an Chláraitheora

Contae chuí agus déanfar cóip d'aon mhionnscríbhinn den sórt sin a sheirbheáil in éineacht leis an bhfógra. Déanfaidh an freagróir, tar éis mionnscríbhinn an iarratasóra a sheirbheáil air, aon mhionnscríbhinn a bheidh le húsáid i gcoinne an iarratais a chomhdú in Oifig an Chláraitheora Contae chuí agus a sheirbheáil ar an iarratasóir agus, i gcás ina mbeidh faoiseamh de bhun alt 8B d'Acht 1976 á lorg, ar iontaobhaithe na scéime pinsin, agus déanfar aon mhionnscríbhinn uiríoll a bheidh le húsáid ag iontaobhaithe na scéime pinsin a chomhdú san Oifig chuí agus a sheirbheáil ar an iarratasóir agus ar an bhfreagróir.

33. In imeachtaí ina n-iarrfar go ndearbhófaí gur tíolacadh ar neamhní de bhun fhorálacha alt 3 den Acht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh, 1976 (arna leasú le halt 54 den Acht um an Dlí Teaghlaigh, 1995), tíolacadh (ar imeachtaí iad sin a thionscnófar i bhfoirm Bille Shibhialta Cothromais ina lorgófar faoiseamh dearbhaithe), cuirfidh an gearánaí faoi deara láithreach agus gan mhoill tar éis na himeachtaí sin a thionscnamh sonraí iomchuí faoi na himeachtaí a thaifeadadh mar *lis pendens* ar an maoin agus/nó ar an áitreabh a bheidh i gceist faoin *Judgments (Ireland) Act*, 1844, agus dá réir.

Costais

34. (*a*) Féadfaidh an Breitheamh na costais amhail idir páirtí agus páirtí a thomhas, agus mura dtomhaisfear amhlaidh iad déanfaidh an Cláraitheoir Contae iad a fhómhas, d'éagmais comhaontaithe ag na páirtithe, de réir cibé scála costas a fhorordófar. Féadfaidh aon pháirtí arb éagóir leis fómhas den sórt sin achomharc a dhéanamh chun na Cúirte agus na costais a chur faoi athbhreithniú aici.

(*b*) I gcás inar gá sin, féadfaidh an Chúirt ordú a dhéanamh ag cinneadh cé a íocfaidh as aon chostais arna dtabhú ag iontaobhaithe scéime pinsin de bhun alt 12(22) d'Acht 1995 nó alt 17(22) d'Acht 1996 agus le linn an cinneadh sin a dhéanamh tabharfaidh an Chúirt aird, *inter alia*, ar na huiríll a bheidh déanta ag na hiontaobhaithe de bhun Riail 17 den Ordú seo, más ann.

Ginearálta

35. Féadfaidh an Chúirt, ar cibé téarmaí (más ann) a mheasfaidh sí a bheith réasúnach, fadú nó giorrú a dhéanamh ar aon cheann de na tréimhsí ama a shocraítear leis na rialacha seo chun aon bheart nó gníomh a dhéanamh in aon imeacht, agus féadfaidh sí freisin, ar cibé téarmaí maidir le costais nó eile is cuí léi, a dhearbhú gur leor aon bheart nó gníomh a rinneadh, bíodh nach ndearnadh é laistigh den tréimhse ama nó ar an modh a fhorordaítear leis na rialacha seo.

Deimhnithe

36. (*a*) Is de réir Fhoirm 37D de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo a bheidh na Deimhnithe a cheanglaítear le hAilt 5 nó 6 d'Acht 1989 agus le hAilt 6 nó 7 d'Acht 1996.

Cláraitheoir na Cúirte do sheirbheáil orduithe

37. Sna himthosca go léir ina gceanglaítear ar chláraitheoir na Cúirte agus/nó ar an gCláraitheoir Contae cóip d'ordú a thaisceadh nó a sheirbheáil ar aon duine/daoine nó ar aon chomhlacht, déanfar an taisceadh nó an tseirbheáil sin a chomhlíonadh trí chóip dheimhnithe den ordú sin a sheirbheáil leis an bpost cláraithe chuig an duine/na daoine sin nó chuig an gcomhlacht sin.

Riail 5 — Foréigean Baile

1. San Ordú seo ciallaíonn ''an tAcht'' an tAcht um Fhoréigean Baile, 1996 (Uimh. 1 de 1996).

Ionad

2. De réir alt 14 den Acht, is sa chontae ina mbeidh gnáthchónaí ar an iarratasóir sna himeachtaí (faoi réir alt 14(2) den Acht) nó ina mbeidh an áit a mbeidh an t-iarratas ar Ordú Urchoisc á dhéanamh i ndáil léi a dhéanfar iarratas faoin Ordú seo ach amháin, i gcás ina ndéanfaidh bord sláinte an t-iarratas de bhun alt 6 den Acht, is sa chontae ina mbeidh gnáthchónaí ar aon pháirtí a mbeidh an t-iarratas á dhéanamh thar a cheann nó a ceann nó ina mbeidh an áit a mbeidh an t-iarratas ar Ordú Urchoisc á dhéanamh i ndáil léi a dhéanfar an t-iarratas.

Foirmeacha

3. Is trí Bhille Sibhialta um Fhoréigean Baile a eisiúint san fhoirm a shonraítear i bhFoirm 2O de Sceideal na bhFoirmeacha atá i gceangal leis na hOrduithe seo, nó i cibé modhnú ar an bhfoirm sin is cuí sna himthosca, a thionscnófar iarratas chun Ordú Urchoisc nó Ordú Sábháilteachta a dhéanamh, a athrú nó a urscaoileadh.

Eatramhach

4. Féadfar iarratas ar Ordú Cosanta a dhéanamh trí Fhoriarratas iar bhFógra nó trí iarratas *ex parte* tar éis imeachtaí i leith Ordaithe Urchoisc nó Ordaithe Sábháilteachta a thionscnamh agus féadfar iarratas ar Ordú Urchoisc eatramhach a dhéanamh trí Fhoriarratas iar bhFógra nó trí iarratas *ex parte* tar éis imeachtaí i leith Ordaithe Urchoisc a thionscnamh agus beidh mionnscríbhinn a mhionnóidh an t-iarratasóir, nó cibé duine eile is cuí, mar fhoras leis na hiarratais sin. Is trí Fhoriarratas iar bhFógra nó trí iarratas *ex parte* a dhéanfar iarratas chun Ordú Cosanta nó Ordú Urchoisc eatramhach arna dhéanamh de bhun na Rialach seo a urscaoileadh nó a athrú agus beidh mionnscríbhinn a mhionnóidh an freagróir, nó cibé duine eile is cuí, mar fhoras leis an iarratas sin. Féadfar iarratais phráinneacha faoin Riail seo a dhéanamh chuig Breitheamh tráth ar bith nó áit ar bith a fhormheasfaidh sé nó sí, trí chomhshocraíocht leis an gCláraitheoir Contae.

I gcás ina ndeonófar faoiseamh eatramhach de chineál ar bith tar éis iarratas *ex parte* a dhéanamh, cuirfidh an t-iarratasóir faoi deara láithreach go n-eiseofar Fógra Foriarratais i leith na bhfaoiseamh a bheidh á lorg agus/nó ag daingniú na nOrduithe *ex parte* a bheidh déanta, agus beidh an Foriarratas sin le cur ar ais os comhair na Cúirte tráth nach déanaí ná 8 lá tar éis an faoiseamh *ex parte* a dheonú agus seirbheálfar

é ar an bhfreagróir de réir fhorálacha Riail 9 den Ordú seo, mura n-ordóidh an Chúirt a mhalairt. Ach amháin mar a n-ordóidh an Chúirt a mhalairt, rachaidh gach Ordú *ex parte* a gheofar as feidhm ar 8 lá a bheith caite tar éis é a dhéanamh.

Taifeadadh

5. Déanfar gach Bille Sibhialta um Fhoréigean Baile faoi Riail 3 den Ordú seo a thaifeadadh san Oifig sula seirbheálfar é agus gheofar dáta chun an céanna a éisteacht nó dáta ar a socróidh an Chúirt dáta le haghaidh na héisteachta.

Dátaí

6. Luafar i ngach Bille Sibhialta um Fhoréigean Baile faoi Riail 3 den Ordú seo an dáta ar a liostófar an t-iarratas lena éisteacht nó luafar an dáta ar a socróidh an Chúirt dáta le haghaidh na héisteachta. Chun éisteacht sholamh a fháil don iarratas sin, féadfar é a chur síos lena éisteacht ag aon suí den Chúirt laistigh den Chuaird.

Síniú

7. Déanfar gach Bille Sibhialta um Fhoréigean Baile faoi Riail 3 agus gach Fógra Foriarratais agus gach duillín *ex parte* a dhátú agus beidh air ainm, seoladh agus tuairisc an iarratasóra agus síneoidh an t-iarratasóir nó aturnae an iarratasóra é.

Seirbheáil

8. Déanfar gach Bille Sibhialta um Fhoréigean Baile faoi Riail 3 agus gach Fógra Foriarratais faoi Riail 4 a sheirbheáil ceithre lá glan ar a laghad roimh an dáta a bheidh sceidealta lena éisteacht, agus is go pearsanta de réir fhorálacha Ordú 11 de na Rialacha seo nó, mar mhalairt air sin, trí chóip dhílis den chéanna a fhágáil ag áit chónaithe an fhreagróra, a dhéanfar an tseirbheáil sin. I gcás nach mbeidh aon Seirbheálaí Toghairme sannta don limistéar iomchuí measfar gur duine údaraithe chun an Bille Sibhialta sin um Fhoréigean Baile nó an Fógra Foriarratais sin a sheirbheáil aon duine os cionn bliain is fiche d'aois. Déanfar Mionnscríbhinn Seirbheála gach Bille Shibhialta um Fhoréigean Baile faoi Riail 3 agus gach Foriarratais iar bhFógra faoi Riail 4 a mhionnú agus déanfar an céanna a thabhairt isteach le linn an t-iarratas nó an Foriarratas a éisteacht.

Fianaise

9. Ach amháin le cead speisialta ón gCúirt, is ar fhianaise mhionnscríbhinne amháin a éistfear gach iarratas a dhéanfar *ex parte*, nó trí Fhoriarratas iar bhFógra, ar Ordú Urchoisc eatramhach nó ar Ordú Cosanta nó chun an céanna a athrú nó a urscaoileadh de bhun Riail 4 den Ordú seo agus, i gcás ina n-éistfidh an Chúirt aon fhianaise béil, le cead ón gCúirt, i gcúrsa na n-iarratas sin *ex parte*, ullmhóidh an t-iarratasóir nó aturnae an iarratasóra nó an bord sláinte nó an t-aturnae thar ceann an bhoird sláinte nóta i dtaobh na fianaise sin agus formheasfaidh an Breitheamh é, mura n-ordóidh an Chúirt a mhalairt. Ach amháin le cead speisialta ón gCúirt, is ar fhianaise béil a éistfear gach iarratas ar Ordú Urchoisc nó ar Ordú Sábháilteachta agus gach iarratas chun aon

Ordú Urchoisc nó Ordú Sábháilteachta a athrú nó a urscaoileadh de bhun Riail 4 den Ordú seo.

Uamadh

10. Féadfar aon iarratas ar Ordú Urchoisc nó ar Ordú Sábháilteachta a uamadh le haon iarratas eile ar an bhFógra iarratais céanna.

Seirbheáil

11. Ar Ordú Urchoisc, Ordú Sábháilteachta, Ordú Urchoisc eatramhach nó Ordú Cosanta a dhéanamh, a athrú nó a urscaoileadh, cuirfidh an Cláraitheoir Contae faoi deara go ndéanfar cóip den Ordú a bheidh i gceist a thabhairt don iarratasóir, don fhreagróir, don bhord sláinte i gcás ina mbeidh iarratas déanta ag bord sláinte de bhun alt 6 den Acht, don chomhalta den Gharda Síochána i gceannas an stáisiúin Gharda Síochána don limistéar ina mbeidh an áit a mbeidh an t-iarratas ar an Ordú Urchoisc nó ar an Ordú Urchoisc eatramhach déanta i ndáil léi, nó don chomhalta den Gharda Síochána i gceannas an stáisiúin Gharda Síochána don limistéar ina mbeidh cónaí ar an duine a mbeidh an t-ordú sábháilteachta nó an t-ordú cosanta déanta ar mhaithe leis nó léi nó do cibé limistéar eile is cuí leis an gCúirt agus do cibé daoine eile a shonraítear in alt 11 den Acht, nó a chur chucu, a luaithe is indéanta. I gcás ina ndéanfar Ordú Urchoisc eatramhach nó Ordú Cosanta *ex parte*, déanfar cóip den mhionnscríbhinn a bheidh mar fhoras leis an iarratas agus cóip den nóta formheasta i dtaobh aon fhianaise béil a éistfear i gcúrsa an iarratais sin a chur isteach leis an gcóip den Ordú a chuirfear chun an chéile is freagróir, mura n-ordóidh an Chúirt a mhalairt.

Dleacht stampa

12. Ní bheidh aon dleacht stampa iníoctha i leith aon iarratas a dhéanfar faoi Acht 1996.

ORDÚ 60

COSAINT SONRAÍ

1. San Ordú seo ciallaíonn ''an tAcht'' an tAcht um Chosaint Sonraí, 1988 (Uimh. 25 de 1988), agus tá le ''an Coimisinéir'' an bhrí a shanntar dó le halt 9 den Acht.

2. Is i bhfoirm Foriarratais iar bhFógra a mbeidh Mionnscríbhinn arna mionnú ag an achomharcóir mar fhoras leis a dhéanfar gach achomharc chun na Cúirte Cuarda ar na faoisimh a leagtar amach in alt 26 den Acht, agus déanfar na nithe seo a leanas a fhoilseánadh sa Mhionnscríbhinn sin:

(*a*) an fógra forfheidhmithe bunaidh/an fógra faisnéise bunaidh/an fógra toirmisc bunaidh/an diúltú bunaidh ón gCoimisinéir faoi alt 17 den Acht/an cinneadh bunaidh ón gCoimisinéir i ndáil le gearán faoi alt 10(1)(*a*) den Acht de réir mar is cuí

agus

(*b*) an litir bhunaidh ón gCoimisinéir ag seirbheáil an fhógra iomchuí ar an achomharcóir agus/nó ag tabhairt fógra don achomharcóir faoi dhéanamh an chinnidh iomchuí nó faoin diúltú iomchuí. Beidh sa Mhionnscríbhinn réamhluaite deimhneasc ina leagfar amach an dáta ar a líomhnófar gur seirbheáladh an fógra iomchuí ar an achomharcóir agus/nó an dáta ar a bhfuair an t-achomharcóir fógra faoin gcinneadh nó faoin diúltú iomchuí, mar aon le hachoimre ar fhorais an achomhairc.

3. Is sa Chontae ina mbeidh gnáthchónaí ar an achomharcóir nó ina mbeidh aon ghairm, gnó nó slí bheatha á seoladh nó á sheoladh aige nó aici nó, de rogha an achomharcóra, i mBaile Átha Cliath, a thionscnófar achomhairc.

4. Tabharfar fógra faoi gach achomharc don Choimisinéir de réir na dteorainneacha ama a shonraítear san Acht. Déanfar an fógra sin a chur i gcrích sula gcomhdófar an t-achomharc trí chóip den achomharc a sheachadadh ag Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí nó tríd an gcéanna a chur leis an bpost cláraithe réamhíoctha chuig an Oifig sin.

5. Is ar fhianaise Mhionnscríbhinne amháin a éistfear gach achomharc faoi Alt 26 den Acht, ach amháin i gcás ina n-ordóidh an Chúirt a mhalairt.

6. Féadfaidh an Chúirt, ar iarratas chuici ó aon pháirtí in achomharc, a ordú go ndéanfar cibé duine nó daoine eile is cuí leis an gCúirt a uamadh mar Fhógra-Pháirtí/Fhógra-Pháirtithe san achomharc ar cibé téarmaí a ordóidh an Chúirt.

7. Féadfaidh an Chúirt cibé Ordú is cuí a dhéanamh maidir le costais.

ORDÚ 61

DOICIMÉID A CHUR AR FÁIL DE BHUN ALT 14 DEN ACHT UM DHLÍNSE CÚIRTEANNA AGUS FORGHNÍOMHÚ BREITHIÚNAS (NA COMHPHOBAIL EORPACHA), 1998

1. I gcás breithiúnais nó ordaithe ón gCúirt Chuarda a mbeifear a iarraidh a fhorghníomhú i stát conarthach eile, tabharfaidh an Clár-aitheoir Contae, ar iarraidh ó pháirtí leasmhar, cóip den ordú nó den fhoraithne agus den bhreithiúnas i scríbhinn (más ann) ón gCúirt, arna fíordheimhniú le Séala na Cúirte arna mhúnlú uirthi agus le síniú an Chláraitheora Contae, don pháirtí sin.

2. Is ar Mhionnscríbhinn chun an Chláraitheora Contae a dhéanfar iarratas ar dheimhniú de bhun Alt 14 (*b*) d'Acht 1998, ar Mionn-scríbhinn í:

(*a*) a mbeidh teideal na n-imeachtaí a mbeidh forghníomhú á iarraidh ina leith mar theideal uirthi agus ar a mbeidh uimhir thaifeadta na n-imeachtaí,

(*b*) ina sonrófar cineál na n-imeachtaí,

(*c*) ina sonrófar an fhoráil nó na forálacha áirithe de Choinbhinsiún 1968 lenar ghabh an Chúirt dlínse uirthi féin,

(*d*) ina sonrófar an dáta a rachaidh an tréimhse ama in éag chun achomharc a thaisceadh i gcoinne an bhreithiúnais nó, más rud é go mbeidh sí dulta in éag, an dáta a ndeachaigh sí in éag,

(*e*) ina sonrófar ar taifeadadh fógra achomhairc i gcoinne an bhreithiúnais nó fógra iarratais chun an tréimhse ama chun achomharc a thionscnamh i gcoinne an bhreithiúnais a fhadú, nó in aon chás nach láithríonn an cosantóir, fógra chun an breithiúnas a chur ar ceal,

(*f*) ina sonrófar, más rud é gur breithiúnas chun suim airgid a íoc a bheidh sa bhreithiúnas, an ráta úis, más ann, is iníoctha ar an tsuim agus an dáta óna mbeidh ús iníoctha,

(*g*) ina n-áireofar, i gceangal léi, cóip dhílis dheimhnithe den Bhille Sibhialta nó den doiciméad tionscnaimh eile lenar tosaíodh na himeachtaí.

3. Is de réir Fhoirm 40 i Sceideal na bhFoirmeacha a bheidh an deimhniú a chuirfear ar fáil de bhun Alt 14 (*b*) d'Acht 1998 agus beidh sé sínithe ag an gCláraitheoir Contae agus beidh sé fíordheimhnithe le séala na Cúirte agus beidh cóip dhílis dheimhnithe den Bhille Sibhialta nó den doiciméad tionscnaimh eile lenar tosaíodh na himeachtaí i gceangal leis.

4. I gcás breithiúnais d'éagmais láithris, ina theannta sin, d'fhonn doiciméad arna dheimhniú faoi Alt 14 (*c*) d'Acht 1998 a iarraidh, foilseánfaidh an mhionnscríbhinn a bheidh mar fhoras le hiarratas faoi Riail 2 thuas cóip dhílis dheimhnithe den mhionnscríbhinn nó den doiciméad, maille le haon fhoilseán a bheidh ag gabháil léi nó leis, á shuíomh gur seirbheáladh fógra faoi imeachtaí a thionscnamh ar an duine a rinne an mhainneachtain agus deimhneoidh an Cláraitheoir Contae gur cóip dhílis den doiciméad ar ar sheas an Chúirt ar bhreithiúnas a thabhairt a bheidh sa doiciméad sin.

ORDÚ 62

CÁSANNA SONRAITHE

1. I Rialacha 1 go 5, ciallaíonn ''Cás Sonraithe'' cás sonraithe, nó nuair a éilíonn an comhthéacs é, cás a bheartófar a shonrú, de bhun Alt 16 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1947.

2. Beidh de dhualgas ar an bpáirtí a cheapfaidh an Chúirt chun cúram Cáis Shonraithe a bheith air, nó d'éagmais ceapacháin den sórt sin, ar an bpáirtí a iarrfaidh go ndéanfaí cás a shonrú, dréacht den chás a ullmhú agus a chur faoi bhráid aon pháirtí eile sa chás, gan mhoill, lena chomhaontú ag gach páirtí eile den sórt sin.

3. Féadfaidh an Breitheamh cibé orduithe is cuí a thabhairt i ndáil leis an gCás Sonraithe a ullmhú, agus beidh an chúis nó an t-ábhar ar atráth os comhair an Bhreithimh go ceann cibé tréimhse teoranta a cheadóidh an Breitheamh chun an cás a ullmhú agus a chomhaontú. Beidh de dhualgas ar an bpáirtí a mbeidh cúram an cháis air dréacht den chás arna chomhaontú, nó d'éagmais comhaontaithe, arna ullmhú aige a chur faoi bhráid an Chláraitheora Contae le aghaidh an Bhreithimh deich lá ar a laghad roimh an dáta atrátha.

4. I gcás nach mbeifear tar éis teacht ar chomhaontú, nó nach mbeidh aon dréacht ullmhaithe nó curtha isteach laistigh den tréimhse ama a bheidh ceadaithe, féadfaidh an Breitheamh diúltú cás a shonrú nó an t-ábhar a chur ar atráth go ceann tréimhse gairide breise agus is breith chríochnaitheach breith an Bhreithimh. Ar aon slí, féadfaidh an Breitheamh féin, más cuí leis, téarmaí an cháis a shocrú agus an céanna a shonrú agus a shíniú dá réir sin. Féadfaidh an Breitheamh cibé Ordú is cuí leis a dhéanamh i ndáil le costais ullmhaithe an cháis agus na láithreas os a chomhair.

5. A luaithe a bheidh an Cás Sonraithe sínithe, déanfar é a thaisceadh leis an gCláraitheoir Contae lena tharchur chuig an gCúirt Uachtarach.

6. Beidh feidhm ag an Riail seo agus ag na Rialacha ina dhiaidh seo maidir le cás Ioncaim a shonróidh an Breitheamh, nó má éilíonn an comhthéacs é, a bheartóidh sé a shonrú, de bhun Alt 428 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, arna chur chun feidhme le hAlt 430 den Acht céanna.

7. Déanfaidh an páirtí a dteastóidh uaidh go sonródh an Breitheamh cás cóip den fhógra a cheanglaítear faoi Alt 428 (2) den Acht Cánach Ioncaim, 1967, a chur láithreach chuig an achomharcóir nó chuig an gcigire, de réir mar a bheidh.

8. Beidh de dhualgas ar an bpáirtí a dteastóidh uaidh go ndéanfaí cás den sórt sin a shonrú dréacht den chéanna a ullmhú agus laistigh de thrí mhí ó dháta chinneadh an Bhreithimh an dréacht sin a chur chuig an gCláraitheoir Contae lena tharchur chuig an mBreitheamh, agus cóip de a chur chuig an achomharcóir nó chuig an gcigire, de réir mar a bheidh.

9. I gcás nach gcomhlíonfar forálacha Riail 8, beidh de chead ag an bpáirtí ar éirigh leis, cibé acu is é an t-achomharcóir nó an cigire é, dréacht den chás sonraithe a ullmhú é féin agus an céanna a chur chuig an gCláraitheoir Contae lena tharchur chuig an mBreitheamh, agus sa chás sin cuirfear cóip den dréacht sin chuig an bpáirtí a d'iarr go ndéanfaí an cás a shonrú.

10. I gcás nach mbeidh aon dréachtchás sonraithe curtha ag ceachtar páirtí chuig an mBreitheamh laistigh de 6 mhí ó dháta an fhógra a cheanglaítear faoi Alt 428 (2) den Acht Cánach Ioncaim, 1967, féadfaidh an Breitheamh féin téarmaí an cháis shonraithe a shocrú agus an céanna a shonrú agus a shíniú dá réir sin, agus ar a mhalairt, féadfaidh sé fad a chur leis an tréimhse ama chun dréacht den chás a ullmhú agus fógra a thabhairt don pháirtí a bheidh ag iarraidh go ndéanfaí cás a shonrú go bhféadfaidh sé a mheas, mura mbeidh dréacht curtha isteach laistigh den tréimhse ama fhadaithe sin, an iarraidh sin a bheith tarraingthe siar go neamh-inchúlghairthe, agus sa chás nach mbeidh aon dréacht curtha isteach laistigh den tréimhse ama fhadaithe sin, féadfaidh an Breitheamh dá réir sin déileáil leis an iarraidh sin faoi is dá mbeadh sí tarraingthe siar go neamh-inchúlghairthe, agus féadfaidh sé diúltú aon chás a shonrú, mura deimhin leis go bhfuil forais réasúnacha ann don mhoill agus is breith chríochnaitheach breith an Bhreithimh.

ORDÚ 63

TRIAIL A AISTRIÚ GO DTÍ CÚIRT CHUARDA BHAILE ÁTHA CLIATH

1. In aon Ordú a dhéanfaidh Breitheamh den Chúirt Chuarda de bhun Alt 31 d'Acht na gCúirteanna, 1981, ag déanamh triail duine a bheidh cúisithe i gcion indíotáilte a aistriú go dtí an Chúirt Chuarda ina suí di laistigh de Chuaird Bhaile Átha Cliath, sonrófar an méid seo a leanas:—

(i) An Suí den Chúirt Chuarda laistigh de Chuaird Bhaile Átha Cliath a mbeidh an cás aistrithe chuige;

(ii) Cibé acu i gcoimeád nó faoi bhannaí don chúisí;

(iii) Ainm agus seoladh Aturnae an chúisí, má tá Aturnae ag feidhmiú don chúisí.

2. Is san fhoirm atá leagtha amach i bhFoirm 39 de Sceideal na bhFoirmeacha a bheidh an tOrdú ón gCúirt Chuarda ag aistriú na trialach.

3. Más le linn Suí den Chúirt Chuarda laistigh de Chuaird Bhaile Átha Cliath a dhéanfar an tOrdú ag aistriú na trialach, déanfar an cás a aistriú go dtí an Suí sin faoi réir Riail 4 den Ordú seo.

4. Más le linn an dá sheachtain deiridh de Shuí den Chúirt Chuarda laistigh de Chuaird Bhaile Átha Cliath a dhéanfar an tOrdú ag aistriú na trialach, déanfar an triail a aistriú go dtí an chéad Suí eile den Chúirt Chuarda laistigh de Chuaird Bhaile Átha Cliath.

5. Má dhéantar an tOrdú ag aistriú na trialach tráth nach mbeidh aon Suí den Chúirt Chuarda laistigh de Chuaird Bhaile Átha Cliath, déanfar an triail a aistriú go dtí an chéad Suí eile den Chúirt Chuarda laistigh de Chuaird Bhaile Átha Cliath.

6. I gcás ina ndéanfar Ordú den Chúirt Chuarda ag aistriú trialach déanfaidh an Cláraitheoir Contae, laistigh de 3 lá ó dháta déanta an ordaithe sin, an t-ordú sin agus gach doiciméad iomchuí a chur ar aghaidh go dtí an Cláraitheoir Contae do Chontae agus do Chathair Bhaile Átha Cliath.

7. Ní bheidh feidhm ag Ordú 67, Riail 16, maidir leis an Ordú seo.

ORDÚ 64

FORIARRATAIS

1. Ach amháin i gcás ina gceadaítear sin leis na Rialacha seo, ní dhéanfar aon fhoriarratas gan fógra a thabhairt do na páirtithe dá ndéanfaidh an foriarratas sin difear ach, más deimhin leis an mBreitheamh nó leis an gCláraitheoir Contae go dtiocfadh nó go bhféadfadh sé go dtiocfadh mísc dholeigheasta nó thromaí den mhoill a bhainfeadh le dul ar aghaidh sa ghnáthshlí, féadfaidh sé aon ordú a dhéanamh *ex parte* ar cibé téarmaí is cóir leis maidir le costais nó eile, agus faoi réir cibé gealltanais, más ann, is cóir leis. Féadfaidh aon pháirtí dá ndéanfaidh an t-ordú sin difear foriarratas a dhéanamh chun é a chur ar ceal.

2. Ach amháin i gcás ina bhforáiltear a mhalairt leis na Rialacha seo, nó mura dtabharfaidh an Breitheamh cead speisialta dá mhalairt, ní foláir ceithre lá glan ar a laghad a bheith idir tráth seirbheála fógra foriarratais agus an lá a bheidh ainmnithe san fhógra chun an foriarratas a éisteacht.

3. Déanfar aon mhionnscríbhinní a bheidh le húsáid mar thacaíocht le haon fhoriarratas iar bhfógra a lua san fhógra foriarratais agus seirbheálfar cóipeanna díobh ina theannta agus ní úsáidfear aon mhionnscríbhinn den sórt sin gan cead ón mBreitheamh mura rud é go mbeidh an céanna comhdaithe.

ORDÚ 65

LEASUITHE

1. Féadfaidh an Breitheamh nó an Cláraitheoir Contae, de réir mar is cuí, ar cibé téarmaí is cóir leis, a cheadú do pháirtí ar bith, ag aon chéim de na himeachtaí, a phléadáil nó doiciméad eile a leasú nó a athrú, nó féadfaidh sé aon leasú a bheidh déanta cheana a dhícheadú, nó féadfaidh sé aon locht nó earráid in aon imeacht a leasú, agus déanfar na leasuithe sin go léir is gá chun a chinneadh cad iad na fíorcheisteanna atá faoi chonspóid idir na páirtithe.

2. Féadfar aon phléadáil nó doiciméad eile a leasú trí athruithe i scríbhinn a dhéanamh ar an gcóip a bheidh seirbheáilte, agus ar an gcóip a bheidh comhdaithe, agus trí ábhar breise ar pháipéar a chuirfear isteach idir na leathanaigh más gá. Aon uair a dhéanfar aon leasú, formhuineofar an doiciméad leasaithe mar a leanas, eadhon: ''Arna leasú an lá de de bhun Ordaithe dar dáta an lá de '' agus cuirfear líne dhearg faoi gach leasú den sórt sin.

3. Féadfaidh an Breitheamh nó an Cláraitheoir Contae, de réir mar is cuí, dearmaid chléireachais i mbreithiúnais nó in orduithe, nó earráidí iontu de dheasca aon bhotúin nó easnaimh a bheidh tar éis tarlú de thaisme, a cheartú tráth ar bith le foriarratas iar bhfógra chun an pháirtí a mbeifear ag iarraidh go ndéanfaidh an ceartú sin difear dó.

ORDÚ 66

COSTAIS

1. Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt le Reacht nó leis na Rialacha seo, beidh sé faoina rogha ag an mBreitheamh nó ag an gCláraitheoir Contae, de réir mar a bheidh, costais aon pháirtí in aon imeacht sa Chúirt a dheonú nó a choimeád siar.

2. Beidh ar áireamh i ndámhachtain chostas nó chaiteachas a dhéanfar i ndáil le haon imeachtaí sa Chúirt aon suim is iníoctha i bhfoirm cánach breisluacha ar na costais nó na caiteachais sin ag an bpáirtí ar ina fhabhar a dhéanfar dámhachtain den sórt sin i gcás ina suífidh an páirtí sin nach inghnóthaithe an tsuim sin ar aon slí eile, agus sa chás sin amháin.

3. Féadfaidh an Breitheamh costais aon iarratais nó foriarratais nó ordaithe, *ex parte* nó eile, a dhámhachtain, is cuma cén breithiúnas críochnaitheach a thabharfar san imeacht, nó féadfar costais san imeacht a dhéanamh díobh, nó féadfar iad a fhorchoimeád chun go ndéileálfar leo ar chríochnú an imeachta.

4. I gcás costas a dhámhfar in aon imeacht i gcoinne beirte nó níos mó, nó i gcoinne dhá pháirtí nó níos mó, beidh éifeacht acu ina gcoinne, agus beidh siad iníoctha acu, go leithleach agus i gcomhpháirt, mura n-ordóidh an Breitheamh a mhalairt.

5. Áireofar caiteachais fhinnéithe sna costais a dhámhfar in aon chás mura ndéanfaidh an Breitheamh iad a dhícheadú go hiomlán nó go páirteach. Is é an Breitheamh a dhéanfaidh na caiteachais sin a thomhas nó, i gcás an Breitheamh á ordú amhlaidh, déanfaidh an Cláraitheoir Contae iad a thomhas, faoi réir achomhairc chun na Cúirte.
Sa riail seo folóidh an focal ''caiteachais'', i gcás finné shaineolaigh, a tháillí réasúnacha i leith gach ní ba ghá roimh an éisteacht.

6. Is é an Cláraitheoir Contae a dhéanfaidh fómhas ar na costais go léir a ordófar a fhómhas (agus beidh cumhachtaí uile Máistir Fómhais den Ard-Chúirt aige chuige sin), faoi réir, maidir le gach ítim, lena n-áirítear eisíocaíocht agus táillí Abhcóide, achomhairc chun na Cúirte, a dtabharfar fógra ina thaobh laistigh de dheich lá ó chríochnú an fhómhais.

7. Ní dhéanfar aon chostais seachas eisíocaíocht iarbhír agus riachtanach a cheadú ná a dhámhachtain d'aon pháirtí mura mbeifear tar éis Aturnae a theagasc chun na himeachtaí a sheoladh thar a cheann.

8. I gcás ina ndámhfar costais nó caiteachais, déanfaidh an páirtí dá ndámhfar na costais nó na caiteachais sin bille de na costais nó de na caiteachais sin a sheachadadh, agus tabharfaidh sé fógra seacht lá ar a laghad i dtaobh an fhómhais le haghaidh lae agus uair an chloig a bheidh le socrú (go ginearálta nó go speisialta) ag an gCláraitheoir Contae, agus féadfaidh an páirtí sin gach íocaíocht ba ghá agus ba chuí dó a dhéanamh, mar aon leis na muirir agus na caiteachais sin go léir a dhealraíonn a

bheith tabhaithe go cuí chun fianaise a fháil, a áireamh sa bhille sin, ar choinníoll go bhféadfaidh an páirtí a dtabharfar an bille sin dó suim airgid a thairiscint chun an bille sin a ghlanadh, agus má dhiúltaítear don tairiscint sin agus nach mó méid an bhille sin, ar é a fhómhas, ná an tsuim a bheidh tairgthe, beidh costais an fhómhais le híoc ag an bpáirtí a bheidh ag éileamh de bhun an bhille sin. Beidh ar áireamh i ngach Bille Costas ina mbeidh éileamh i leith cánach breisluacha an uimhir chláraithe a bheidh leithroinnte ag na Coimisinéirí Ioncaim ar an duine ar leis is iníoctha an cháin bhreisluacha sin, mar aon le ráiteas á rá an bhfuil nó nach bhfuil an páirtí a bheidh ag éileamh de bhun an Bhille sin cláraithe chun críche cánach breisluacha. I gcás an páirtí sin a bheith cláraithe áireofar ráiteas á mhíniú cad chuige nach bhfuil an cháin bhreisluacha sin inghnóthaithe ar shlí eile.

9. In aon fhómhas ar chostais, in aon chás ina mbeidh ítimí ann i leith eisíocaíochtaí, déanfar iad a dheimhniú go cuí os comhair an Chláraitheora Contae, ach amháin nach ndéanfar an Riail seo a fhorléiriú ar shlí a choiscfidh ítimí a fhómhas i leith costas agus muirear a bheidh tabhaithe ach nach mbeidh íoctha.

In aon fhómhas ar chostais, in aon chás ina mbeidh ítimí ann i leith eisíocaíochtaí nó caiteachas, déanfar iad a dheimhniú go cuí os comhair an Chláraitheora Contae agus beidh i ngach deimhniú ina n-áireofar éileamh i leith cánach breisluacha an uimhir chláraithe a bheidh leithroinnte ag na Coimisinéirí Ioncaim ar an duine ar leis is iníoctha an cháin bhreisluacha sin.

10. In imeachtaí neamhchosanta is iad na costais a cheadófar don ghearánaí i gcásanna a bheidh faoi réim dhlínse na Cúirte Dúiche ná na costais a bheadh inghnóthaithe sa Chúirt sin, i dteannta cibé eisíocaíochta iarbhír agus riachtanaí a cheadófar.

11. In imeachtaí cosanta ina bhféadfaí an faoiseamh a deonaíodh a fháil sa Chúirt Dúiche, is iad na costais a cheadófar don ghearánaí ná na costais a bheadh inghnóthaithe sa Chúirt sin i dteannta cibé eisíocaíochta iarbhír agus riachtanaí a cheadófar, ar choinníoll i gcónaí go bhféadfaidh an Breitheamh i gcás den sórt sin costais a choinneáil siar más dóigh leis gur chúis a bhí ann ar chuí í a thabhairt ar aghaidh sa Chúirt Dúiche. I gcásanna a mbeidh an faoiseamh a éilítear faoi réim dhlínse na Cúirte Dúiche, agus go ndíbhfear an chaingean, féadfar costais a cheadú don chosantóir mar a ordóidh an Breitheamh.

12. Ní theorannóidh aon ní san Ordú seo ceart Aturnae chun costais a éileamh amhail idir Aturnae agus Cliant i leith oibre a bheidh déanta nó seirbhísí gairmiúla a bheidh tugtha, ná ní dhéanfaidh sé difear don cheart sin.

13. Féadfaidh an Breitheamh a ordú ar chúis speisialta go ndéanfar costais aon imeachta, amhail idir páirtí agus páirtí, a fhómhas ar scála is airde ná an scála is infheidhme i gcásanna eile. Luafar an chúis speisialta sin san fhoraithne nó san ordú.

14. Beidh na costais a luaitear i Riail 6 d'Ordú 5 iníoctha ag cosantóir tar éis Bille Sibhialta a eisiúint bíodh go mbeidh méid an éilimh ón ngearánaí íoctha leis an ngearánaí nó lena Aturnae, nó tairgthe don ghearánaí nó dá Aturnae, sula mbeidh an Bille Sibhialta sin seirbheáilte air.

15. I ngach cás beidh na costais a dhámhfar ar leith ón eisíocaíocht iarbhír agus riachtanach sin go léir a cheadófar agus de bhreis uirthi.

16. Measfar gur imeacht de réir bhrí Riail 1 den Ordú seo é frithéileamh.

Le linn dó costais fhrithéilimh a dhámhachtain, féadfaidh an Breitheamh:—

(*a*) na costais sin a cheadú ina n-iomláine, agus sa chás sin déanfar iad a fhómhas de réir an scála ba chuí dá mbeadh an cosantóir, mar ghearánaí, tar éis imeachtaí ar leithligh a thionscnamh i leith ábhar an fhrithéilimh; nó

(*b*) cibé cuid de na costais iomlána a cheadú is dóigh leis sna himthosca uile a bheith cóir agus réasúnach.

I gcás ina dtaifeadfar breithiúnas i bhfabhar an ghearánaí i leith a éilimh, agus i bhfabhar an chosantóra i leith a fhrithéilimh, nó i gcás ina ndíbhfear an t-éileamh agus an frithéileamh araon, féadfaidh an Breitheamh a ordú na costais a bheidh ceadaithe do pháirtí amháin a fritháireamh, go hiomlán nó *pro tanto*, i gcoinne na gcostas a bheidh ceadaithe don pháirtí eile.

17. I gcás ina dtaifeadfar breithiúnas i bhfabhar cosantóra a mbeidh suim taiscthe sa Chúirt aige mar shásamh in éileamh an ghearánaí, féadfaidh an Breitheamh suim réasúnach a cheadú don chosantóir, i dteannta na gcostas cuí, chun costais an taiscthe agus na haistarraingthe a ghlanadh.

18. Ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt leis na Rialacha seo, is mar is cuí leis an gCúirt nó leis an gCláraitheoir Contae a bheidh táillí Abhcóide.

19. I gcás ina mbeidh breithiúnas taifeadta in aon imeacht, agus go gclárófar é faoi fhorálacha an Achta Cúirteanna Breithiúnais, 1924, nó an Achta Cúirte Cuarda (Breithiúnais a Chlárú), 1937, féadfar, i dteannta chostais chuí an imeachta sin, suim réasúnach a cheadú, i dteannta eisíocaíochta, i leith an chláraithe sin. Ar chruthúnas gur cláraíodh an breithiúnas sin a thabhairt ar aird dó, cuirfidh an Cláraitheoir Contae méid na suime agus na heisíocaíochta sin le méid na foraithne nó an ordaithe. Ní cheadóidh an Cláraitheoir Contae, ná ní cheadóidh an Chúirt ar achomharc uaidh, an tsuim agus an eisíocaíocht sin mura nglacfar leis go raibh an clárú sin réasúnach.

20. Déanfar costais in imeachtaí faoi réim fhorálacha Alt 48 (1) den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1924, a fhómhas de réir an scála Ard-Chúirte chuí a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire agus de réir na Rialacha is infheidhme maidir leis sin, lúide an cúigiú cuid, mar aon le heisíocaíocht iarbhír agus riachtanach, le caiteachais fhinnéithe i gcás ina gceadóidh an Chúirt iad, agus le cibé táillí Abhcóide a cheadóidh an Cláraitheoir Contae, ag féachaint do chineál na n-imeachtaí agus do na saincheisteanna a bhí i gceist.

21. I ngach caingean i leith leabhail déanfar na costais a fhómhas i cibé slí a chinnfidh an Cláraitheoir Contae nó Breitheamh tráth éisteachta na caingne nó ar achomharc in aghaidh fómhais.

22. I gcás ina mbeidh scála speisialta costas forordaithe faoi Reacht, beidh feidhm ag an scála speisialta sin.

23. I gcás inar imeachtaí chun go ndéanfaí airnéis shonrach a thabhairt ar ais na himeachtaí, cibé acu a bheidh nó nach mbeidh éileamh ar dhamáistí ina ionad sin ag gabháil leo, nó i gcás ina mbeidh deacracht, in aon chás cothromais nó eile, ag baint leis an scála cuí a fhionnadh nó a chur i bhfeidhm, féadfaidh an Breitheamh, ag an éisteacht chun costais a fhómhas, luach na hairnéise sin nó ábhar na n-imeachtaí a chinneadh. In aon chás nach mbeidh an Breitheamh tar éis an luach sin a chinneadh, féadfaidh an Cláraitheoir Contae é a chinneadh, faoi réir achomhairc chun na Cúirte. Ar choinníoll i gcónaí go measfar, in agraí nó imeachtaí cothromais nach ndíolfar aon talamh is ábhar do na hagraí nó na himeachtaí sin le linn iad a bheith á seoladh, gurb ionann luach na talún sin agus luach an mhargaidh de chuid na talún sin arna chinneadh ag an gCúirt nó ag an gCláraitheoir Contae.

24. I gcás imeachtaí ag úinéir airnéise, i gcoinne fhruilitheoir na hairnéise sin faoi chomhaontú fruilcheannaigh, chun an airnéis a aisghabháil nó chun go ndéanfaí í a thabhairt ar ais, measfar, chun na costais a thomhas nó a fhómhas, gur caingean i gconradh atá sna himeachtaí sin inarb ionann an tsuim a ndéantar an t-agra ina leith agus méid na dtráth-chodanna a bhí dlite agus neamhíoctha faoin gcomhaontú ar dháta tosaithe na n-imeachtaí.

25. I gcás ina mbeidh an Breitheamh nó an Cláraitheoir Contae den tuairim nach bhfuil aon scála cuí costas ann, féadfaidh an Breitheamh nó an Cláraitheoir Contae cibé suim a thomhas i leith costas agus a mheasfar a bheith réasúnach. Beidh ábhar achomhairc ann chun na Cúirte i gcoinne aon bhreithe ón gCláraitheoir Contae faoin Riail seo.

26. Beidh an tAturnae thar ceann an pháirtí a bheidh ag iarraidh san Oifig go n-eiseofar nó go n-athnuafar ordú forghníomhaithe i dteideal suim réasúnach a fháil mar chostais an chéanna agus i leith na gcostas sin, i dteannta eisíocaíochta, mar aon leis na costais a bheidh ceadaithe leis an bhforaithne nó leis an ordú a n-iarrfar í nó é a fhorghníomhú.

27. Chun costais a fhómhas nó a thomhas, measfar gur imeachtaí Cothromais na himeachtaí seo a leanas:—

(1) Gach agra chun eastáit éagach a riaradh;

(2) Gach agra chun iontaobhais a fhorghníomhú;

(3) Gach agra chun aon mhorgáiste, muirear nó lian ar aon tailte, nó ar aon mhaoin eile, réadach, airnéise réadaí, nó pearsanta, a fhoriamh, a dhíol, a fhuascailt nó a chur i bhfeidhm;

(4) Gach agra i leith sainchomhlíonadh;

(5) Gach agra chun aon ghníomhas, comhaontú, nó forchinntiú, nó aon tíolacadh maoine de chineál ar bith, a cheartú, a athchóiriú, a chur ar ceal, a chealú, nó a thabhairt suas;

(6) Gach agra chun aon chuntas comhpháirtíochta a thógáil, nó chun aon chomhpháirtíocht a dhíscaoileadh;

(7) Gach imeacht i leith idir-roinnt;

(8) Gach imeacht faoi na hAchtanna Iontaobhaithe;

(9) Gach imeacht a bhaineann le naín a chothabháil nó a chur chun cinn nó chun maoin naíon a chosaint;

(10) Gach imeacht i leith urghairí nó i leith orduithe de shamhail urghairí;

(11) Gach imeacht faoi na hAchtanna um Thalamh Socraithe;

(12) Gach imeacht a bhaineann le daoine mímheabhracha;

(13) Gach imeacht eile ina dtugtar dlínse don Chúirt le hAlt 48 (v) den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1924.

28. I gcás ina mbeidh imeachtaí tionscanta ar thaobh an Chothromais den Chúirt, agus go mbeidh an Breitheamh den tuairim go bhféadfaí faoiseamh leordhóthanach a fháil in imeachtaí faoi aon dlínse eile de chuid na Cúirte, féadfaidh sé a ordú nach gceadófar don ghearánaí, má éiríonn leis, ach na costais agus an eisíocaíocht a d'fhéadfaí a cheadú sna himeachtaí sin faoin dlínse eile sin.

29. In aon chúis chosanta nó ábhar cosanta a bheidh á seoladh nó á sheoladh go pearsanta ag Aturnae ag an éisteacht, féadfaidh an Clár-aitheoir Contae, nuair a bheidh an Táille Teagaisc á socrú aige, an obair bhreise a bheidh déanta ag an Aturnae agus an fhreagracht bhreise a bhí air a chur san áireamh.

30. Beidh i ngach Mionnscríbhinn a úsáidfear chun Iarratas ar Bhreithiúnas trí mhainneachtain faoi Ordú 26 nó Ordú 27 a fhorasú, nó chun iarratas ar Bhreithiúnas Achomair faoi Ordú 28 a fhorasú, deimhnisc á rá an bhfuil cáin bhreisluacha iníoctha ag an éilitheoir ar a chostais dhlíthiúla agus, más iníoctha, an bhfuil an tsuim is iníoctha amhlaidh inghnóthaithe aige ó na Coimisinéirí Ioncaim.

ORDÚ 67

GINEARÁLTA

1. Aon ghníomh is gá de réir na Rialacha seo do pháirtí a dhéanamh, féadfaidh sé é a dhéanamh go pearsanta nó féadfaidh a Aturnae é a dhéanamh.

2. Déanfar gach doiciméad agus foirm a bheidh le comhdú san Oifig, nó le seirbheáil maidir le himeachtaí sa Chúirt, ach amháin cuntais, léarscáileanna agus pleananna, a scríobh, a chló nó a chlóscríobh ar pháipéar de thoise A4. Déanfar gearrtheideal an imeachta a fhormhuiniú go cuí, ar leathanach a fhágfar bán chuige sin, ar gach doiciméad a bheartófar a chomhdú.

3. Ordóidh an Chúirt, i gcás inar gá sin, cad iad na nuachtáin ina gcuirfear aon fhógráin a mbeidh gá leo ó am go ham in aon chaingean nó ábhar.

4. Measfar gur cuid de na Rialacha seo na Sceidil a ghabhann leis na Rialacha, agus féadfar na foirmeacha go léir atá iontu, nó foirmeacha oiriúnacha a mbeidh an éifeacht chéanna leo, a úsáid i gcás feidhm a bheith leo, agus beidh siad maith dóthanach. Más rud é go gceanglaítear leis na Rialacha seo ar aon pháirtí fógra de réir foirme a luaitear in aon Sceideal a ghabhann leis na Rialacha seo a thabhairt, is leor an fógra a bheith go substaintiúil de réir na foirme sin.

5. I gcás nach soláthraítear aon fhoirmeacha, déanfaidh páirtithe na doiciméid a chumadh faoi threoir na bhfoirmeacha atá sna Sceidil.

6. Féadfaidh an Chúirt, ar cibé téarmaí (más ann) a mheasfaidh sí a bheith réasúnach, fadú nó giorrú a dhéanamh ar aon cheann de na tréimhsí ama a shocraítear leis na Rialacha seo chun aon bheart nó gníomh a dhéanamh in aon imeacht, agus féadfaidh sí freisin, ar cibé téarmaí maidir le costais nó eile is cuí léi, a dhearbhú gur leor aon bheart nó gníomh a bheidh déanta, bíodh nach mbeidh sé déanta laistigh den tréimhse ama nó ar an modh a fhorordaítear leis na Rialacha seo.

7. Is iar bhfógra chun na Cúirte a dhéanfar aon iarratas chun imeachtaí a chur ar ceal mar gheall ar neamhrialtacht, ach ní cheadófar aon iarratas chun aon imeachtaí a chur ar ceal mar gheall ar neamhrialtacht mura ndéanfar é laistigh de thréimhse ama réasúnach, ná má tá aon bheart úr déanta ag páirtí an iarratais tar éis fios a fháil faoin neamhrialtacht, agus beidh na hagóidí a mbeifear ar intinn seasamh orthu in aon fhógra i leith aon fhoriarratais den sórt sin.

8. I gcás ina mbeidh an dlínse a aistríodh chun na Cúirte faoi Alt 51 d'Acht na gCúirteanna Breithiúnais, 1924 (agus a suíodh ina dhiaidh sin le halt 4 d'Acht na gCúirteanna (Bunú agus Comhdhéanamh), 1961), ag brath ar reacht, déantar leis seo gach Reacht den sórt sin a oiriúnú nó a mhodhnú ionas go ndéanfar gach tagairt ann don Chúirt Billí Sibhialta, don Chúirt Chontae, nó don Chúirt Seisiún Ceathrún a fhorléiriú mar thagairt don Chúirt i gcás inar gá sin, agus déanfar na tagairtí go léir do Reacordairí, do Bhreithiúna Cúirte Contae, do Chathaoirligh Sheisiún Ceathrún, nó do Bhreithiúna eile, agus d'Oifigigh d'aon Chúirt díobh sin, a fhorléiriú i gcás inar gá sin mar thagairtí do Bhreitheamh na Cúirte

agus, i gcásanna Oifigeach, don Chláraitheoir Contae nó don Oifigeach cuí don Chúirt, agus déanfar na tagairtí go léir d'imeachtaí in aon cheann de na Cúirteanna sin a fhorléiriú, i gcás inar gá sin, mar thagairtí d'imeachtaí sa Chúirt.

9. I gcás ina gceanglaítear leis na Rialacha seo aon doiciméad a thaisceadh san Oifig, féadfar an doiciméad sin a chur leis an bpost réamhíoctha ionas go sroichfidh sé an Oifig roimh dheireadh na tréimhse ama atá ceaptha don taisceadh sin mar a dúradh.

10. Aon pháirtí a bheidh ag déanamh agra nó cosanta trí Aturnae beidh de chead aige a Aturnae a athrú, nó a Aturnae a scaoileadh uaidh, agus an t-agra nó an chosaint a dhéanamh go pearsanta, agus aon pháirtí a bheidh ag déanamh agra nó cosanta go pearsanta beidh de chead aige Aturnae a cheapadh gan ordú chuige sin. Déanfar fógra i dtaobh an athraithe, an scaoilte nó an cheaptha sin a chomhdú san Oifig, agus a sheirbheáil ar an bpáirtí freasúrach, nó ar a Aturnae (más ann), agus ar an Aturnae a bheidh scaoilte.

11. San iarratas ar athéisteacht in aon cheann de na himeachtaí dá dtagraítear in Alt 42 den *County Officers and Courts (Ireland) Act*, 1877, leagfar amach go hiomlán na forais ar a mbeidh an athéisteacht á hiarraidh, agus déanfar fógra ina leith a chomhdú san Oifig agus a sheirbheáil ar an bpáirtí freasúrach, nó ar an gcomharba ar a leas, ceithre lá dhéag ar a laghad roimh lá oscailte na Suíonna ag a mbeidh an t-iarratas le déanamh, nó, i gCuaird Bhaile Átha Cliath, sé lá ar a laghad roimh an lá a mbeidh an t-iarratas le déanamh.

12. I gcás an tréimhse ama chun aon ghníomh a dhéanamh nó aon imeachtaí a thionscnamh do dhul in éag ar an Satharn nó ar an Domhnach nó ar lá eile a mbeidh an Oifig dúnta, agus dá bhíthin sin nach féidir an gníomh sin a dhéanamh nó an t-imeacht sin a thionscnamh an lá sin, measfar an gníomh sin a bheith déanta go cuí nó an t-imeacht sin a bheith tionscanta go cuí, chomh fada is a bhaineann leis an tréimhse ama chun an céanna a dhéanamh nó a thionscnamh, má dhéantar nó má thionscnaítear é an chéad lá eile a mbeidh an Oifig ar oscailt.

13. Aon taifead in aon leabhar cúiseanna nó in aon leabhair eile, nó aon taifead a cheanglaítear a dhéanamh leis na Rialacha seo, measfar é a bheith déanta de réir na Rialacha sin má dhéantar é in aon ríomhaire nó in aon chineál taifeadta eile a bheidh formheasta ó am go ham ag Uachtarán na Cúirte Cuarda.

14. Féadfar aon chomhad nó taifead cúirte a choimeád i cibé foirm a fhormheasfaidh Uachtarán na Cúirte Cuarda ó am go ham.

15. Ní chuirfidh neamhchomhlíonadh aon Rialach de na Rialacha seo, nó aon chleachtais a bheidh de thuras na huaire i bhfeidhm sa Chúirt, na himeachtaí ar neamhní mura n-ordóidh an Chúirt é, ach féadfar na himeachtaí sin a chur ar ceal go hiomlán nó go páirteach, de réir mar is cuí leis an gCúirt, mar chinn atá neamhrialta, nó féadfar iad a leasú nó déileáil leo i slí eile ar cibé modh nó ar cibé téarmaí is cuí leis an gCúirt.

16. I gcás nach mbeidh aon Riail foráilte leis na Rialacha seo chun cleachtas nó nós imeachta a rialú, féadfar cleachtas agus nós imeachta na hArd-Chúirte a leanúint.

ORDÚ 68

AN tACHT UM CHIONTÓIRÍ GNÉIS, 2001

1. San Ordú seo, ciallaíonn ''an tAcht'' an tAcht um Chiontóirí Gnéis, 2001 (Uimh. 18 de 2001).

2. Gach iarratas faoin Acht a bheidh arna sheirbheáil nó gach imeacht faoin Acht a bheidh arna thionscnamh sula mbeidh na Rialacha seo tagtha i ngníomh ach a bheidh de réir Rialacha agus chleachtas na Cúirte a bhí nó atá ann, beidh an bhailíocht chéanna aige is a bheidh ag iarratais a dhéanfar nó imeachtaí a thionscnófar de réir na Rialacha seo.

3. Déanfar gach iarratas faoi Alt 16 den Acht ar ordú um chiontóir gnéis trí fhoriarratas tionscnaimh iar bhfógra chun an Fhreagróra agus beidh mionnscríbhinn arna mionnú ag an iarratasóir nó thar ceann an iarratasóra mar fhoras leis, ar mionnscríbhinn í sin ina leagfar amach na nithe dá dtagraítear in alt 16(2) den Acht, mar aon le haon nithe iomchuí eile.

4. Déanfar gach iarratas faoi Alt 19(1) den Acht trí fhoriarratas tionscnaimh iar bhfógra chun an chomhalta den Gharda Síochána a rinne an t-iarratas ar ordú um chiontóir gnéis, ar ordú é is ábhar do na himeachtaí, nó chun an Ard-Cheannfoirt den roinn ina mbeidh gnáthchónaí ar an bhfreagróir nó ina mbeidh an áit chónaithe is gnáiche aige nó aici, agus beidh mionnscríbhinn arna mionnú ag an bhfreagróir mar fhoras leis, ar mionnscríbhinn í sin ina leagfar amach na fíorais ar a líomhnófar nach gá an t-ordú um chiontóir gnéis a choimeád i bhfeidhm chun an pobal a chosaint ó dhíobháil thromchúiseach ón bhfreagróir nó, de réir mar a bheidh, gur cúis éigeartais é éifeacht an ordaithe de thuras na huaire, mar aon le haon nithe iomchuí eile.

5. Is trí fhoriarratas tionscnaimh iar bhfógra chun an fhreagróra, ar foriarratas é a mbeidh mionnscríbhinn mar fhoras leis, a dhéanfar gach iarratas faoi Alt 19(2) den Acht.

6. Déanfar gach iarratas faoi Alt 11 den Acht trí fhoriarratas tionscnaimh iar bhfógra chun an Cheannfoirt den Gharda Síochána den roinn ina mbeidh gnáthchónaí ar an duine a mbeidh an t-iarratas sin á dhéanamh aige nó aici nó ina mbeidh an áit chónaithe is gnáiche aige nó aici, agus beidh mionnscríbhinn arna mionnú ag an duine a mbeidh an t-iarratas sin á dhéanamh aige nó aici mar fhoras leis, ar mionnscríbhinn í sin ina leagfar amach na fíorais ar a líomhnófar nach bhfóntar do leasanna na maitheasa poiblí a thuilleadh tríd an duine a mbeidh an t-iarratas sin á dhéanamh aige nó aici do leanúint de bheith faoi réir cheanglais Chuid 2 den Acht, mar aon le haon nithe iomchuí eile.

7. Is sa Chontae ina mbeidh gnáthchónaí ar an bhfreagróir nó ina mbeidh aon ghairm, gnó nó slí bheatha á seoladh nó á sheoladh aige nó aici a dhéanfar iarratais faoi Alt 16, 19(1) nó 19(2), nó is é nó í an breitheamh den chuaird ina líomhnófar gur ghníomhaigh an freagróir ar shlí a thugann forais réasúnacha chun a chreidiúint gur gá nó, de réir

mar a bheidh, gur ghá ordú um chiontóir gnéis a dhéanamh a dhéanfaidh na hiarratais sin.

8. Is sa Chontae ina mbeidh gnáthchónaí ar an duine a mbeidh an t-iarratas á dhéanamh aige nó aici, nó ina mbeidh an áit chónaithe is gnáiche aige nó aici, a dhéanfar iarratais faoi Alt 11.

9. Déanfar gach iarratas a sheirbheáil de réir na bhforálacha maidir le Billí Sibhialta agus doiciméid eile a sheirbheáil atá in Ordú 10 de na Rialacha Cúirte Cuarda, 1950, arna leasú, nó de réir Alt 7 d'Acht na gCúirteanna, 1964, nó, i leith iarratas faoi Alt 16 den Acht, nuair a ordóidh an Chúirt sin a dhéanamh chun a áirithiú go dtabharfar éisteacht sholamh d'iarratais, trí tharchur macasamhlach nó leis an bpost leictreonach nó le seirbheáil phearsanta nó tríd an gcéanna a sheachadadh ar cibé duine nó daoine nó ag cibé seoladh a ordóidh an Chúirt nó i cibé slí eile a ordóidh an Chúirt.

10. Cinnfidh an Chúirt an ar fhianaise Mhionnscríbhinne amháin, nó ar fhianaise Mhionnscríbhinne agus ar fhianaise béil araon, a éistfear an t-iarratas.

11. Féadfaidh an Chúirt cibé Ordú is cuí a dhéanamh maidir le costais.

SCEIDEAL A

RIALACHA A NEAMHNÍTEAR LEIS NA RIALACHA SEO

Na Rialacha Cúirte Cuarda, 1950 (I.R. Uimh. 179 de 1950)

Na Rialacha Cúirte Cuarda, 1954 (I.R. Uimh. 212 de 1954)

Na Rialacha Cúirte Cuarda, 1955 (I.R. Uimh. 1 de 1955)

Na Rialacha Cúirte Cuarda, 1956 (I.R. Uimh. 270 de 1956)

Na Rialacha Cúirte Cuarda, 1961 (I.R. Uimh. 148 de 1961)

Na Rialacha Cúirte Cuarda, 1962 (I.R. Uimh. 84 de 1962)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 2), 1962 (I.R. Uimh. 164 de 1962)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 1), 1963 (I.R. Uimh. 3 de 1963)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 1), 1964 (I.R. Uimh. 167 de 1964)

Na Rialacha Cúirte Cuarda, 1965 (I.R. Uimh. 202 de 1965)

Na Rialacha Cúirte Cuarda, 1966 (I.R. Uimh. 128 de 1966)

Na Rialacha Cúirte Cuarda, 1967 (I.R. Uimh. 37 de 1967)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 2), 1967 (I.R. Uimh. 118 de 1967)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 3), 1967 (I.R. Uimh. 215 de 1967)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 1), 1970 (I.R. Uimh. 149 de 1970)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 2), 1970 (I.R. Uimh. 308 de 1970)

Na Rialacha Cúirte Cuarda, 1971 (I.R. Uimh. 41 de 1971)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 1), 1972 (I.R. Uimh. 129 de 1972)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 2), 1972 (I.R. Uimh. 189 de 1972)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 3), 1972 (I.R. Uimh. 322 de 1972)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 1), 1975 (I.R. Uimh. 120 de 1975)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 1), 1976 (I.R. Uimh. 266 de 1976)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 1), 1977 (I.R. Uimh. 130 de 1977)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 2), 1977 (I.R. Uimh. 186 de 1977)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 1), 1978 (I.R. Uimh. 77 de 1978)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 2), 1978 (I.R. Uimh. 138 de 1978)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 3), 1978 (I.R. Uimh. 190 de 1978)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 4), 1978 (I.R. Uimh. 205 de 1978)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 5), 1978 (I.R. Uimh. 314 de 1978)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 1), 1979 (I.R. Uimh. 10 de 1979)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 2), 1979 (I.R. Uimh. 66 de 1979)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 3), 1979 (I.R. Uimh. 360 de 1979)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 1), 1980 (I.R. Uimh. 129 de 1980)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 1), 1981 (I.R. Uimh. 20 de 1981)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 2), 1981 (I.R. Uimh. 316 de 1981)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 3), 1981 (I.R. Uimh. 329 de 1981)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 4), 1981 (I.R. Uimh. 318 de 1981)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 1), 1982 (I.R. Uimh. 34 de 1982)
(Ach amháin riail 2 díobh)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 2), 1982 (I.R. Uimh. 142 de 1982)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 3), 1982 (I.R. Uimh. 152 de 1982)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 4), 1982 (I.R. Uimh. 190 de 1982)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 5), 1982 (I.R. Uimh. 156 de 1982)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 6), 1982 (I.R. Uimh. 158 de 1982)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 7), 1982 (I.R. Uimh. 244 de 1982)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 1), 1983 (I.R. Uimh. 267 de 1983)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 1), 1984 (I.R. Uimh. 118 de 1984)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 1), 1989 (I.R. Uimh. 289 de 1989)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 1), 1990 (I.R. Uimh. 152 de 1990)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 2), 1990 (I.R. Uimh. 155 de 1990)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 1), 1991 (I.R. Uimh. 159 de 1991)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 1), 1994 (I.R. Uimh. 225 de 1994)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 2), 1994 (I.R. Uimh. 279 de 1994)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 1), 1995 (I.R. Uimh. 215 de 1995)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 2), 1995 (I.R. Uimh. 216 de 1995)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 1), 1997 (I.R. Uimh. 84 de 1997)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 2), 1997 (I.R. Uimh. 118 de 1997)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 3), 1997 (I.R. Uimh. 500 de 1997)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 1), 1999 (I.R. Uimh. 373 de 1999)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 2), 1999 (I.R. Uimh. 374 de 1999)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 1), 2000 (I.R. Uimh. 104 de 2000)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 2), 2000 (I.R. Uimh. 208 de 2000)

Na Rialacha Cúirte Cuarda (Uimh. 1), 2001 (I.R. Uimh. 433 de 2001)

FOIRM 1A

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Toilíonn an Gearánaí agus an Cosantóir leis seo le dlínse na Cúirte Onóraí seo a mhéadú de bhun alt 48(1) den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1924.

Arna dhátú an lá seo de .

Arna shíniú .....
Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí

Arna shíniú .....
Aturnaetha thar ceann an Chosantóra

Do: An Cláraitheoir Contae

FOIRM 1B

FORMHUINIÚ NA SEIRBHEÁLA

De bhun alt 7(3) d'Acht na gCúirteanna, 1964, sheirbheáil mé an seo istigh ar an gCosantóir ..... trí chóip dhílis den chéanna a chur sa phost ar a./p.m., an lá de , 19 , i bPostoifig ..... i gclúdach réamhíoctha cláraithe arna dhíriú chun an Chosantóra sin, an ..... sin, i* .....

Arna fhormhuiniú an lá seo de , 19 .

Arna shíniú:.....

DEARBHÚ REACHTÚIL I dTAOBH SEIRBHEÁLA**

Dearbhaímse, ... , as ..... atá ocht mbliana déag d'aois agus os a chionn, go sollúnta agus go fíreata,

(1) Go ndearna mé an ..... seo istigh, dar dáta an lá de , 19 , a sheirbheáil ar an gCosantóir atá ainmnithe anseo istigh trí chóip dhílis den chéanna a chur sa phost ar a./p.m., an lá de , 19 , i bPostoifig i gclúdach réamhíoctha cláraithe arna dhíriú chun an Chosantóra sin, an ..... sin, i* .....
(is é sin, an áit chónaithe/ghnó is déanaí is eol a bheith ag an gCosantóir).

(2) Go ndearna mé, sular chuir mé an chóip sin den ..... sin sa phost amhlaidh, an chóip sin a chur i gcomparáid lena scríbhinn bhunaidh agus m'ainm a fhormhuiniú ar an gcóip sin.

(3) Go raibh an dleacht stampa chuí stampáilte go cuí ar an gcóip bhunaidh den sin tráth na postála sin mar atá ráite.

Arna shíniú:.....

Arna dhearbhú os mo chomhairse ag ....., a bhfuil aithne phearsanta agam air (nó a cuireadh in aithne dom ag ....., a bhfuil aithne phearsanta agam air) i ..... i gContae ..... , an lá seo de , 19 .

Arna shíniú .....
Feidhmeannach Síochána (nó Coimisinéir Mionnaí) don Chontae sin.

*Seoladh poist go hiomlán

**Beidh an dearbhú seo le déanamh tráth nach luaithe ná 10 lá i ndiaidh an lae a chuirfear an clúdach sa phost.

FOIRM 2A

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

GNÁTHBHILLE SIBHIALTA

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Ceanglaítear ort leis seo Láithreas a thaifeadadh, nó a chur faoi deara Láithreas a thaifeadadh, laistigh de dheich lá tar éis an Bille Sibhialta seo a sheirbheáil ort, leis an gCláraitheoir Contae, ina Oifig i ....., chun freagra a thabhairt ar éileamh ....., as ....., an Gearánaí san imeacht seo.

Agus bíodh seo ina fhógra go measfar, mura dtaifeadfaidh tú Láithreas, go bhfuil tú ag géilleadh don éileamh sin, agus go bhféadfaidh an Gearánaí, gan aon fhógra eile, dul ar aghaidh leis an éileamh agus go bhféadfar breithiúnas a thabhairt i do choinne gan tú a bheith i láthair.

Agus bíodh seo ina fhógra thairis sin, má tá ar intinn agat an t-imeacht a chosaint ar aon fhorais, go gcaithfidh tú, ní amháin Láithreas a thaifeadadh, ach freisin, laistigh de dheich lá i ndiaidh an Láithris, ráiteas i scríbhinn a sheachadadh a thaispeánfaidh cineál agus forais do Chosanta.

Féadfar an Láithreas a thaifeadadh trína chur leis an bpost chun na hOifige sin agus trí chóipeanna de a thabhairt don Ghearánaí nó dá Aturnae, leis an bpost, agus féadfar an Chosaint a sheachadadh trína cur leis an bpost chun an Ghearánaí nó chun a Aturnae.

Arna dhátú an lá de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí

Do: .....
Cosantóir/Aturnaetha thar ceann an Chosantóra

Agus

Do: An Cláraitheoir Contae

FOIRM 2A (*ar leanúint*)

FORMHUINIÚ AN ÉILIMH

[Cuir isteach mionsonraí faoi éileamh an Ghearánaí, lena n-áirítear an bonn ar a bhfuil dlínse á héileamh]

ÉILÍONN AN GEARÁNAÍ:

[Cuir isteach mionsonraí faoi na faoisimh atá á lorg ag an nGearánaí]

.....

Gearánaí/Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí

FOIRM 2B

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

BILLE SIBHIALTA COTHROMAIS

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Ceanglaítear ort leis seo Láithreas a thaifeadadh, nó a chur faoi deara Láithreas a thaifeadadh, laistigh de dheich lá tar éis an Bille Sibhialta seo a sheirbheáil ort, leis an gCláraitheoir Contae, ina Oifig i ....., chun freagra a thabhairt ar éileamh ....., as ....., an Gearánaí san imeacht seo.

Agus bíodh seo ina fhógra go measfar, mura dtaifeadfaidh tú Láithreas, go bhfuil tú ag géilleadh don éileamh sin, agus go bhféadfaidh an Gearánaí, gan aon fhógra eile, dul ar aghaidh leis an éileamh agus go bhféadfar breithiúnas a thabhairt i do choinne gan tú a bheith i láthair.

Agus bíodh seo ina fhógra thairis sin, má tá ar intinn agat an t-imeacht a chosaint ar aon fhorais, go gcaithfidh tú, ní amháin Láithreas a thaifeadadh, ach freisin, laistigh de dheich lá i ndiaidh an Láithris, ráiteas i scríbhinn a sheachadadh a thaispeánfaidh cineál agus forais do Chosanta.

Féadfar an Láithreas a thaifeadadh trína chur leis an bpost chun na hOifige sin agus trí chóipeanna de a thabhairt don Ghearánaí nó dá Aturnae, leis an bpost, agus féadfar an Chosaint a sheachadadh trína cur leis an bpost chun an Ghearánaí nó chun a Aturnae.

Arna dhátú an lá de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí

Do: .....
Cosantóir/Aturnaetha thar ceann an Chosantóra

Agus

Do: An Cláraitheoir Contae

FOIRM 2B (*ar leanúint*)

FORMHUINIÚ AN ÉILIMH

[Cuir isteach mionsonraí faoi éileamh an Ghearánaí, lena n-áirítear an bonn ar a bhfuil dlínse á héileamh]

ÉILÍONN AN GEARÁNAÍ:

[Cuir isteach na faoisimh atá á lorg ag an nGearánaí]

.....

Gearánaí/Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí

FOIRM 2C

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

BILLE SIBHIALTA EISIACHTANA — NEAMHÍOC CÍOSA

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Ceanglaítear ort leis seo Láithreas a thaifeadadh, nó a chur faoi deara Láithreas a thaifeadadh, laistigh de dheich lá tar éis an Bille Sibhialta seo a sheirbheáil ort, leis an gCláraitheoir Contae, ina Oifig i ....., chun freagra a thabhairt ar éileamh ..... as ....., an Gearánaí san imeacht seo, ar sheilbh an áitribh atá ar áitiú agatsa mar thionónta (don Ghearánaí nó de réir mar atá).

Agus bíodh seo ina fhógra go measfar, mura dtaifeadfaidh tú Láithreas, go bhfuil tú ag géilleadh don éileamh sin agus go bhféadfar iarratas a dhéanamh chun na Cúirte, gan tú a bheith i láthair, ar ordú chun seilbh láithreach a fháil.

Agus bíodh seo ina fhógra thairis sin, má tá ar intinn agat an t-imeacht a chosaint ar aon fhorais, go gcaithfidh tú, ní amháin Láithreas a thaifeadadh, ach freisin, laistigh de dheich lá i ndiaidh an Láithris, ráiteas i scríbhinn a sheachadadh a thaispeánfaidh cineál agus forais do Chosanta.

Féadfar an Láithreas a thaifeadadh trína chur leis an bpost chun na hOifige sin agus trí chóipeanna de a thabhairt don Ghearánaí nó dá Aturnae, leis an bpost, agus féadfar an Chosaint a sheachadadh trína cur leis an bpost chun an Ghearánaí nó chun a Aturnae.

Arna dhátú an lá de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí

Do: .....
An Cosantóir/An tAturnae thar ceann an Chosantóra
Agus do gach n-aon lena mbaineann.

FOIRM 2C (*ar leanúint*)

FORMHUINIÚ AN ÉILIMH

Is é éileamh atá á dhéanamh ag an nGearánaí éileamh ar sheilbh .....

atá suite i .....

agus atá ar teachtadh ag an gCosantóir (nó de réir mar atá) mar thionónta don Ghearánaí faoi ar chíos bliantúil ar an bhforas go bhfuil suim ,

is é sin, cíos bliana, a tháinig chun bheith dlite agus iníoctha an , dlite agus gan íoc fós

mar aon le costais an imeachta.

NÓTA: Ar an tsuim iomlán sin , mar aon le suim mar lánsásamh sna costais uile, a íoc leis an nGearánaí, nó lena aturnae, laistigh de dheich lá ó dháta a sheirbheála seo, bacfar gach imeacht eile.

.....

Gearánaí/Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí

FOIRM 2D

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

BILLE SIBHIALTA EISIACHTANA — DLÍNSE THEIDIL NÓ ÁITITHEOIR CEADMHACH

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Ceanglaítear ort leis seo Láithreas a thaifeadadh, nó a chur faoi deara Láithreas a thaifeadadh, laistigh de 10 lá tar éis an Bille Sibhialta seo a sheirbheáil ort, leis an gCláraitheoir Contae, ina Oifig i ....., chun freagra a thabhairt ar éileamh ..... as ....., an Gearánaí san imeacht seo, ar sheilbh thailte/áitreabh .....

[I gcás dlínse teidil, cuir isteach an abairt seo a leanas: nach mó ná suim (cuir isteach an luacháil inrátaithe chuí chun dlínse a shuíomh) a luach bliantúil

I gcás áititheora cheadmhaigh, cuir isteach an abairt seo a leanas: atá ar áitiú agatsa (mar sheirbhíseach, airíoch nó áititheoir ceadmhach, cibé acu é)].

Agus bíodh seo ina fhógra go measfar, mura dtaifeadfaidh tú Láithreas, go bhfuil tú ag géilleadh don éileamh sin agus go bhféadfar iarratas a dhéanamh chun na Cúirte, gan tú a bheith i láthair, ar ordú chun seilbh láithreach a fháil.

Agus bíodh seo ina fhógra thairis sin, má tá ar intinn agat an t-imeacht a chosaint ar aon fhorais, go gcaithfidh tú, ní amháin Láithreas a thaifeadadh, ach freisin, laistigh de dheich lá i ndiaidh an Láithris, ráiteas i scríbhinn a sheachadadh a thaispeánfaidh cineál agus forais do Chosanta.

Féadfar an Láithreas a thaifeadadh trína chur leis an bpost chun na hOifige sin agus trí chóipeanna de a thabhairt don Ghearánaí nó dá aturnae, leis an bpost, agus féadfar an Chosaint a sheachadadh trína cur leis an bpost chun an Ghearánaí nó chun a aturnae.

Arna dhátú an lá de .

Arna shíniú.....
Gearánaí/Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí

Do: .....
An Cosantóir/An tAturnae thar ceann an Chosantóra

FOIRM 2D (*ar leanúint*)

FORMHUINIÚ AN ÉILIMH (dlínse theidil)

Is é éileamh atá á dhéanamh ag an nGearánaí seilbh a aisghabháil ar thailte .....

atá suite i .....,

agus is leis an nGearánaí, agus a bhfuil seilbh á coimeád orthu go héagórach ag an gCosantóir;

mar aon le costais an imeachta.

.....
Gearánaí/Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí

FORMHUINIÚ AN ÉILIMH (áititheoir ceadmhach)

Is é éileamh atá á dhéanamh ag an nGearánaí seilbh a aisghabháil ar thailte/áitreabh

..... atá suite i .....,

agus atá á n-áitiú/á áitiú ag an gCosantóir ón .....,

agus ar éilíodh a seilbh/a sheilbh an .....

ach nár tugadh suas í;

mar aon le costais an imeachta.

.....
Gearánaí/Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí

FOIRM 2E

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

BILLE SIBHIALTA EISIACHTANA — RÓSHEILBH

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Ceanglaítear ort leis seo Láithreas a thaifeadadh, nó a chur faoi deara Láithreas a thaifeadadh, laistigh de dheich lá tar éis an Bille Sibhialta seo a sheirbheáil ort, leis an gCláraitheoir Contae, ina Oifig i .....,
chun freagra a thabhairt ar éileamh .....
as .....,
an Gearánaí san imeacht seo, ar sheilbh an áitribh i .....
atá ar áitiú agatsa.

Agus bíodh seo ina fhógra go measfar, mura dtaifeadfaidh tú Láithreas, go bhfuil tú ag géilleadh don éileamh sin agus go bhféadfar iarratas a dhéanamh chun na Cúirte, gan tú a bheith i láthair, ar ordú chun seilbh láithreach a fháil.

Agus bíodh seo ina fhógra thairis sin, má tá ar intinn agat an t-imeacht a chosaint ar aon fhorais, go gcaithfidh tú, ní amháin Láithreas a thaifeadadh, ach freisin, laistigh de dheich lá i ndiaidh an Láithris, ráiteas i scríbhinn a sheachadadh a thaispeánfaidh cineál agus forais do Chosanta.

Féadfar an Láithreas a thaifeadadh trína chur leis an bpost chun na hOifige sin agus trí chóipeanna de a thabhairt don Ghearánaí nó dá Aturnae, leis an bpost, agus féadfar an Chosaint a sheachadadh trína cur leis an bpost chun an Ghearánaí nó chun a Aturnae.

Arna dhátú an lá de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí

Do: .....
An Cosantóir/An tAturnae thar ceann an Chosantóra
Agus do gach n-aon lena mbaineann.

FOIRM 2E (*ar leanúint*)

FORMHUINIÚ AN ÉILIMH

Is é éileamh atá á dhéanamh ag an nGearánaí éileamh ar sheilbh thailte .....

a bhí á dteachtadh le deireanas ag an gCosantóir faoi .....

dar dáta an lá de agus a rinneadh idir .....

agus .....

ar chíos , ar tionóntacht í sin a foirceannadh an lá de

trí .....,

mar aon le costais an imeachta.

.....
Gearánaí/Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí

FOIRM 2F

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

BILLE SIBHIALTA MAIDIR LE CUMAS

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Ceanglaítear ort leis seo Láithreas a thaifeadadh, nó a chur faoi deara Láithreas a thaifeadadh, laistigh de dheich lá tar éis an Bille Sibhialta seo a sheirbheáil ort, leis an gCláraitheoir Contae, ina Oifig i .....,
chun freagra a thabhairt ar éileamh .....
as .....,
an Gearánaí san imeacht seo.

Agus bíodh seo ina fhógra go measfar, mura dtaifeadfaidh tú Láithreas, go bhfuil tú ag géilleadh don éileamh sin, agus go bhféadfaidh an Gearánaí, gan aon fhógra eile, dul ar aghaidh leis an éileamh agus go bhféadfar breithiúnas a thabhairt i do choinne gan tú a bheith i láthair.

Agus bíodh seo ina fhógra thairis sin, má tá ar intinn agat an t-imeacht a chosaint ar aon fhorais, go gcaithfidh tú, ní amháin Láithreas a thaifeadadh, ach freisin, laistigh de dheich lá i ndiaidh an Láithris, ráiteas i scríbhinn a sheachadadh a thaispeánfaidh cineál agus forais do Chosanta.

Féadfar an Láithreas a thaifeadadh trína chur leis an bpost chun na hOifige sin agus trí chóipeanna de a thabhairt don Ghearánaí nó dá Aturnae, leis an bpost, agus féadfar an Chosaint a sheachadadh trína cur leis an bpost chun an Ghearánaí nó chun a Aturnae.

Arna dhátú an lá de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí

Do: .....
An Cosantóir/An tAturnae thar ceann an Chosantóra
Agus do gach n-aon lena mbaineann

FOIRM 2F (*ar leanúint*)

FORMHUINIÚ AN ÉILIMH

[Cuir isteach mionsonraí faoi éileamh an Ghearánaí agus an bonn ar a bhfuil dlínse á héileamh]

ÉILÍONN AN GEARÁNAÍ:

[Cuir isteach mionsonraí faoin bhfaoiseamh atá á lorg ag an nGearánaí]

.....

Gearánaí/Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí

FOIRM 2G

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

BILLE SIBHIALTA TIOMNACH

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Ceanglaítear ort leis seo Láithreas a thaifeadadh, nó a chur faoi deara Láithreas a thaifeadadh, laistigh de dheich lá tar éis an Bille Sibhialta seo a sheirbheáil ort, leis an gCláraitheoir Contae, ina Oifig i .....,

chun freagra a thabhairt ar éileamh .....

as .....,

an Gearánaí san imeacht seo.

Agus bíodh seo ina fhógra go measfar, mura dtaifeadfaidh tú Láithreas, go bhfuil tú ag géilleadh don éileamh sin, agus go bhféadfaidh an Gearánaí, gan aon fhógra eile, dul ar aghaidh leis an éileamh agus go bhféadfar breithiúnas a thabhairt i do choinne gan tú a bheith i láthair.

Agus bíodh seo ina fhógra thairis sin, má tá ar intinn agat an t-imeacht a chosaint ar aon fhorais, go gcaithfidh tú, ní amháin Láithreas a thaifeadadh, ach freisin, laistigh de dheich lá i ndiaidh an Láithris, ráiteas i scríbhinn a sheachadadh a thaispeánfaidh cineál agus forais do Chosanta.

Féadfar an Láithreas a thaifeadadh trína chur leis an bpost chun na hOifige sin agus trí chóipeanna de a thabhairt don Ghearánaí nó dá Aturnae, leis an bpost, agus féadfar an Chosaint a sheachadadh trína cur leis an bpost chun an Ghearánaí nó chun a Aturnae.

Arna dhátú an lá de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí

Do: .....
An Cosantóir/An tAturnae thar ceann an Chosantóra

FOIRM 2G (*ar leanúint*)

FORMHUINIÚ AN ÉILIMH

1. Fuair X.Y., a chónaigh go deireanach i .....

   i gContae .....

   (tuairisc) bás an lá de agus a Uacht deiridh déanta aige lenar cheap sé an Cosantóir ina sheiceadóir ar an Uacht sin.

2. Deonaíodh Probháid na hUachta sin don Chosantóir an lá de .

3. Is é éileamh atá á dhéanamh ag an nGearánaí, mar (luaigh a leas), an Deonú Probháide sin a chúlghairm ar na forais seo a leanas: .....

   .....

   nó

   Is é éileamh atá á dhéanamh ag an nGearánaí éileamh ar dheonú litreacha riaracháin i leith eastát ..... as .....

   i gContae ....., a fuair bás, an lá de ,

   ina dhíthiomnóir.

   Nó

   Is é éileamh atá á dhéanamh ag an nGearánaí éileamh ar chúlghairm Probháide/ Litreacha Riaracháin a dheonaigh Clárlann Probháide.....

   an maidir le heastát .....

   i gContae .....

4. Ní mó ná [CUIR ISTEACH MIONSONRAÍ FAOI BHONN AIRGEAD-AÍOCHTA NA DLÍNSE] luach eastát an éagaigh sin tráth bhás an éagaigh sa mhéid gur eastát pearsanta atá ann agus, sa mhéid gur eastát réadach atá ann, ní mó a luach ná luacháil inrátaithe [CUIR ISTEACH MIONSONRAÍ FAOIN LUACHÁIL INRÁTAITHE MAR BHONN DLÍNSE].

.....

Gearánaí/Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí

FOIRM 2H

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

BILLE SIBHIALTA UM AN DLÍ COMHARBAIS

MAIDIR LEIS AN ACHT COMHARBAIS, 1965, AGUS MAIDIR LE hEASTÁT ..... ÉAGACH

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Ceanglaítear ort leis seo Láithreas a thaifeadadh, nó a chur faoi deara Láithreas a thaifeadadh, laistigh de dheich lá tar éis an Bille Sibhialta seo a sheirbheáil ort, leis an gCláraitheoir Contae, ina Oifig i ....., chun freagra a thabhairt ar éileamh ..... as ....., an Gearánaí san imeacht seo.

Agus bíodh seo ina fhógra go measfar, mura dtaifeadfaidh tú Láithreas, go bhfuil tú ag géilleadh don éileamh sin, agus go bhféadfaidh an Gearánaí, gan aon fhógra eile, dul ar aghaidh leis an éileamh agus go bhféadfar breithiúnas a thabhairt i do choinne gan tú a bheith i láthair.

Agus bíodh seo ina fhógra thairis sin, má tá ar intinn agat an t-imeacht a chosaint ar aon fhorais, go gcaithfidh tú, ní amháin Láithreas a thaifeadadh, ach freisin, laistigh de dheich lá i ndiaidh an Láithris, ráiteas i scríbhinn a sheachadadh a thaispeánfaidh cineál agus forais do Chosanta.

Féadfar an Láithreas a thaifeadadh trína chur leis an bpost chun na hOifige sin agus trí chóipeanna de a thabhairt don Ghearánaí nó dá Aturnae, leis an bpost, agus féadfar an Chosaint a sheachadadh trína cur leis an bpost chun an Ghearánaí nó chun a Aturnae.

Arna dhátú an lá de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí

Do: .....
An Cosantóir/An tAturnae thar ceann an Chosantóra

FOIRM 2H (*ar leanúint*)

FORMHUINIÚ AN ÉILIMH

[Cuir isteach sonraí faoi éileamh an Ghearánaí agus an bonn ar a bhfuil dlínse á héileamh]

ÉILÍONN AN GEARÁNAÍ:

[Cuir isteach na faoisimh atá á lorg ag an nGearánaí]

.....

Gearánaí/Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí

FOIRM 2I

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

BILLE SIBHIALTA UM THIARNAÍ TALÚN AGUS TIONÓNTAÍ

MAIDIR LEIS AN ACHT UM THIARNAÍ TALÚN AGUS TIONÓNTAÍ (LEASÚ), 1980

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Ceanglaítear ort leis seo Láithreas a thaifeadadh, nó a chur faoi deara Láithreas a thaifeadadh, laistigh de dheich lá tar éis an Bille Sibhialta seo a sheirbheáil ort, leis an gCláraitheoir Contae, ina Oifig i .....,

chun freagra a thabhairt ar éileamh .....

as .....,

an Gearánaí san imeacht seo.

Agus bíodh seo ina fhógra go measfar, mura dtaifeadfaidh tú Láithreas, go bhfuil tú ag géilleadh don éileamh sin, agus go bhféadfaidh an Gearánaí, gan aon fhógra eile, dul ar aghaidh leis an éileamh agus go bhféadfar breithiúnas a thabhairt i do choinne gan tú a bheith i láthair.

Agus bíodh seo ina fhógra thairis sin, má tá ar intinn agat an t-imeacht a chosaint ar aon fhorais, go gcaithfidh tú, ní amháin Láithreas a thaifeadadh, ach freisin, laistigh de dheich lá i ndiaidh an Láithris, ráiteas i scríbhinn a sheachadadh a thaispeánfaidh cineál agus forais do Chosanta.

Féadfar an Láithreas a thaifeadadh trína chur leis an bpost chun na hOifige sin agus trí chóipeanna de a thabhairt don Ghearánaí nó dá Aturnae, leis an bpost, agus féadfar an Chosaint a sheachadadh trína cur leis an bpost chun an Ghearánaí nó chun a Aturnae.

Arna dhátú an lá de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí

Do: .....
An Cosantóir/An tAturnae thar ceann an Chosantóra

FOIRM 2I (*ar leanúint*)

FORMHUINIÚ AN ÉILIMH

[Cuir isteach sonraí faoi éileamh an Ghearánaí, lena n-áirítear an bonn ar a bhfuil dlínse á héileamh]

ÉILÍONN AN GEARÁNAÍ:

[Cuir isteach na faoisimh atá á lorg ag an nGearánaí]

.....

Gearánaí/Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí

FOIRM 2J

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

BILLE SIBHIALTA TITHÍOCHTA

MAIDIR LE hALT 72 AGUS/NÓ ALT 73 d'ACHT NA dTITHE, 1966

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Ceanglaítear ort leis seo Láithreas a thaifeadadh, nó a chur faoi deara Láithreas a thaifeadadh, laistigh de dheich lá tar éis an Bille Sibhialta seo a sheirbheáil ort, leis an gCláraitheoir Contae, ina Oifig i ....., chun freagra a thabhairt ar éileamh ..... as ....., an Gearánaí san imeacht seo.

Agus bíodh seo ina fhógra go measfar, mura dtaifeadfaidh tú Láithreas, go bhfuil tú ag géilleadh don éileamh sin, agus go bhféadfaidh an Gearánaí, gan aon fhógra eile, dul ar aghaidh leis an éileamh agus go bhféadfar breithiúnas a thabhairt i do choinne gan tú a bheith i láthair.

Agus bíodh seo ina fhógra thairis sin, má tá ar intinn agat an t-imeacht a chosaint ar aon fhorais, go gcaithfidh tú, ní amháin Láithreas a thaifeadadh, ach freisin, laistigh de dheich lá i ndiaidh an Láithris, ráiteas i scríbhinn a sheachadadh a thaispeánfaidh cineál agus forais do Chosanta.

Féadfar an Láithreas a thaifeadadh trína chur leis an bpost chun na hOifige sin agus trí chóipeanna de a thabhairt don Ghearánaí nó dá Aturnae, leis an bpost, agus féadfar an Chosaint a sheachadadh trína cur leis an bpost chun an Ghearánaí nó chun a Aturnae.

Arna dhátú an lá de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí

Do: .....
An Cosantóir/An tAturnae thar ceann an Chosantóra

FOIRM 2J (*ar leanúint*)

FORMHUINIÚ AN ÉILIMH

[Cuir isteach sonraí faoi achomharc an Ghearánaí de bhun alt 72 d'Acht na dTithe, 1966, agus/nó faoi éileamh an Ghearánaí ar fhoirceannadh léasa faoi alt 73 d'Acht na dTithe, 1966, lena n-áirítear an bonn ar a bhfuil dlínse á héileamh]

ÉILÍONN AN GEARÁNAÍ:

[Cuir isteach na faoisimh atá á lorg ag an nGearánaí]

.....
Gearánaí/Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí

FOIRM 2K

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

BILLE SIBHIALTA TITHÍOCHTA

MAIDIR LE hALT 18(5) d'ACHT NA dTITHE (FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA), 1979

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Ceanglaítear ort leis seo Láithreas a thaifeadadh, nó a chur faoi deara Láithreas a thaifeadadh, laistigh de dheich lá tar éis an Bille Sibhialta seo a sheirbheáil ort, leis an gCláraitheoir Contae, ina Oifig i .....,

chun freagra a thabhairt ar éileamh .....

as .....,

an Gearánaí san imeacht seo.

Agus bíodh seo ina fhógra go measfar, mura dtaifeadfaidh tú Láithreas, go bhfuil tú ag géilleadh don éileamh sin, agus go bhféadfaidh an Gearánaí, gan aon fhógra eile, dul ar aghaidh leis an éileamh agus go bhféadfar breithiúnas a thabhairt i do choinne gan tú a bheith i láthair.

Agus bíodh seo ina fhógra thairis sin, má tá ar intinn agat an t-imeacht a chosaint ar aon fhorais, go gcaithfidh tú, ní amháin Láithreas a thaifeadadh, ach freisin, laistigh de dheich lá i ndiaidh an Láithris, ráiteas i scríbhinn a sheachadadh a thaispeánfaidh cineál agus forais do Chosanta.

Féadfar an Láithreas a thaifeadadh trína chur leis an bpost chun na hOifige sin agus trí chóipeanna de a thabhairt don Ghearánaí nó dá Aturnae, leis an bpost, agus féadfar an Chosaint a sheachadadh trína cur leis an bpost chun an Ghearánaí nó chun a Aturnae.

Arna dhátú an lá de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí

Do: .....
An Cosantóir/An tAturnae thar ceann an Chosantóra

FOIRM 2K (*ar leanúint*)

FORMHUINIÚ AN ÉILIMH

[Cuir isteach sonraí faoi achomharc an Ghearánaí de bhun alt 18(5) d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1979, agus an bonn ar a bhfuil dlínse á héileamh. Cuirtear cóip de chinneadh an Aire lena mbaineann an t-achomharc i gceangal leis an bhfoirm seo.]

ÉILÍONN AN GEARÁNAÍ:

[Cuir isteach na faoisimh atá á lorg ag an nGearánaí]

.....

Gearánaí/Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí

FOIRM 2L

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

BILLE SIBHIALTA PLEANÁLA

MAIDIR LEIS AN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL (PLEANÁIL AGUS FORBAIRT), 1976

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Ceanglaítear ort leis seo Láithreas a thaifeadadh, nó a chur faoi deara Láithreas a thaifeadadh, laistigh de dheich lá tar éis an Bille Sibhialta seo a sheirbheáil ort, leis an gCláraitheoir Contae, ina Oifig i .....,

chun freagra a thabhairt ar éileamh .....

as .....,

an Gearánaí san imeacht seo.

Agus bíodh seo ina fhógra go measfar, mura dtaifeadfaidh tú Láithreas, go bhfuil tú ag géilleadh don éileamh sin, agus go bhféadfaidh an Gearánaí, gan aon fhógra eile, dul ar aghaidh leis an éileamh agus go bhféadfar breithiúnas a thabhairt i do choinne gan tú a bheith i láthair.

Agus bíodh seo ina fhógra thairis sin, má tá ar intinn agat an t-imeacht a chosaint ar aon fhorais, go gcaithfidh tú, ní amháin Láithreas a thaifeadadh, ach freisin, laistigh de dheich lá i ndiaidh an Láithris, ráiteas i scríbhinn a sheachadadh a thaispeánfaidh cineál agus forais do Chosanta.

Féadfar an Láithreas a thaifeadadh trína chur leis an bpost chun na hOifige sin agus trí chóipeanna de a thabhairt don Ghearánaí nó dá Aturnae, leis an bpost, agus féadfar an Chosaint a sheachadadh trína cur leis an bpost chun an Ghearánaí nó chun a Aturnae.

Arna dhátú an lá de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí

Do: .....
An Cosantóir/An tAturnae thar ceann an Chosantóra

FOIRM 2L (*ar leanúint*)

FORMHUINIÚ AN ÉILIMH

[Cuir isteach sonraí faoi achomharc an Ghearánaí de bhun an Achta Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1976, lena n-áirítear an bonn ar a bhfuil dlínse á héileamh. Cuirtear cóip d'aon Deimhniú Forbartha a deonaíodh nó d'aon fhógra faoi chinneadh Deimhniú Forbartha a dhiúltú, mar aon le cóip den Deonú Ceada Pleanála iomchuí lena mbaineann an t-achomharc, i gceangal leis an bhfoirm seo.]

ÉILÍONN AN GEARÁNAÍ:

[Cuir isteach na faoisimh atá á lorg ag an nGearánaí]

.....

Gearánaí/Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí

FOIRM 2M

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

BILLE SIBHIALTA TOGHCHÁIN

MAIDIR LEIS AN ACHT UM THOGHCHÁIN ÁITIÚLA (ACHAINÍOCHA AGUS DÍCHÁILÍOCHTAÍ), 1974

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Ceanglaítear ort leis seo Láithreas a thaifeadadh, nó a chur faoi deara Láithreas a thaifeadadh, laistigh de dheich lá tar éis an Bille Sibhialta seo a sheirbheáil ort, leis an gCláraitheoir Contae, ina Oifig i .....,

chun freagra a thabhairt ar éileamh .....

as .....,

an Gearánaí san imeacht seo.

Agus bíodh seo ina fhógra go measfar, mura dtaifeadfaidh tú Láithreas, go bhfuil tú ag géilleadh don éileamh sin, agus go bhféadfaidh an Gearánaí, gan aon fhógra eile, dul ar aghaidh leis an éileamh agus go bhféadfar breithiúnas a thabhairt i do choinne gan tú a bheith i láthair.

Agus bíodh seo ina fhógra thairis sin, má tá ar intinn agat an t-imeacht a chosaint ar aon fhorais, go gcaithfidh tú, ní amháin Láithreas a thaifeadadh, ach freisin, laistigh de dheich lá i ndiaidh an Láithris, ráiteas i scríbhinn a sheachadadh a thaispeánfaidh cineál agus forais do Chosanta.

Féadfar an Láithreas a thaifeadadh trína chur leis an bpost chun na hOifige sin agus trí chóipeanna de a thabhairt don Ghearánaí nó dá Aturnae, leis an bpost, agus féadfar an Chosaint a sheachadadh trína cur leis an bpost chun an Ghearánaí nó chun a Aturnae.

Arna dhátú an lá de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí

Do: .....
An Cosantóir/An tAturnae thar ceann an Chosantóra

FOIRM 2M (*ar leanúint*)

FORMHUINIÚ AN ÉILIMH

[Cuir isteach sonraí faoi éileamh an Ghearánaí, lena n-áirítear an bonn ar a bhfuil dlínse á héileamh]

ÉILÍONN AN GEARÁNAÍ:

[Cuir isteach na faoisimh atá á lorg ag an nGearánaí]

.....
Gearánaí/Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí

FOIRM 2N

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

BILLE SIBHIALTA UM AN DLÍ TEAGHLAIGH

MAIDIR LEIS AN ACHT UM CHAOMHNÓIREACHT NAÍON, 1964

NÓ

MAIDIR LE CUID VI DEN ACHT UM STÁDAS LEANAÍ, 1987

NÓ

MAIDIR LEIS AN ACHT UM AN DLÍ TEAGHLAIGH (COTHABHÁIL CÉILÍ AGUS LEANAÍ), 1976

NÓ

MAIDIR LEIS AN ACHT UM CHAOMHNÚ ÁRAS AN TEAGHLAIGH, 1976

NÓ

MAIDIR LEIS AN ACHT UM IDIRSCARADH BREITHIÚNACH AGUS ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ TEAGHLAIGH, 1989, AGUS MAIDIR LEIS AN ACHT UM AN DLÍ TEAGHLAIGH, 1995

NÓ

MAIDIR LEIS AN ACHT UM AN DLÍ TEAGHLAIGH, 1995

NÓ

MAIDIR LEIS AN ACHT UM AN DLÍ TEAGHLAIGH (COLSCARADH), 1996

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Ceanglaítear ort leis seo Láithreas a thaifeadadh, nó a chur faoi deara Láithreas a thaifeadadh, laistigh de dheich lá tar éis an Bille Sibhialta seo a sheirbheáil ort, leis an gCláraitheoir Contae, ina Oifig i .....,

chun freagra a thabhairt ar éileamh .....

as .....,

an Gearánaí san imeacht seo.

Agus bíodh seo ina fhógra go measfar, mura dtaifeadfaidh tú Láithreas, go bhfuil tú ag géilleadh don éileamh sin, agus go bhféadfaidh an Gearánaí, gan aon fhógra eile, dul ar aghaidh leis an éileamh agus go bhféadfar breithiúnas a thabhairt i do choinne gan tú a bheith i láthair.

FOIRM 2N (*ar leanúint*)

Agus bíodh seo ina fhógra thairis sin, má tá ar intinn agat an t-imeacht a chosaint ar aon fhorais, go gcaithfidh tú, ní amháin Láithreas a thaifeadadh, ach freisin, laistigh de dheich lá i ndiaidh an Láithris, ráiteas i scríbhinn a sheachadadh a thaispeánfaidh cineál agus forais do Chosanta.

Féadfar an Láithreas a thaifeadadh trína chur leis an bpost chun na hOifige sin agus trí chóipeanna de a thabhairt don Ghearánaí nó dá Aturnae, leis an bpost, agus féadfar an Chosaint a sheachadadh trína cur leis an bpost chun an Ghearánaí nó chun a Aturnae.

Arna dhátú an lá seo de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí

Do: .....
An Cosantóir/An tAturnae thar ceann an Chosantóra

FORMHUINIÚ AN ÉILIMH

[Cuir isteach anseo mionsonraí faoi éileamh an Ghearánaí agus na forais ar a bhfuil faoiseamh á lorg, mar a cheanglaítear leis na Rialacha seo, lena n-áirítear an bonn ar a bhfuil dlínse á héileamh]

ÉILÍONN AN GEARÁNAÍ:

[Cuir isteach na faoisimh atá á lorg ag an nGearánaí]

.....
Gearánaí/Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí

FOIRM 2O

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

BILLE SIBHIALTA UM FHORÉIGEAN BAILE

MAIDIR LEIS AN ACHT UM FHORÉIGEAN BAILE, 1996

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Ceanglaítear ort leis seo Láithreas a thaifeadadh, nó a chur faoi deara Láithreas a thaifeadadh, laistigh de dheich lá tar éis an Bille Sibhialta seo a sheirbheáil ort, leis an gCláraitheoir Contae, ina Oifig i ....., chun freagra a thabhairt ar éileamh ..... as ....., an Gearánaí san imeacht seo.

Agus bíodh seo ina fhógra go measfar, mura dtaifeadfaidh tú Láithreas, go bhfuil tú ag géilleadh don éileamh sin, agus go bhféadfaidh an Gearánaí, gan aon fhógra eile, dul ar aghaidh leis an éileamh agus go bhféadfar breithiúnas a thabhairt i do choinne gan tú a bheith i láthair.

Agus bíodh seo ina fhógra thairis sin, má tá ar intinn agat an t-imeacht a chosaint ar aon fhorais, go gcaithfidh tú, ní amháin Láithreas a thaifeadadh, ach freisin, laistigh de dheich lá i ndiaidh an Láithris, ráiteas i scríbhinn a sheachadadh a thaispeánfaidh cineál agus forais do Chosanta.

Féadfar an Láithreas a thaifeadadh trína chur leis an bpost chun na hOifige sin agus trí chóipeanna de a thabhairt don Ghearánaí nó dá Aturnae, leis an bpost, agus féadfar an Chosaint a sheachadadh trína cur leis an bpost chun an Ghearánaí nó chun a Aturnae.

Arna dhátú an lá de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí

Do: .....
An Cosantóir/An tAturnae thar ceann an Chosantóra

FOIRM 2O (*ar leanúint*)

FORMHUINIÚ AN ÉILIMH

[Cuir isteach anseo mionsonraí faoi éileamh an Ghearánaí agus na forais ar a bhfuil faoiseamh á lorg, mar a cheanglaítear leis na Rialacha seo, lena n-áirítear an bonn ar a bhfuil dlínse á héileamh]

ÉILÍONN AN GEARÁNAÍ:

[Cuir isteach na faoisimh atá á lorg ag an nGearánaí]

.....

Gearánaí/Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí

FOIRM 3

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

TOGHAIRM IDIRPHLÉADÁLA

MAIDIR LE ..... , IARRATASÓIR

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Gach duine atá á éileamh go bhfuil leas aige san fhiach, san airgead, sna hearraí nó sna hairnéisí a luaitear i bhFormhuiniú an Éilimh ar an toghairm seo, taifeadadh sé, nó cuireadh sé faoi deara go dtaifeadfar, Láithreas, laistigh de dheich lá ó dháta seirbheála na Toghairme seo, leis an gCláraitheoir Contae ina Oifig i ..... chun freagra a thabhairt ar iarratas A.B. as ..... i gContae ....., an tIarratasóir sa toghairm seo, ar fhaoiseamh i bhfoirm idirphléadála.

Agus fairis sin bíodh seo ina fhógra do gach éilitheoir acu sin, mura dtaifeadfaidh sé Láithreas laistigh den tréimhse ama a cheaptar thuas, go measfar go bhfuil scartha aige le gach éileamh ar an bhfiach, ar an airgead, ar na hearraí nó ar na hairnéisí sin, cibé acu é, agus go bhféadfar cibé ordú is cóir leis an gCúirt a dhéanamh.

Agus fairis sin bíodh seo ina fhógra do gach éilitheoir acu sin, más mian leis aon éileamh a shuíomh ar an bhfiach, ar an airgead, ar na hearraí nó ar na hairnéisí sin, go gcaithfidh sé, laistigh de dheich lá ó dháta taifeadta an Láithris sin, ráiteas a chomhdú san Oifig sin a léireoidh cineál agus sonraí an éilimh atá aige ar an ábhar atá faoi dhíospóid agus cóip den Láithreas agus den ráiteas sin a sheirbheáil ar an Iarratasóir agus ar gach Éilitheoir eile agus go bhféadfar an tseirbheáil sin a dhéanamh leis an bpost.

Arna dhátú an lá seo de .

Do: ..... as

Arna shíniú .....
A.B. nó Aturnae thar ceann A.B.

FOIRM 3 (*ar leanúint*)

FORMHUINIÚ AN ÉILIMH

Is é éileamh atá á dhéanamh ag an Iarratasóir, go gcinnfidh an Chúirt cé acu an leis an C.D. sin nó leis an E.F. sin (tabhair tuairisc na maoine) .....

.....,

maoin nach bhfuil an tIarratasóir féin ag éileamh aon leas a bheith aige inti. Deimhneasc-ann an tIarratasóir nach bhfuil sé i gclaonpháirteachas leis an C.D. sin ná leis an E.F. sin agus dearbhaíonn sé go bhfuil sé toilteanach an sin a choinneáil nó é a aistriú mar a ordóidh an Chúirt.

Tá an tIarratasóir freisin ag éileamh chostais na n-imeachtaí seo mar a chinnfidh an Chúirt iad.

Arna shíniú .....
Iarratasóir/Aturnaetha thar ceann
an Iarratasóra

FOIRM 4

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

TOILIÚ LE BREITHIÚNAS

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Admhaíonn an Cosantóir leis seo go bhfuil sé faoi dhliteanas don Ghearánaí i leith shuim nó , is é sin, cuid den Éileamh i leith ..... mar a éilíodh sa Bhille Sibhialta a seirbheáladh air an , agus toilíonn sé le breithiúnas a thaifeadadh ina choinne dá réir sin mar aon le costais chuí go dtí an dáta seo.

Arna dhátú an lá seo de .

Arna shíniú .....
Cosantóir/Aturnaetha thar ceann an Chosantóra

Finné .....
(más cuí)

FOIRM 5

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

TAIFEADADH LÁITHRIS

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

1. Do Chláraitheoir Contae .....

   i .....

   Iarraim ort Láithreas a thaifeadadh san imeacht seo thar ceann an Chosantóra i leith an Bhille Shibhialta a seirbheáladh air an .....

   Arna dhátú an lá seo de .

   Arna shíniú .....
   Cosantóir/Aturnaetha thar ceann an Chosantóra

2. Don Ghearánaí/Aturnae thar ceann an Ghearánaí .....

   Taisceadh de láimh (Cuireadh leis an bpost) an lá seo inniu an Láithreas thuasluaite agus tá ar intinn ag an gCosantóir sin an t-imeacht seo a chosaint.

   Arna dhátú an lá seo de .

   Arna shíniú .....
   Cosantóir/Aturnaetha thar ceann an Chosantóra

FOIRM 6A

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

COSAINT

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Cosaint an Chosantóra .....

as .....

atá á seachadadh ag .....,

Cosantóir/Aturnae thar ceann an Chosantóra, an lá de .

[Cuir isteach anseo sonraí faoin gCosaint]

[Cuir isteach anseo mionsonraí faoin bhFRITHÉILEAMH agus na faoisimh atá á lorg i bhfoirm frithéilimh, más cuí]

Arna dhátú an lá seo de .

Do: .....
An Gearánaí/An tAturnae thar ceann an Ghearánaí

Agus

An Cláraitheoir Contae

FOIRM 6B

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

FÓGRA FAOI THAISCEADH SA CHÚIRT

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

BÍODH SEO INA FHÓGRA gur íoc an Cosantóir suim isteach sa Chúirt an lá seo inniu, (Cuir isteach, más cuí: ''ar suim í de bhreis ar shuim a d'íoc an Cosantóir isteach sa Chúirt an lá de , is é sin, suim thaiscthe iomlán ") agus go ndeir sé gur leor an tsuim (Cuir isteach, más cuí: ''iomlán'') sin chun gach éileamh cóir a shásamh (nó luaigh an t-éileamh nó an chúis caingne áirithe).

AGUS BÍODH SEO INA FHÓGRA THAIRIS SIN go ndearnadh an íocaíocht sin isteach sa Chúirt (luaigh cé acu atá dliteanas i leith na n-éileamh sin nó na gcúiseanna caingne sin á admháil nó á shéanadh ag an gCosantóir).

Arna dhátú an lá seo de .

Do: .....
An Gearánaí/An tAturnae thar ceann an Ghearánaí

Agus

Do: An Cláraitheoir Contae

FOIRM 6B(i)

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

FÓGRA FAOI FHORTHAIRISCINT

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

BÍODH SEO INA FHÓGRA go ndéanann an Cosantóir, leis seo, an fhorthairiscint seo a leanas, a íoc leis an nGearánaí, agus go ndeir sé gur leor an tsuim chun éileamh an Ghearánaí a shásamh, agus go n-admhaítear (nó go séantar) dliteanas i leith an éilimh sin.

Tá an tairiscint seo á déanamh thar ceann (cuir isteach ainm an pháirtí nó an pháirtí cháilithe nó ainm shlánaíochtóir an Chosantóra, de réir mar a bheidh).

Arna dhátú:

Arna shíniú:

Do: (An Gearánaí nó a Aturnae)

FOIRM 6B(ii)

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

FÓGRA FAOI FHORTHAIRISCINT BHREISE

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

BÍODH SEO INA FHÓGRA go déanann an Cosantóir, leis seo, suim bhreise a thairiscint, de bhreis ar shuim a tairgeadh cheana féin mar íocaíocht leis an nGearánaí, is ionann san iomlán agus ar fad, agus go ndeir sé gur leor an tsuim iomlán chun éileamh an Ghearánaí a shásamh, agus go n-admhaítear (nó go séantar) dliteanas i leith an éilimh sin.

Tá an tairiscint seo á déanamh thar ceann (cuir isteach ainm an pháirtí nó an pháirtí cháilithe nó ainm shlánaíochtóir an Chosantóra, de réir mar a bheidh).

Arna dhátú:

Arna shíniú:

Do: (An Gearánaí nó a Aturnae)

FOIRM 6B(iii)

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

GLACADH LE SUIM A TAIRGEADH DON GHEARÁNAÍ

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

BÍODH SEO INA FHÓGRA go nglacann an Gearánaí le suim a thairg tú mar shásamh san éileamh ar tairgeadh í ina leith.

Arna dhátú:

Arna shíniú:

Do: (An Cosantóir nó an páirtí cáilithe nó a Aturnae)

FOIRM 6C

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

IARRATAS AR CHEAD CHUN FÓGRA TRÍÚ PÁIRTÍ A EISIÚINT AGUS A SHEIRBHEÁIL

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

FÓGRA FORIARRATAIS

Bíodh seo ina fhógra go ndéanfar iarratas chun na Cúirte an , nó a luaithe a bheidh caoi ann chuige sin dá éis sin, ar chead chun fógra tríú páirtí a eisiúint agus a sheirbheáil ar ..... agus ar chostais an iarratais seo.

Is ar fhorais na mionnscríbhinne ó ....., a comhdaíodh an agus a bhfuil cóip di á seirbheáil leis seo, a dhéanfar an t-iarratas sin.

Is ceart aon mhionnscríbhinn a bheartaítear a úsáid mar fhreagra uirthi a chomhdú agus a sheachadadh roimh éisteacht an iarratais.

Arna dhátú an lá seo de .

Do: .....
An Gearánaí/An tAturnae thar ceann an Ghearánaí

Agus

An Cláraitheoir Contae

FOIRM 7

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

FÓGRA AG IARRAIDH CÓIPEANNA DE DHOICIMÉID

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Bíodh seo ina fhógra go bhfuil an Gearánaí/Cosantóir ag iarraidh cóipeanna de na doiciméid seo a leanas dá dtagraítear sa Chosaint/sa Bhille Sibhialta san imeacht seo, eadhon:—

Arna dhátú an lá de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Cosantóir/Aturnae thar ceann an Ghearánaí/Aturnae thar ceann an Chosantóra

Do: .....
Cosantóir/Gearánaí/Aturnae thar ceann an Chosantóra/Aturnae thar ceann an Ghearánaí

Agus

Do: An Cláraitheoir Contae

FOIRM 8

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

FÓGRA AG IARRAIDH TUILLEADH FAISNÉISE

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

.....

Bíodh seo ina fhógra go bhfuil an Gearánaí/Cosantóir ag iarraidh tuilleadh faisnéise i dtaobh na nithe seo a leanas dá dtagraítear sa Chosaint/sa Bhille Sibhialta san imeacht seo, eadhon:—

Arna dhátú an lá de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Cosantóir/Aturnae thar ceann an Ghearánaí/Aturnae thar ceann an Chosantóra

Do: .....
Cosantóir/Gearánaí/Aturnae thar ceann an Chosantóra/Aturnae thar ceann an Ghearánaí

Agus

Do: An Cláraitheoir Contae

FOIRM 9

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

IARRAIDH AR BHREITHIÚNAS DE BHÍTHIN MAINNEACHTAIN LÁITHRIÚ IDIR

..... Gearánaí

AGUS

.....

Tagraíonn an Gearánaí don Bhille Sibhialta a eisíodh san imeacht seo an ..... agus a seirbheáladh san imeacht seo an ..... agus a ndeachaigh an tréimhse chun Láithreas a thaifeadadh ina leith in éag an ....., mar is léir ón dearbhú/mionnscríbhinn seirbheála a thaisctear leis seo. De bhrí nár thaifead an Cosantóir aon Láithreas ná nár taifeadadh aon Láithreas thar a cheann, tá an Gearánaí á iarraidh leis seo go dtaifeadfar breithiúnas i leith , is é sin, an tsuim atá dlite anois iarbhír, de bhreis ar gach creidmheas agus liúntas cóir (nó na hearraí agus na hairnéisí atá á gcoimeád siar ag an gCosantóir), mar a fhíoraítear leis an mionn-scríbhinn a mhionnaigh ....., mar aon le Costais.

DEIMHNIÚ

Deimhnítear leis seo nár íocadh ach suim /suim ar bith de bhun an éilimh san imeacht seo ó seirbheáladh an Bille Sibhialta san imeacht seo agus go bhfuil suim dlite iarbhír anois ón gCosantóir don Ghearánaí.

Arna dhátú an lá de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Aturnae thar ceann an Ghearánaí

Do: An Cláraitheoir Contae

FOIRM 10

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

IARRAIDH AR BHREITHIÚNAS DE BHÍTHIN MAINNEACHTAIN COSAINT A DHÉANAMH

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

.....

Tagraíonn an Gearánaí don Bhille Sibhialta a eisíodh san imeacht seo an ..... agus a seirbheáladh san imeacht seo an ..... De bhrí gur thaifead an Cosantóir Láithreas an ....., ach nár sheachaid an Cosantóir aon Chosaint, tá an Gearánaí á iarraidh leis seo go dtaifeadfar breithiúnas i leith , is é sin, an tsuim atá dlite anois iarbhír, de bhreis ar gach creidmheas agus liúntas cóir (nó na hearraí agus na hairnéisí atá á gcoimeád siar ag an gCosantóir), mar a fhíoraítear leis an mionnscríbhinn a mhionnaigh ....., mar aon le Costais.

DEIMHNIÚ

Deimhnítear leis seo nár íocadh ach suim /suim ar bith de bhun an éilimh san imeacht seo ó seirbheáladh an Bille Sibhialta san imeacht seo agus go bhfuil suim dlite iarbhír anois ón gCosantóir don Ghearánaí.

Arna dhátú an lá de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Aturnae thar ceann an Ghearánaí

Do: .....
An Cosantóir/An tAturnae thar ceann an Chosantóra

agus

Do: An Cláraitheoir Contae

FOIRM 11

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

FÓGRA FORIARRATAIS AR BHREITHIÚNAS ACHOMAIR

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

.....

Bíodh seo ina fhógra go ndéanfar iarratas chun na Cúirte an ....., nó a luaithe a bheidh caoi ann chuige sin dá éis sin, ar chead chun breithiúnas a thaifeadadh i gcoinne an Chosantóra i leith shuim mar aon le costais, d'ainneoin an Láithris a taifeadadh agus/nó na Cosanta a seachadadh thar a cheann.

Is ar fhorais na mionnscríbhinne ó ....., a comhdaíodh an agus a bhfuil cóip di á seirbheáil leis seo, a dhéanfar an t-iarratas sin.

Is ceart aon mhionnscríbhinn a bheartaítear a úsáid mar fhreagra uirthi a chomhdú agus a sheachadadh roimh éisteacht an iarratais.

Arna dhátú an lá de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Aturnae thar ceann an Ghearánaí

Do: .....
An Cosantóir/An tAturnae thar ceann an Chosantóra

Agus

Do: An Cláraitheoir Contae

FOIRM 12

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

MIONNSCRÍBHINN MAR FHORAS LE FORIARRATAS AR BHREITHIÚNAS ACHOMAIR

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

.....

MIONNAÍMSE, ... , (slí bheatha) .....,

as .....,

atá 18 mbliana d'aois agus os a chionn, agus deirim mar a leanas:

1. Is mise an Gearánaí sa Chaingean seo agus déanaim an Mhionnscríbhinn seo de bhun fíoras is feasach dom féin ach amháin nuair is léir a mhalairt agus nuair is léir amhlaidh creidim an céanna a bheith fíor.
2. Tagraím don Bhille Sibhialta a seirbheáladh san imeacht seo ar an gCosantóir agus deirim go bhfuil suim , an tsuim a éilíodh ann a bheith dlite don Ghearánaí, dlite agus iníoctha anois iarbhír mar a luaitear san Fhormhuiniú. (Is ceart na himthosca a lua inar tharla dlite agus iníoctha an tsuim a éilíodh.)
3. Creidim nach bhfuil cosaint *bona fide* ag an gCosantóir ar an éileamh sin agus gur chun moill a dhéanamh agus chuige sin amháin a taifeadadh an Láithreas a taifeadadh thar a cheann agus/nó an Chosaint a seachadadh thar a cheann.
4. Tá/Níl cáin bhreisluacha iníoctha ag an nGearánaí ar na costais a ghabhann leis na himeachtaí seo agus tá/níl aon cháin bhreisluacha den sórt sin inghnóthaithe ag an nGearánaí ó na Coimisinéirí Ioncaim.

ARNA MHIONNÚ etc.

FOIRM 13

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

FÓGRA FORIARRATAIS CHUN BREITHIÚNAS A ATHBHREITHNIÚ

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Bíodh seo ina fhógra go ndéanfar iarratas chun na Cúirte thar ceann an Chosantóra an ....., nó a luaithe a bheidh caoi ann chuige sin dá éis sin, chun an Breithiúnas a chur ar ceal/a athrú a taifeadadh de bhíthin mainneachtain Láithriú/Cosaint a Dhéanamh san imeacht seo an lá de [má fuarthas bac le cead ón gCúirt, féadfar mionsonraí a chur isteach].

Is iad na forais ar a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh gur trí neamhshúilíocht, etc., a taifeadadh an Breithiúnas sin (leag amach na fáthanna nár taifeadadh Láithreas nó Cosaint, de réir mar a bheidh), agus go bhfuil cosaint mhaith bhailí ag an gCosantóir ar an mBille Sibhialta san imeacht seo, ar an bhforas go .....

.....

Is ar fhorais na mionnscríbhinne ó ....., a comhdaíodh an ..... agus a bhfuil cóip di á seirbheáil leis seo, a dhéanfar an t-iarratas sin.

Arna dhátú an lá de .

Arna shíniú .....
Cosantóir/Aturnae thar ceann an Chosantóra

Do: .....
An Gearánaí/An tAturnae thar ceann an Ghearánaí

Agus

Do: An Cláraitheoir Contae

FOIRM 14

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

TOGHAIRM FHINNÉ (NÁ CUIRTEAR ISTEACH THAR CHEITHRE AINM)

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Ceanglaítear ort leis seo láithriú i bpearsa os comhair na Cúirte Cuarda i ..... an lá de , ar a chlog, nóin, agus déanamh amhlaidh ó lá go lá go dtí go mbeidh an t-imeacht seo i gcrích, chun fianaise a thabhairt thar ceann an ..... (má tá doiciméid le tabhairt ar aird, cuir leis:- Agus na doiciméid a luaitear anseo thíos a bhreith leat agus a thabhairt ar aird don Chúirt).

Arna dhátú an lá seo de .

Cláraitheoir Contae

Do: .....

FORMHUINIÚ AR THOGHAIRM FHINNÉ

''Aon duine a bheidh toghairthe go cuí chun fianaise a thabhairt, nó a mbeidh ceangal curtha air sa tslí fhorordaithe aon leabhair, páipéir nó doiciméid atá ina sheilbh nó faoina urláimh a thabhairt ar aird, ar leabhair, páipéir nó doiciméid iad ar mian leis an bpáirtí a bhfuil ceangal á chur aige air freastal iad a thaispeáint mar fhianaise, más rud é, gan leithscéal dleathach, go mainneoidh sé freastal nó fianaise a thabhairt, nó na leabhair, na páipéir nó na doiciméid sin a thabhairt ar aird, de réir na toghairme, nó más rud é, mura saorfar go cuí é ó bheith i láthair, go mainneoidh sé fanacht i láthair ar feadh na trialach nó an imeachta, féadfaidh an Chúirt, ar bheith deimhin di gur toghaireadh an duine sin go cuí, agus gur tairgeadh a chostais réasúnacha dó, é a astú mar gheall ar dhíspeagadh, nó cibé fíneáil a chur air is cóir leis an gCúirt i ngeall ar a mhainneachtain, agus mura n-íocfaidh sé í féadfaidh an Chúirt pianbhreith phríosúnachta ar feadh tréimhse nach faide ná mí a chur air.''

FOIRM 15A

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

FÓGRA TRIALACH

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Bíodh seo ina fhógra go dtriailfear an chaingean seo (nó na saincheisteanna a ordaíodh a thriail, de réir mar a bheidh) an lá de seo chugainn sa Teach Cúirte i .....

Arna dhátú an lá seo de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Cosantóir/Aturnae thar ceann an Ghearánaí/an Chosantóra

Do: .....
An Cosantóir/Gearánaí/An tAturnae thar ceann an Chosantóra/an Ghearánaí

FOIRM 15B

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

FÓGRA CHUN DÁTA A SHOCRÚ LE hAGHAIDH TRIALACH

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Bíodh seo ina fhógra go ndéanfar dáta a shocrú chun triail na caingne seo (nó na saincheisteanna a ordaíodh a thriail, de réir mar a bheidh) a éisteacht an lá de seo chugainn sa Teach Cúirte i .....

Arna dhátú an lá seo de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Cosantóir/Aturnae thar ceann an Ghearánaí/an Chosantóra

Do: .....
An Cosantóir/Gearánaí/An tAturnae thar ceann an Chosantóra/an Ghearánaí

FOIRM 16

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

FORAITHNE

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

De bhrí gur seirbheáladh go cuí ar an gCosantóir an Bille Sibhialta san imeacht seo agus ós léir don Chúirt go bhfuil an Gearánaí i dteideal (shuim nó seilbh a fháil ar an áitreabh, nó an airnéis a aisghabháil, etc.) mar a éilítear ann:

Ordaíonn an Chúirt go ndéanfaidh an Gearánaí (an tsuim sin a ghnóthú, nó an tseilbh sin a aisghabháil, etc.) mar aon le suim i leith chostais an imeachta.

Arna dhátú an lá seo de .

Ar ordú na Cúirte
Cláraitheoir Contae

FOIRM 17

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

BAC AR FHORGHNÍOMHÚ

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Foraithne mar atá thuas agus an méid seo a leanas a chur léi: ''ach ordaíonn an Chúirt thairis sin go gcuirfear bac ar an bhforghníomhú de bhun na foraithne seo 'go dtí an lá de seo chugainn, agus an lá sin féin san áireamh' nó 'go ceann seachtaine/mí ó dháta na foraithne seo' de réir mar a bheidh.''

FOIRM 18

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

TRÁTHCHODANNA

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

''Agus ordaíonn an Chúirt thairis sin go n-íocfar an tsuim sin agus suim i leith costas sna tráthchodanna seo a leanas, eadhon, suim an lá de nó roimhe sin agus etc.''

''ach má mhainnítear aon tráthchuid díobh sin a íoc, ordaíonn an Chúirt go n-eiseofar forghníomhú de bhun na foraithne seo i leith an mhéid a bheidh dlite fós tráth na mainneachtana sin.''

FOIRM 19

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

DÍBHE

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

De bhrí gur seirbheáladh go cuí ar an gCosantóir an Bille Sibhialta san imeacht seo ach gur deimhin leis an gCúirt anois nár cruthaíodh an t-éileamh atá ann ón nGearánaí (chun suim a ghnóthú nó seilbh a aisghabháil ar an áitreabh i ....., de réir mar a bheidh), ordaíonn an Chúirt go ndéanfar, agus déantar leis seo, an Bille Sibhialta sin a dhíbhe (gan dochar etc. i gcásanna inar cuí sin);

Agus ordaíonn an Chúirt thairis sin go ngnóthóidh an Cosantóir ón nGearánaí suim mar chostais an imeachta agus i leith na gcostas sin (nó i leith chostais an imeachta arna bhfómhas agus arna bhfionnadh, de réir mar a bheidh).

Arna dhátú an lá seo de .

Ar ordú na Cúirte.
Cláraitheoir Contae

FOIRM 20

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

IARRAIDH AR ORDÚ FORGHNÍOMHAITHE

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Iarraim, thar ceann an Ghearánaí,/an Chosantóra, go n-eiseofar Ordú Forghníomhaithe arna dhíriú chuig Sirriam (nó Cláraitheoir Contae, de réir mar a bheidh) Chontae ..... de bhun na Díbhe/Foraithne a rinneadh san imeacht seo an i leith shuim (nó chun seilbh a aisghabháil ar thailte ....., de réir mar a bheidh).

Cónaíonn an Gearánaí/Cosantóir sin i .....

i gContae .....

agus is (cuir isteach a thuairisc) ..... é.

Arna dhátú an lá seo de .

Arna shíniú: .....

FOIRM 21

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

ORDÚ FORGHNÍOMHAITHE I LEITH EARRAÍ

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

De bhrí gur iarr an ..... as ..... go n-eiseofaí ordú forghníomhaithe de bhun ..... a fuarthas san imeacht seo an lá de i leith shuim mar aon le suim i leith costas, údaraítear daoibhse, na Sirriamaí agus na Cláraitheoirí Contae uile agus faoi seach lena dtaiscfear an t-ordú seo, agus ceanglaítear oraibh, leis seo, earraí an ..... sin as ....., in bhur mbáillcheantar, a thógáil i bhforghníomhú chun an méid atá dlite de bhun an ..... sin a ghlanadh, mar aon le costais an fhorghníomhaithe sin, ar a n-áirítear suim mar chostais an ordaithe seo agus i leith na gcostas sin, agus, ina theannta sin, ús de réir 8 faoin gcéad sa bhliain ar an tsuim sin (is é sin, an tsuim atá dlite faoin bhforaithne, gan costais agus caiteachais a áireamh) ón lá de .

Arna dhátú an lá seo de .

Ar ordú na Cúirte.

Cláraitheoir Contae

Do: Na Sirriamaí agus na Cláraitheoirí Contae uile agus faoi seach

NÓTA: Aon bhliain amháin óna dháta seo is tréimhse feidhme don Ordú Forghníomhaithe seo.

FOIRM 21 (*ar leanúint*)

FORMHUINIÚ AR ORDÚ FORGHNÍOMHAITHE

Is é .....

as .....,

Gearánaí/Cosantóir/Aturnae thar ceann an Ghearánaí/an Chosantóra san imeacht seo, a d'eisigh an t-ordú forghníomhaithe seo.

Arna thaisceadh le .....

Chontae .....

ina oifig i .....

ar a chlog, nóin, an lá de .

Contae

EADHON

Údaraím agus Cumhachtaím do .....

as .....

agus

teachtairí Cúirte, nó do cheachtar acu, agus dá gcúntóirí, an tOrdú Forghníomhaithe seo a fhorghníomhú.

Arna thabhairt faoi mo láimh an lá seo de .

Sirriam nó Cláraitheoir Contae an Chontae sin.

Is é suim atá le tobhach faoin Ordú seo .

Sirriam nó Cláraitheoir Contae

FOIRM 22

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

ORDÚ FORGHNÍOMHAITHE I LEITH AIRNÉISE SONRAÍ

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

De bhrí gur iarr an ..... as ..... go n-eiseofaí ordú forghníomhaithe de bhun na Foraithne a fuarthas san imeacht seo an lá de chun ..... a aisghabháil agus le haghaidh shuim mar aon le suim i leith costas, údaraítear daoibhse, na Sirriamaí agus na Cláraitheoirí Contae uile agus faoi seach lena dtaiscfear an t-ordú seo, agus ceanglaítear oraibh, leis seo, an ..... sin a thógáil ón gCosantóir agus é a sheachadadh ar an nGearánaí, agus údaraítear daoibh agus ceanglaítear oraibh thairis sin earraí an Chosantóra sin in bhur mbáill-cheantar a thógáil i bhforghníomhú chun na suimeanna réamhráite a ghlanadh, mar aon le costais an fhorghníomhaithe, ar a n-áirítear suim mar chostais an Ordaithe seo agus i leith na gcostas sin.

Arna dhátú an lá seo de .

Ar ordú na Cúirte.

Cláraitheoir Contae

Do: Na Sirriamaí agus na Cláraitheoirí Contae uile agus faoi seach

NÓTA: Aon bhliain amháin óna dháta seo is tréimhse feidhme don Ordú Forghníomh-aithe seo.

FOIRM 22 (*ar leanúint*)

FORMHUINIÚ AR ORDÚ FORGHNÍOMHAITHE

Is é .....

as .....,

Gearánaí/Aturnae thar ceann an Ghearánaí san imeacht seo, a d'eisigh an t-ordú forghníomhaithe seo.

Arna thaisceadh le .....

Chontae .....

ina oifig i .....

ar a chlog, nóin, an lá de .

Contae

EADHON

Údaraím agus Cumhachtaím do .....

as .....

agus

teachtairí Cúirte, nó do cheachtar acu, agus dá gcúntóirí, an tOrdú Forghníomhaithe seo a fhorghníomhú.

Arna thabhairt faoi mo láimh an lá seo de .

Sirriam nó Cláraitheoir Contae an Chontae sin.

Is é suim atá le tobhach faoin Ordú seo .

Sirriam nó Cláraitheoir Contae

FOIRM 23

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

ORDÚ FORGHNÍOMHAITHE — SEILBH

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

De bhrí gur iarr an Gearánaí, ...,

as .....,

go n-eiseofaí ordú forghníomhaithe de bhun na Foraithne a fuarthas san imeacht seo an lá de chun seilbh a fháil, mar aon le suim i leith costas, údaraítear daoibhse, na Sirriamaí agus na Cláraitheoirí Contae uile agus faoi seach lena dtaiscfear an t-ordú seo, agus ceanglaítear oraibh, leis seo, seilbh an áitribh i ..... (tabhair tuairisc an áitribh) a thógáil agus í a thabhairt don Ghearánaí, agus údaraítear daoibh agus ceanglaítear oraibh thairis sin earraí an Chosantóra sin in bhur mbáillcheantar a thógáil i bhforghníomhú chun na suimeanna réamhráite i leith na gcostas a ghlanadh, ar n-áirítear suim mar chostais an fhorghníomhaithe agus i leith na gcostas sin.

Arna dhátú an lá seo de .

Ar ordú na Cúirte.

Cláraitheoir Contae

Do: Na Sirriamaí agus na Cláraitheoirí Contae uile agus faoi seach

NÓTA: Aon bhliain amháin óna dháta seo is tréimhse feidhme don Ordú Forghníomhaithe seo.

FOIRM 23 (*ar leanúint*)

FORMHUINIÚ AR ORDÚ FORGHNÍOMHAITHE

Is é .....

as .....,

Gearánaí/Aturnae thar ceann an Ghearánaí san imeacht seo, a d'eisigh an t-ordú forghníomhaithe seo.

Arna thaisceadh le .....

Chontae .....

ina oifig i .....

ar a chlog, nóin, an lá de .

Contae

EADHON

Údaraím agus Cumhachtaím do .....

as .....

agus

teachtairí Cúirte, nó do cheachtar acu, agus dá gcúntóirí, an tOrdú Forghníomhaithe seo a fhorghníomhú.

Arna thabhairt faoi mo láimh an lá seo de .

Sirriam nó Cláraitheoir Contae an Chontae sin.

Is é suim atá le tobhach faoin Ordú seo .

Sirriam nó Cláraitheoir Contae

FOIRM 24

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

ADMHÁIL AR ÍOCAÍOCHT A RINNEADH FAOI ORDÚ FORGHNÍOMHAITHE

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Admhaím leis seo go bhfuair mé suim i láníoc/ar cuntas shuim is léir a bheith dlite don Ghearánaí/don Chosantóir san imeacht seo de bhun an Ordaithe Forghníomhaithe a taisceadh le Sirriam/Cláraitheoir Contae Chontae an lá de .

Arna dhátú an lá seo de .

Arna shíniú .....
Teachtaire Cúirte

FOIRM 25

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

MEABHRÁN AR ATHNUACHAN BILLE SHIBHIALTA

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Deimhnítear leis seo go ndearnadh an Bille Sibhialta a eisíodh san imeacht seo an lá de a athnuachan le hOrdú ón gCláraitheoir Contae/ón gCúirt arna dhéanamh san imeacht seo an lá de , ar athnuachan go ceann thréimhse mí a bhí san athnuachan sin. Tá cóip dheimhnithe den Ordú sin i gceangal leis seo ag Iarscríbhinn ''A''.

Arna shíniú .....
Gearánaí/Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí

Do: An Cláraitheoir Contae

FOIRM 26

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

IARRATAS AR ORDÚ TAOIBHE

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

De réir fhorálacha Ordú 19 de na Rialacha Cúirte Cuarda iarraim go ndéanfaí ordú le héifeacht mar a leanas:

Is iad seo a leanas na doiciméid ar a bhfuil an t-iarratas bunaithe: (Luaigh cé acu an ar dheimhniú breithe, ar ordú Cúirte, ar thoiliú nó ar mhionnscríbhinn atáthar ag seasamh).

Arna dhátú an lá seo de .

Arna shíniú .....
Iarratasóir/Aturnae thar ceann an Iarratasóra

Do: Cláraitheoir Contae

FOIRM 27

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

DUILLÍN *EX PARTE*

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Is mian liom ordú, thar ceann an Ghearánaí,/an Chosantóra, le héifeacht mar a leanas, a iarraidh ar an gCúirt an ..... nó a luaithe a bheidh caoi ann chuige sin dá éis sin:

Is iad seo a leanas na doiciméid ar a bhfuil an t-iarratas bunaithe:- .....

.....

.....

.....

.....

.....

(Luaigh cineál na ndoiciméad ar a bhfuiltear ag seasamh) dá dtagraítear sa mhionn-scríbhinn ó a comhdaíodh an lá de .

Arna dhátú an lá de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Aturnae thar ceann an Ghearánaí/
Cosantóir/Aturnae thar ceann an Chosantóra

Do: An Cláraitheoir Contae

FOIRM 28

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

MIONNSCRÍBHINN SCRÍBHINNÍ

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

MIONNAÍMSE, ..., as ..... (áit chónaithe agus tuairisc), an Gearánaí (nó ....., as (áit chónaithe agus tuairisc) ....., an Cosantóir) sa chaingean seo, agus deirim mar a leanas:—

1. Níor tharla scríbhinn ar bith ar pháipéar ná ar phár a rinne nó a scríobh ....., a chónaigh go deireanach i (áit chónaithe agus tuairisc) ....., atá éagtha, an t-éagach sa chúis seo, nó a rinneadh nó a scríobhadh faoina threoir, tráth ar bith, agus a bhí nó a d'airbheartaigh a bheith ina huacht, ina codaisíl, ina dréacht nó ina cóip d'uacht nó de chodaisíl, nó d'aon chuid d'uacht nó de chodaisíl, nó ina treoracha scríofa le haghaidh uachta nó codaisíle, nó le haghaidh aon choda d'uacht nó de chodaisíl, nó a bhí i bhfoirm, nó ag a raibh éifeacht, uachta nó codaisíle, nó coda d'uacht nó de chodaisíl, nó diúscartha tiomnaí eile ón ..... sin, a theacht, tráth ar bith, roimh a bhás ná dá éis, chun bheith ar láimh, ar seilbh, nó ar eolas, nó faoi urláimh agamsa, an teisteoir seo, ach amháin uacht deiridh dhílis bhunaidh (mar aon le codaisíl nó codaisíleacha, nó dréachtchóipeanna, nó de réir mar a bheidh) an éagaigh sin atá i gceangal leis seo, uacht dar dáta an lá de , (agus codaisíl (nó de réir mar a bheidh) dar dáta, etc.) agus ach amháin (cuir isteach anseo dátaí agus sonraí aon pháipéar tiomnach eile a bhfuil eolas, faisnéis nó tuairim ar bith ag an teisteoir fúthu; agus luaigh an duine nó na daoine ag a bhfuil a seilbh, agus seoladh an duine nó na ndaoine sin), agus ach amháin na páipéir a luaitear go díreach ina dhiaidh seo anseo (tabhair tuairisc na bpáipéar anseo,

FOIRM 28 (*ar leanúint*)

mar aon le dátaí, etc.), a chreidim go fírinneach a bheith ina sheilbh nó faoina urláimh

ag .....

as .....

agus deirim nach ndearna mé, ná nach ndearna aon duine thar mo cheann, ná de mo thoil ná de réir mo mhéine, agus nach eol dom agus nach gcreidim go ndearna aon duine ar chor ar bith, scríbhinn ar bith ar pháipéar ná ar phár, a bhí nó a d'airbheartaigh a bheith ina huacht, ina codaisíl, nó ina cuid d'uacht nó de chodaisíl, ina dréacht nó ina cóip d'uacht nó de chodaisíl, nó d'aon chuid d'uacht nó de chodaisíl, nó ina treoracha scríofa le haghaidh uachta nó codaisíle, nó le haghaidh aon choda d'uacht nó de chodaisíl, nó a bhí i bhfoirm, nó ag a raibh éifeacht, uachta nó codaisíle nó diúscartha tiomnaí eile, nó aon choda d'uacht nó de chodaisíl nó de dhiúscairt thiomnach eile, ón .....

sin, éagach, a chealú, a cheilt, ná a dhíothú, ná a chur á cealú, á ceilt ná a díothú.

ARNA MHIONNÚ, etc.

Is thar ceann ..... atá an mhionnscríbhinn seo á comhdú.

FOIRM 29

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

FÓGRA Ó SHIRRIAM I dTAOBH ÉILIMH

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

BÍODH SEO INA FHÓGRA go ndearna .....,

as .....,

éileamh ..... (a) na hearraí nó na hairnéisí a shonraítear sa Sceideal a ghabhann leis seo, atáthar .....

(b) a thógáil i bhforghníomhú ar iarraidh uaitse de bhun Ordaithe a rinneadh san imeacht thuasluaite.

AGUS BÍODH SEO INA FHÓGRA gur cheart duit, laistigh de cheithre lá tar éis an Fógra seo a fháil, fógra a thabhairt domsa nó do m'oifigeach go ngéilleann tú don éileamh sin, nó go ndíospóideann tú an t-éileamh sin, de réir na foirme cuí, a bhfuil cóip di ag gabháil leis seo, nó de réir foirme a mbeidh an éifeacht chéanna léi.

AGUS BÍODH SEO INA FHÓGRA, mura dtabharfaidh tú fógra cuí laistigh de cheithre lá, gur féidir go dtiocfaidh tú faoi dhliteanas i leith táillí, caiteachas agus costas sa bhreis, agus maidir leis sin iarrtar ort Rialacha 15 agus 16 d'Ordú 40 de na Rialacha Cúirte Cuarda, ar féidir cóip díobh a iniúchadh i m'oifigse le linn tráthanna gnó, a thabhairt do d'aire.

Arna dhátú an lá seo de .

Sirriam Chontae .....

Do: .....

as .....

Creidiúnaí Forghníomhaithe

AN SCEIDEAL

Earraí nó airnéisí lena mbaineann an t-éileamh sin thuas: .....

.....

.....

FOIRM 30

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

FÓGRA ÓN nGEARÁNAÍ AG GÉILLEADH DO THEIDEAL AN ÉILITHEORA NÓ Á DHÍOSPÓID

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

BÍODH SEO INA FHÓGRA go ngéillim do theideal A.B. (nó go ndíospóidim teideal A.B.) chun na n-earraí (nó chun earraí ar leith de na hearraí, eadhon (sonraigh iad)) a d'urghabh tú faoin bhforghníomhú a eisíodh faoin mbreithiúnas sa chaingean seo.

Arna dhátú an lá seo de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Aturnae thar ceann an Ghearánaí

Do: Sirriam ..... agus dá Oifigigh

FOIRM 31

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

MIONNSCRÍBHINN DOICIMÉAD

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

MIONNAÍMSE, ...

(nó .....),

an Gearánaí (nó an Cosantóir) thuasainmnithe, agus deirim mar a leanas:—

1. Tá i mo sheilbh nó i mo chumhacht na doiciméid a bhaineann leis na hábhair atá i gceist san agra seo agus a leagtar amach sa chéad agus sa dara cuid den Chéad Sceideal a ghabhann leis seo.
2. Cuirim i gcoinne na doiciméid sin a thabhairt ar aird a leagtar amach sa Dara Cuid den Chéad Sceideal sin a ghabhann leis seo.
3. (Luaigh anseo forais na hagóide, agus cinntigh na fíorais a mhéid is gá sin).
4. Bhí i mo sheilbh nó i mo chumhacht, ach níl anois, na doiciméid a bhaineann leis na hábhair atá i gceist san agra seo agus a leagtar amach sa Dara Sceideal a ghabhann leis seo.
5. Is é an tráth is déanaí a bhí na doiciméid deiridh sin a luaitear i mo sheilbh nó i mo chumhacht (luaigh an tráth).
6. (Luaigh anseo cad a bhain do na doiciméid deiridh sin a luaitear, agus cé aige a bhfuil siad anois).
7. De réir mar is fearr is eol dom, mar a cuireadh i bhfios dom agus mar a chreidim, níl agam anois ná ní raibh agam riamh i mo sheilbh, i mo choimeád ná i mo chumhacht féin, ná i seilbh, i gcoimeád ná i gcumhacht m'aturnaetha ná mo ghníomhairí, m'aturnae ná mo ghníomhaire, ná i seilbh, i gcoimeád ná i gcumhacht aon duine ná daoine eile thar mo cheann, aon ghníomhas, cuntas, leabhar cuntais, dearbhán, admháil, litir, meabhrán, páipéar ná scríbhinn, ná aon chóip d'aon doiciméad den sórt sin ná aon sliocht as, ná doicimeád ar bith eile, a bhaineann leis na hábhair atá i gceist san agra seo, nó le haon cheann acu, nó a ndearnadh ann taifeadadh ar bith a bhaineann leis na hábhair sin, nó le haon cheann acu, ach amháin na doiciméid a leagtar amach sa Chéad agus sa Dara Sceideal sin a ghabhann leis seo.

FOIRM 31 (*ar leanúint*)

AN CHÉAD SCEIDEAL

An Chéad Chuid

(Leag amach anseo na doiciméid i seilbh nó i gcumhacht an teisteora nach gcuireann sé i gcoinne iad a thabhairt ar aird.)

An Dara Cuid

(Leag amach anseo na doiciméid i seilbh nó i gcumhacht an teisteora a gcuireann sé i gcoinne iad a thabhairt ar aird)

AN DARA SCEIDEAL

(Leag amach anseo na doiciméid a bhí, ach nach bhfuil tráth an mhionnaithe, i seilbh nó i gcumhacht an Ghearánaí (nó an Chosantóra)).

ARNA MHIONNÚ, etc.

Is thar ceann ..... atá an mhionnscríbhinn seo á comhdú.

FOIRM 32A

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

MAIDIR LE hALT 22(1) DEN ACHT UM THIARNAÍ TALÚN AGUS TIONÓNTAÍ (BUNCHÍOSANNA), 1967

FÓGRA FORIARRATAIS

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Bíodh seo ina fhógra go ndéanfar iarratas chun na Cúirte an , nó a luaithe a bheidh caoi ann chuige sin dá éis sin, ar na faoisimh seo a leanas:

.....

.....

.....

[Cuir isteach anseo na faoisimh atá á lorg i bhfoirm achomhairc faoi alt 22(1) den Acht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna), 1967]

Is ar fhoras na mionnscríbhinne ó ....., a comhdaíodh an agus a bhfuil cóip di á seirbheáil leis seo, a dhéanfar an t-iarratas sin.

Is ceart aon mhionnscríbhinn a bheartaítear a úsáid mar fhreagra uirthi a chomhdú agus a sheachadadh roimh éisteacht an iarratais.

Arna dhátú an lá seo de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Aturnae thar ceann an Ghearánaí

Do: .....
An Cosantóir/An tAturnae thar ceann an Chosantóra

Agus

Do: An Cláraitheoir Contae

FOIRM 32B

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

MAIDIR LE hALT 22(3) DEN ACHT UM THIARNAÍ TALÚN AGUS TIONÓNTAÍ (BUNCHÍOSANNA), 1967

FÓGRA FORIARRATAIS

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Bíodh seo ina fhógra go ndéanfar iarratas chun na Cúirte an , nó a luaithe a bheidh caoi ann chuige sin dá éis sin, ar na faoisimh seo a leanas:

.....

.....

.....

[Cuir isteach anseo na faoisimh atá á lorg faoi alt 22(3) den Acht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna), 1967]

Is ar fhoras na mionnscríbhinne ó ....., a comhdaíodh an ..... agus a bhfuil cóip di á seirbheáil leis seo, a dhéanfar an t-iarratas sin.

Is ceart aon mhionnscríbhinn a bheartaítear a úsáid mar fhreagra uirthi a chomhdú agus a sheachadadh roimh éisteacht an iarratais.

Arna dhátú an lá seo de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Aturnae thar ceann an Ghearánaí

Do: .....
An Cosantóir/An tAturnae thar ceann an Chosantóra

Agus

Do: An Cláraitheoir Contae

FOIRM 33A

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

MAIDIR LE hIARRATAS AR CHÚITEAMH I nDÍOBHÁIL MHAILÍSEACH DO MHAOIN AGUS MAIDIR LEIS AN ACHT DÍOBHÁLACHA MAILÍSEACHA, 1981

FÓGRA FORIARRATAIS

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Bíodh seo ina fhógra go ndéanfar iarratas chun na Cúirte an , nó a luaithe a bheidh caoi ann chuige sin dá éis sin, ar na faoisimh seo a leanas:

.....

.....

.....

[Cuir isteach anseo na faoisimh atá á lorg i bhfoirm cúitimh faoin Acht Díobhálacha Mailíseacha, 1981]

Is ar fhoras na mionnscríbhinne ó ....., a comhdaíodh an agus a bhfuil cóip di á seirbheáil leis seo, a dhéanfar an t-iarratas sin.

Is ceart aon mhionnscríbhinn a bheartaítear a úsáid mar fhreagra uirthi a chomhdú agus a sheachadadh roimh éisteacht an iarratais.

Arna dhátú an lá seo de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Aturnae thar ceann an Ghearánaí

Do: .....
An Cosantóir/An tAturnae thar ceann an Chosantóra

Agus

Do: An Cláraitheoir Contae

FOIRM 33B

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

MAIDIR LE hALT 19(4) DEN ACHT DÍOBHÁLACHA MAILÍSEACHA, 1981

FÓGRA FORIARRATAIS

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Bíodh seo ina fhógra go ndéanfar iarratas chun na Cúirte an , nó a luaithe a bheidh caoi ann chuige sin dá éis sin, ar na faoisimh seo a leanas:

.....

.....

.....

[Cuir isteach anseo na faoisimh i bhfoirm aisíocaíochta atá á lorg faoi alt 19(4) den Acht Díobhálacha Mailíseacha, 1981]

Is ar fhoras na mionnscríbhinne ó ....., a comhdaíodh an agus a bhfuil cóip di á seirbheáil leis seo, a dhéanfar an t-iarratas sin.

Is ceart aon mhionnscríbhinn a bheartaítear a úsáid mar fhreagra uirthi a chomhdú agus a sheachadadh roimh éisteacht an iarratais.

Arna dhátú an lá seo de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Aturnae thar ceann an Ghearánaí

Do: .....
An Cosantóir/An tAturnae thar ceann an Chosantóra

Agus

Do: An Cláraitheoir Contae

FOIRM 33C

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

MAIDIR LE hIARRATAS AR CHÚITEAMH I nDÍOBHÁIL MHAILÍSEACH DO MHAOIN AGUS MAIDIR LEIS AN ACHT DÍOBHÁLACHA MAILÍSEACHA, 1981

AR ORDÚ AN BHREITHIMH CÚIRTE CUARDA

FORAITHNE

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Ós léir don Chúirt gur chuir an Gearánaí faoi deara iarratas a dhéanamh chun na Cúirte faoi fhorálacha an Achta Díobhálacha Mailíseacha, 1981, ag na Suíonna seo atá ar bun faoi láthair ar shuim a thabharfaí dó mar chúiteamh toisc .....

.....

[luaigh anseo cineál an éilimh ón bhfógra].

Agus ós léir thairis sin go ndearnadh an fógra i dtaobh an iarratais sin a sheirbheáil go cuí ar an gcosantóir agus ar gach páirtí eile ar cuí agus ar gá é a sheirbheáil air, agus gur seirbheáladh gach réamhfhógra is gá; agus ós rud é gur bhreathnaigh an Chúirt go cuí ábhar an iarratais sin agus gur chinn sí go bhfuil an Gearánaí i dteideal shuim i leith na díobhála is ábhar don ghearán agus gur chinn sí thairis sin gur cheart an tsuim sin a íoc as cistí (sonraigh an tÚdarás Áitiúil anseo).

Ordaíonn agus foraithníonn an Chúirt dá bhrí sin go ngnóthóidh an Gearánaí ón gCosantóir suim , mar aon le suim i leith costas, agus Ordaítear thairis sin go n-íocfaidh an Cosantóir an tsuim sin agus na costais sin as na cistí céanna.

Arna dhátú i an lá seo de .

FOIRM 33C (*ar leanúint*)

Méid an Chúitimh:

Costais:

Iomlán:

ÓN gCÚIRT

Cláraitheoir Contae

Do: .....
Gearánaí/Aturnae thar ceann an Ghearánaí

Agus

Do: .....
Cosantóir/Aturnae thar ceann an Chosantóra

FOIRM 33D

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

MAIDIR LE hIARRATAS AR CHÚITEAMH I nDÍOBHÁIL MHAILÍSEACH DO MHAOIN AGUS MAIDIR LEIS AN ACHT DÍOBHÁLACHA MAILÍSEACHA, 1981

AR ORDÚ AN BHREITHIMH CÚIRTE CUARDA

CÚITEAMH A DHIÚLTÚ

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Ós léir don Chúirt gur chuir an Gearánaí faoi deara iarratas a dhéanamh chun na Cúirte faoi fhorálacha an Achta Díobhálacha Mailíseacha, 1981, ag na Suíonna seo atá ar bun faoi láthair ar shuim a thabharfaí dó mar chúiteamh toisc [luaigh anseo cineál an éilimh ón bhfógra] .....

.....

.....

.....

Agus ós léir thairis sin go ndearnadh an fógra i dtaobh an iarratais sin a sheirbheáil go cuí ar an gcosantóir agus ar gach páirtí eile ar cuí agus ar gá é a sheirbheáil air, agus gur seirbheáladh gach réamhfhógra is gá; agus ós rud é gur bhreathnaigh an Chúirt go cuí ábhar an iarratais sin agus gur deimhin léi nár éirigh leis an nGearánaí a chás a chruthú.

Ordaíonn agus breithníonn an Chúirt dá bhrí sin go ndiúltófar don iarratas agus diúltaítear leis seo don chéanna agus go ngnóthóidh an Cosantóir ón nGearánaí suim i leith costas.

Arna dhátú i an lá seo de .

ÓN gCÚIRT

Cláraitheoir Contae

Do: Gearánaí/Aturnae thar ceann an Ghearánaí

Agus

Do: Cosantóir/Aturnae thar ceann an Chosantóra

FOIRM 34A

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

MAIDIR LEIS AN *GRAND JURY (IRELAND) ACT*, 1836, AGUS MAIDIR LE ..... , IARRATASÓIR AR ORDÚ AN BHREITHIMH CÚIRTE CUARDA

FÓGRA UM RÉAMHIARRATAS AR CHÚITEAMH I nDÍOBHÁIL CHOIRIÚIL DO PHEARSA DUINE

Do: Rúnaí Contae/Cléireach Baile [cuir isteach ainm an Údaráis Áitiúil] .....

.....

Agus

Do: An Comhalta i gCeannas Stáisiún Garda Síochána .....

IARRTAR ORAIBHSE AGUS AR GACH DUINE AR LEITH AGAIBH LEIS SEO FÓGRA A GHLACADH go ndearnadh, an lá de i .....

i gContae ....., ...,

Iarratasóir, as .....

i gContae ....., is finné in aghaidh .....,

atá cúisithe i gcion in aghaidh na síochána poiblí,

NÓ

..... Giúistís/Oifigeach Síochána, (scrios de réir mar is cuí) a bhallbhascadh/a dhúnmharú go mailíseach agus go bhfuil sé ar intinn iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Cuarda ar chúiteamh sa díobháil/sa bhás sin de bhun fhorálacha Alt 106 den *Grand Jury (Ireland) Act*, 1836, arna leasú.

Arna dhátú an lá seo de .

Arna shíniú .....
Iarratasóir/Aturnae thar ceann an Iarratasóra/Duine thar ceann an Iarratasóra

FOIRM 34B

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

MAIDIR LEIS AN *GRAND JURY (IRELAND) ACT*, 1836, ARNA LEASÚ, AGUS MAIDIR LE ..... , IARRATASÓIR

IARRATAS AR CHÚITEAMH I nDÍOBHÁIL CHOIRIÚIL DO PHEARSA DUINE IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

DE BHRÍ go ndearna duine nó daoine éigin, an lá de , i (tabhair tuairisc ar an áit) .....,

i gContae ....., ...,

finné in aghaidh ..... , atá cúisithe i gcion in aghaidh na síochána poiblí,

NÓ Giúistís/Oifigeach Síochána, i gcomhlíonadh a dhualgais dó,

a bhallbhascadh/a dhúnmharú go mailíseach

SONRAÍ NA DÍOBHÁLA

TUGTAR FÓGRA LEIS SEO go ndéanfaidh an Gearánaí thuasainmithe (is é sin, ionadaí pearsanta dlíthiúil an ..... sin, éagach), iarratas, nó go ndéanfar iarratas thar a cheann, chun na Cúirte Cuarda ina suí di i ..... , i gContae ....., an lá de , nó an chéad lá a bheidh ar fáil ina dhiaidh sin, ar chúiteamh de cibé suim a mheasfaidh an Chúirt a bheith cóir réasúnach, agus a chruinneofar mar a fhoráiltear in Alt 106 den Acht.

Arna dhátú an lá de .

Arna shíniú .....
Iarratasóir/Aturnae thar ceann an Iarratasóra

Do: Rúnaí Contae/Cléireach Baile ..... (Údarás Áitiúil)

Agus

Do: An Cláraitheoir Contae

FOIRM 35A

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

MAIDIR LE hALT 21 DEN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL (PLEANÁIL AGUS FORBAIRT), 1963

FÓGRA FORIARRATAIS

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Bíodh seo ina fhógra go ndéanfar iarratas chun na Cúirte an ,

nó a luaithe a bheidh caoi ann chuige sin dá éis sin, ar na faoisimh seo a leanas:

[Cuir isteach anseo na faoisimh atá á lorg i bhfoirm achomhairc de bhun alt 21 den Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963]

Is ar fhoras na mionnscríbhinne ó .....,

a comhdaíodh an .....

agus a bhfuil cóip di á seirbheáil leis seo, a dhéanfar an t-iarratas sin.

Is ceart aon mhionnscríbhinn a bheartaítear a úsáid mar fhreagra uirthi a chomhdú agus a sheachadadh roimh éisteacht an iarratais.

Arna dhátú an lá de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Aturnae thar ceann an Ghearánaí

Do: .....
An Cosantóir/An tAturnae thar ceann an Chosantóra

Agus

Do: An Cláraitheoir Contae

FOIRM 35B

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

MAIDIR LEIS AN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL (PLEANÁIL AGUS FORBAIRT), 1963

FÓGRA FORIARRATAIS AR FHADÚ AR AN TRÉIMHSE AMA CHUN ÉILEAMH A DHÉANAMH DE BHUN CHUID IV DEN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL (PLEANÁIL AGUS FORBAIRT), 1963

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Bíodh seo ina fhógra go ndéanfar iarratas chun na Cúirte an ,

nó a luaithe a bheidh caoi ann chuige sin dá éis sin, ar na faoisimh seo a leanas:

[Cuir isteach anseo mionsonraí faoin bhfaoiseamh atá á lorg i bhfoirm fadú tréimhse ama]

Is ar fhoras na mionnscríbhinne ó .....,

a comhdaíodh an .....

agus a bhfuil cóip di á seirbheáil leis seo, a dhéanfar an t-iarratas sin.

Is ceart aon mhionnscríbhinn a bheartaítear a úsáid mar fhreagra uirthi a chomhdú agus a sheachadadh roimh éisteacht an iarratais.

Arna dhátú an lá de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Aturnae thar ceann an Ghearánaí

Do: .....
An Cosantóir/An tAturnae thar ceann an Chosantóra

Agus

Do: An Cláraitheoir Contae

FOIRM 35C

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

MAIDIR LEIS AN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL (PLEANÁIL AGUS FORBAIRT), 1992

FÓGRA FORIARRATAIS AR FHAOISEAMH FAOI ALT 27 DEN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL (PLEANÁIL AGUS FORBAIRT), 1976, ARNA LEASÚ LE hALT 19(4)(g) DEN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL (PLEANÁIL AGUS FORBAIRT), 1992

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Bíodh seo ina fhógra go ndéanfar iarratas chun na Cúirte an ,

nó a luaithe a bheidh caoi ann chuige sin dá éis sin, ar na faoisimh seo a leanas:

[Cuir isteach anseo mionsonraí faoin bhfaoiseamh urghaire atá á lorg.]

Is ar fhoras na mionnscríbhinne ó .....,

a comhdaíodh an .....

agus a bhfuil cóip di á seirbheáil leis seo, a dhéanfar an t-iarratas sin.

Is ceart aon mhionnscríbhinn a bheartaítear a úsáid mar fhreagra uirthi a chomhdú agus a sheachadadh roimh éisteacht an iarratais.

Arna dhátú an lá de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Aturnae thar ceann an Ghearánaí

Do: .....
An Cosantóir/An tAturnae thar ceann an Chosantóra

Agus

Do: An Cláraitheoir Contae

FOIRM 36A

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

MAIDIR LEIS NA hACHTANNA UM DHÍFHOSTÚ ÉAGÓRACH, 1977-1993

FÓGRA FORIARRATAIS AR FHAOISEAMH FAOI ALT 10 DEN ACHT UM DHÍFHOSTÚ ÉAGÓRACH, 1973, NÓ ALT 11 DEN ACHT UM DHÍFHOSTÚ ÉAGÓRACH (LEASÚ), 1993

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Bíodh seo ina fhógra go ndéanfar iarratas chun na Cúirte an ,

nó a luaithe a bheidh caoi ann chuige sin dá éis sin, ar na faoisimh seo a leanas:

[Cuir isteach anseo mionsonraí faoin bhfaoiseamh atá á lorg cibé acu i bhfoirm sásaimh ón Aire, i bhfoirm forfheidhmiú nó i bhfoirm achomhairc.]

Agus bíodh seo ina fhógra thairis sin gur ar na forais seo a leanas a dhéanfar an t-iarratas sin:

1. [cuir isteach anseo na forais ar a bhfuil an tIarratasóir ag seasamh le haghaidh na bhfaoiseamh atá á lorg]

2. [cuir isteach anseo bonn na dlínse]

3. [cuir isteach anseo ainm, seoladh agus tuairisc an Ghearánaí]

FOIRM 36A (*ar leanúint*)

4. [Ní foláir na doiciméid seo a leanas a bheith i gceangal leis an bhFógra Foriarratais seo, eadhon, cóip den Fhógra bunaidh chun Achomharc a dhéanamh chun an Bhinse; cóip den Fhógra Láithris; cóip den chinneadh ón mBinse; an litir bhunaidh ón mBinse á chur in iúl go ndearnadh an cinneadh sin a chur i bhfios; cóip de shonraí ar bith a sholáthair ceachtar páirtí don Bhinse.]

Arna dhátú an lá de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Aturnae thar ceann an Ghearánaí

Do: .....
An Cosantóir/An tAturnae thar ceann an Chosantóra

Agus

Do: An Binse Achomhairc Fostaíochta

Agus

Do: An Cláraitheoir Contae

FOIRM 36B

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

MAIDIR LEIS AN ACHT UM ÍOC PÁ, 1991

FÓGRA FORIARRATAIS AR FHAOISEAMH FAOI ALT 8 DEN ACHT UM ÍOC PÁ, 1991

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Bíodh seo ina fhógra go ndéanfar iarratas chun na Cúirte an ,

nó a luaithe a bheidh caoi ann chuige sin dá éis sin, ar na faoisimh seo a leanas:

[Cuir isteach anseo mionsonraí faoin bhfaoiseamh atá á lorg i bhfoirm forfheidhmiú.]

Agus bíodh seo ina fhógra thairis sin gur ar na forais seo a leanas a dhéanfar an t-iarratas sin:

1. [cuir isteach anseo na forais ar a bhfuil an tIarratasóir ag seasamh le haghaidh na bhfaoiseamh atá á lorg]

2. [cuir isteach anseo bonn na dlínse]

3. [cuir isteach anseo ainm, seoladh agus tuairisc an Ghearánaí]

FOIRM 36B (*ar leanúint*)

4. [Ní foláir na doiciméid seo a leanas a bheith i gceangal leis an bhFógra Foriarratais seo, eadhon, cóip dheimhnithe den bhreith bhunaidh ón gCoimisinéir nó cóip dheimhnithe den chinneadh bunaidh ón mBinse; cóip dheimhnithe den litir bhunaidh ón gCoimisinéir nó ón mBinse á chur in iúl don Ghearánaí go ndearnadh an bhreith sin nó an cinneadh sin.]

Arna dhátú an lá de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Aturnae thar ceann an Ghearánaí

Do: .....
An Cosantóir/An tAturnae thar ceann an Chosantóra

Agus

Do: An Binse Achomhairc Fostaíochta/Coimisinéir um Chearta

Agus

Do: An Cláraitheoir Contae

FOIRM 36C

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

MAIDIR LEIS AN ACHT UM SHAOIRE UCHTAÍOCH, 1995

FÓGRA FORIARRATAIS AR FHAOISEAMH FAOI ALT 39 DEN ACHT UM SHAOIRE UCHTAÍOCH, 1995

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Bíodh seo ina fhógra go ndéanfar iarratas chun na Cúirte an ,

nó a luaithe a bheidh caoi ann chuige sin dá éis sin, ar na faoisimh seo a leanas:

[Cuir isteach anseo mionsonraí faoin bhfaoiseamh atá á lorg i bhfoirm forfheidhmiú.]

Agus bíodh seo ina fhógra thairis sin gur ar na forais seo a leanas a dhéanfar an t-iarratas sin:

1. [cuir isteach anseo na forais ar a bhfuil an tIarratasóir ag seasamh le haghaidh na bhfaoiseamh atá á lorg, ar a n-áirítear na fíorais go léir is iomchuí maidir leis an mainneachtain atá á líomhain na breitheanna nó na cinntí a chur i gcrích agus cibé acu a tionscnaíodh nó nár tionscnaíodh achomharc i gcoinne na mbreitheanna nó na gcinntí agus, murar tionscnaíodh aon achomharc den sórt sin, go bhfuil an tréimhse ama chun achomharc a dhéanamh caite agus, má tionscnaíodh achomharc den sórt sin, an dáta ar ar tugadh Fógra Achomhairc mar aon le fianaise gur tréigeadh an t-achomharc sin.]

2. [cuir isteach anseo bonn na dlínse]

3. [cuir isteach anseo ainm, seoladh agus tuairisc an Ghearánaí]

FOIRM 36C (*ar leanúint*)

4. [Ní foláir na doiciméid seo a leanas a bheith i gceangal leis an bhFógra Foriarratais seo, eadhon, cóip dheimhnithe den bhreith bhunaidh ón gCoimisinéir nó cóip dheimhnithe den chinneadh bunaidh ón mBinse; cóip dheimhnithe den litir chumhdaigh ón gCoimisinéir nó ón mBinse a eisíodh chuig an nGearánaí leis an mbreith réamhluaite sin ón gCoimisinéir nó leis an gcinneadh réamhluaite sin ón mBinse; cóip den Fhógra Achomhairc, má bhaineann sé le hábhar.]

Arna dhátú an lá de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Aturnae thar ceann an Ghearánaí

Do: .....
An Cosantóir/An tAturnae thar ceann an Chosantóra

Agus

Do: An Binse Achomhairc Fostaíochta/Coimisinéir um Chearta

Agus

Do: An Cláraitheoir Contae

FOIRM 36D

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

MAIDIR LEIS AN ACHT UM EAGRÚ AMA OIBRE, 1997

FÓGRA FORIARRATAIS AR FHAOISEAMH FAOI ALT 29 DEN ACHT UM EAGRÚ AMA OIBRE, 1997

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

Bíodh seo ina fhógra go ndéanfar iarratas chun na Cúirte an ,

nó a luaithe a bheidh caoi ann chuige sin dá éis sin, ar na faoisimh seo a leanas:

[Cuir isteach anseo mionsonraí faoin bhfaoiseamh atá á lorg i bhfoirm forfheidhmiú.]

Agus bíodh seo ina fhógra thairis sin gur ar na forais seo a leanas a dhéanfar an t-iarratas sin:

1. [cuir isteach anseo na forais ar a bhfuil an tIarratasóir ag seasamh le haghaidh na bhfaoiseamh atá á lorg, ar a n-áirítear na fíorais go léir is iomchuí maidir leis an mainneachtain atá á líomhain na breitheanna nó na cinntí a chur i gcrích agus cibé acu a tionscnaíodh nó nár tionscnaíodh achomharc i gcoinne na mbreitheanna nó na gcinntí agus, murar tionscnaíodh aon achomharc den sórt sin, go bhfuil an tréimhse ama chun achomharc a dhéanamh caite agus, má tionscnaíodh achomharc den sórt sin, an dáta ar ar tugadh Fógra Achomhairc mar aon le fianaise gur tréigeadh an t-achomharc sin.]

2. [cuir isteach anseo bonn na dlínse]

3. [cuir isteach anseo ainm, seoladh agus tuairisc an Ghearánaí]

FOIRM 36D (*ar leanúint*)

4. [cuir isteach anseo an dáta ar cuireadh an cinneadh ón gCúirt Oibreachais i bhfios don Iarratasóir]

5. [Ní foláir na doiciméid seo a leanas a bheith i gceangal leis an bhFógra Foriarratais seo, eadhon, an cinneadh bunaidh ón gCúirt Oibreachais nó cóip dheimhnithe den chéanna, arna deimhniú ag an bhfostaí is Iarratasóir nó ag a cheardchumann nó thar ceann an Aire gur cóip dhílis í den chinneadh a fuarthas ón gCúirt Oibreachais agus atáthar a iarraidh a fhorfheidhmiú.]

Arna dhátú an lá de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Aturnae thar ceann an Ghearánaí

Do: .....
An Cosantóir/An tAturnae thar ceann an Chosantóra

Agus

Do: An Chúirt Oibreachais

Agus

Do: An Cláraitheoir Contae

FOIRM 37A

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

MAIDIR LEIS AN ACHT UM AN DLÍ TEAGHLAIGH (COTHABHÁIL CÉILÍ AGUS LEANAÍ), 1976

NÓ

MAIDIR LEIS AN ACHT UM IDIRSCARADH BREITHIÚNACH AGUS ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ TEAGHLAIGH, 1989, AGUS MAIDIR LEIS AN ACHT UM AN DLÍ TEAGHLAIGH, 1995

NÓ

MAIDIR LEIS AN ACHT UM AN DLÍ TEAGHLAIGH (COLSCARADH), 1996, AGUS MAIDIR LE CAINGEAN ATÁ Á BEARTÚ (más cuí)

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

MIONNSCRÍBHINN ACMHAINNE

MIONNAÍMSE, [Cuir isteach ainm an Teisteora] .....,

[Cuir isteach slí bheatha an Teisteora] .....,

as [Cuir isteach seoladh an Teisteora] .....,

atá 18 mbliana d'aois agus os a chionn, agus deirim mar a leanas:

1. Deirim gur mise an Gearánaí/Cosantóir [scrios de réir mar is cuí] sna himeachtaí a bhfuil an teideal thuas orthu agus déanaim an Mhionnscríbhinn seo de bhun fíoras is feasach dom féin ach amháin nuair is léir a mhalairt agus nuair is léir amhlaidh creidim an céanna a bheith fíor.
2. Deirim go bhfuil na sócmhainní go léir a bhfuil teideal dlí nó tairbhiúil agam chucu agus modh teachta na maoine sin leagtha amach agam sa Chéad Sceideal a ghabhann leis seo.
3. Deirim go bhfuil an t-ioncam go léir a fhaighim agus foinsí an ioncaim sin leagtha amach agam sa Dara Sceideal a ghabhann leis seo.
4. Deirim go bhfuil mo chuid fiach agus dliteanas go léir agus na daoine a bhfuil na fiacha agus na dliteanais sin dlite dóibh leagtha amach agam sa Tríú Sceideal a ghabhann leis seo.
5. Deirim go bhfuil suim d'eisíocaíochtaí seachtainiúla agam agus deirim go bhfuil mionsonraí na n-eisíocaíochtaí sin leagtha amach sa Cheathrú Sceideal a ghabhann leis seo.

FOIRM 37A (*ar leanúint*)

6. Deirim, de réir mar is fearr is eol dom, mar a cuireadh i bhfios dom agus mar a chreidim, go bhfuil an fhaisnéis go léir i dtaca le pinsean/pinsin is feasach dom agus is iomchuí maidir leis na himeachtaí seo leagtha amach sa Chúigiú Sceideal a ghabhann leis seo.

AN CHÉAD SCEIDEAL

[Cuir isteach an liosta sócmhainní]

AN DARA SCEIDEAL

[Cuir isteach na mionsonraí faoi ioncam]

AN TRÍÚ SCEIDEAL

[Cuir isteach an liosta d'fhiacha agus de dhliteanais]

AN CEATHRÚ SCEIDEAL

[Cuir isteach an liosta de Chaiteachas Seachtainiúil]

AN CÚIGIÚ SCEIDEAL

[Cuir isteach na mionsonraí faoin bpinsean/faoi na pinsin]

ARNA MHIONNÚ, etc.

FOIRM 37B

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

MAIDIR LEIS AN ACHT UM IDIRSCARADH BREITHIÚNACH AGUS ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ TEAGHLAIGH, 1989, AGUS MAIDIR LEIS AN ACHT UM AN DLÍ TEAGHLAIGH, 1995

NÓ

MAIDIR LEIS AN ACHT UM AN DLÍ TEAGHLAIGH (COLSCARADH), 1996, AGUS MAIDIR LE CAINGEAN ATÁ Á BEARTÚ (más cuí)

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

MIONNSCRÍBHINN LEASA

MIONNAÍMSE, [Cuir isteach ainm an Teisteora] .....,

[Cuir isteach slí bheatha an Teisteora] .....,

as [Cuir isteach seoladh an Teisteora] .....,

atá 18 mbliana d'aois agus os a chionn, agus deirim mar a leanas:

1. Deirim gur mise an Gearánaí/Cosantóir [scrios de réir mar is cuí] sna himeachtaí a bhfuil an teideal thuas orthu agus déanaim an Mhionnscríbhinn seo de bhun fíoras is feasach dom féin ach amháin nuair is léir a mhalairt agus nuair is léir amhlaidh creidim an céanna a bheith fíor.

2. Deirim agus creidim gur fíor na fíorais atá leagtha amach sa Sceideal a ghabhann leis seo.

[In imthosca nach ndíospóideann an Cosantóir na fíorais arna dteistiú ag an nGearánaí ina Mhionnscríbhinn/Mionnscríbhinn Leasa, áireofar an deimhneasc seo a leanas, á chur in ionad Mhír 2 den mhionnscríbhinn seo, agus sna himthosca sin, ní chomhlánóidh an Cosantóir an Sceideal:

FOIRM 37B (*ar leanúint*)

2. Deirim go bhfuilim ag teacht go hiomlán leis na fíorais arna ndeimhneasc ag an nGearánaí ina Mhionnscríbhinn/Mionnscríbhinn Leasa arna mionnú san imeacht seo an lá de agus deirim agus creidim gur fíor na fíorais atá leagtha amach sa Sceideal a ghabhann leis sin.]

AN SCEIDEAL

Cuid 1 — Mionsonraí faoi Leanaí

1. Mionsonraí faoi na leanaí a rugadh don Ghearánaí agus don Chosantóir nó a d'uchtaigh an Gearánaí agus an Cosantóir araon:

Túsainmneacha Sloinne Dáta Breithe

2. Mionsonraí faoi leanaí eile an teaghlaigh nó faoi leanaí eile a bhfuil na páirtithe nó ceachtar acu *in loco parentis* maidir leo:

Túsainmneacha Sloinne Dáta Breithe Gaolmhaireacht leis an nGearánaí/leis an gCosantóir

Cuid II — Comhshocraíochtaí i gcomhair leanaí an teaghlaigh

1. Mionsonraí Baile:

(*a*) An seoladh nó na seoltaí ag a gcónaíonn na leanaí anois

(*b*) Tabhair mionsonraí faoi líon na seomraí cónaithe, na seomraí codlata etc. ag an seoladh/na seoltaí in (*a*) thuas

(*c*) An bhfuil an teach ar cíos nó ar úinéireacht agus, má tá, ainmnigh an tionónta/na tionóntaí nó an t-úinéir/na húinéirí?

(*d*) An bhfuil an cíos nó an morgáiste á íoc go rialta agus, má tá, cé atá á íoc?

(*e*) Tabhair ainmneacha na ndaoine eile go léir atá ina gcónaí leis na leanaí ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha agus luaigh a ngaolmhaireacht leis na leanaí, más ann.

(*f*) An mbeidh aon athrú ar na comhshocraíochtaí sin agus, más amhlaidh go mbeidh, tabhair mionsonraí.

Cuid III — Mionsonraí oideachais agus oiliúna

(*a*) Tabhair ainmneacha na scoile, an choláiste nó an ionaid oiliúna atá á freastal/á fhreastal ag gach leanbh.

(*b*) An bhfuil aon riachtanais speisialta oideachais ag na leanaí? Má tá, sonraigh, le do thoil.

(*c*) An scoil táille, coláiste táille nó ionad oiliúna táille atá sa scoil, coláiste nó ionad oiliúna? Más ea, tabhair mionsonraí.

FOIRM 37B (*ar leanúint*)

Cuid IV — Mionsonraí faoi chúram leanaí

(*a*) Cé acu tuismitheoir a thugann aire do na leanaí ó lá go lá? Má roinntear an fhreagracht, tabhair mionsonraí, le do thoil.

(*b*) Tabhair mionsonraí faoi oibleagáidí oibre na beirte tuismitheoirí.

(*c*) An dtugann duine éigin aire do na leanaí nuair nach mbíonn an tuismitheoir ann? Má thugann, tabhair mionsonraí.

(*d*) Cé a thugann aire do na leanaí le linn laethanta saoire scoile?

(*e*) An mbeidh aon athrú ar na comhshocraíochtaí sin? Más amhlaidh go mbeidh, tabhair mionsonraí.

Cuid V — Cothabháil

(*a*) An íocann an Gearánaí/Cosantóir i leith chothabháil na leanaí? Má íocann, tabhair mionsonraí. Sonraigh, le do thoil, aon fhoinse chothabhála eile.

(*b*) An íoctar an chothabháil dá dtagraítear in (*a*) thuas faoi ordú cúirte? Má íoctar, tabhair mionsonraí.

(*c*) Ar comhaontaíodh cothabháil i gcomhair na leanaí? Má comhaontaíodh, tabhair mionsonraí.

(*d*) Murar comhaontaíodh, an mbeidh iarratas á dhéanamh agat ar ordú cothabhála ón gcúirt?

Cuid VI — Mionsonraí faoi theagmháil leis na leanaí

(*a*) An bhfeiceann na leanaí an Gearánaí/Cosantóir? Tabhair mionsonraí, le do thoil.

(*b*) An bhfanann na leanaí thar oíche agus/nó an mbíonn cuairteanna saoire ag na leanaí leis an nGearánaí/leis an gCosantóir. Tabhair mionsonraí, le do thoil.

(*c*) An mbeidh aon athrú ar na comhshocraíochtaí sin?

Cuid VII — Mionsonraí faoi Shláinte

(*a*) An bhfuil na leanaí ina sláinte go ginearálta? Tabhair mionsonraí, le do thoil, faoi aon mhíchumas tromaí nó aon tinneas ainsealach a bhí ar aon duine de na leanaí.

(*b*) An bhfuil aon riachtanais speisialta sláinte ag na leanaí nó ag aon duine díobh? Tabhair mionsonraí, le do thoil, faoin gcúram atá ag teastáil agus conas a chuirtear ar fáil é.

(*c*) An bhfuil an Gearánaí agus an Cosantóir ina sláinte go ginearálta? Mura bhfuil, tabhair mionsonraí, le do thoil.

FOIRM 37B (*ar leanúint*)

Cuid VIII — Mionsonraí faoi chúram agus faoi Imeachtaí eile Cúirte

(*a*) An bhfuil na leanaí nó aon duine díobh faoi chúram Boird Sláinte nó faoi mhaoirseacht Oibrí Shóisialaigh nó Oifigigh Promhaidh? Má tá, sonraigh, le do thoil.

(*b*) An bhfuil nó an raibh aon imeachtaí in aon Chúirt a bhfuil nó a raibh baint acu leis na leanaí nó le haon duine díobh? Má tá nó má bhí, sonraigh, le do thoil. Is ceart na hOrduithe Cúirte iomchuí go léir a bhaineann leis na leanaí nó le haon duine díobh a bheith i gceangal leis seo.

ARNA MHIONNÚ, etc.

FOIRM 37C

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

MAIDIR LEIS AN ACHT UM IDIRSCARADH BREITHIÚNACH AGUS ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ TEAGHLAIGH, 1989, AGUS MAIDIR LEIS AN ACHT UM AN DLÍ TEAGHLAIGH, 1995

NÓ

MAIDIR LEIS AN ACHT UM AN DLÍ TEAGHLAIGH (COLSCARADH), 1996

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

FÓGRA d'IONTAOBHAITHE

BÍODH SEO INA FHÓGRA gur éiligh an Gearánaí/Cosantóir faoiseamh sna himeachtaí a bhfuil an teideal thuas orthu de bhun Alt 12 agus/nó Alt 13 den Acht um an Dlí Teaghlaigh, 1995, NÓ de bhun Alt 17 den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996, agus go háirithe i ndáil le [anseo cuir isteach mionsonraí faoin bpinsean/faoi na pinsin a bhfuil faoiseamh á éileamh ina aghaidh/ina n-aghaidh] .....

.....

agus go seolfar éisteacht na Caingne an lá de sa Chúirt Chuarda ina suí di i .....

ar a chlog sa réamhnóin. (nó, más cuí, ''agus go gcuirfear an dáta le haghaidh na trialach in iúl duit in am agus i dtráth i ndáil leis an éileamh sin.'')

Arna dhátú an lá seo de .

Arna shíniú .....
Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí/Chosantóra nó an Gearánaí/Cosantóir féin

Do: An Cláraitheoir Contae

Agus

Do: Iontaobhaithe na scéime(anna) pinsin iomchuí

Agus

Do: An Gearánaí/An Cosantóir/Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí/Aturnaetha thar ceann an Chosantóra

FOIRM 37D

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

MAIDIR LEIS AN ACHT UM IDIRSCARADH BREITHIÚNACH AGUS ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ TEAGHLAIGH, 1989, AGUS MAIDIR LEIS AN ACHT UM AN DLÍ TEAGHLAIGH, 1995

NÓ

MAIDIR LEIS AN ACHT UM AN DLÍ TEAGHLAIGH (COLSCARADH), 1996, AGUS MAIDIR LE CAINGEAN ATÁ Á BEARTÚ (más cuí)

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

DEIMHNIÚCHÁN DE BHUN ALT 5 NÓ ALT 6 DEN ACHT UM IDIRSCARADH BREITHIÚNACH AGUS ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ TEAGHLAIGH, 1989, NÓ ALT 6 NÓ ALT 7 DEN ACHT UM AN DLÍ TEAGHLAIGH (COLSCARADH), 1996

[Aturnaetha thar ceann an Ghearánaí/Chosantóra (de réir mar is cuí) do dheimhniú gur cuireadh comhairle iomlán ar an nGearánaí/ar an gCosantóir (de réir mar is cuí) i ndáil le cineálacha malartacha réitigh díospóidí pósta ar a n-áirítear comhairliúchán treorach pósta, idirghabháil, comhshocraíochtaí idirscartha agus cineálacha eile dlí-thíochta pósta]

Arna dhátú an lá seo de .

Arna shíniú .....
Aturnaetha thar ceann an
Ghearánaí/Chosantóra
(scrios de réir mar is cuí)

FOIRM 37E

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

MAIDIR LE hALT 6A DEN ACHT UM CHAOMHNÓIREACHT NAÍON, 1964

IARRATAS Ó ATHAIR CHUN É A CHEAPADH INA CHAOMHNÓIR LE TOILIÚ I SCRÍBHINN ÓN MÁTHAIR

[NÓTA: Tá an fhoirm seo le húsáid i gcás ina bhfuil ainm an iarratasóra taifeadta cheana féin i gClár na mBreitheanna mar athair an linbh agus ina dtugann an mháthair a toiliú i scríbhinn le ceapadh an iarratasóra mar chaomhnóir.]

AINM AN IARRATASÓRA: .....

SEOLADH AN IARRATASÓRA .....

.....

AINM AN NAÍN: .....

SEOLADH AN NAÍN: .....

.....

BÍODH SEO INA FHÓGRA go bhfuil ar intinn ag an iarratasóir iarratas a dhéanamh chun na Cúirte seo ina suí di i ..... i gContae ..... an lá de ar Ordú de bhun alt 6A den Acht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964, arna chur isteach le halt 12 den Acht um Stádas Leanaí, 1987, chun é a cheapadh mar chaomhnóir ar an naíon thuasainmnithe.

Is ar chruthúnas ar na nithe seo a leanas a bheidh seasamh an iarratasóra mar thaca lena iarratas:

1. Gurb é athair an naín atá ainmnithe thuas é agus go bhfuil sé cláraithe mar athair an naín sin i gClár arna chothabháil faoi na hAchtanna um Chlárú Breitheanna agus Básanna, 1863 go 1987;

[NÓTA: Is gá Deimhniú Breithe a eisíodh le déanaí, ina dtaispeántar gurb é an t-iarratasóir an t-athair, a thabhairt ar aird ag an éisteacht.]

FOIRM 37E (*ar leanúint*)

2. Gurb í .....

máthair an naín sin agus go bhfuil cónaí uirthi i .....

3. Gur thug an mháthair a toiliú i scríbhinn le ceapadh an iarratasóra mar chaomhnóir mar a dúradh;

[NÓTA: Is gá an toiliú i scríbhinn ón máthair a thabhairt ar aird ag an éisteacht. Soláthraíonn Foirm 37F modh di chun toiliú i scríbhinn a thabhairt. Mura láithreoidh an mháthair ag an éisteacht, féadfaidh an Breitheamh an t-iarratas a chur ar atráth chun a chumasú fógra a sheirbheáil uirthi.]

4. Go dtuigeann an t-iarratasóir na freagrachtaí agus na dualgais a ghabhann le gníomhú mar chaomhnóir ar an naíon sin i gcomhpháirt leis an máthair, agus go bhfuil sé sásta na freagrachtaí sin agus na dualgais sin a ghabháil chuige féin, agus go ngabhann sé air féin na dualgais sin agus na freagrachtaí sin a fheidhmiú ar mhaithe le leas an naín sin.

Arna dhátú an lá seo de .

Arna shíniú .....
Iarratasóir/Aturnae thar ceann an Iarratasóra

Do: An Cláraitheoir Contae

FOIRM 37F

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

MAIDIR LEIS AN ACHT UM CHAOMHNÓIREACHT NAÍON, 1964,
ARNA LEASÚ LEIS AN ACHT UM STÁDAS LEANAÍ, 1987

DEARBHÚ REACHTÚIL ÓN MÁTHAIR

Dearbhaímse, [Cuir isteach anseo ainm na máthar] ....., go sollúnta agus go fíreata:—

1. Go bhfuil cónaí orm i [cuir isteach an seoladh] .....

2. Gur mise máthair ....., a rugadh an lá de .

3. Go dtoilím leis seo le .....,

athair an naín sin, a cheapadh mar chaomhnóir ar an naíon sin;

NÓ

Go dtagraím don toiliú i scríbhinn uaim le .....,

athair an naín thuasainmnithe, a cheapadh mar chaomhnóir ar an naíon sin, ar a ndearna mé, agus é marcáilte leis an litir ''A'', m'ainm a shíniú sula ndearna mé an Dearbhú seo.

4. Go dtuigim agus go n-admhaím go mbeidh an t-athair sin, mar chaomhnóir ar an naíon sin, i dteideal gníomhú i gcomhpháirt liomsa mar chaomhnóir ar an naíon sin agus go ndéanfaidh sé na dualgais agus na freagrachtaí i dtaca le féachaint amach do bharr leasa an .....

sin a fheidhmiú go dtí go slánóidh sé nó sí ocht mbliana déag d'aois.

Déanaim an Dearbhú sollúnta seo á chreidiúint go coinsiasach é a bheith fíor agus de bhua an Achta i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla, 1938.

Arna shíniú .....
Máthair an naín

ARNA DHEARBHÚ OS MO CHOMHAIRSE AG .....,

a bhfuil aithne phearsanta agam uirthi (nó a cuireadh in aithne dom ag .....,

a bhfuil aithne phearsanta agam air nó uirthi) i .....

an lá seo de .

FEIDHMEANNACH SÍOCHÁNA/COIMISINÉIR MIONNAÍ/
NÓTAIRE POIBLÍ/ATURNAE CLEACHTACH

FOIRM 37G

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

MAIDIR LE CUID VI DEN ACHT UM STÁDAS LEANAÍ, 1987

DEARBHÚ

IDIR

..... Gearánaí

(ag déanamh iarratais trí ..... Neaschara, más cuí)

AGUS

..... Cosantóir

BÍODH SEO INA FHÓGRA, de bhrí gur tháinig iarratas an iarratasóra thuasainmnithe de bhun Chuid VI den Acht um Stádas Leanaí, 1987, os comhair na Cúirte seo agus go ndearnadh é a chinneadh an lá de ,

go nDEARBHAÍTEAR ANOIS LEIS SEO:

1. Gurb é ..... as ..... i gContae ..... athair an ghearánaí thuasainmnithe; agus/nó

2. Gurb í ..... as ..... i gContae ..... máthair an ghearánaí thuasainmnithe; agus/nó

3. Gurb iad ..... as ..... agus ..... as ..... tuismitheoirí an ghearánaí thuasainmnithe; agus

4. Gur rugadh an gearánaí thuasainmnithe as ..... i gContae ..... an lá de .

Agus tá an Dearbhú sin arna dhéanamh an lá seo de ag a Onóir, an Breitheamh ....., ina shuí dó i dTeach na Cúirte, ... i gContae .....

ARNA SHÉALÚ le Séala na Cúirte seo ag ....., Cláraitheoir Contae, an lá seo de .

Arna shíniú .....
Cláraitheoir Contae

Do: An gearánaí

FOIRM 37H

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

MAIDIR LE CUID VII DEN ACHT UM STÁDAS LEANAÍ, 1987

FÓGRA FORIARRATAIS CHUN SAMPLA FOLA A THÓGÁIL

IDIR

..... Gearánaí

(ag déanamh iarratais trí ..... Neaschara, más cuí)

AGUS

..... Cosantóir

BÍODH SEO INA FHÓGRA go ndéanfar iarratas chun na Cúirte ina suí di i ..... ar a chlog, an lá de , thar ceann an Ghearánaí/an Chosantóra (scrios de réir mar is cuí) thuasainmnithe ar Ordú á ordú go ndéanfar tástálacha fola i leith na ndaoine a bhfuil a n-ainmneacha leagtha amach thíos chun tuismíocht (ainm an duine a bhfuil a thuismíocht/a tuismíocht faoi dhíospóid) ..... a fhionnadh.

	Ainm	Seoladh	Aois
1.			
2.			
3.			

Arna dhátú an lá seo de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Cosantóir/Aturnae thar ceann an Ghearánaí/Aturnae thar ceann an Chosantóra

Do: An Cláraitheoir Contae

Agus

Do: Gach páirtí eile

FOIRM 37I

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

MAIDIR LE CUID VII DEN ACHT UM STÁDAS LEANAÍ, 1987

ORDÚ CHUN SAMPLA FOLA A THÓGÁIL

IDIR

..... Gearánaí

(ag déanamh iarratais trí ..... Neaschara, más cuí)

AGUS

..... Cosantóir

ORDAÍTEAR LEIS SEO .....

a cheapadh chun samplaí fola a thógáil ó na daoine seo a leanas:

Ainm	Seoladh	Aois
1.		
2.		
3.		

chun tuismíocht (ainm an duine a bhfuil a thuismíocht/a tuismíocht faoi dhíospóid) ..... a fhionnadh agus ordaítear leis seo don duine ceaptha sin torthaí na dtástálacha sin a thabhairt do na páirtithe san imeacht seo agus don Chúirt Onórach seo a luaithe a bheidh caoi ann chuige sin agus is féidir.

ORDAÍTEAR THAIRIS SIN go mbeidh costais na dtástálacha sin le híoc ag (cuir isteach mionsonraí).

ÓN gCÚIRT

Cláraitheoir Contae

FOIRM 37J

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

MAIDIR LE CUID VII DEN ACHT UM STÁDAS LEANAÍ, 1987

FÓGRA GO bhFUIL AR INTINN AN DUINE AR FAOINA URLÁMH A TÁSTÁLADH TÁSTÁLACHA FOLA, NÓ DAOINE EILE A BHÍ BAINTEACH LEIS AN bPRÓISEAS TÁSTÁLA FOLA, A GHAIRM MAR FHINNÉ NÓ MAR FHINNÉITHE

IDIR

..... Gearánaí

(ag déanamh iarratais trí ..... Neaschara, más cuí)

AGUS

..... Cosantóir

BÍODH SEO INA FHÓGRA go bhfuil ar intinn ag ....., Gearánaí/Cosantóir, (cuir isteach ainm an fhinné) ..... a ghairm mar fhinné tráth éisteachta na caingne san imeacht seo, ar an tuarascáil i leith na dtástálacha sin a bheith faighte ag an nGearánaí/ag an gCosantóir an lá de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Cosantóir/Aturnae thar ceann an Ghearánaí/Aturnae thar ceann an Chosantóra

Do: Gach páirtí eile

Agus

Do: An Cláraitheoir Contae

FOIRM 38A

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

MAIDIR LEIS AN ACHT UM THOGHCHÁIN ÁITIÚLA (ACHAINÍOCHA AGUS DÍCHÁILÍOCHTAÍ), 1974, AGUS MAIDIR LEIS NA TOGHCHÁIN ÁITIÚLA DO (CUIR ISTEACH AN LIMISTÉAR) .....

A RINNEADH AN LÁ DE .

IDIR

..... Achainíoch/Gearánaí

AGUS

..... Freagróir/Cosantóir

FÓGRA GO bhFUIL AR INTINN ACHOMHARC A DHÉANAMH

BÍODH SEO INA FHÓGRA go bhfuil ar intinn ag an ..... thuasainmnithe, Achomharcóir, achomharc a dhéanamh ó Bhreithiúnas agus ó Ordú na Cúirte Cuarda dar dáta an lá de . Déanann an tAchomharcóir thuasainmnithe iarratas leis seo chun na Cúirte Cuarda chun cás a shonrú agus a shíniú chun tuairim na Cúirte Uachtaraí a fháil san ábhar seo agus geallann sé/sí leis seo go luathóidh sé/sí ullmhú agus taisceadh an cháis atá sonraithe san imeacht seo.

Arna dhátú an lá seo de .

Arna shíniú .....
Achomharcóir/Aturnae thar ceann an Achomharcóra

Do: Na Freagróirí

FOIRM 38B

AN CHÚIRT UACHTARACH

CUAIRD CONTAE

MAIDIR LEIS AN ACHT UM THOGHCHÁIN ÁITIÚLA (ACHAINÍOCHA AGUS DÍCHÁILÍOCHTAÍ), 1974, AGUS MAIDIR LEIS NA TOGHCHÁIN ÁITIÚLA DO (CUIR ISTEACH AN LIMISTÉAR) .....

A RINNEADH AN LÁ DE .

IDIR

..... Achainíoch/Gearánaí

AGUS

..... Freagróir/Cosantóir

ACHOMHARC I bhFOIRM CÁIS SHONRAITHE

BÍODH SEO INA FHÓGRA go ndéanfaidh an ..... thuasainmnithe, Achomharcóir, ar cheithre lá a bheith caite ó dháta a sheirbheála seo nó a luaithe a bheidh caoi ann chuige sin dá éis sin, iarratas chun na Cúirte Onóraí seo i bhfoirm Achomhairc ó Bhreithiúnas agus ó Ordú na Cúirte Cuarda dar dáta an lá de ar na forais a leagtar amach anseo thíos.

AGUS BÍODH SEO INA FHÓGRA gurb iad seo a leanas téarmaí agus forálacha an Ordaithe sin:

AGUS BÍODH SEO INA FHÓGRA gurb iad seo a leanas forais an Achomhairc:

Arna dhátú an lá seo de .

Arna shíniú .....
Achomharcóir/Aturnae thar ceann an Achomharcóra

Do: Na Freagróirí

FOIRM 38C

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

MAIDIR LEIS AN ACHT UM THOGHCHÁIN ÁITIÚLA (ACHAINÍOCHA AGUS DÍCHÁILÍOCHTAÍ), 1974, AGUS MAIDIR LEIS NA TOGHCHÁIN ÁITIÚLA DO (CUIR ISTEACH AN LIMISTÉAR) .....

A RINNEADH AN LÁ DE .

IDIR

..... Achainíoch/Gearánaí

AGUS

..... Freagróir/Cosantóir

CÁS SONRAITHE SAINCHOMHAIRLEACH

Is cás é seo arna shonrú de bhun fhorálacha fho-alt (1) d'alt 23 den Acht um Thoghcháin Áitiúla (Achainíocha agus Dícháilíochtaí), 1974, agamsa ..... as ..... i gContae .....

Is é ..... a d'iarr an cás sonraithe.

Cruthaíodh nó admhaíodh na fíorais seo a leanas os mo chomhair le linn éisteacht na caingne a bhfuil a teideal thuas an lá de .

Iarrtar tuairim na Cúirte Uachtaraí ar an gceist dlí seo a leanas:

Is iad seo a leanas na haighneachtaí a rinne gach páirtí chugam maidir leis an léiriú ceart ar an gceist dlí sin:

Arna dhátú an lá seo de .

Arna shíniú .....
Achomharcóir/Aturnae thar ceann an Achomharcóra

Do: Na Freagróirí

FOIRM 38D

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

MAIDIR LEIS AN ACHT UM THOGHCHÁIN ÁITIÚLA (ACHAINÍOCHA AGUS DÍCHÁILÍOCHTAÍ), 1974, AGUS MAIDIR LEIS NA TOGHCHÁIN ÁITIÚLA DO (CUIR ISTEACH AN LIMISTÉAR) .....

A RINNEADH AN LÁ DE .

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

FÓGRA FAOI BHILLE SIBHIALTA TOGHCHÁIN A THARRAINGT SIAR

BÍODH SEO INA FHÓGRA go ndéanfaidh an Gearánaí thuasainmnithe iarratas ar chead chun an Bille Sibhialta Toghcháin san imeacht seo a tharraingt siar ag suí na Cúirte ar 10.30 a.m. roimh nóin an lá de , i ..... i gContae .....

AGUS BÍODH SEO INA FHÓGRA THAIRIS SIN go bhféadfaidh aon duine, tráth éisteachta an iarratais seo, a iarraidh ar an gCúirt é féin a chur in ionad an Ghearánaí thuasainmnithe.

AGUS IS IAD FORAIS AN IARRATAIS SIN an mhionnscríbhinn ón nGearánaí thuasainmnithe arna mionnú san imeacht seo an lá de , an Chosaint arna seachadadh san imeacht seo, cineál an cháis atá ann agus na fáthanna a luafar.

Arna dhátú an lá seo de .

Arna shíniú .....
Gearánaí/Aturnae thar ceann an Ghearánaí

Do: An Cosantóir/Na Cosantóirí

Agus

Do: Gach duine ar ar seirbheáladh an Bille Sibhialta

FOIRM 39

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

ORDÚ AG AISTRIÚ TRIALACH GO DTÍ CUAIRD BHAILE ÁTHA CLIATH

ORDAÍTEAR LEIS SEO, de bhun Ordú 63 de na Rialacha Cúirte Cuarda, go n-aistreofar an triail sna himeachtaí thuasainmnithe go dtí Cuaird Bhaile Átha Cliath de réir alt 31 d'Acht na gCúirteanna, 1981, ar na téarmaí seo a leanas:

1. [Cuir isteach anseo an suí de Chúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath ar aistríodh an triail chuige]

2. [Cuir isteach anseo an bhfuil an cúisí faoi choimeád nó faoi bhannaí]

3. [Cuir isteach anseo ainm agus seoladh an chúisí nó, má tá aturnae ag feidhmiú dó/di, ainm aturnae an chúisí]

LE hORDÚ ÓN gCÚIRT

Cláraitheoir Contae

FOIRM 40

AN CHÚIRT CHUARDA

CUAIRD CONTAE

MAIDIR LE hALT 14 DEN ACHT UM DHLÍNSE CÚIRTEANNA AGUS FORGHNÍOMHÚ BREITHIÚNAS (NA COMHPHOBAIL EORPACHA), 1998

IDIR

..... Gearánaí

AGUS

..... Cosantóir

DEIMHNIÚ DE BHUN ALT 12(*b*) DEN ACHT UM DHLÍNSE CÚIRTEANNA AGUS FORGHNÍOMHÚ BREITHIÚNAS (NA COMHPHOBAIL EORPACHA), 1998

DEIMHNÍTEAR LEIS SEO go ndearna an Chúirt Onórach seo an tOrdú/an Fhoraithne/an Breithiúnas i Scríbhinn, a bhfuil cóip de/di i gceangal leis seo ag Iarscríbhinn ''A'', an lá de , ar Ordú/Foraithne/Breithiúnas i Scríbhinn é/í sin a fíordheimhníodh le Séala na Cúirte agus a ndearna mé é/í a shíniú an lá de .

DEIMHNÍTEAR THAIRIS SIN LEIS SEO go bhfuil cóip dheimhnithe den Bhille Sibhialta nó den doiciméad tionscnaimh eile lenar tosaíodh na himeachtaí i gceangal leis seo ag Iarscríbhinn ''B''.

Arna dhátú an lá seo de

Séala na Cúirte

Arna shíniú .....
Cláraitheoir Contae

MEABHRÁN I nDÁIL LE hEISIÚINT BILLÍ SIBHIALTA

Tá na Rialacha is infheidhme i ndáil le Billí Sibhialta a eisiúint in Ordú 11 de na Rialacha seo. Is mian le Coiste Rialacha na Cúirte Cuarda nósanna imeachta a bheith infheidhme sa Chúirt Chuarda cosúil leis na nósanna imeachta atá ag leibhéal na hArd-Chúirte, trína n-eiseofaí an doiciméad tionscnaimh ón Oifig agus trína measfaí é a eisiúint an tráth sin chun críche Reacht na dTréimhsí, 1957. Coisctear an aidhm sin a bhaint amach le halt 7 d'Acht na gCúirteanna, 1964, ina luaitear go meastar, i gcás Bille Sibhialta a sheirbheáil leis an bpost cláraithe (agus is é sin an gnáthmhodh seirbheála anois), an Bille Sibhialta sin a eisiúint amhail tráth na postála. Rinneadh na Rialacha láithreacha a dhréachtú i slí a choinníonn tagairt do cheanglais alt 7 agus coinnítear tagairt shonrach d'alt 7 mar gheall ar na drochiarmhairtí fíormhóra is féidir teacht d'easpa soiléireachta i ndáil leis an dáta eisiúna. Coisctear comhfhreagairt amhail idir na Rialacha Cúirte Cuarda agus Rialacha na nUaschúirteanna le halt 7, áfach, agus coisctear riail ghinearálta leis trína n-eisítear gach Bille Sibhialta ar dháta áirithe, i.e., an dáta ar a n-eisítear iad san Oifig. Tá an Coiste den tuairim, freisin, gur cúis mhóréiginnteachta agus mhórmhearbhaill (a bhféadfaidh go dtiocfaidh caingne chun bheith faoi urchosc reachta, contrártha d'ionchais na bpáirtithe agus a ndlíodóirí, de thoradh air sin) atá in alt 7 mar go ndéantar socrú leis maidir le dáta eisiúna eile in imthosca áirithe, i.e., i gcás go n-eisítear an Bille Sibhialta leis an bpost cláraithe agus ar an gcaoi sin go ndéantar aonfhoirmeacht a chosc. Dá bhrí sin, áitíonn Coiste Rialacha na Cúirte Cuarda go ndéanfaí alt 7 d'Acht na gCúirteanna, 1964, a aisghairm go práinneach.

Coiste Rialacha na Cúirte Cuarda,
Iúil, 1999.

INNÉACS DO NA RIALACHA

ACHOMHAIRC
An tAcht um Thoghcháin Áitiúla (Achainíocha agus Dícháilíochtaí), 1974 (Uimh. 8 de 1974), O.58
Alt 23 den Acht Cúirteanna Breithiúnais (An Chúirt Dúiche), 1946, O.41
Alt 63 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1924, O.42
Alt 77A den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1924, O.41
Chun na Cúirte Achomhairc Choiriúil, O.42
Faoin Acht um Chosaint Sonraí, 1988 (Uimh. 25 de 1988), O.60
Fógra chun achomharc a dhéanamh chun an Bhinse Achomhairc Fostaíochta, O.57, r.1
Ón gCúirt Dúiche, O.41
An tréimhse ama le haghaidh gach achomhairc a fhadú, O.41

ACHTANNA NA dTITHE
Achomharc chun na Cúirte Cuarda faoi Alt 72 d'Acht na dTithe, 1966 (Uimh. 21 de 1966), O.54, r.1
Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1979 (Uimh. 27 de 1979), O.55
Alt 72 d'Acht na dTithe, 1966 (Uimh. 21 de 1966), O.54, r.1
Alt 73 d'Acht na dTithe, 1966 (Uimh. 21 de 1966), O.54, r.4
Bille Sibhialta Tithíochta a eisiúint, O.54, r.4, O.55, r.2
Costais aon chaingne lena mbaineann an tOrdú seo, O.54, r.7
Iarratas chun na Cúirte ar Ordú ag foirceannadh léasa faoi Alt 73 d'Acht na dTithe, 1966 (Uimh. 21 de 1966), O.54, r.4

ADMHÁLACHA
Doiciméid a admháil, O.31

AIRGEAD
Fiacha a astú trí ghairnisí, O.38
Ordú forghníomhaithe chun airgead a ghnóthú, O.36

ASTÚ AGUS CIMIÚ
Ordú astaithe nó cimithe, O.37

BILLÍ SIBHIALTA
Achtanna na gCúirteanna Breithiúnais, 1924-1995, O.13, r.4
Alt 7 (6) (*a*) (ii) d'Acht na gCúirteanna, 1964, O.11, r.3, 5, 21
An Dlí Teaghlaigh, O.59, r.2
Athnuachan, O.12, O.19, r.1 (ix)
Bille Sibhialta Tiomnach, O.50, r.1
Breithiúnas mainneachtana i gcásanna éileamh leachtaithe agus éileamh chun earraí agus airnéisí a sheachadadh, O.13, O.26
Caingne probháide, Bille Sibhialta a sheirbheáil, O.13, r.4, O.50
Cóipeanna díobh, nuair is gá, O.12, r.4
Cothromas, O.46
Dearbhú reachtúil i dtaobh Billí Sibhialta a sheirbheáil, O.11, r.21
Eisiachtain, ar an teideal, O.5, r.2
Eisiúint, O.11, O.13, O.14
Fógra a thabhairt in ionad Seirbheáil a dhéanamh, O.11, r.12
Fógra Foriarratais, chun achomharc a dhéanamh faoin Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963 (Uimh. 36 de 1963), O.56, r.1
Foréigean Baile, O.59, r.5
Formhuiniú seirbheála, O.11, r.21
Iarratas ar chead chun seirbheáil a dhéanamh, O.13, r.2
Iarratas chun a dhearbhú duine a bheith ina dhuine/ina duine mímheabhrach, O.47
Le haghaidh seirbheála lasmuigh den dlínse, O.11, r.4, O.13, O.14
Pleanáil, O.56, r.2
Seirbheáil, O.11, r.8, 9, 10, 11, O.13, O.19, r.1 (vi)
Seirbheáil i gCaingne Probháide, O.13, r.4

BILLÍ SIBHIALTA—*ar leanúint*
Seirbheáil in aon chaingean chun talamh a aisghabháil, O.51, r.1 (4)
Seirbheáil lasmuigh den dlínse, O.11, r.4, O.13
Seirbheáil lasmuigh den dlínse faoin Acht um Dhlínse Cúirteanna agus Forghníomhú Breithiúnas (Na Comhphobail Eorpacha), 1998, O.14
Seirbheálaí Toghairme, O.11, r.5, 7, 16, 17
Tiarnaí Talún agus Tionóntaí, O.51, r.2
Tithíocht, O.54, O.55
Toghchán, chun toghchán áitiúil a thabhairt faoi cheist, O.58

BREITHEAMH
Achomhairc ón gCúirt Dúiche, O.41
Banna nó cúirtbhanna a fhorghníomhú, O.44
Finné le linn trialach agus é/í, O.33, r.6, 10, 13
Modh aithisc, O.3, r.2
Pléadáil nó doiciméid eile a leasú, O.65
Róbaí, O.3, r.1
Suíonna i ndlísheomraí agus iarratais idirbhreitheacha, O.20

BREITHIÚNAIS
Airteagail 16 agus 18 de Choinbhinsiún 1968 ar dhlínse agus ar fhorghníomhú Breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála, O.14, r.1 (iii), O.27, r.4 (iv)
Airteagal 20 de Choinbhinsiún 1968 ar dhlínse agus ar fhorghníomhú Breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála, O.27, r.4 (ii)
Alt 12 (*b*) den Acht um Dhlínse Cúirteanna agus Forghníomhú Breithiúnas (Na Comhphobail Eorpacha), 1998, O.61, r.2, 3
Alt 12 (*c*) den Acht um Dhlínse Cúirteanna agus Forghníomhú Breithiúnas (Na Comhphobail Eorpacha), 1998, O.61, r.4
Athbhreithniú, O.30
Breithiúnais mhainneachtana i gcásanna éileamh leachtaithe agus éileamh chun earraí agus airnéisí a sheachadadh, O.13, O.26, O.27
Breithiúnas achomair, O.28
Ceadaítear costais i gcásanna breithiúnais mainneachtana, O.26, r.7
Ceartuithe a dhéanamh ar dhearmaid chléireachais in orduithe nó i mbreithiúnais, O.65, r.3
D'éagmais láithris, O.61, r.4
Doiciméid a chur ar fáil de bhun Alt 14 den Acht um Dhlínse Cúirteanna agus Forghníomhú Breithiúnas (Na Comhphobail Eorpacha), 1998, O.61
Forghníomhú, O.36
Foriarratais ar Bhreithiúnas, O.59, r.4 (10)
Le toliú san oifig, O.29
Ordú ar Bhreithiúnas d'éagmais Láithris nó Cosanta, O.27, r.4
Seirbheáil lasmuigh den dlínse faoin Acht um Dhlínse Cúirteanna agus Forghníomhú Breithiúnas (Na Comhphobail Eorpacha), 1998, O.14, O.27

BREITHIÚNAS ACHOMAIR
Iarratas air, O.28

CAINGNE
Ag gnólachtaí agus ag daoine a bhfuil gnó á sheoladh acu faoi ainmneacha seachas a n-ainmneacha féin, agus caingne ina gcoinne, O.8
Aistriú chun na Cúirte nó chun na hArd-Chúirte, O.35
Costais, tar éis scor de chaingean, O.21, r.3, 4, 5
Dhá chaingean nó níos mó a uamadh, O.59, r.15
An gearánaí do scor de chaingean i gcoinne cosantóra, O.21
Ionad caingne a bhaineann le teideal chun talún, O.2 (*a*)
Probháid, O.50

CAINGNE PROBHÁIDE
An tAcht Comharbais, 1965, O.50
Bille Sibhialta a sheirbheáil, O.13, r.4

CAINGNE PROBHÁIDE—*ar leanúint*
Bille Sibhialta Tiomnach, O.50, r.1 (*a*)
Bille Sibhialta Tiomnach a eisiúint, O.50, r.1 (*b*)
Bille Sibhialta um an Dlí Comharbais, O.50
Páirtithe ag cur i gcoinne uachta, O.50, r.12
An Phríomh-Chlárlann Phrobháide, O.13, r.1
Probháid nó Litreacha Riaracháin a chúlghairm, O.50, r.4
Taisceadh *caveat* i gcoinne deonú Probháide nó Litreacha Riaracháin, O.50, r.3
Uacht a chur ar aird i bhfoirm frithéilimh, O.50, r.7

CÁSANNA SONRAITHE
Alt 16 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1947, O.62
Alt 428 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, O.62, r.6
Alt 428(2) den Acht Cánach Ioncaim, 1967, O.62, r.7, 10
Alt 430 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, O.62, r.6

CÍOS
Imeachtaí ina leith, O.10, r.2
Neamhíoc, O.5, r.2, O.25, r.15 (2), O.28, r.6
Riaráistí, O.9, r.2

CLÁRAITHEOIR CONTAE
Na hAchtanna um Fhianaise Leabhar Baincéirí, 1879 agus 1959, O.18
Achomhairc ón gCúirt Dúiche, O.41
Alt 34(1) d'Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 1995, agus an Dara Sceideal a ghabhann leis, O.18, r.1
Cláraitheoir na Cúirte do sheirbheáil orduithe, O.59, r.4 (37)
Dualgais, O.18
Fiosrúcháin nó Cuntais a thógáil, O.48
Fógra ceadaithe, O.48, r.12
Iarratais phráinneacha, O.1, r.5
Iarratais taoibhe, O.19
Leabhar astaithe fiach, O.38, r.8
Leabhar Díobhálacha Mailíseacha, O.52, r.1 (11)
Ordú 33, riail 1, de Rialacha na nUaschúirteanna, O.18, r.1 (xxv)
Ordú 39, riail 30, de Rialacha na nUaschúirteanna, O.18, r.1 (xxiii)
Orduithe a fhéadfaidh an Cláraitheoir Contae a dhéanamh, O.18, r.1
Riail IX d'Alt 66 den *Chancery (Ir.) Act*, 1867 (30 agus 31 Vic. c.44), O.48, r.23
Síniú, O.4, r.1

CLÁRÚ
An tAcht um Chlárú Ainmneacha Gnó, 1963, O.8, r.7

COSAINT
Forais ar a ndíospóideann an cosantóir éileamh an ghearánaí, O.15, r.5, O.65
Pléadáil i ndiaidh cosanta, O.15, r.18, O.17
Seirbheáil, O.59, r.4 (9)

COSAINT SONRAÍ
Achomhairc chun na Cúirte Cuarda, O.60, r.2
An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988 (Uimh. 25 de 1988), O.60
Alt 9 den Acht um Chosaint Sonraí, 1988 (Uimh. 25 de 1988), O.60, r.1
Alt 10 (1) (*a*) den Acht um Chosaint Sonraí, 1988 (Uimh. 25 de 1988), O.60, r.2 (*a*)
Alt 17 den Acht um Chosaint Sonraí, 1988 (Uimh. 25 de 1988), O.60, r.2 (*a*)
Alt 26 den Acht um Chosaint Sonraí, 1988 (Uimh. 25 de 1988), O.60, r.2, 5

COSANTÓIR
Láithreas a thaifeadadh, O.15, r.4

COSTAIS
An tAcht Cúirte Cuarda (Breithiúnais a Chlárú), 1937, O.66, r.19
An tAcht Cúirteanna Breithiúnais, 1924, O.66, r.19

COSTAIS—*ar leanúint*
An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997, O.57, r.4
Alt 48(i) den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1924, O.66, r.20
Alt 48(v) den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1924, O.66, r.27 (13)
Aon chaingean a bhaineann le hAcht na dTithe, 1966, O.54, r.7
Aon iarratas chun fiacha a astú, O.38, r.9
Aon pháirtí in aon imeacht sa Chúirt, O.5, r.6, O.66
Billí costas, fómhas, O.18, r.6, O.66, r.20
Cáin Bhreisluacha iníoctha ag éilitheoir ar chostais dhlíthiúla, O.28, r.10
Ceadaítear iad i gcásanna breithiúnais mainneachtana, O.26, r.7
Follasú, O.32, r.7
Idir tríú páirtí agus páirtithe eile sa chaingean, O.7, r.9
Imeachtaí dlí teaghlaigh, O.59, r.4 (34)
Mionnscríbhinní, O.25, r.16
Scor de chaingean agus costais, O.21
Sonraí agus sonraí breise in éileamh nó i gcosaint, O.17, r.6
Urrús ina leith, O.16

CUIDEACHTAÍ
Acht na gCuideachtaí, 1990, O.53, r.3
An tAcht um Chlárú Ainmneacha Gnó, 1963, O.8, r.7
Alt 12B(3) nó 12B(7) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1982, O.53, r.3
Caingne ag gnólachtaí agus ag daoine a bhfuil gnó á sheoladh acu faoi ainmneacha seachas a n-ainmneacha féin, agus caingne ina gcoinne sin, O.8
Cuideachtaí a chur ar ais ar an gclár de bhun Alt 46 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh. 2), 1999, O.53
Fiacha atá dlite de ghnólacht, O.8, r.5, O.38

CÚIRT
Alt 4 d'Acht na gCúirteanna (Bunú agus Comhdhéanamh), 1961, O.67, r.8
Alt 10 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1947, O.1, r.4
An cláraitheoir do sheirbheáil orduithe, O.59, r.4 (37)
Cuid III den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1947, O.1, r.1
Dlínse a aistríodh chun na Cúirte faoi Alt 51 d'Acht na gCúirteanna Breithiúnais, 1924, O.67, r.8
Iarratais phráinneacha, fógra go bhfuil ar intinn iarratas a dhéanamh, O.1, r.5, O.30, r.1
Séala na Cúirte, O.4
Suíonna de Chúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath, O.1, r.2
Suíonna den Chúirt Dúiche, O.1, r.1
An teanga a úsáidtear i ndoiciméid Chúirte nó in éisteachtaí sa Chúirt, O.1, r.6
Tréimhsí saoire, O.1, r.3
Uaireanta oifige, O.1, r.7

CUNTAIS
An Cláraitheoir Contae do dhéanamh fiosrúchán nó do thógáil cuntas, O.48
Riail IX d'Alt 66 den *Chancery (Ir.) Act*, 1867 (30 agus 31 Vic. c.44), O.48, r.23

DEOCHANNA MEISCIÚLA
Iarratas ar cheadúnais Mháil chun iad a dhíol, O.49

DÍOBHÁLACHA MAILÍSEACHA
An tAcht Díobhálacha Mailíseacha, 1981, O.52, r.1
Alt 5 den *Local Government (Ireland) Act,* 1898, O.52, r.2
Alt 106 den *Grand Jury (Ireland) Act*, 1836, O.52, r.2
Costais agus caiteachais fhinnéithe, O.52, r.1 (13), O.66, r.5
Díobhálacha coiriúla do Phearsa Duine, O.52, r.2

DÍOLACHÁIN
Talamh nó maoin, O.43

DLÍ AN PHÓSTA
Foraithne Cholscartha, O.59, r.4 (4) (*a*)
Foraithne Idirscartha Bhreithiúnaigh O.59, r.4 (4) (*b*)
Iarratais Eatramhacha agus Idirbhreitheacha, O.59, r.4 (23)
Imeachtaí lasmuigh den dlínse, Bille Sibhialta, O.13, r.1 (*n*)

DLÍSHEOMRAÍ
Suíonna i nDlísheomraí agus iarratais idirbhreitheacha, O.20

AN DLÍ TEAGHLAIGH
Acht na Leanaí, 1997, O.59, r.4 (3) (*a*), r.4 (4) (*h*)
An tAcht um an Dlí Teaghlaigh, 1995, O.59, r.4
An tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996, O.59, r.4
An tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí), 1976, O.59, r. 4 (9) (*d*), r.4 (29)
An tAcht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964, O.59, r.4 (4) (*h*), (3) (*a*)
An tAcht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh, 1976, O.59, r.4 (3) (*a*), r.4 (33), r.4 (4) (*i*)
An tAcht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh, 1976 (Uimh. 27 de 1976), O.59, r.4 (3) (*a*), r.4 (4) (*j*)
An tAcht um Fhoréigean Baile, 1996 (Uimh. 1 de 1996), O.59, r.5 (1) (2) (11) (12)
An tAcht um Idirscaradh Breithiúnach agus Athchóiriú an Dlí Teaghlaigh, 1989, O.59, r.4 (6) (7) (*a*) (8)
Na hAchtanna Pinsean, 1990-1996, O.59, r.4 (4) (18)
Na hAchtanna um Chlárú Breitheanna agus Básanna, 1863 go 1987, O.59, r.1 (7)
Alt 12 den Acht um Stádas Leanaí, 1987, O.59, r.1 (4)
Athair cláraithe a cheapadh ina chaomhnóir, O.59, r.1
Bille Sibhialta Cothromais, O.59, r.4 (33)
Bille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh, O.59, r. 2 (2) (3) (4) (5) (6)
Bille Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh a eisiúint agus a thaifeadadh, O.59, r.4 (6)
Billí Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh a sheirbheáil, O.59, r.4 (7)
Costais imeachtaí, O.59, r.4 (34)
Cuid VI den Acht um Stádas Leanaí, 1987, O.59, r.2 (8)
An Dara Sceideal a ghabhann le hAcht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 1995, O.59, r. 4 (23) (*f*)
Dearbhú Stádais Phósta, O.59, r.4 (*e*)
Dearbhú Tuismíochta, O.59, r.2
Dleacht stampa (gan a bheith iníoctha) faoin Acht um Fhoréigean Baile, 1996, O.59, r.5 (12)
Éisteachtaí a bheith i gcúirt iata, ar fhianaise béil, O.59, r.4 (21)
Faoiseamh agus iarratais thar ceann daoine cleithiúnacha, O.59, r.4 (26)
Faoiseamh faoi alt 33 den Acht um an Dlí Teaghlaigh, 1995, O.59, r.4 (28)
Faoiseamh tar éis colscaradh coigríche nó idirscaradh lasmuigh den Stát, O.59, r.4 (*c*)
Foirm na n-imeachtaí, O.59, r.4 (4)
Foraithne Cholscartha, O.59, r.4 (4) (*a*)
Foraithne Idirscartha Bhreithiúnaigh, O.59, r.4 (4) (*b*)
Frithéilimh a bheidh tugtha ag Freagróir, O.59, r.4 (20)
I leith faoisimh de bhun Alt 15A nó Alt 25 den Acht um an Dlí Teaghlaigh, 1995, O.59, r.4 (*g*)
I leith faoisimh de bhun Alt 18 den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996, O.59, r. 4 (*g*)
I leith faoisimh faoi Acht 1964 nó Acht 1997, O.59, r.4 (*h*)
I leith faoisimh faoi Acht 1976, O.59, r.4 (*i*)
I leith faoisimh faoin Dara hAcht ó 1976, O.59, r.4 (*j*)
Iarratais Eatramhacha agus Idirbhreitheacha, O.59, r.4 (23)
Iarratais faoi Alt 8 den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí), 1976, O.59, r.4 (29)
Iarratas ar Ordú Cosanta, O.59, r.5 (4)

AN DLÍ TEAGHLAIGH—*ar leanúint*
Imeachtaí Billí Sibhialta um an Dlí Teaghlaigh, O.59, r.4 (4)
Imeachtaí lasmuigh den dlínse, Bille Sibhialta, O.13, r.1 (*j*)
An *Judgments (Ireland) Act*, 1844, O.59, r.4 (33)
Láithreas a thaifeadadh chun iarratas a chonspóid, O.59, r.4 (8)
Mionnscríbhinn Acmhainne, O.59, r.4 (17) (18)
Mionnscríbhinn Leasa, O.59, r.4 (19)
Neamhniú, O.59, r.4 (*d*)
Orduithe cothabhála cnapshuime, O.59, r.4 (*g*) (ii)
Saincheisteanna maoine idir céilí a chinneadh, O.59, r.4 (*f*)
Seirbheáil lasmuigh den dlínse, O.13, r.1 (*n*)
Tástálacha Fola i gcás a mbeidh Ceist ann faoin Tuismíocht, O.59, r.3

DOICIMÉID AGUS AGARCHEISTEANNA
Follasú agus iniúchadh, O.32

DUINE MÍMHEABHRACH
Agra a dhéanamh trína chúramaí/trína cúramaí nó trína neaschara, O.6, r.8, O.19
Cláraitheoir na gCoimircithe Cúirte, O.47, r.16
Costas imeachtaí i ndáil le daoine mímheabhracha, O.66, r.27 (12)
Cúramaithe Gealt, O.47, r.16
Iarratas chun a dhearbhú duine a bheith ina dhuine/ina duine mímheabhrach, O.47
Ina chosantóir/ina cosantóir i gcaingean, O.11, r.15
Ionad caingne faoin dlínse maidir le gealtacht, O.2 (*d*)
Láithreas a thaifeadadh, O.47, r.5, O.15, r.3
Orduithe Ginearálta um Ghealtacht (27 Meitheamh, 1879), O.47, r.16
Seirbheáil ar Chúramaí na Geilte, O.11, r.15

ÉILIMH
Éilimh a uamadh, O.9
Formhuiniú, O.10
Talamh a aisghabháil, O.9, r.2

FIACHA
Costais aon iarratais ar astú féich, O.38, r.9
Dlite de ghnólacht, O.8, r.5, O.38
Earraí nó airnéisí a urghabhadh i bhforghníomhú mar urrús ar fhiach, O.40, r.12
Fiacha a astú trí ghairnisí, O.38
Sceideal táillí, O.5, r.6
Sonraí agus sonraí breise in éileamh nó i gcosaint, O.17

FIANAISE
Imeachtaí dlí teaghlaigh, a bheith i gcúirt iata, ar fhianaise béil, O.59, r.4 (21)
Scrúdú, O.23

FINNÉITHE
Caiteachais fhinnéithe, O.52, r.1 (13), O.66, r.5
Freastal, in imeacht, O.24, O.33, r.8
Toghairm fhinné a sheirbheáil, O.24, r.3

FÓGRA
Faoi gach iarratas faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1977, O.11, O.57, r.4
Foriarratas chun féichiúnaí a chimiú, O.36, r.21
Gearánaí do mhainneachtain fógra trialach a sheirbheáil, O.33, r.4
Triail, O.33
Tríú páirtí, O.7, r.1

FORGHNÍOMHÚ
Ailt 70 agus 71 den *Landlord and Tenant Law Amendment Act (Ireland)*, 1860, O.51, r.1 (8)
Breithiúnas nó Ordú chun airgead a íoc, O.36
Ordú forghníomhaithe a athnuachan, O.36, r.14

FORGHNÍOMHÚ—*ar leanúint*
Ordú forghníomhaithe i leith seilbhe in eisiachtain i leith neamhíoc cíosa, O.51, r.1 (7)

FORIARRATAIS
Fógra foriarratais, O.64, r.1, 2
Mionnscríbhinní a úsáidtear mar thacaíocht le haon fhoriarratas, O.64, r.3

FOSTAÍOCHT
An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997, O.57, r.4
An tAcht um Íoc Pá, 1991, O.57, r.2
An tAcht um Shaoire Uchtaíoch, 1995, O.57, r.3
Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977-1993 (Uimh. 10 de 1977, Uimh. 5 de 1991 agus Uimh. 22 de 1993), O.57, r.1
An Binse Achomhairc Fostaíochta, O.57, r.1, 2

FRITHÉILEAMH
Costais agus frithéileamh, O.66, r.16
Iarratas ar Dhearbhú Stádais Phósta, O.59, r.4 (20) (*e*)
Iarratas ar fhaoiseamh tar éis colscaradh nó idirscaradh lasmuigh den Stát, O.59, r.4 (20) (*c*)
Iarratas ar fhoraithne cholscartha, O.59, r.4 (20) (*a*)
Iarratas ar fhoraithne idirscartha bhreithiúnaigh, O.59, r.4 (20) (*b*)
Iarratas ar fhoraithne neamhnithe, O.59, r.4 (20) (*d*)
Imeachtaí, O.33, r.7
Pléadáil ina dhiaidh, O.15, r.18, 19, O.17
Uacht a chur ar aird i bhfoirm frithéilimh, O.50, r.7

GINEARÁLTA
Alt 4 d'Acht na gCúirteanna (Bunú agus Comhdhéanamh), 1961, O.67, r.8
Alt 42 den *County Officers and Courts (Ireland) Act,* 1877, O.67, r.11
Alt 51 d'Acht na gCúirteanna Breithiúnais, 1924, O.67, r.8

GLACADÓIR
Ceapadh, O.39
Le haghaidh forghníomhú i gcothromas, O.39
Riarthóirí *pendente lite* agus glacadóirí, O.45

IDIRPHLÉADÁIL
Faoiseamh i bhfoirm idirphléadála a thabhairt, O.40, r.1
Iarratas a eisiúint, O.40, r.5
Iarratas uirthi, O.40
Imeacht, O.13, r.1 (*k*)

IMEACHTAÍ
An tAcht Comharbais, 1965, O.13, r.1 (*o*)
An tAcht Cúirteanna Breithiúnais, 1924 (An Príomh-Acht) (Uimh. 10 de 1924), O.46
An tAcht um Dhlínse Cúirteanna agus Forghníomhú Breithiúnas, 1998, O.5, r.10 (*a*)
Achtanna na nIontaobhaithe, O.46
Na hAchtanna um Fhaoiseamh d'Iontaobhaithe, O.46
Na hAchtanna um Thalamh Socraithe, O.46
Alt 48(1) den Phríomh-Acht, O.5, r.8, 9
Ar bhillí malairte nó urrúis eile i leith airgid, O.10, r.1
Bac ar imeachtaí, O.17, r.5
Billí Sibhialta Eisiachtana, O.5, r.2
Bille Sibhialta, eisiúint, O.5, r.1
Caingne ag gnólachtaí agus ag daoine a bhfuil gnó á sheoladh acu faoi ainmneacha seachas a n-ainmneacha féin, agus caingne ina gcoinne, O.5, r.3, O.8
Chun Probháid nó Litreacha Riaracháin a chúlghairm, O.50
Coinbhinsiún 1968 ar Dhlínse agus ar Fhorghníomhú Breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála, O.5, r.10, O.14

IMEACHTAÍ—*ar leanúint*
Costais in imeachtaí faoi réim fhorálacha Alt 48 (1) den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1924, O.66, r.20
County Officers and Courts (Ireland) Act, 1877, O.46
Daoine mímheabhracha, O.13, r.1 (*j*), O.66, r.27 (12)
Dlínse theidil, O.5, r.2
I leith cíosa, O.10, r.2
Iarratais taoibhe a cheadaítear, O.19
Imeachtaí cothromais, O.66, r.27
Imeachtaí eisiachtana i leith neamhíoc cíosa, O.51, r.1
Luacháil Dhlí na mBocht, O.5, r.2
Neamhíoc cíosa, O.5, r.2
Nósanna imeachta tríú páirtí, O.7
An Príomh-Acht, O.5, r.8, 9, O.46, r.1
Sceideal táillí, O.5, r.6
Seirbheáil lasmuigh den dlínse i gcás Bille Shibhialta, O.13, r.1 (*j*)
Tionscnamh, O.5

IONAD
Ábhair a bhaineann le cothromas, O.2 (*b*)
An tAcht um Fhoréigean Baile, 1996, O.59, r.5
Caingne a bhaineann le talamh, O.2 (*a*)
Cásanna maidir le pósadh, O.2 (*g*)
Ceartú an Chláir, O.2 (*a*)
An dlínse maidir le gealtacht, duine mímheabhrach, O.2 (*d*)
An dlínse maidir le probháid, O.2 (*c*)
Eastáit daoine éagtha a riaradh, O.2 (*c*)
Imeachtaí faoin Dlí Teaghlaigh, cásanna, O.59, r.4 (2)
Sainchónaí corparáide nó comhlachais, O.2 (*j*)
Teideal II de Choinbhinsiún 1968, Airteagal 2, 8.1, 11, 14 nó 16, O.2 (*h*) (*i*)

LÁITHREAS
Athrú páirtithe, O.22
Fógra Láithris don Bhinse Achomhairc Fostaíochta, O.57, r.1
Taifeadadh, O.5, r.4, O.15, r.1, 2, O.22, O.26, r.1, O.59, r.4 (8)
Tréimhse ama chun láithreas a thaifeadadh, O.14, r.4, O.15, r.2

LEAS
Mionnscríbhinn Leasa, O.59, r.4 (19)

LEASUITHE
Ar dhearmaid chléireachais i mBreithiúnais nó in Orduithe, O.65, r.3
Ar phléadálacha nó ar dhoiciméid eile, O.15, r.5, O.65

MIONNSCRÍBHINNÍ
A úsáidfear chun Iarratas ar Bhreithiúnas a fhorasú, O.26, r.9
A úsáidfear chun Iarratas ar Bhreithiúnas Achomair a fhorasú, O.28, r.10
Acmhainn, O.59, r.4 (17) (18)
Arna gcomhdú ag duine a bheidh ag iarraidh go ndéanfaí Ordú Forghníomhaithe a athnuachan, O.36, r.14
Déanamh, O.11, r.7, O.25, O.26, r.4
Leas, O.59, r.4 (19)
Uiríoll, O.59, r.4 (16)

NAÍON
An tAcht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964, O.59, r.4
Na hAchtanna um Chlárú Breitheanna agus Básanna, 1863 go 1987, O.59, r.1 (7)
Imeachtaí chun maoin naíon a chosaint, O.66, r. 27 (9)
Imeachtaí lasmuigh den dlínse, Bille Sibhialta, O.13, r.1 (*j*)
Láithreas a thaifeadadh, O.15, r.3
Ordú chun cistí a íoc amach as an gCúirt le naíon ar é/í do theacht i lán-aois, O.18, r.1 (xv)

NÓS IMEACHTA TRÍÚ PÁIRTÍ
Costais idir tríú páirtí agus páirtithe eile, O.7, r.9
Fógra tríú páirtí, O.7, r.1, O.18, r.1 (xxix)
Iarratas ar chead chun fógra tríú páirtí a eisiúint, O.7, r.3

ORDÚ URCHOISC
An tAcht um Fhoréigean Baile, 1996 (Uimh. 1 de 1996), O.59, r.5
Iarratas air, O.59, r.5
Féach faoin DLÍ TEAGHLAIGH (Foréigean Baile)

PÁIRTITHE
Athrú, O.22
Cosantóirí, O.6, r.1
Duine mímheabhrach, O.6, r.8
Gearánaithe, O.6, r.1
Iarratais taoibhe, O.19
Imeachtaí a bhfuil baint ag daoine mímheabhracha leo, O.6, r.8
Imeachtaí a bhfuil baint ag naín leo, O.6, r.5, 6, 7
Nósanna imeachta tríú páirtí, O.7
Riail 9 d'Alt 66 den *Chancery (Ireland) Act*, 1867, O.6, r.14
Talamh a aisghabháil, O.6, r.11

PLEANÁIL
An tAcht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963 (Uimh. 36 de 1963), O.56, r.1
An tAcht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1976 (Uimh. 20 de 1976), O.56, r.2, 3
An tAcht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1992 (Uimh. 14 de 1992), O.56, r.3

RIARÁISÍ
Cíos, O.9, r.2

RIARTHÓIRÍ
Cuntais ghlacadóirí agus riarthóirí, O.45
Riarthóirí *pendente lite* agus glacadóirí a cheapadh, O.45

SEIRBHEÁIL
Ag an bhFreagróir, O.59, r.4 (14)
Bille Sibhialta laistigh den dlínse, O.11, r.10, O.14, r.3 (vi)
Bille Sibhialta lasmuigh den dlínse, O.11, O.13
Bille Sibhialta um Fhoréigean Baile, O.59, r.5
Faoin Acht um Dhlínse Cúirteanna agus Forghníomhú Breithiúnas (Na Comhphobail Eorpacha), 1998, O.14

SEIRBHEÁLAÍ TOGHAIRME
An tAcht Comharbais, 1965, O.13, r.1 (*o*)
Dualgais, O.11, r.5, 7, 16, 17, O.25, r.15 (1)

SONRAÍ
Agus sonraí breise in éileamh nó i gcosaint, O.15, r.18, O.17

TÁILLÍ
Sceideal, O.5, r.6

TAISCEADH
Arna dhéanamh ag an gcosantóir, O.15, r.11

TALAMH
Na hAchtanna um Thalamh Socraithe, imeachtaí fúthu, O.66, r.27 (11)
Aisghabháil, O.6, r.11, O.9, r.2, O.25, r.15 (3), O.28, r.6, O.51, r.1
Ceisteanna faoi theideal chun talún a shuíomh, O.5 (2)
Díolacháin, O.43
Eisiachtain i leith neamhíoc cíosa, O.51, r.2

TALAMH—*ar leanúint*
Imeachtaí i leith úsáid agus áitíocht talún, O.10, r.2
Ionad caingne a bhaineann le talamh, O.2 (*a*)

TIARNAÍ TALÚN AGUS TIONÓNTAÍ
An tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna), 1967, O.51, r.3
An tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Leasú), 1980, O.51, r.2
Ailt 70 agus 71 den *Landlord and Tenant Law Amendment Act (Ireland)*, 1860, O.51, r.1 (8)
Imeachtaí eisiachtana, O.51, r.1

TOGHCHÁIN
An tAcht um Thoghcháin Áitiúla (Achainíocha agus Dícháilíochtaí), 1974 (Uimh. 8 de 1974), O.58
Billí Sibhialta Toghcháin, O.58

TRIALACHA
Aistriú go dtí Cúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath, O.63, O.67, r.16
Alt 31 d'Acht na gCúirteanna, 1981, O.63, r.1
Fianaise fhinnéithe, O.23
Fógra chun dáta a shocrú le haghaidh Trialach, O.59, r.4 (12) (13)
Fógra trialach, i gCuaird Bhaile Átha Cliath, O.33, r.3, O.59, r.4 (13)
Fógra trialach, i gCuarda seachas Cuaird Bhaile Átha Cliath, O.33, r.2, O.59, r.4 (12)
Saincheisteanna, O.34

UACHTANNA
Caingne probháide, O.50
Páirtithe ag cur i gcoinne uachta, O.50, r.12

URRÚS
Banna nó cúirtbhanna á éileamh ar dhuine ar bith, O.44, r.1
Forghníomhú gach banna nó cúirtbhanna, O.44. r.2
Mionnscríbhinní go bhfuil urraí leoracmhainneach, O.44, r.4

Wt. P.—. 100. 2/10. Cahill. (M104841). G.Spl.